3 1761 07833682 3

Digitized by the Internet Archive
in 2010 with funding from
University of Toronto

http://www.archive.org/details/seanmirmuigh01stpa

From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

Seanmóirí

Seanmóirí Muiġe Nuaḋad,

. . tóġṫa . .

Ar na Láimṡcríoḃnuiḃ i Leaḃarlann
Ṁór an Choláiṡde:

Iar n-a n-aiṫṡcríoḃaḋ agus a ġcur i n-eagar ag na
macaiḃ-léiġinn do Chonnraḋ Chuilm Naoṁṫa.

An céad imleabar.

"Do ċum ġlóire Dé agus Onóra na hÉireann."

Áṫ-cliaṫ:
Muinntir Bhrúin agus Nualláin, Sráid Naraḋ.
1906.

15
JUL
1976
OF TORONTO

Nihil Obstat:

P. SEXTON, D.D.,
Censor Theol. Deput.

Imprimi Potest:

✠ GULIELMUS,
Archiep. Dublin.
Hiberniae Primas.

BX
1756
A2 S43
1906
imleabar

Toirbeirtear

an leabhar so

i nDíl-Chuimhne

ar an Athair Eoghan Ua Gramhnaigh,

an sagart dílís

do Chéad-Mhúrcail Mirneach

Muinntire na hÉirinn,

agus

do chaith a shaoghal

ag oibriughadh

go díchéillach agus go dúthrachtach

ar son

teangan árda na nGaeidheal.

Na hEagarthóirí.

Clár an Leabair.

		Leaṫanaḋ
Seanmóir I.—	Ar an Sgannail - -	1
„ II.—	Cionnas Sliġe an Tiġearna d'ullmuġaḋ - -	9
„ III.—	An Beaṫa Síorraiḋe - -	26
„ IV.—	Ar an gCaṫuġaḋ - -	45
„ V.—	Beaṫa Naoiṁ Ṗádraig - -	60
„ VI.—	Eiréirġe Íosa Ċríosd - -	86
„ VII.—	Íoḋbairt an Aifrinn - -	111
„ VIII.—	Ar Ifrionn - - -	121
„ IX.—	Ar an Leóir-ġníoṁ - -	129
„ X.—	Ar an bPeacaḋ - -	142
„ XI.—	Ar an bPeacaḋ Marbṫaḋ -	155
„ XII.—	Ar an bFaoisdin - -	172
„ XIII.—	Ar an gCeaṫraṁaḋ hAiṫne -	184
„ XIV.—	Beaṫa, Páis agus Bás ár Slánuiġ-ṫeóra - - -	195

Réaṁ-Ráḋ.

Seo ḋíḃ anoir, a ċáirde ionṁuine, na Seanmóirí ġeallamar ḋíḃ bliaḋan go leiṫ ó ḟoin. Do deineaḋ moill orra, aċt ní raiḃ leiġear againn air. Ċeapamar ar dtúir, go mbéaḋ riaḋ ullaṁ againn i gcoṁair an tráṁhraiḋ reo ġab ṫaraiṁn, aċt níor éirig linn do réir mar a bí leagṫa amaċ againn. Tá an leabar ċoṁ raḋa roin dá ullṁuġaḋ, go n-abróċaḋ éinne naċ féidir loċt nó dearṁad a ḃeiṫ ann anoir. Ir baoġlaċ, áṁṫaċ, naċ mar rin atá. Níor ċeapamar ar dtúir go mbéaḋ an Eagarṫóireaċt fúinn féin, gé gur ṁar rin do ċuir amaċ i ndeireaḋ na dála. Bí an oireaḋ rin moille déanta ar an leabar annrain, go raiḃ ré d'ḟiaċaiḃ oraiṁ é ċur ċum críċe ar ár lán-díċeall. Tá ruḋaí ra leabar fós ná taiṫneann linn, agus ruḋaí eile, go mór-ṁór i Seanmóir a hOċt, ná fuil ro-ċuigre, aċt níor ḟeudamar iad d'aṫaruġaḋ ar eagla go méaḋóċaiḋe cortar an leabair tar ṁeaḋón. Aċt d'aiṁḋeóin pé loċtaí atá ann, tá súil againn go ndéanfaiḋ ré tairbe ḋóiḃ reo go bfuil ré d'ḟonn orra focal Dé do ċraoḃrcaoileaḋ ar Gaeḋilge.

Ċeapamar nár b'ḟiú linn foclóir do ċur leir an leabar, mar ir beag focal ann ná faiġfear i bfoclóir an Aṫair Pádraig Ua Duinnín.

Tá Seanmóirí eile níor ḟearr ná cuid díoḃ fo againn fós, agus le congnaṁ Dé cuirfimíd i gclóḋ gan ṁoill iad.

Níl le déanaṁ againn anoir aċt ár mbuiḋeaċar ó ċroiḋe do ṫaḃairt do rna cáirdiḃ a ċuidiġ linn, agus ḃug an t-airgead dúinn ċum an leabair fo do ċur amaċ. Go gcúitiġiḋ Dia a bréile agus a bfairfingeaċt leó!

Na hEagarṫóirí.

Coláiste Muiġe Nuaḋad,
Doṁnaċ na Pailme, 1906.

Seanmóirí Muiġe Nuaḋad.

Seanmóir a haon.

Ar an Sgannail.[1]

(Do'n Dara Domhnaċ do'n Aiḃint.)

Beatus qui non fuerit scandalizatus in me.

Is beannuiġṫe an té naċ ngloccfaiḋ sgannail uaim-se.

—Maṫa xi. 6.

Innseann an Soisgéal dúinn, an uair ḃí Eóin Baptiste fá ġlas ag Iosuaiḋ i dtaoḃ a ḃeaṫaḋ sceannalaiġe do ċur i ḃfáiṫ air, gur ċuir sé teaċt-aiṁeaċt go nuige ár Slánuiġṫeóir ag fiafruiġe ḋe, ar b'é féin an Meisiah cóir. Ní heaḋ go raiḃ éan-aṁras ar Eóin Baptiste ann, aċt ċum go ḃfuiġ-ḃeaḋ a ḋeisciobail cruṫuġaḋ agus raḋarc a súl féin ar an ḃfírinne. Ar ḟeiscint bríġe agus meaḋóin an loingṫe nó an ḟiafruiġṫe seo dár Slánuiġṫeóir, d'ḟreagair sé do na teaċtairíḃ[2] ag ráḋ: 'imṫiġiḋ agus innisiḋ d'Eóin na neiṫe do-ċonnacabar agus do-ċualabar; tá a raḋarc ag na dallaiḃ agus a siubal ag na bacaċaiḃ; tá na loḃair leiġiste; cluinid na boḋair agus éirġiḋ na marḃ, agus tá an Soisgéal dá ċraoḃsgaoileaḋ do na boċtaiḃ, agus

[1] Murphy MSS., vol. 50, pp. 223-234.

[2] 'Do na teaċtaiḃ' 'sa MS.

ir beannuiġṫe an té naċ ngiacraiḋ ṡgannail uaimre' (Maṫa xi. 5, 6). Do ḃuaiḋ ár Slánuiġṫeóir le ṡompla na ngníoṁarṫa míorḃaileaċ ro ar ġliocas agus ar ṁailís a náṁad. Fuair deirciobail Eóin naċ raiḃ éan-ċúis ṡoimaid ná ṡgannala aca; agus dá mb'ḟéidir súile mailíreaċa na nGiúdaċ d'ḟorgailt, do-ċíridís nár ċúir íslíġṫe céaraḋ ár Slánuiġṫeóra, agus nár ċóir do na cineaḋaċaiḃ é d'áireaṁ 'n-a ḋíṫ céille.

Fóirís, an ní do ṫuit amaċ i n-aġaiḋ Chríosd n-a ṫaoḃ féin, tuiteann amaċ fós i dtaoḃ a ḟeirḃíreaċ, óir tá iomad ar ṡeilb beiṫ 'n-a ṡgríosdaiḋṫiḃ, ag a ḃfuil cealg agus mailís na nGiúdaċ ag siubal leó, ag faire gaċ uair ċum neaṁḋaċt[1] do ṁarluġaḋ, ċum droċ-ḟocail do ċur ar ḋeiġ-ġníoṁarṫaiḃ, agus ṡgannail do ġlacaḋ ó níḋ, dá mbéarfaidís mar ar cóir é, 'n-ar ċeart dóiḃ deaġ-ṡompla do ḃaint ar. Is ḟinnéiḋ é seo ar iomċar an leaṫ-ċatoilicíġ naċ ṡcuirfeaḋ ṡréis, dá ráróċaḋ ré cuideaċta, coṁarṫa na sroise do ṫréigean, agus móran deas-ġnáis eile do ġláḋann an teampall do ḋaoraḋ, nó iomporḋ i leiṫ ṡgize fá ḋúṫracṫ agus uimuiġṫe an ċréatúra do ḃéaḋ, mar do ḃíoḋ i dtúir an teampaill, taḃarṫa do leaḃar nó do ṗaiorín.

Is díreaċ gur féidir agus gur ceart a ráḋ leó so mar aduḃairt Críosd leis na Farisíniġiḃ: *Sinite illos; caeci sunt* .i. 'leig dóiḃ, táid dall' (Maṫa xv. 14). Táid go díoṁaoin; óir, mar aduḃairt Tertullianus i dtúir an teampaill, ní ṫugann neiṫe ṗóġanta ċoiḋċe ócáid ṡgannail acht do'n té atá ríor-ṁailíreaċ, agus is olc ṫar báṡ an té do-ċí olc i níḋ ṗóġanta. Acht ní

[1] 'Neaṁṫeaċt' 'sa MS.

ar an sgannail ġlacann duine ar mian liom tráċt, aċt ar an sgannail ċugann duine uaiḋ an uair a ḋéanann nó an uair a labrann sé éan-rud mío-rúnaċ, ċum díoġbála éan-duine eile.

Óir is é míniuġaḋ ċugann San Tomás dúinn, .i. Aingeal na Sgoile, ar sgannail, ná focal nó gníoṁ mí-ċeart do ġluaiseann duine eile ċum peacaiḋ. Dá mbéaḋ do ṁí-ġníoṁ i bfolaċ ó'n saoġal, is aṁlaiḋ baḋ lúġaide an t-olc agus baḋ ṡaoire an aiṫriġe, mar do béaḋ do ċoir ag baint leat féin aṁáin; aċt an uair ċaillfiaṁgir daoine eile ċum an ṗeacaiḋ leat' ḋrioċ-ṡompla, annsin bíonn do ċoir, ar nós na pláġa, galraċ díoġbálaċ do-leiġirte. 'Créad do-rugair,' arr' an Fáiḋ Nátan le Dáiṫ Rí; 'do ċuir tú i gcoir, ċug sgannail dod' ċuallaċt agus cúis ṁarluġaḋ nó naoṁ-aiṫire do náiṁdiḃ ár dTiġearna?" (II. Ríoġ xii. 14). Agus naċ mórde do ḋaoiniḃ againn-ne do ċuilleann an ċaraid ċéadna? Naċ minic rug tárg do ḋrioċ-iomċuir tríd an bfaidóirte agus tríd na bailte, ag galruġaḋ gaċ cluaire dá gcluineann é, ag tarraing daoine lag ċum peacaiḋ, agus ag déanaṁ díoġbála, b'ḟéidir, do'n té naċ rugaḋ fós.

Is fada ó ċug Síomon Mágus scannail uaiḋ le ceannaċ tiodlaicte an Spiorraid Naoiṁ, 7 do lean daoine a ṡompla. Is fada ó ċug Abṡalom sgannail uaiḋ, mí-ómós dá aṫair, agus is iomḋa mac mí-áġṁairaċ neaṁ-uirriamaċ do lean a ṡompla ó ṡin anuas. Is fada ó ċug Iúdás sgannail ag bfiaiṫ agus ag díol ár Slánuiġṫeóra, agus is iomḋa duine do-rugne aiṫris air, ag tabairt allais[1] ar beart na

[1] 'alas' 'sa MS.

rainnte. Is fada ó tug Lúcair agus Cailbín sgannail uatha, ag cur cogaid air ċreideaṁ Chríosd, agus is iomóa duine do-ṁisgne aiṫisiṁ oiṁa, ag iarraiḋ baint ó'n teampall, agus an sean-ċreideaṁ do ṡgiacaḋ.

Chíonn tú, air an áḋbar sin, gur galraiġ tógbálaċ an aicíd é an sgannail a ṫugair uait; agus, dar ndóiġ, níl teóra le n-a ḋíoġbáil, óir is é congnaṁ ar tseisre ag an aiḋbeirreóir é ċum dobail Chríosd do ró-ṡlad.

Glaoḋtar air an aiḋbeirreóir dúṁaisbṫóir 'san Sgriosdúir, mar do bí ó ṫúis agus atá fós ag taḃairt amach maisbṫaċ air anmannaiḃ na ndaoine.

Is é an gearán céadna do ṫuilleann fear na scannlaċ, mar déanann sé le n-a ċlaoin-imirt, le n-a ṁeallṫóireaċt agus le nim a ḋroċ-ṡompla, an t-anam úd do ṡaor Críosd do ḋaoraḋ, agus róbaí na ngrás, le n-a raiḃ sé éadoiġṫe, do sroillaḋ ḋe.

Do ṫuisling ár Slánuiġṫeóir ó ċaṫaoir na ngrás nó na glóire ċum aṫnuaḋċain do ḋéanaṁ air aġaiḋ na talṁan, agus sgaireaḋ agus díbirt do ċur air díoġaċt an ḟeacaiḋ. Do ṫógaiḃ sé a ṫeampall, gan val gan sprota, air ċoraṁlaċt Ierusalem na ḃFlaiṫeas, do tarad le buaiḋ i n-aġaiḋ cuṁaċta na Saesar agus gaċ tíoṁánaiġ eile do ḃí go díoṁaoin ag iarraiḋ a leagaḋ.

Anois déanann an peacaḋ sgannalaċ an obair seo go léir do lot, ag slad agus ag dío-láiṫiuġaḋ trócaire an Tiġearna. Cuireann sé síol an uile go fairsing. Fágḃann sian a ḋroċ-ṡompla agus loisg sgiánda air sgéiṁ an teampaill, agus siart nimeaṁail air aġaiḋ na tíre. Téiḋeann a nim níos sia 'ná claiḋeaṁ na Saesar, óir sgaiann a ċlaiḋeaṁ

ó annraḋt, an ċlann do ṫoḡair an Eaglais, dá ṗáḡbáil 'n-a máṫair ḋubrónaiġ, ar nós Ráchel aḡ loṙḡ a clainne agus gan iad le ṗaġbáil, aḡ rileaḋ na ndeór os cionn a gcaillte. Ní blanndar ná roirleaṫnuġaḋ an ċainnt seo. Is é sin riaḋarc ár súl féin, agus ṡgéal gaċ lae é.

Ná tairṫear triarta[1] go minic ar óglaoċ an antláir agus an ṁacnais, cad é mar ċaiṫeann a ṡaoġal agus a ḟláinte aḡ déanaṁ obair an doirċeadais, lán do sprioraid na hantola, aḡ imṫeaċt timċeall aḡ ṗéaċaint cia ġeóḃaḋ sé do ṡlad? Ar uairiḃ buaḋann le hinntleaċt ar ṡimpliḋeaċt agus ar lagaċar aindeiseóra. Airís tionnsglann bearraiḋeaċt éigin eile ċum an doċair. Agus, ṗá ḋeiseaḋ, má's é ar tseise, ní héanruid leis ṗáġ an ṗeacaiḋ; agus, 'n-a ḋiaiḋ-sin, i n-áit aiṫriġe, is é a ḋéanann ná maoiḋeaṁ ar gairgeaḋ an ṗeacaiḋ. Ó a Thiġearna, créad do ḋéanṗaiḋ an t-óglaoċ so lá na bseiṫe, nuair éileóċaiḋ tú an uair úd air luaċ do ċuid ṗola. 'Cá ḃṗuil an t-anam do ċeannuiġ mise?' adéarṗaiḋ Íosa leis. 'Do-ṙiġnis deaṁain do na naoṁaiḃ, duḃ do'n ġeal, neiṁní dom' ṗáir agus dom' ṡacramaintíḃ. Ba ṁeasa dom' ṫeampall tú 'ná tíoránaċ eisiciġ, agus, leis sin, bíoḋ m'ḟearg ort go bráṫ.'

Cluinṗear arís ar an dtaoḃ eile mallaċt na muinntire do ċaill Críost mar ġeall ort-sa: 'Ó, a ṁalluiġṫeóir, is tú ar cionntaċ lem' ḋamaint; mo ṫruaġ mar do-ċonnaic mo ṡúile riaṁ ṫú; is tú do ṫarraing mé go dtí an droiċ-ċríoċ so — áras na bsian."

Sin ṗoirḟógra aḡ an té a ṁilleann agus aḡ an té

[1] 'triar' 'sa MS.

a ṁeallṫar; ag an uġdar, nó an óglaoċ ar uġdar leis an ṡcannail, agus ag an páirtiúe; agus an uair béid 'ran úir, béid ré déiḋeanaċ aca cuiṁniuġaḋ ar na ráiḋtiḃ seo. Aċt ní taoḃ le héantṡ́ompla aṁáin atá an raoġal i dtaoḃ ṡcannail díriġ, is é sin, i dtaoḃ daoine do ṫarraing d'éanuaim[1] agus ceann ar aġaiḋ ċum uilc agus peacaiḋ. Agus cá ṁéid cuirpṫeóir aorta, fear-ḟoġlumṫa i gcleaċtaḋ an uilc, d'iompuiġeaḋ i n'earbol ḟallsa ag ṡgéiṫ nime agus pláġa, ag seanmóir uirċóide dóiḃ sin naċ raiḃ aois aca. agus ag cur líonta 'n-ar ḟeacadar an ḃuige agus an ġairúnaċt.

Agus daoine eile do ċaiṫeann aráin an díoṁaointis ag maireaċtain ar ṡgéiṁ Chríost, agus ag tabairt ṡcannlaċ uaṫa i n-aġaiḋ gaċ uaire i n-a mbuailid cluain ar an mac nó ar an seirbíreaċ, ċum rubṡaint an aṫar nó an ṁaiġistir do ṙóġoid nó do ṡlad.

Agus ní táire é ḋóiḃ-fear gurab é a gcéadid ḃeiṫ ag coirriaiġe buaiḋeaiṫa agus mí-ċumainn i measg a gcoṁurran agus a luċt muinnteaiḋa, le measgaḋ fuair-ṡcéalta bréagaċa bíodánaċa tré n-a ċéile.

Nil ins an aicme seo—ní ḟeadar naċ díoḃ airís go leór ban aorta—aċt naṫraċa nime imsir i mbaile nó i brardóirte, 'n-ar ċeart réala mío-ċlú ṡcannlaċ do ċur orra.

Bíd airís ciontaċ, is eaḋ agus daoine eile, do-ġní le n-a ṡlimideóireaċt cainnte mear folaṁ taiḋbreaċ air féin d'oibriuġaḋ ar éan-duine, agus do ḃeaṫ-

---

[1] daono ġam 'sa MS.

uiġeann[1] le n-a molaḋ agus le n-a mblaḋaṁ ṫáiṁ, glóiṁe ḋíoṁaoin agus móṁḋáil; óir tá an duine ó n-a náduir féin taḃaiṫe do ċlaonaiḃ fuaṁa do'n tṡóiṫ so; agus an té dár díon leis, ní ḃíonn gan cionnta.

Fá ḋeireaḋ, ní féidir iad so do ṡaoraḋ ar ċur scannlaċ do ḋéanann 'n-a dtiġ féin nó i dtiġ an táḃairne, le suiṁġe[2] agus bréag-ṁuinnteaṁúas, an iomad óil do ċur ar an duine muinnteaṁúa nó ar an gcoṁuṁṡain, agus, 'n-a ḋiaiḋ sin, déanann gáire fá 'n-a ṁóruġaḋ meaṁḃaill. Is ofṁa so, adeir Solaṁ mac Dáiḃí, go mbíonn luċġáir i dtaoḃ uilc agus compóiṁ i dtaoḃ malluiġṫeaċta. (Seanṁáiḋte ii. 14).

Agus go ṁíṁneaċ is ainṡṁianta an gníoṁ pléisiúir do ġlacaḋ i n-ócáid díċ céille, mar déanann leiċṡgise agus ponaṁaid go minic mailís agus gráin an ṗeacaiḋ do ċeilt nó do laiġoruġaḋ, do cuiṁseaḋ fuaċ agus scannraḋ oṁ dá laḃaṁfaiḋe dá ríṁiḃ.

I n-éan-ṗocal, is peacṫaṁail an ní ḃeiċ ag sraisoeóiṁeaċt le naoṁṫaċt ná malluiġṫeaċt, mar déantar neiṁníḋ do gaċ cion, mar adéanfaiṁ, agus, leis sin, clóḋ bréige do ċur ar an olc.

Ar an mbeagán somplaí seo tuigteas cméad ċoṁ fairsing díoġḃálaċ do-leiġisde atá peacaḋ na scannlaċ, óir tugann mí-áġ ríoṁṁaiḋe ar an té ċuiteann dá ḋearġaiḃ, agus damnann seaċt n-uaire an té ar uġdar leis. Ar so d'ṡógair áir Slánuiġṫeóir bríon or cionn bríoṁ ar an bpeacaḋ so. 'Ní fulair,' adeir sé—'s é sin ag tagairt do ṁí-ṁaġaltas an tṡaoġail—"go dtagaiḋ scannail, aċt bríon ar an ḃfear úd do ċugann uaiḋ í. Má ċugann éan-duine scannail d'éin-

---

[1] beiċion 'sa MS.

[2] Siorruiġe 'sa MS.

ċeann do na ceannaiḃ beaga so do ċreideann ionnam-sa, do b'ḟeárr ḋó bró ṁuilinn do ḃeiṫ fá n-a ṁuinéal, agus a ḃeiṫ iar n-a ċaiṫeaṁ amaċ 'san ḃfairrge.' (Maṫa xviii. 6, 7; Lúcás, xvii. 1, 2).

I n-éagmuis na scannlaċ so air ar ṫráċtas do ġluaiseann go díreaċ ó ḋroiċ-intinn, tá iomad gníoṁ-airṫe agus bréiṫre eile ró-uirċóideaċa scannalaċa air an saoġal, gé naċ dóiġ le daoine iad do ḃeiṫ aṁlaiḋ; agus, leis, ní ċuirid, fóirríos, leaṫ-ḟuim ionnta.

Ní mór d'olc déantar go forgailte naċ mbaineann roinn dá nim le daoine eile do ṁalairt an uġdair; óir tá an duine ó n-a nádúir féin claon ċum aiṫrisse, agus, dá réir sin, ré aca sgáṫán an uilc nó an ṁaiṫeasa ḃíos os a ċoṁair, is gnáṫaċ gusrab é sin clóḋ do ḃíos air, ag a aigneaḋ is ag a ġníoṁairṫe; agus, dá ċionn sin, an níḋ ḃíonn coitċeann ḃíonn neaṁ-scannairṫe, neiṁ-ċionntaċ;[1] agus, leis sin, ní ḃíonn leaṫ-náire air siúd an rud do-rigne tú roiṁe, do ḋéanaṁ id' ḋiaiḋ.

[Ní dóċa go ḃfuil iomḟlán an tseanmóra so again anois.]

Míċeál Ua Longáin,
fear an aiṫrgríobṫa, A.D. 1818.

---

[1] 'Neamċaintteaċ' (neaṁċáinteaċ?) 'sa MS.

Seanmóir a Dó.

Cionnas Sliġe an Tiġearna d'Ullmuġaḋ.[1]

(Ceaṫrameaḋ Domnaċ na hAiṡbinte.)

Parate viam Domini; rectas facite semitas ejus.

Ullmuiġiḋ sliġe an Tiġearna: déanaiḋ a ċaráin díreaċ.

—Bríaṫra Léiġmio ag n. Lúcáir iii. 4.

Ag sin, a ċomluadair ċríortamail, an teagasg naomṫa do múineann an Eaglais Chatoilíceaċ ḋúinn 'san aimsir só-beannuiġṫe so ċum, sinn-ne d'ullmuġaḋ fá ċomair brieiṫ agus teaċt ár Slánuiġṫeóra Íosa Críost ar an saoġal so. 'Ullmuiġiḋ,' ar sí le n-a cloinn uile, 'sliġe an Tiġearna, atá ag tuirling anuas ó sna flaiṫeasaiḃ ag fiosruġaḋ a ṗobail agus dá ṡgaoileaḋ go lán-tríocaireaċ ó ḋaoirse an ṗeacaiḋ. Déanaiḋ a ċaráin díreaċ; bíoḋ na gleannta árduiġṫe; na sléiḃṫe agus na cnocáin ísliġṫe; na bealaiġ ċama díreaċ agus na gaiḃ-ċomangair míniġṫe ar éin-ruan: 's é sin leráḋ, ullmuiġiḋ siḃ féin ċum torraḋ ionċolnuiġṫe Íosa Chríost do ḃaint daoiḃ féin le humlaiḋeaċt, le modmaile ir le mearaiḋaċt, le síréantaċt aigniḋ agus le deaġ-ṡompla beaṫaḋ, ag caṫuġaḋ go cróda corantaċ i n-aġaiḋ earcáirde fógairṫa bur n-anam—an diaḃal, an saoġal agus an ċolann.' Tá sé oireamnaċ dam-sa, mar an gcéadna, an t-oideaċar soin d'aṫnuaḋaċain daoiḃ ar na laeċeantaiḃ so, i n-a ḃfuil siḃ ar tí ḃur gcogcuḃair do ġlanaḋ

[1] O'Renehan MSS., vol. 76, pp. 69-79.

is do fsiaṁṡiaḋ ó ġaċ ġné ḟeacaiḋ le Sacraiminṫ na hAiṫriġe, ċum Coṗp Naoṁṫa an tSlánuġṫeóra do ġlacaḋ fá ḃ'ur mbroinn mar ar dual 'f ar taiṗbeaċ do ċríorṫaiḋṫiḃ é. Ullṁuiġiḋ fliġe an Tiġearna, óir tá fé cinnte gurab é glacaḋ Chuirp Chríoṫ an gníoṁ ar naoṁṫa agus ar uairle dár gcreideaṁ. Is é ceanntobar agus prréaṁ mórán ġráṫa agus áird-tiodlaiceaḋ, ar ṁoḋ gur cóir ḋaoiḃ ġaċ uile imṡníoṁ agus aireaċar do ḃeiṫ oraiḃ ċum trall ċuige, agus gan na taḃairtairí mór-luaiġ atá agaiḃ le faġḃáil ar do ċailleaṁaint tré n-ḃur ḃfailliġe ná tré n-ḃur neaṁṁoṫuġaḋ féin. *Parate viam, etc.* (Lúcáir iii. 4.)

Leis an gComaoine Naoṁṫa beirṫear agus geintear Íosa Críoṫ i n-ár gcroiḋṫiḃ. Aċt dá mbéaraṫaoi go ċoṁ-ionann i gcroiḋṫiḃ ġaċ n-aon do ġlacar é, ní ḃéaḋ eiṫir-ḋealuġaḋ ar biṫ le taḃairt fá ndearna iosa an ḃfíréan agus an peaċtaċ; iosa an té do ċaiṫeann go ceanaṁail Coṗp Naoṁṫa an Tiġearna, agus an té ṫruailliġeann a ċuid feóla agus do ġlacann é mar ġaċ biaḋ coitċeann. Ná mealladaiḋ fiḃ féin, a ċáirde; muna mbéaraṫar Íosa Críoṫ i n-ḃur gcroiḋṫiḃ leis an gComaoine, bárróṫar ionnta gan éan-ċontaḃairt é; muna ndéanfaiḋ an Chomaoine riann-ṡáirteaċ fiḃ dá fríoraḋ agus dá ġráraiḃ, is fíor ná béiḋ ann aċt daoir-ḃreiṫeaṁnas báis agus anacra ríorraiḋe ḋaoiḃ. Tar a ċeann rain, ní cóir cur fuar uaiḋ, óir go ríurneaċ, is é an t-arán do roinnteas ann oileaṁain follán ḃur n-anma—nearṫ na láidir, coṫuġaḋ na lag agus na ḃroirríreal, fólár na n-ocraċ, agus geall deiṁniġṫeaċ na beaṫaḋ ríorraiḋe. Do-ċíniḋ, ar an áḋbar roin, crréad é ċoṁ díoġḃálaċ dár n-anmannaiḃ agus fgaraṁaint le cirte ċoṁ mór-luaiġ rin ná fraonaḋ fuar uaiḋ; giḋeaḋ, is baoġlaiġe 'ná roin, é

do ġlacaḋ ſá n-áſ mbſoinn gan an t-ullṁuġaḋ ſuaċtanaċ do ċuſ ſoiṁe; agus, dá ṫaob ſoin, abſaim lib anoiſ an aṫ-uaiſ, maſ aon leiſ an Eaglaiſ i Soiſgéal an lae indiu—Ullṁuiġiḋ ſliġe an Tiġeaſna! Díbſiḋ aſ bus gcſoiḋċib gaċ níḋ naċ taiṫneaṁaċ agus naċ ionṁain leiſ! Foġlaimiġiḋ gan meaſball na coiṁġill ſuaċtanaċa ċum é do ġlacaḋ maſ aſ dual, agus déanaiḋ bus ndíċeall ċum a mbeiṫ agaib! I n-a n-éaġmaiſ ſin, níl meaḋón eile le faġbáil agaib ċum bus Slánuiġṫeóiſ Íoſa Críoſt do ſealbuġaḋ, agus ċum Comaoine ṫoiſbeaſtaċ do ḋéanaṁ. Iſ é an teagaſg lán-taiſbeaċ ſo aſ meabaiſ liom do ċuſ i n-uṁail daoib, agus do-ġníonn uile bſíġ agus eagaſ mo ċoṁſáiḋ. Taiſbeánfaiḋ mé aſ dtúiſ, cionnuſ aſ cóiſ ḋaoib coiſ ċoṁ móſ le tſuailliuġaḋ Fola agus Feóla ionaḋaſṫa Mhic Dé do ſeaċaint; agus n-a ḋiaiḋ ſin, cionnuſ do ṫiocfaiḋ lib móſán gſáſta agus tioḋlaiceaḋ do ſaoṫſuġaḋ ḋaoib féin leiſ an gComaoine, ag cſaoḃſgaoileaḋ ḋaoib 'ſan am ċéadna na coiṁġill ſuaċtanaċa ċum an gníoṁ lán-taiſbeaċ ſo do ḋéanaṁ. Aċt aſ dtúiſ iaſſſamaoiſ go dúṫſaċtaċ cſáiḃṫeaċ congnaṁ an Spioſaid Naoiṁ tſé impiḋe ċuṁaċtaċ na Maiġdine Muſſe, ag ſáḋ ó ċſoiḋe an Beannaċaḋ Muſſe—*Ave Maria, etc.*

An Chéad Roinn.

Iſ é Coſſ Chſíoſt an manna foluiġṫe: iſ é feóil agus bſíoġṁaſſeaċt na n-anam láidiſ é; iſ é geall buain-tſeaſṁaċ aſ ġſáḋ agus aſ ḋian-annſaċt Íoſa Chſíoſt é, agus coiṁlíonaḋ a ṗáiſe naoṁṫa ċum an an cineaḋ daonda d'ḟuaſgailt. Aſ an áḋbaſ ſin, tá ſé ſuaċtanaċ é d'eidſi-ḋealuġaḋ ó gaċ oileaṁain eile coitċeann, d'eagla eaſonóiſ do ṫaḃaiſt dó: *non*

dijudicans Corpus Domini (1 Cor. xi. 29). Is é cotugaḋ na n-anam láidir é. Is cóir ḋúinn, dá brís rin, rinn féin do léar-ṡgrúdaḋ ṡul do leóṁraimír oileaṁain ċoṁ bríoġṁar leis do ċaiṫeaṁ: *probet autem seipsum homo* (I Cor. xi. 28). Is geall deaṁḃṫa gráḋa agus dian-annṡaċta Íosa Chríosd ordainn é. Baḋ ċóir mar rin é 'ġlacaḋ le hiomad ceana is macnais. Agus, fá ḋeóiḋ, ó'n é coiṁlíonaḋ a ráise ċum an cineaḋ daonda d'ḟuasgailt, tá sé ró-ċearr a ḃás do ċraoḃṡgaoileaḋ gaċ uair is tráṫ dá mbéimíd ann-ṡáisteaċ leis, agus é d'ionnsaiḋe le sgriosad na croiċe céasta: *Quotiescunque manducabitis panem hunc, et calicem bibetis, mortem Domini annuntiabitis donec veniat* (1 Cor. xi. 26). Le creideaṁ ómóir agus urrama neartóċṫar rinn ċum é d'eidir-ḋealuġaḋ ó gaċ oileaṁain eile. Le creideaṁ eagna agus gliocais déanamuid ár gcoscuḃar do léar-ṡgrúdaḋ. Le creideaṁ tear-ṡgáḋa do-ḃéanamuid gráḋ agus annṡaċt dó. Le creideaṁ féile is le flaiṫeaṁlaċt aiṡnid déanamuid íoḋbairt dúinn féin dó.

A ḋearḃráiṫeasaċa mo ċroiḋe, is creideaṁ ómóraċ do neartuiġeann gaċ críostaiḋe ċum Corp Naoṁṫa an Tiġearna do ṫaḃairt fá ndeasa, agus é d'eidir-ḋealuġaḋ ó gaċ oileaṁain eile ins an gComaoine Beannuiġṫe: 'is é rin le ráḋ, creideaṁ láidir beó, do ṫreiġḋeann gaċ néal doṁċadais bíos timċeall an Uain Trócairiġ; creideaṁ bríoġṁar do ḋearcann fuar ar a ġnúis ġléigil (ní i sgáil ná tré ġloine, aċt aġaiḋ ar aġaiḋ agus fá mar atá sé ann féin), agus do-ḃeir fá ndeasa a ġlóire is a ṁórṁaċt d'aiṁḋeóin an ḃraid le n-a ḃroluiġṫear é; creideaṁ uasal, naċ ngaḃann do láiṁ a ġlóire do ċuimsiuġaḋ le hiomarca dáraċta, agus, tar 'éis rin, ḃíonn líonta do

lonnṙaċt a ġné, do-ċíonn aingil ḟlaiṫeamnaiṙ dá ndíonaḋ féin le n-a ṙgiaṫánaiḃ, agus áṙd-ċolaṁain neiṁe aṙ ċṙiṫ-eagla ṙoiṁe; an ṙgeideaṁ úd, adeiṙim, do ḃíonn lán d'aiṁṁian[1] ċṙáḃaiḋ agus diaḋaṁlaċta, ag dṙuidim láiṁ leiṙ an altóiṙ ḃeannuiġṫe, go díṙeaċ maṙ Maoiṙe nuaiṙ do ḋṙuid ré láiṁ leiṙ an ṙgeiċ 'n-a ṙaiḃ aingeal an Tiġeaṙna, nó coṙṁail le clannaiḃ Iṙrael nuaiṙ ṫángadaṙ i n-iomṗoguṙ ṙléiḃe na tóiṙniġe agus na laṙṙaċ, 'n-a dtug Dia amaċ a ṙeaċt do Mhaoiṙe. Iṙ é an ṙgeideaṁ ṙo, gan éan-aṁṙaṙ, ná ġéilleann do ċlaontaiḃ na gcéadṙaḋ gcoṙṙaṙḋa, agus do-ḃeiṙ ḋúinn le ṙiáḋ tṙé ṙṙiṙṙiad uṁlaiḋeaċta agus dṙoiċ-ṁeaṙa oṙainn féin, maṙ aon le Naoṁ Peadaṙ,—'A Thiġeaṙna, ná taṙ im' ġaoṙ, óiṙ níl ionnam aċt peaċtaċ'—*Exi a me, quia homo peccator sum* (Lúcáṙ v. 8),—aṙ ċoṙ, ó'n dtṙiáċ 'n-a dtugann ré Íoṙa Cṙíoṙt fá ndeaṙa ṙoiṙ láṁaiḃ an tṙagaiṙt, go moċuiġeann ré an oṙṙead ṙin lonnṙaiḋ agus móṙḋaċta, go nglacann fanntaiṙ iṙ mío-ṫaṙaḋ é, d'eagla ná deaṙna an t-ullṁuġaḋ oṙṙeaṁnaċ ċum é do ġlacaḋ. Ag ṙin go ṙíṙṙneaċ an ṙgeideaṁ d'iaṙṙann an tEaṙṙol oṙainn ċum Coṙṙ Naoṁṫa an Tiġeaṙna do ċaiṫeaṁ. Gíḋeaḋ, a Shlánuiġṫeóiṙ ġléigil, cá ḃṙuil an ṙgeideaṁ ṙin le faġḃáil anoiṙ aṙ talaṁ? Ní heaḋ aṁáin naċ ḃṙuil ré ag an gcoiṫċeannṫaċt, aċt, ṙóiṙíoṙ bṙónaċ! níl ré i meaṙg do ḋeiṙciobal féin. Nuaiṙ do ṫiocṙaiḋ tú lá an ḃṙeiṫeaṁnaiṙ ḋéiḋeanaiġ inṙ na ṙṙéaṙṫaiḃ, iṙ 'ṙuiḋe go molaḋċṙoṫaċ aṙ néal lonnṙaċ ġlóṙṁaṙ, glacṙaiḋ an cineaḋ daonda ṙgannṙaḋ agus ṙgeiṁle tṙíḋ; béiḋ na malluiġṫeóiṙí dá gcuṙ féin i ḃṙolaċ inṙ na cuaṙánaiḃ aṙ doiṁne 'ṙ aṙ uaigniġe le faġḃáil, agus ag éiġeaṁ go

[1] In MS. anboin.

hárd, agus ag iarraid ar na cnocaib agus ar na fléibtib tuitim anuas orra. Acht, a Thigearna, tá tú anois ċom ṡíriunneaċ ar an altóir agus béid tú id' ċaṫaoir breiṫeamnais lá an breiṫeamnais do láṫair cinideaċ agus robail an domain. Das nóig, ní féidir ná tuirlingid na haingil anuas ó sna flaiṫeasaib ċum fríoṫálaṁ agus ċum ullmuġaḋ duit, gaċ uair dá n-abrann an sagart focail coisricṫe na haḃlainne. An n-eaḋ ná tugann tú breiṫ báis agus beaṫaḋ annsin an scaṫaoir breiṫeamnais so atá i brolaċ ó ṡúilib na ndaoine? An n-eaḋ ná sgríoḃann tú ar m'éadan féin cáilideaċt do ġráda agus do ċeanamlaċta orm, nó mo ḋaoirse is mo ḋamaint ṡíorruide? Uċ! a Shlánuiġṫeóir do b'ṡéidir gurab é uair 'n-a ndaorann tú mé, do láṁuiġim drumdeamain suas Leat, agus an uair 'n-a dteilgeann tú uait mé, d'ionnsaiġim ṫú le mór-ḋáraċt; an tráṫ, b'ṡéidir, go bfuil isrionn dá osgailt mar ionad coṁnuiġṫe ḋam, is é sin an uair do leóṁaim teaċt ċum tú 'ġlacaḋ, agus nuair naċ bfuil ionnam acht mac díbreisge, go gcuirim mé féin i measg do ċloinne toġṫa, ionnas naċ bfuil in do ċuid fola bríoġṁaire, ná in do ċuid feóla uaisle, acht fuil agus feóil ṗeacaiḋ ḋaṁ-sa;—naċ bfuil 'san Uan gan teiṁeal, do bris seaċt séala leabair an báis ċum fuasgailt orainn, acht an séala deireannaċ ċum mo ċoirṫeaċa do ċoṁlíonaḋ, agus an té gur ċóir dó beiṫ 'n-a Shlánuiġṫeóir agam, gurab é féin cúis mío-áġa agus damanta ríorruide ḋam.

Níor b'ṡéidir, a ġríorraiḋṫe, Dia d'ṡeicint 'san tSean-Reaċt gan báis obann anabaiḋ d'ṡaġbáil dá ċionn. Do-rigneaḋ léirsgrior ar ċineaḋ iomṡlán na mBeitrimíteaċ i dtaoḃ aṁairc isteaċ go glinn le n-a ṡúilib ar Airc an Reaċta.

Do líonaḋ coſp Eilíoddſuſ do ċneaḋaiḃ tinne iſ do ġontaiḃ ſuaṫmaſa i dtaoḃ dul iſteaċ 'ſan ionad naoṁṫa, naċ ſaiḃ ceadaiġṫeaċ d'éinneaċ aċt do na ſaġaſtaiḃ i nIeruſalem. Ní ſaiḃ ſé ceadaiġṫeaċ do ċlannaiḃ Iſrael inſ an bſáſaċ teaċt láiṁ leiſ an ſliaḃ i n-a dtuġ Dia an dliġeaḋ do Mhaoiſe. Do ċoiſġeadaſ tóiſneaċ agus laſſaċa aſ an bſobal teaċt i n-iomḟoġuſ dó; agus, daſ ndóiġ, do b'é an báſ ſéin bíoḋ ag imṫeaċt ſoiṁ Dia Ábſaiam aſ ſeaḋ a ṁóſ-aiſdiſ tſí ṫíoſṫaiḃ na ġeallaṁna agus na hÉigipte. Aċt anoiſ, nuaiſ naċ bſuilid teinteaċa deaſg-laſſaċa ag éiſġe ſuaſ ó'n altóiſ beannuiġṫe ċum na malluiġṫe-óiſí agus luċt' maſluiġṫe Chuiſp Naoṁṫa an Tiġeaſna do ſmaċtuġaḋ, níl ſpiṫ-eaglá ná ómóſ againn ſoiṁe. Ó, mo náiſe! a ċſíoſtaiḋṫe lag-ſſioſadaċa, 'gá bſuil an oiſeaḋ ſoin uaċdaſánaċt ag na céadſaḋaiḃ coſſaſḋa oſaiḃ, naċ mbéiḋ ſiáḃaḋ ná caon-dúṫſaċt agaiḃ, aċt nuaiſ do-ċíonn ſiḃ buſ nDia lán d'ḟeiſg liḃ? Fiaſſuiġim daoiḃ anoiſ—dá dtuġaḋ ſiḃ fá ndeaſa Coſp Naoṁṫa an Tiġeaſna le n-buſ ſúilib coſſaſḋa, agus dá ndéanaḋ buſ ġcſeideaṁ inſ an tSacſaiminT áſ Slánuiġṫeóiſ Íoſa Cſíoſt do ṫaiſbeánaḋ ċoṁ ſoiléiſ agus dá bſeicimíſ do láṫaiſ é, aſ b'ḟéidiſ go dtiocſaḋ ſiḃ ċoṁ neaṁ-ṁoṫuiġṫe ſin ċum é 'ġlacaḋ? Ó, a ċſíoſtaiḋṫe, níoſ ḋóiġ liḃ an uaiſ ſin ġuſ leóſ daoiḃ beiṫ ſáſta le beaġán uſnaiġṫe; le beiṫ leaṫ-uaiſ aſ buſ ngluínib; nó le ſoinn na maidne do ċaiṫeaṁ i n-uaigneaſ maſ ullmuġaḋ ſoiṁe. Níoſ b'ḟuláiſ mí nó ſé ſeaċtṁaine, an ċuid baḋ lúġa ḋe, ċum maċtnaṁ aiſ ſoiṁ-ſé; agus do b' iad na laeṫe ba ġiorſa do'n téaſma ſo na laeṫe tſoſgaiḋ, tſéaḋanaiſ agus uſnaiġṫe. Do béaḋ an ſmuaineaḋ ſo cuimſġṫe le n-buſ ngnóṫaiḃ ſaoġalta, i n-buſ ġcaiṫeaṁ

aimrire agur i n-bur aimḟeóntaib,[1] i n-bur nóṡraċt, agur i n-bur gcoolaḋ féin. Níor b'ḟéidir le n-bur n-anamaib, líonta ṡuar do'n ċreideaṁ láidir seo, do ṡgaraṁaint i n-éin-ionad leis. Ní béaḋ inr an domhan mór, agur a ċomhróid agur a ḟulc cuirṫa le ċéile, aċt ṡgáil bréige, ionnur gurab é an ioṁáiġ so go haonracánta do ṫógraḋ ṡuas an uile aireaċas agur foirlíontaċt bur n-anam.

Tar 'éis sin, tá a ṡáir-ḟios agam go mbíonn buaiḋreaṁ mór aiġniḋ ar an raoġaltánaċ féin le haġaiḋ Cárṡa ir Noolag, nuair ar ṡnáṫaċ le criosaiḋċib, do réir oliġiḋ na n-uaċtarán, teaċt ċum Comaoine. Giḋeaḋ, a Thiġearna, ó'r tusa do-ċíonn siúd an ċroiḋe 'n-a ṡeinteas an buaiḋreaṁ sin; an buaiḋreaṁ sráḃaiḋ agur caon-dúṫraċta é, fá mar baḋ ḋual do ċréatúir ċum teaċt i láṫair a Chruṫuiġeóra? Ní heaḋ go ríriunneaċ; aċt ir coṁail é le duairceas an bioráinaiġ úd 'san Soisgéal, dár aiṫin tú a raċtmas raoġalta do ṫréigean, agur tú do leanṁain. Bíonn ruaṫ aca do na laeṫib beannuiġṫe seo, ċoṁ maiṫ agur dá mbaḋ laeṫeanta dobróin agur mío-áġa ḋóib iad, 7 gaḃann déistean iad um an gcóisris uasal so do Chuirp Naoṁṫa, ar ċor naċ dtagaid id' ġoire aċt go díreaċ mar na daill agur na bacaiġ úd 'san Soisgéal; 'sé sin le ráḋ, naċ fulaing go gcuirfid oliġṫe na hEaglaise d'ḟiaċaib orra teaċt ar na háitib coitċeanna, ó ċaiṫeaṁ-aimrire, ó ḋíoṁaoineas agur ó leaṫan-bealaċ a gcailleaṁna ríoṁraiḋe, ċum ċuidiuġaḋ dod' ḟéasda. Giḋeaḋ, do-ċíonn tusa na hanamna díċreideaṁaċa sin ag iarraiḋ meaḋaċain idir a nualgara agur a noroḋ-ċlaonta, ag loiġ an oide

[1] anṁanntaib: in MS. anbóntaib.

ḟaoiṡdine aṡ ṗéiḋe agus aṡ neaṁ-ċṗuaḋáluiġe, agus 'n-a ḋiaiḋ ſin, dod' ionnſuiġe leiſ an oiṗead ḟaiṫċiſ agus dá mbaḋ earcaṗa ḋóiḃ tú. Iſ ḟíoṗ go dteilgeann tú go ḟoluiġṫeaċ uaiṫ iad 'n-a ṅ-íoḋbaṗtaaċaiḃ daoṗa damanta, maṗ naċ ionṁain leat-ſa aċt cṗoiḋe toiltеanaċ áṫaraċ, agus ní ṗoinneann tú do ṁilṗeaċt ḋo-innſte le luċt an diombuiḋeaċaiſ. Agus dá mbéiṫeá inneaṁail inſ an tSacṗaimint Naoṁṫa ſo ċum na hoſnaiḋe céadna do ṫaṗṗaing maṗ do-ṗiġne tú i n-alloḋ óſ cionn uaiġe Láṗaṗaſ, iſ iomḋa oſnaḋ aṫ-ṫṗuaġaċ ċṗáiḋṫe do ṫaiṗingeóċṫá anoiſ, ag dul iſteaċ ḋuit inſ na béalaiḃ neaṁ-ġlana, dia-ṁaſluiġṫeaċa úd naċ mío-ċoſṁail iad le huaiġiḃ oſgailte ċum bṗéantaſ agus malluiġṫeaċt do leaṫaḋ, maṗ adubaiṗt an ḟáiḋ Ríoġaṁail—*Sepulcrum patens est guttur eorum* (Rom. iii. 13 ⁊ Sailm. v. 11).

Aṁuiġmíſ, aṗ an áḋḃaṗ ſin, a ċṗíoſtaiḋṫe, áṗ ḃṗailliġe agus áṗ neiṁ-ḟiúntaċt. Iſ ṗó-ḟánaċ bíonn an cṗeideaṁ ómóraċ ſoin againn le n-a dtugamuid ṗá ndeaṗa Coſṗ Naoṁṫa an Tiġearna. Iſ é cṗeideaṁ aṡ gnáṫaiġe againn, cṗeideaṁ lag ḟoiṗimleaċ do-ḃeiṗ éiṫeaċ dó ḟéin nuaiṗ do cuiṗteaṗ i ngníoṁ é; 'n-aṗ dóiġ linn, naċ n-iaṗṗann níḋ eile oṗainn aċt aṁáil oſgailte do ḋéanaṁ, agus gan éimeaċtain guṗab é Coſṗ Naoṁṫa an Tiġearna bíoſ i láṁaiḃ an tſaganiṗt, le n-a gcaillimid áṗ n-uṗṗaim 'ſ áṗ n-ómóſ dó le hiomaṗcaiḋ taiṫiġe ⁊ dlúṫ-ṁuinnteaṗḋaiſ, nó áṗ ngṗeann iſ áṗ n-annraċt le hiomad ḟailliġe; i n-éan-ḟocal, cṗeideaṁ ſeaſgaiṗ tuataiḋe bíonn againn, gan ḃṗíġ, gan ḃeóḋaċt, agus maṗ ſin, neiṁ-ḟiúntaċ do'n Dia uile-ċuṁaċtaċ do ṫaiṗbeánann ſé ḋúinn. Iſ é ní ċialluiġeaſ do Ċoſṗ d'eidiṗḋealuġaḋ, a Shlánuiġṫeóiṗ, níoſ mó ceana agus

macnair do beiṫ againn air an lón neaṁḋa so 'ná air ḟeóil ir méiṫreas na hÉigipte, dá ḋeaġ-blasda, ir a ċur i n-aiṫne ḋúinn, gurab é féin ár ṡólás aon-racánta inr an ngleann so na noeór, milreaċt agus laiġoiuġaḋ air ár briantaiḃ, leiġeas folláin air ár gcneaḋaiḃ, agus dúil ġnáṫaċ na n-anam ḃfíréanta. Ir ann féin do-ġeóḃmuir, gan éin-ṁearḃall, síoṫċáin 'n-ár mbuaiḋreaṁ, fuiṫin agus díon láidir 'n-ár n-anró agus 'n-ár ngéir-leanaṁnaiḃ; ṡgiaṫ dín agus clogaid coṁraic ċum sinn do ċosaint air ionnsaiḋiḃ an ṁic ṁallaċtain; furtaċt ċumasaċ i n-aġaiḋ saiġde nimneaċ na colna cuirpṫe; agus áiro-ṁian ċum ár gcráḃaḋ agus ár gcaon-dúṫraċt do leasuġaḋ agus d'aṫnuaḋċain. Go ṡíriunneaċ, a Thiġearna, ċum do Chosp Naoṁṫa d'eidir-ḋealuġaḋ, ní mór níos mó aireaċair agus imṡníṁ do beiṫ orainn 'ná ċum éan-raoṫair eile dár mbeaṫaiḋ; ómós do beiṫ againn do'n teampall i n-a dtugtar onóir agus mór-ṁolaḋ ḋuit: do na ṡagairtiḃ coirsiġṫe do bíonn ag sriaṫáláṁ ḋuit, agus dár gcolainn féin do ġlacann agus do ṡealḃuiġeann go ṡíriunneaċ ṫú.

'San dara háit, déanamair léar-ṡgrúdaḋ air ár gcogcuḃas, ag maṫtnaṁ air naoṁṫaċt na Sacraiminte seo, agus air ár malluiġṫeaċt féin, fá mar do ṁúineann an tSearpol dúinn,—*Probet autem seipsum homo* (I Cor. xi. 28),—óir ir é, gan éan-aṁras, feóil Íosa Chríost é, arán na n-aingeal, agus an tUan gan teiṁeal, le naċ ionṁain aċt na daoine nár ṫruailliġ iad féin fós leis an bpeacaḋ ṁarḃṫaċ, nó an ṁuinnteas, tar éis tuitim ann, d'ionnlaiḋ iad féin i bḟuil na haiṫriġe, agus do bíos ag ríri-ċleaṫaḋ na rubailcí ó ṡoin ale. Aċt fiafruiġim díot anois, a ċríostaiḋe atá ag triall ċum Comaoine leis an oireas sosin neaṁ-ṁoṫuġaḋ, an dtu-

gann tú leat ċuige banamlaċt, mearaṁḋaċt, cneartaċt, agus neim-ċionntaċt? An n-eaḋ naċ bfuil uaċtaṁánaċt agad 'ṗroċ-ċlaontaiḃ agus ag do ṡaoḃ-nóraiḃ ṗór air do ċroiḋe meaċta? Nó an bfuil éin-ionad dod' ċolainn, nó ball dod' ballaiḃ slán folláin gan comaṁtaí mallmġeaċta air? Agus, dá bṁíġ sin, cá bfuiġiḋ tú ionad oireamnaċ ċum Coṁp Naomta an Uain tríocaiṁiġ do ṡuiḋeaċan? Ní féidir gurab air do ċeangain do ċuirfeá é, atá ċoṁ tṁuailliġte sin le salaċar agus bréantar, le bréig agus le héiteaċ, le díoġaltas, le geamṁtóireaċt agus le monabar i gcoinne na comaṁran? Agus dar ndóiġ, ní leóṁfá é 'ċur air do ċroiḋe atá ċoṁ lom-lán do ḋúilib mío-ḃanamla, do mṁangaraiḃ brúideamla náireaċa, do ṫnúṫ, do ṡoṁnad, do ṡainnt agus do ḋíomas. Ní féidir go gcuirfeá an Coṁp Naomta úd, do céaraḋ air do ṡon, i lár na mbeaṫaiḋeaċ éigciallta gráineamail san, ná ionad comnuiḋte do réiḋtiuġaḋ ḋó 'n-a measg.

Giḋeaḋ, is gnáṫaċ le críostaiḋe a ráḋ: do-ṁisgne mé léar-ṡgrúdaḋ air mo ċoscuḃas, agus níor ġlacas Coṁp Naomta mo Shlánuiġteóra gan faoistin do ḋéanam roiṁ-ré. Bíoḋ go ndeáṁnaiḋ tú sin, cionnas ṫiocfaiḋ tú ċum é 'ġlacaḋ leis an mbéal ċeudna as air ṫeilg tú, níl nóimeant ó ṡoin, an oireas sin coiṁṫeaċ gráineamail, agus le croiḋe atá air aḋaint fór le míle droċ-ċlaonta náir múcaḋ, agus do ḃéiḋ i mbáireaċ nó um a n-oiṁṫeas, aṫ-aḋanta airís ċoṁ dona agus ċoṁ tubaistеaċ agus do bíodar riaṁ; agus, tar 'éis sin, níl náire ná mántaċt orṫ teaċt go hurṁaḋaraċ ċum na haltóra, agus ḃeiṫ riann-ṗáirteaċ ins an tSacraiminT seo, atá geárṁta amaċ ċum coṫuġaḋ agus oileamain sriorṁaḋálta na bfiréan: 's é sin le ráḋ, as éirġe suas dod' ġlúinib ḋuit ód' oide faoistine, is é an Chomaoine do

ḋéanann ionad aiṫriġe ḋuit, go ngluaiseann tú d'éinriṫ ó'n bpeacaḋ gur an altóir; agus i n-ionad deóra troma flúirseaċa do ḟileaḋ i measg luċt' na haiṫriġe fíre, tagann tú ċum compóro an Tiġearna do ḃlaiseaḋ i ḃroċair na Naoṁ agus na nDaoine mbeannuiġṫe: i n-ionad tú d'oileaṁain le hadhán na duaiḋnéise agus an ċruaḋtain, ṁiṫeann tú fuar ċum na cóirise flaiṫeaṁla feo: i n-éan-focal, i n-ionad searaṁ siar go foirfiosol ag dorus an teampaill mar an puibliocánaċ, ní mór ḋuit ḃeiṫ ċoṁ dána agus dul isteaċ 'san Ionad Naoṁṫa féin.

I dtosaċ na hEaglaise, agus ar feaḋ mórán aimsire 'n-a ḋiaiḋ, ní raiḃ sé ceaduiġṫeaċ ag na haiṫriġiġiḃ Corr Naoṁṫa an Tiġearna do ġlacaḋ aċt tar éis bliaḋanta foirfiónta do ċaiṫeaṁ i n-urnaiġṫiḃ, i dtrosgaḋ agus i dtréaḋanas. D'ionnlaiḋís a bpeacaiḋe le n-a ndeóra; agus do b'é an Chomaoine, mar sin, an t-adhán beannuiġṫe do ċosain mórán duaiḋ agus allais do'n ṗeacṫaċ. Aċt indiu, is dóiġ leis an bpeacṫaċ go ndéantar leór-ṡáraṁ do Dhia 'n-a ṗeacaiḋiḃ, má ġníonn faoistin ionnta; mearann sé go dtugann an abfolóid croiḋe-ḃruġaḋ uaiḋ féin dó, agus naċ n-iarrann an ġlaineaċt ar dual do ḃeiṫ aige ċum Corr Naoṁṫa an Tiġearna do ċaiṫeaṁ, aċt aṁáil ṡíriunneaċ ar loḃṫaċt agus ar ḃréantas a ċneaḋ.

Ná meallaiḋ siḃ féin, a ċríostaiḋe. Comaoine gan ḃríġ gan tairbe a leiṫéid sin: iṫeann agus ólann siḃ ḃur ndaoin-ḃreiṫeaṁnas féin. Níor múċaḋ ḃur mistcair ná ḃur ndíoġaltas fós. Tá siḃ ag coimeád an drod-ċoṁluadair ċéadna ṫug sé ndeaṁa. . . .

[Ta cuid do'n laiṁ-scríḃinn ar iarraiḋ anois.]

An Daṁa Romn.

. . . . tSacṙaimint ṡeo, maṙ iṡ ann do-ṙiġne Íoṡa Criosd íoḋbairt de ṡéin do'n Aṫair Shíoṙṙuiḋe, aġ ṡgaṙaṁaint go ṙúindiaṁṙaċ a ċuid ṡola agus ṡeóla. Aċt iṡ é ceaċt éiṡeaċtaṁail aṡ ṡéidiṙ linn d'ḟoġluim aṡ, gur cóiṙ ḋúinn beiṫ ag colaṁain na h-altóṙa ċoṁ maiṫ iṡ dá mbéimíṡ ag bun na cṙoiṡe, go díṙeaċ maṙ na deiṡciobail agus maṙ ṁná caṫṙaċ Ierusalem, do bí ag ṡeiṫeaṁ le hoṙnaiḋe déiḋeanaċa Íoṡa Chṙíosd do ċloiṡtin, agus d'ḟan do láṫair, nó go bṙeacadaṙ íoḋbairt ḟolaṁail na cṙoiṡe dá coiṁlíonaḋ. Aċt tá ṡé ṡoiléir cṙéad é méad an ġṙáin agus an ṡuaṫ do bí aca aṙ luċt báṙuiġṫe a maiġiṡtiṙ, agus cṙéad é ċoṁ doiṁin agus do ġaḃ gaċ earmail, gaċ peannaid, agus gaċ doċaṙ dáṙ ḟuilinġ ṡé tṙí n-a gcṙoiḋṫiḃ anonn, ionnus go n-abṙaidíṡ leis an Aṫair Uile-ċuṁaċtaċ— 'Buail, a Thiġearna, buail ṙinn-ne atá cionntaċ, aċt coiġil áṙ Maiġiṡtiṙ atá neiṁ-ċionntaċ.' Aṙ an áḋḃaṙ ṡoin, a ċáiṙde, ḃalta do ḋéanaṁ ṡóṙ do'n tṙaoġal ṡo, náiṙe beiṫ oṙaiḃ maṙ ġeall aṙ an gcṙoiċ ċéaṙta, gan buṙ Slánuiġṫeóiṙ d'aḋṁáil go hoṙgailte gan ṙṙleáḋaṙ i láṫair na ndaoine, agus, taṙ 'éis ṙin, beiṫ i n-buṙ ndúṫ-ċoṁnaiḋe[1] leis inṙ an gComaoine, níl ann aċt an t-éiṫeaċ lom-noċtuiġṫe do ṫaḃairt daoiḃ ḟéin. Do buaiḋ áṙ Maiġiṡtiṙ-ne aṙ an ṡaoġal ṡo: do báṙuiġ ṡé a loċta agus do ċeangail do'n ċṙoiṡ iad. Dá bṙíġ ṙin, tá ṡé d'ḟiaċaiḃ oṙainn-ne aiṫṙiṡ do ḋéanaṁ aiṙ inṙ an gComaoine; cuiṁneaṁ aṙ an gcoṙcaiṙ agus aṙ an nglan-buaḋ ṙuġ ṡé; agus má ṁaiṙeann an ṡaoġal ṡóṙ i n-áṙ gcṙoiḋṫiḃ, é do ṫeil-

[1] dúṫ-ċoṁnáṁuiġṫe 'ṙa MS.: *forsitan* congnaṁaiḋṫe.

gean uainn gan ṁoill, d'eagla toraḋ móir-éadálaċ a ḃair do ċaillearṁaint, nó a ṗair d'aṫnuaḋóan i n-ionad é 'ċraoḃrgaoileaḋ.

Fá ḋeóiḋ, aiṫgirmíd bár Íosa Chríosd leis an gComaoine, mar is é coimlíonaḋ ioḋbairta na croiċe céasta é, agus ġeibṁíd toraḋ agus taisḃe na hioḋbairta sin ann. Aċt is é ní do-ḃeir ceasaṫ dlisteanaċ ḋúinn ċum toraḋ na croiċe céasta, agus mar sin ċum Comaoine, tiosgaḋ agus tréaḋanas do ḋéanaṁ go ró-ṁinic; anṡó agus boċtaineaċt d'ṡulang go roiġideaċ; gaċ eagonóir dá ḃraġam do ṁaiṫeaṁ ó ċroiḋe, agus beaṫa imṁeaḋónaċ aiṫriġeaċ do ċleaċtaḋ. Fiafruiġim daoiḃ, créad é an ċóir ná an ceasaṫ atá ag an té ṁairear i lár sáiṁe agus seasgairseaċta, lán do ṁóirċúis agus d'uaḃar, agus é coṫuiġṫe le biaḋ agus le deoċ dá ṡeaḃas, é féin d'oileaṁain le feóil do céasaḋ air ċrann scannalaċ na croise? A ċríostaiḋṫe, ċum sib féin d'oileaṁain go tairḃeaċ le feóil Íosa Chríosd, ní mór d'ḃur mballaiḃ ḃeiṫ n-a mballaiḃ oireaṁnaċa ḋó-san; ní mór d'ḃur gcolnaiḃ ḃeiṫ cosṁail le n-a ċolainn sin. Aċt is colann ċéasta colann Mhic Dé, agus ní siaḃ ball dá ballaiḃ gan sianta nimneaċa d'ṡulang. Dá ḃríġ sin, má ċuireann beagán anacra ná droċ-aṁantar saoġalta buaiḋreaṁ ṡór oraiḃ, muna dtréigiḋ sib ḃur nosroċ-ċoṁluadar, agus muna ndeanaiḋ sib mórán oibreaċ smaċtuiġṫe na colna, ní ṫiocfaiḋ lib ḃur gcuid fola agus feóla do ċoṁ-aontuġaḋ le feóil ṁarluiġṫe an Tiġearna, óir níl sé ceadaiġṫeaċ ag éinneaċ é féin d'oileaṁain le méiṫreas na talṁan so agus leis an aṡán neaṁḋa úd i n-éinṡeaċt, go díreaċ mar ċlann Israel, ag nár ṫúisge do ḃlaiseadar toraḋa na talṁan tar éis teaċt ṫar teórain tíre Chanaan dóib, 'ná níor ṫuit an manna ċúca ní ba ṁó, agus ní

ṫuaſaḋaſ an oileaṁain neaṁḋa ſin ní ba ḟua: *defecitque manna postquam comederunt de frugibus terrae* (Ioſhua v. 12).

An Cſíoċnuġaḋ.

Ó, a Shlánuiġṫeóiſ ſó-ṁiliſ, tá toſaḋ na Comaoine beannuiġṫe, nuaiſ do-ġníṫeaſ maſ aſ cóiſ é, ċoṁ haoibinn, ċoṁ hiomadaṁail ſin, naċ cáſ é do ṁoṫuġaḋ ná d'aiṫint do'n ċéad amaſ! Bíonn an t-anam do ġlacann tú maſ aſ dual ċoṁ ſġéiṁeaṁail, ċoṁ ſoiſlíonta ſuaſ do ġráſaiḃ agus dod' ṁóſ-ṫiodlaiṫiḃ, aſ ċoſ, dá mbéimíſ gan éan-ċoṁaiṫa eile againn aſ olcaſ agus aſ neiṁ-ḟiúntaċt áſ gComaoine, aċt naċ mbſaiṫimíd aṫaſſuġaḋ iomċaiſ na beaṫaḋ dá ſaoṫſuġaḋ uaiḋ, náſ beag dúinn é ċum náiſe, ċum cſiṫ-eagla do beiṫ oſainn. Nuaiſ iṫimíd do ċuid ſeóla neaſiṁaiſe maſ aſ dual do'n ſíſéan, bímíd 'n-áſ gcoṁnaiḋe ionnat, agus tuſa id' ċoṁnaiḋe ionainn: 'ſé ſin le ſáḋ, go bſáġbann do ċuid ſola ſó-uaiſle, atá ag ſileaḋ ſíoſ 'n-a ſſuṫánaiḃ ſonaiſ tſí n-áſ bſéiṫeannaiḃ, na dúile céadna, an ċneaſteaċt ċéadna, agus an aigneaḋ céadna bí agat féin ionainn, ionnaſ naċ mbíonn ionainn aċt do ṁacſaṁail féin, gur ſó-ċoſṁail ſinn le ſíoġ-ṫánaiſtíḃ, nó le hoiġſiḋíḃ na ſola ſíoġḋa, 'n-aſ ċóiſ go bſeicſiḋe 'n-áſ ngnúiſ agus 'n-áſ n-éadan íoġaiſ[1] móſḋaċta, ag ſſaoḃſgaoileaḋ áſ n-uaiſleaċta agus áſ nolúṫ-ċoṁſogaiſ leat; dá bſíġ ſin, go bſuil ſé lán-oſeaṁnaċ aigneaḋ uaſal neaṁḋa do beiṫ againn, agus gaċ aigneaḋ ſſaḋánta talṁaiḋe do ṫeilgean uainn, agus gan áſ gcſoiḋṫe beiṫ ſóſ dáſ dtaſſiang tſíd an laṫaiġ, aċt iad d'áſdġuġaḋ go móſ-intinneaċ miſneaṁail oſ cionn na gcſéatúſí.

---

[1] aoiſ 'ſa MS.

Nuair ġeimíd do ċuid ḟeóla mar ar dual, múineann tú dúinn cionnas do ṁairfimís ar do ḟon, agus cionnus a ṁairfimíd tríot go ríorraide. Gidéad, tar 'éis sin uile, ceáad é an ċiall go mairimíd níos mó do'n tsaoġal cailleaṁnaċ so, dá ṡéim agus dá ṡaċtmas, d'aoibneas agus d' ollṁaiṫeas na beaṫaḋ, ar son ár gcloinne, ár ndaoine muinnteasaḋa, agus ár gclann-ṁaicne, agus gan ṡiú na leaṫ-uaise 'san ló do ċaiṫeaṁ ar do ḟon-sa?

Aċt fiafruiġim díot mar sin, a Thiġearna, cad as cóir dúinn do déanaṁ? An é druideaṁaint siar ód' Chorp Naoṁṫa, milseaċt na beaṫaḋ críortaṁla do ṫréigean, agus gan lón maiṫannaċ na gcomróro doi-ċríoċnuiġṫe do blaiseaḋ ḟearta aṁír? Ó! ní heaḋ go ḟírinneaċ a Íosa! Ní hé sin do ċoṁaisle dam. Ní hé sin ba ṁeabair leat, nuair do ċeap tú do Chorp Naoṁṫa mar ShacraiminT, agus mar Airṁionn coṁnuiġṫeaċ as d'eaglais. Níor ṁeabair leat, go dtréigfimís mar sin ṫú, aċt ba ṁaiṫ leat go n-ullṁuiġmís sinn féin ċum tú 'ġlacaḋ. Níor ṁeabair leat arán do ċlainne toġṫa d'éimeaċtain orainn, aċt ba ṁaiṫ leat, naċ gcuirfeaḋ ár malluiġṫeaċt d'ḟiaċaib ort damaint ḟiorraiḋe do ḟineaḋ ċuġainn id' ionad féin.

Ullṁuiġ, a Thiġearna, dá ḃriġ sin, ullṁuiġ i meaḋón ár gcroiḋṫe ionad coṁnuiġṫe ḋuit féin; mínig na háidéin; díriġ na cairm-ḃealaiġ; cóirig ár miangara; smaċtuiġ ár nosoċ-ċlaonta; agus cruṫuiġ ionainn smuainte nua. Agus, ó's tusa aṁáin le n-ar féidir sliġe sonair d'ullṁuġaḋ siorraṁ féin, deónuiġ ḃeiṫ id' ṡéin-ṫeaċtaise agat féin, agus líon suas ár n-anamna dod' Sriosad agus dod' ġráraib, do-ċum go mb'ḟiú sinn do Chorp Naoṁṫa do ġlacaḋ, agus

maſſeaċtain ro' ḟoċaſ inſ na ſlaiṫeaſaiḃ i gcoṁ-luaḋaſ na Naoṁ iſ na nAingeal le ſaoġal na ſaoġal!—beannaċt ṁaſṫannaċ ſaſſiaim daoiḃ-ſe iſ dam ḟéin i n-Ainm an Aṫaſ aguſ an Mhic aguſ an Spioſaid Naoiṁ. Amen.

An ſiṫeaḋ lá do ṁíſ xbeſ, 'ſan mbliaḋain 1767, ⁊ an C aṫſaṁaḋ Doṁnaċ do'n Aiḃinn.

Seaġan Ó Connaiſe.

Seanmóir a Trí.

An bheaṫa shíorraiḋe.[1]

(Soirgéal do'n Doṁnaċ tar éis lá na dtrí Ríġṫe.)

Quid est quod me quaerebatis? Nesciebatis quia in his quae patris mei sunt, oportet me esse?

Créad an ṗáṫ 'n-ar loisgeabar mé? Naċ raiḃ 'ṡiosar agaiḃ gurab éigean dom beiṫ cúramaċ timċeall gnóṫa m'aṫar?
(Briaṫra léiġmid ag Naoṁ Lúcáis Soisgéalaiḋe, an dara caibidil, agus an naoṁaḋ rann tar éis an dá ṡiḋid).

CRÉAD an ṗoġlaim í sin ar ar laḃair Íosa Críosd indiu i measg doċtúirí an dliġiḋ? An n-í poġlaim riaġaluiġṫeóirí gliosa amaraċ an tsaoġail seo, do ċuireas briéigsioċt ar an uile níḋ ċum a n-intinn agus a miana neiṁ-ḋlisteanaċa do ṫabairt ċum críċe? Ní hí, a ḋearbráiṫreaċa, óir deiṁniġeann an Slánuiġṫeóir gráḋṁar dúinn, muna dtigmid ċum ḃeiṫ bog simpliḋe, ar nós na leanb, naċ n-áitreóḃamuid go bráṫ ríoġaċt na ḃflaiṫeas. An n-í poġlaim, nó ealaḋa, sinn féin do ḋéanaṁ saiḋḃir 'san tsaoġal seo? Ní hí, óir ní adṁálann Íosa Críosd do ṡaiḋḃreas 'san tsaoġal seo aċt na gráda agus an ġlóir ṡiorraiḋe. An n-í poġlaim sinn féin d'áirdeaġaḋ ċum onóra agus áiridċéime, ċum ár n-ainṁiana do ṡáraṁ? Ní hí, óir is é roinn ḋeisciobail Íosa Chríosd an uṁlaċt ṡá leiṫ. Leis sin, créad í an ṗoġlaim ar ar laḃair sé i measg na ndoċtúirí? Atá, a ḋearbráiṫreaċa, poġlaim na Naoṁ, réir Dé do ḋéanaṁ ċum áiridċéime 'ṫuilleaṁ 'sa ḃflaiṫeas. Seo í an ṗoġlaim atá d'ualaċ ar ṡeirbíreaċaiḃ an Teampaill do ṫeagasg do na ṡiréanaiḃ, nó

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 147-68.

ḋo na cṁíoṙtaiṙḋṫiḃ ċum aiṫeanta íoṙa Chṁíoṙt ḋo ċoṁ-líonaḋ. Is í an ḟoġlaim ṙeo an ṁóṁ-obaiṙ le n-a ṗaiḃ a intinn ṗéin líonta ó n-a ċliaḃán, maṙ aṙ ṙoiléiṙ ṙo-ṫuigṙe ó'n bṙṗeagṙa ṫug ṗé aṙ a Mháṫaiṙ Bheannuiġṫe, agus ḋo-ġníḋeaṙ ṗṙíoṁ-áḋḃaṙ an teagaiṙg ṙeo.

Ní ṗaiḃ 'n-a bár agus 'n-a beaṫaiḋ aċt an uile ṁeaḋón ċum ṙláinte ṙíoṁṁaiṙḋe an ċinniḋ ḋaonḋa ḋo ḟaoṫṁuġaḋ. Ag ṙeo an níḋ céadna aṙ aṙ mian liom tṙáċt liḃ i dteagaṙg an lae indiu: 'ṙ é ṙin le ṗáḋ, gusṙab í an beaṫa ṙíoṁṁaiṙḋe ḋo ḟaoṫṁuġaḋ an obaiṙ aṙ cáḃaċtaiġe agus aṙ ṙuimeaṁla 'ṙan doṁan, aṙ a dtṙáċtṙad 'ṙan gcéad ṗoinn dom' ċoṁṁáḋ. 'San dara háit, naċ bṙuil obaiṙ 'ṙan doṁan, ag laḃaiṙt go coitċeann, aṙ mó cuṙṫa i bṙailliġe 'ná í. Leiṙ ṙeo cuiṙṙiḋ mé ṙíoṙ ṙo-ṁeaḋóin ċum móṙ-oibṙe na ṙláinte ṙíoṁṁaiṙḋe ḋo ḟaoṫṁuġaḋ: ṙin iad na neiṫe aṙ a dtṙáċt-ṙad 'ṙan dara ṗoinn. Aċt ċum go mb'ḟeáiṙṙiḋe ṫiocṙaḋ liom an teagaṙg ṙo do ċuṙ i gcéill daoiḃ, agus ċum gur móiḋe ṗaċaḋ ṙé ċum glóiṙe Dé agus leara anma gaċ n-aon dá bṙuil do láṫaiṙ, guiḋeamaoid caḃaiṙ an Spioṙaid Naoiṁ tṙé eadaṙġuiḋe na Maiġdine Glóṙ-ṁaiṙe Muiṙe ag ṗáḋ Fáilte an Aingil, ṙṙl.

An Chéad Roinn.

Tá ḋá ċáiliḋeaċt ann go ṙṙionnṙaṙálta do ṫaiṙbeán-aṙ táḃaċt agus ṙuimeaṁlaċt éin-níḋ .i. a ṗiaċtanaṙ agus a ṁaiṫeaṙ; agus ṙeo an dá ċáiliḋeaċt oiṙeaṙ go hiomṙlán d'obaiṙ na ṙláinte ṙíoṁṁaiṙḋe, óiṙ ní heaḋ aṁáin gusṙab í an tṙláinte ṙíoṁṁaiṙḋe obaiṙ aṙ ṗiaċta-naṁla aṙ ṙéiḋiṙ le duine do ḃeiṫ aige, aċt ṙóṙ gusṙab í an éan-obaiṙ aṙ ṗiaċtanaċ í.

Múineann Íosa Críost féin an níd seo dúinn ar mod ró-ḋorruiġṫeaċ. D'imṫiġ sé tríaṫ go teaġlaċ an diar deirbhfeaṫraċ .i. Marta agus Madailéin. Do bí intinn agus aigneaḋ Mhadailéin go hiomhlán ar ċoṁráḋ le n-a Maiġistir Naoṁṫa, agus ar éisteaċt le n-a bhriaṫra agus le n-a ġuṫ beannuiġṫe, an feaḋ do bí a deirbhríúr cúramaċ ag gléas féasta do'n té do-rigne d'onóir di teaċt dá fiorruġaḋ. Ní raiḃ ó Mhadailéin, mar adeir San Aiḃistín linn, aċt í féin d'oileaṁaint leis an arán .i. leis an mbeaṫaiḋ neaṁḋa do roinn sé go fairsing fiúnta, an áit naċ raiḃ ó n-a deirbhríúr aċt beaṫa 7 oileaṁain ċorporḋa do ṫaḃairt do'n té ḃeireas oileaṁain agus beaṫa do ċréatúirríḃ an domain le ċéile. Nuair do-ċonnaic Marta an duaḋ agus an tríoblóid do bí uirri féin ag ullmuġaḋ beaṫaḋ dá deóraiḋe, do ġearán sí naċ raiḃ a deirbhríúr ag taḃairt congnaiṁ ar biṫ di, agus gur fág sí an duaḋ go hiomhlán uirri féin.

An deóraiḋe .i. Íosa Críost, a ḃfad ó n-a ráir do ġlacaḋ, d'fhreagair sí inr na bhriaṫraiḃ iongantaċa so, nár ċeart dúinn do ḋearmad go bráṫ: 'A Mharta, a Mharta (ar sé) do-ḃeir tú an iomarca duaiḋ 7 tríoblóide ḋuit féin i mórán neiṫe; giḋeaḋ, bíoḋ 'fhior agat naċ ḃfuil aċt éin-níḋ aṁáin riaċtanaċ. Rug do ḋeirbhríúr Madailéin, ar a ḃfuilir ag gearán 7 ag taḃairt milleáin, an roġa ar fearr—roġa naċ gcaillfiḋ sí ar aon mbainfear di go bráṫ.' (Lúcás x 41, 42).

Cad ir dóiġ liḃ, a ḋearbhráiṫreaċa, do'n ḃreiṫeaṁnas sin an tSlánuiġṫeóra, nó cad é an breiṫeaṁnas do-ḃéarfaḋ sé ar a leiṫéid d'ócáid? Nár ḋóiġ le duine go raiḃ iomċuir Mhadailéin mí-ḃéasaċ, neaṁṁúinte; ar an dtaoiḃ eile, go raiḃ iomċuir Mharta

ionnṗaic oiṗeaṁnaċ, aġ déanaṁ na hoibṗe aṗ mó aṗ an ṫalaṁ .i. aġ déanaṁ a díċill aṗ Shlánuiġṫeóiṗ an doṁain do ġlacaḋ 'n-a teaġlaċ maṗ ba ċuiḃe? Aṗ a ḟon ṗoin, ṫug Íosa malairt bṗeiṫeaṁnair aṗ an níḋ. Ní ḋéanann Criosd aċt neiṁníḋ do ġníoṁaṗṫaiḃ ṗóiṗ-imeallaċa ṗaoġalta i gcomṗráid d'éan-nóiméad aṁáin i n-obair na ṗláinte ríoṗṗaiḋe.

Ní ṗaiḃ 'n-a noubairt an Slánuiġṫeóiṗ beannuiġṫe an uair ṗin, aċt ṗíṗ-leanṁaint a ḃeaṫaḋ agus a ṁian ċum ṗláinte ríoṗṗaiḋe an ċiniḋ daonda. Aṗ an uile ócáid ṫigear 'n-a ṗliġiḋ, tairbeánann ré gurab í ṗin an éan-obair aṗ ṗiaċtanaċ. Má iarṗann an diaḃal air, na cloċa d'iompoḋ 'n-a n-aṗán ċum ocṗair do ḟáraṁ, maṗ a léiġmid ag Maṫa Soiṗgéalaiḋe, an ceaṫṗaṁaḋ caibidil (3 ṗann), ṗṗeagṗann é, naċ é an t-aṗán aṁáin beaṫa an duine, aċt ḟocail ḃeannuiġṫe Dé. Má iarṗaid a ḋeiṗciobail air, oileaṁaint do ġlacaḋ tar éis ṗiain ḟada, maṗ a léiġmid 'ṗan gceaṫṗaṁaḋ caibidil do Naoṁ Eóin Soiṗgéalaiḋe (31 ṗann), ṗṗṗeagann iad go ḃṗuil beaṫa eile ṗó-neaṁ-ċoṁail leis an mbeaṫaiḋ ṗin do ṫaiṗgid dó .i. toil a Aṫaṗ do ċoiṁlíonaḋ, ag oibṗiuġaḋ ṗláinte ríoṗṗaiḋe an ċiniḋ daonda. Do b'é ṗin bun agus criosd a ḟaoġail uile, agus ċuige ṗin do ṫuiṗling ré ó na Flaiṫis. Is ċuige ṗin do ġlac ré colann daonda air. Má ġníonn teagasg, má ġníonn míoṗḃail, má ġníonn tṗoṗgaḋ, má ġníonn uṗnaiġṫe, má imṫiġeann aṗ ṗeaḋ an doṁain ag cṗaoḃṗgaoileaḋ an tSoiṗgéil, is ċum na cṗíċe céadna é. Is ċuige ṗin, adeiṗim, d'ḟulaing ré ṗáis 7 báṗ, ionnus go ṗaiḃ a oideas nó a ṫeagasg agus a ġníoṁaṗṫa d'éan-nádúiṗ. Aṗ uairiḃ adeiṗ ré naċ ḃṗuil maiṫeas do'n duine an doṁan uile do ḃuaḋċan má ċailleann ré a anam féin, maṗ a léiġmid ag Maṫa Soiṗgéalaiḋe 'ṗan ṗeiṗeaḋ

caibidil déag: "*Quid enim prodest homini si mundum universum lucretur, animae vero suae detrimentum patiatur?*" Tril. (p. 26).

Ar uairiḃ eile coṁairiliġeann a ḋeirciobail, agus na fírréin uile 'n-a bpearrain, fíoċ nó coiṁéigean do ḋéanaṁ orra féin ċum ríoġaċt na ḃflaiṫeas do ṫuilleaṁ. Gríoranн iad, frrreagann iad, déanann an uile níḋ ċum a ċur d'ualaċ orra iarḃairt do ḋéanaṁ dá gcuid do'n tṡaoġal, dá raiḋḃreas, dá n-aoiḃneas, dá fláinte agus dá ngrádam, i n-éan-focal dá mbeaṫaiḋ, ċum na mór-oibre rin na fláinte. Seo an níḋ ċiallaiġeas na fomplaí nó na coraṁlaċtaí 'n-a ḃfuil an Soisgéal tuilte, agus an t-ionnṁas foluiġṫe; feo, adeirim, níḋ naċ fuláir a ċeannaċ ar ċortas a ḃfuil againn 'ran tṡaoġal, dá ċeanaṁlaċt.

Do ṫuigeadar na Naoiṁ go ráir-ṁaiṫ intinn an áirmiġluiġṫeóra agus do leanadar a fompla. Créad naċ ndearnadar ċum an aoiḃnis agus ná háirid-ċéime 'n-a ḃfuil riad indiu do ṫuilleaṁ agus do ṡaoċruġaḋ ḋóiḃ féin? Chum a ċur i dtuigsint daoiḃ mar baḋ ċóir, níor ḃ'fuláir a ngníoṁarṫa iongantaċa do ċur or ḃur gcoṁair, mar atá a gcaṫaiḋe, a mbuaiḋreaṁ, a n-aiṫriġe, a dtriorgaḋ agus a dtréaḋanas, a neaṁ-ṡuim 'ran tṡaoġal, a ndiúltaḋ iomṡlán do'n uile níḋ ċuirfeaḋ compóird orra 'ran tṡaoġal fo, mar atá onóir, aiteas, raiḋḃreas; agus, níor mó 'ná rin go léir, an céasaḋ inṁeaḋónaċ agus an diúltaḋ ṫugaḋ dóiḃ féin, an buaḋ iomṡlán ruġadar ar ainṁianaiḃ na colna agus na nádúire.

Do ċaiṫ cuid aca a mbeaṫa ar nós na ndaoine ḃriaḋain, agus do ċoṁnuiġeadar trí ṡiḋid bliaḋan 'ran ḃfásaċ i measg na mbeaṫaiḋeaċ n-éigciallta—agus rin go léir ċum a gCruṫuiġṫeóra do ṡealḃuġaḋ lá eile. Do ṫréigeadar an ṁuinnteas fo a maoin, a

raiḋḃreaṗ, a n-óiṗ-ċiṗṫe, agus a ngṁanáin ṗó-áilne, ṗó-ṁaireaṁla. Do ḋiúltuiġeadaṗ coṗóineaċa agus ṁaġluġaḋ cṗíoċ. Do ṫréiġeadaṗ an ṁaċtmaṗ do b'aoiṗde agus do b'onóṗaiġe. Cuid eile ṫug ṗuaṗ iad ṗéin do na ṗionóraiḃ agus do na peannaidiḃ ba ġonta agus do b'uaṫbáraiġe. D'ḟuilingeadaṗ go buaintṫeaṗṁaċ an uile ṗóṗt báṗ 7 páiṗe, dá ċṗuaḋálaiġe agus dá uaṫbáraiġe, ċum coṗóin na ṗíoṁṁaiḋeaċta do ḟaoṫṁuġaḋ agus do ṫuilleaṁ. Cad ċuige aṗ ḟulaing Naoṁ Labṗáṗ é ṗéin do ḋóġaḋ nó do loṗgaḋ aṗ ġṗeidil le laiġ-ṫeine? Cad ċuige aṗ ḟulaing Naoṁ Paṗṫolán an cṗoiceann do ḃuaint de 'n-a beaṫaiḋ? Naċ ċum na beaṫaḋ ṗíoṁṁaiḋe do ḋeiṁniuġaḋ ḋóiḃ ṗéin? Ní ḋeaṗnadaṗ aċt neiṁníḋ d'olc agus do ṁaiṫeaṗ an tṗaoġail ṗeo i gcomóṗaiḋ d'olc agus do ṁaiṫeaṗ na ṗíoṁṁaiḋeaċta.

Indiu ṗéin, cá ṁéad ṗeaṗ agus bean ḋṗuideaṗ iad ṗéin ṗuaṗ i mainiṫṗeaċaiḃ agus i dtiġṫiḃ ṁaġalta ċum na colna do ṗmaċtuġaḋ? Ag tṗoṗgaḋ gaċ uile lá, ag obaiṗ gan ṗoṗaḋ, ag ṗiáḋ agus ag ṗeinm na hOiṗṗge Beannuiġṫe do ló 7 d'oiḋċe; i n-éan-ḟocal, ag ḟulang agus ag gabáil tṗé gaċ cṗuaḋáil, dá ṁéid agus dá ṫṗioblóidiġe. O! a ṁuinntiṗ úd do ċaiṫeaṗ ṗólaṗ agus aiteaṗ an tṗaoġail ṗeo, cionnaṗ aṗ dóiġ liḃ an luaċ ṗaoṫaiṗ céadna d'ḟaġḃáil, do-ġeiḃid na ṗeiṗbíṗiġ ṗeo an Tiġeaṗna do ċuiṗeaṗ ṗíoṗ-ċoġaḋ oṗṗa ṗéin, an ṗeaḋ bíonn ṗiḃ-ṗe ag loṗg agus ag caiṫeaṁ an uile níḋe ċum ṗáraiṁ agus compóiṗd do ċuṗ oṗaiḃ, agus ag ṗéanaḋ agus ag ṗeaċaint gaċ uile ċṗuaḋála agus tṗioblóide, dá laiġead.

Ní beag dúinn ciall nádúṗṫa agus gnáiṫ-eólaṗ ċum a ċuṗ 'n-a luiġe oṗainn ṗéin cad é ċoṁ ṁaċtanaċ agus atá obaiṗ na ṗláinte ṗíoṁṁaiḋe. Naċ ḃṗuil 'ḟiop againn

uile, agus nać bfeicmid gać éan-lá, nać bfuil i ngnóćaide an domain le ćéile ać neimhniú i gcomhriáid do'n obair sin ár slánuiġće? Bíoď go dtiocfaď duine ćum an fhortúin ar aoiride, agus ćum na honóra agus ćum na caićréime ar mó 'san domhan; bíoď go dtiocfaď duine ćum a beiť 'n-a fhára, 'n-a impire, nó 'n-a ríġ; bíoď, adeirim, go dtabharfaď an saoġal uirriam agus fómór dó; fós, go n-adhraidís é mar ďia ar an talamh; bíoď, leis sin go léir, go bfuil an tsláinte ar feasir 'san domhan aige, créad 'n-a gcríoćnuiġeann roin uile? Críoćnuiġeann 'san uaiġ.

A ćríorthaiďće, tiocfaď an ceann céadna d'iomćiar, nó ar a bfuil an ćoróin ríoġďa ćum a beiť 'n-a áitreab fhiart. Tiocfaď an ćolann céadna tugaď suas ćom hiomaircać ćom galánta roin, ćum a beiť n-a beaťaď do fhiartaib aďfuaťhmara gráineamhla. Cá méad duine ćonnacamar dá n-iomlaiť féin a raiďbhear, agus ó nár ťeartuiġ ní ar domhan ćum a saoġail agus a mbeaťaď do ćaiťeamh go rílárać? Nać bfuaradar uile bár? Nár fhágbadar a raiďbhear ag daoinib eile dá nďéis? Éirigh agus tóraíl, nó féać an tuamba nó an uaiġ 'n-ar cuireaď iad. Cad do-ġeibeann tú ann, ać riarta agus drieóiďteać agus bréantas? Tá drong daoine ann nać bfuil 'n-a mbeaťaď ać aiteas, aoibneas, agus caiťeamh aimsire. Ać cionnas roin go léir? Críoćnuiġeann mar seo, a ďearibhráiťreaća; tiocfaď an galar agus an t-éagcruas i ndiaď na deaġ-sláinte; an triom-aois agus an árrać i ndiaď na mire agus na hóige; golán, ornaí 7 doubhón i ndiaď an aitis agus na meanman; rianór 7 rianta i ndiaď an ćaiťeamh aimsire.

Do ćaiť a lán do'n tsaoġal mórán do'n traoġal ar bainrib 7 ar fhórtaib le hilliomad aitis 7 aoibnis,

agus cad do bí dá bárr aca lá ar n-a báireaċ? Cad a béas aca, adeirim, lá a mbáis do bárr na bpléasúr ⁊ na gcaiṫeaṁ aimsire mí-ṡaġalta cionnaċ dá dtugadar iad féin ar feaḋ a mbeaṫaḋ, muna mbéaḋ doilġeas ró-ṁór, ṡgiúpail iongantaċa cogcubais, nó, do b'ḟéidir, éadóċas iomṡlán uaṫbáraċ? Abraḋaid arís le hÍosa Críost: 'cad é an tairbhe do'n duine, an domhan uile do ḟealbuġaḋ agus 'ainmhiana do ṡáraṁ ar feaḋ beagáin aimsire, má ċailleann sé a anam féin, agus má ċíonn sé é féin daoṁṫa ċum sianta isṡuinn d'ḟulang ar feaḋ na ríoṁṁaiḋeaċta.'

Créad é an tairbhe do'n duine ṡaiḋbhir, ar a léiġmid 'san séaṁaḋ caibidil déag do Naoṁ Lúcás, feabhas an bíḋ agus na diġe do bí aige i mis beagáin aimsire 'san tṡaoġal so, agus go mbéiḋ ag fulang tasta ⁊ ocras an luċt damanta ar feaḋ na ríoṁṁaiḋeaċta? Créad an maiṫeas do ṁórán daoine an saiḋbhreas agus an fortún do-ṁisneadar ar ċortas a gcogcubais, na hoiġriḋe ronaiḋe ṡásta d'ḟágadar 'n-a noiaiḋ, ó tá sad féin cailite gan gairm tar a n-ais? Cad é an maiṫeas dúinn a nglacamaid oraiṁ 'san tṡaoġal so do ġnóṫaíḃ agus do ċúram, do ṫuaḋ agus do ṫrioblóidíḃ, ó'r éigin dúinn iad uile d'ḟágbáil 'n-ar noiaiḋ i bḟir-beagán aimsire ċum imṫeaċt go hionad ár mbuan-ċoṁnaiḋe? Is cuma ḋúinn ar feaḋ ár n-aimsire 'san tṡaoġal so, cia aca a béiḋmid boċt nó saiḋbhir, lag nó láidir, go maiṫ nó ar ḋíṫ slainte, ó'r éigin dúinn fá ḋeireaḋ ár gcoinġeall d'aistriuġaḋ, agus fanaṁaint go bráṫ 'san gcoinġeall 'n-a mbéiḋmid ar an móiment déiḋeanaċ dár saoġal; 'sé sin le ráḋ, fábálta nó damanta. Bíoḋ gur ṁair duine céad bliaḋan, go raiḃ a saċtmas buain-tṡearṁaċ mar aon le n-a ċáirdeaḃ uile agus le n-a ġaolraiḃ; bíoḋ go

bhfaca a ċlann i ngriadam ⁊ i n-onóir, cionnar d'fhéach-fadh sé orra so go léir ar leabaidh a bhair agus ar an mbuille ċum an phuiṫ dhéidheanaiġ do ċur amach? Ar so, a dheaṁbhráiṫreaċa, is follus nach bhfuil 'san tsaoġal so aċt suaraċas agus buaidhreadh aignidh, do réir agaill an Sgriobaid Naomh, agus nach bhfuil aċt éin-nídh amháin siaċtanach ⁊ do ṫuilleas ár n-aire ⁊ ár n-imṫníoṁ; 'r é sin obair na sláinte fhíorsaidhe, do bhríġ gurab í an tsláinte fhíorsaidhe gan comórad obair ar mó 'san domhan.

Tá dá ṁoḋ ċum luaċ éan-tsaoṫair d'fhaġbáil amaċ, 'r é sin, an mear nó an bhreiṫeamhnas a bhíos ag luċt 'aiṫeanta air, agus na fiaċa do ċuirid siad 'n-a ċeann; óir ċum luaċ nó fiaċa earrsaidh ar domhan d'fhaġbáil amaċ, ní fhuláir comhairle d'iarrsaidh ar luċt 'aiṫeanta agus a ṫuigseana. Cuir péarla cloċ-luaċmhar i mearg blúiseaċ chiorcail nó gloine do'n ṫuirim agus nach mór do'n daiṫ ċéadna, agus tabair a rogha do ḋuine nach bhfaca riamh roimhe sin a leiṫéidí. Bhéarfaidh rogha ar nór an daill. Tógfaidh sé blúire do'n ġloine nach fiú ṗiġinnín ċoin luaṫ leis an bpéarla ar fiú míle púnt. Mar an gcéadna do'n tsaoġal i dtaoibh oibre na sláinte fhíorsaidhe, an péarla sin an tSoisgéil nach féidir fiaċa do ċur 'n-a ċeann.

Leis sin, a dheaṁbhráiṫreaċa, iarrsamaoid comhairle ar Íosa Críosd agus ar na naomhaibh i dtaoibh luaċ ⁊ fiaċa na sláinte fhíorsaidhe. Fiafruiġmíd chéad dubhradar air. Léiġeamaoid an Soisgéal agus sgríbhinn na nAiṫreaċ Naomhṫa; ⁊ 'n-a ḋiaidh sin, féaċamaoid cionnar mar ċeannuiġeadar an ġlóir agus an t-aoibneas 'n-a bhfuilid indiu, agus cad ṫugadar uaṫa 'n-a n-áit. Thug an taoiseaċ .i. Íosa Críosd, é féin suas ċum báis, agus do ḋoirt an bhraon déidheanaċ dá ċuid

ṗola ċum ṡláinte ṡíoṗṗaiḋe na n-anam do ṡaoṫṗuġaḋ. Thugadaṗ na Naoiṁ uaṫa, maṗ an ġcéadna, a ṗiaiḃ aca; do-ṗiġneadaṗ iodbaiṗt díoḃ féin ċum na cṗíċe céadna do ċuilleaṁ ḋóiḃ féin.

Anoiṗ, a ċṗíoṗtaiḋṫe, do ḃṗíġ go ndeaṗna Íosa Cṗíoṗt an oiṗead ṗoin ċum áṗ ṡlánuiġṫe ⁊ áṗ ṡábála, cad náṗ ċóiṗ ḋúinn do ḋéanaṁ 'n-áṗ gcúiṗ féin, agus ċum áṗ maiṫeasa féin? Aċt ċum go mb'ḟeáṗṗde ṫiocfamaoiṗ ċum áṗ ṡláinte ṡíoṗṗaiḋe do ṡaoṫṗuġaḋ, cuiṗimíd í go ṗóill le gnóṫaiḋe eile an tṡaoġail seo. Cṗéad do ḋéindo na daoine aṗ an saoġal so? Múineann, a ḋeaṗḃṗáiṫṗeaċa, an Ṗáiḋ Íṗaiaṗ dúinn é 'ṗan naoṁaḋ caibidil déag taṗ éiṗ an dá-ṗiċid (ṗ. 5), maṗ a n-abaiṗ sé: *Telas araneae texuerunt* .i. 'Ní ḋéindo aċt ṗṗiangа nó neadṗiaċa daḃáin-alla,' 'ṗ é ṗin le ṗáḋ, neiṁní ⁊ ṗuaṗiaċaṗ. Cṗéad í cṗíoċ taiṗdil imiġcéiniġ aṗ ṡaiṗṗġe, tṗáċdáil ceannaiḋṫe, alluiṗ luċt' oibṗe ⁊ ceáṗdaiḋṫe? Atá neadṗiaċa daḃáin-alla do ḋéanaṁ. Cṗéad í cṗíoċ an ṗiaċtmaiṗ aṗ aoiṗde, na bṗóṗaḋ aṗ áġṁaṗiaiġe? Ní'l aċt neada daḃáin-alla 'ḋéanaṁ. Leiṗ ṗin, a ċṗíoṗtaiḋṫe, ġaḃamaoid do láiṁ an obaiṗ ṫaiṗḃeaċ ḃuain-tṡeaṗṁaċ úd ná téiḋ aṗ gcúl go bṗáṫ: Cṗuinniġmíd lón ⁊ ṗaiḋḃṗeaṗ i gcoṁaiṗ na ṡíoṗṗaiḋeaċta, do ṗéiṗ oiḋiṗ ⁊ coṁaiṗle Íosa Chṗíoṗt 'ṗan ṡéaṁaḋ caibidil do Mhaṫa Soiṗġéalaiḋe (ṗ. 20), maṗ a n-abaiṗ: "*Thesaurizate autem vobis thesauros in coelo; ubi neque aerugo, neque tinea demolitur,*" ⁊ṗṗl. Seo é, a ċṗíoṗtaiḋṫe, an díṗ-ċiṗde agus an ṗaiḋḃṗeaṗ naċ n-iṫeann an ṁeiṗiġ ⁊ naċ ṗéidiṗ le buaċaillíḃ díoṁaoine do ḃṗeiṫ leó, nó ċum ṗiuḃail. Dá ḃṗíġ ṗin, a ḋeaṗḃṗáiṫṗeaċa, tugamaoid dí-ṁeaṗ agus taṗcuiṗne do neiṫíḃ ṗuaṗiaċa díombuana an tṡaoġail seo. Smuaineamaoid naċ ḃṗuil ionnta aċt ṡgáṫ; ná ḋéanamaoiṗ aiṫṗiṗ aṗ

na daoinib mí-fortúnacha mí-áġmharacha fo d'féachar ar dhaoir a fláinte fíorfhairde mar an dhaoir déidheanach, ní ar ar ġeallar trácht 'ran dara fhoinn.

An Dara Foinn.

Chum a chruthuġaḋ agus a chur i gcéill daoiḃ gan contaḃairt, nach ḃfuil ní ar an raoġal ar mó cuirtha i ḃfailliġe ná dhaoir na fláinte fíorfhairde, nó fós, gurab í an éan-dhaoir cuirteas i ḃfailliġe í, ní fuil agaiḃ, a dearḃráithreacha, acht féachaint ar iomchur na ndaoine; óir cuardhuiġiḋ an uile aoir agus an uile chineál, idir fear ⁊ mhnaoi, an uile choinġeall agus fliġe ḃeathaḋ, do-chífiḋ fiḃ go mbéiḋ uathḃár ⁊ iongantas oraiḃ tríd an neamh-fhuim do-ḃeirid fiad i n-dhaoir a fhánuiġthe, agus an déine ⁊ an dúthracht le n-a ndéanaid fiad a ngnóthaí eile go léir.

Fiafruiġim daoiḃ an ḃfuil éan-duine i n-ḃur measg, le n-a mb'féidir a ráḋ le fírinne, go ndearna sé dá anam féin i gcomhair oiġreachta na ḃflaitheas, an chéadhnaḋ cuid dá ndearna sé dá cholann ⁊ dá mhaoin raoġalta. Ḃun-or-cionn leis sin, fóirríor! atá mórán agaiḃ, do ġlac oraiḃ féin an oireas, nó b'féidir níos mó duaiḋ, cúraim agus tríoblóide i dtaoiḃ neithe ndíombuan an tsaoġail seo, 'ná do ġlacadar na Naoimh ar mó orra chum iad féin do dheimhniuġaḋ do chirde ⁊ do mhaitheas bhoth-ḃuan na fíorfhairdeachta.

Ag sin dá níḋ ar fonn liom do chruthuġaḋ dhaoiḃ go díongmhálta; agus chum a ruidheachan daoiḃ, ní iarfhaiḋ mé mar fhaḋnaise acht ḃur gcogcuḃar, ḃur dtuigsint agus ḃur ngnáth-eólas féin. Féachaidhir anois chéad do-ḃrigheamar ⁊ chéad do-ġníd daoine gach éan-lá i dtaoiḃ a ngnóthaidhe raoġalta. Airmiġmíd an aimsir do chaith daoine ar dhaoir ḋuail mharḃthaiġ; an t-imṡníoḃ ⁊ an

cúram do ġlacaiḋ riaḋ orra féin ċum cúis dliġiḋ do ḃuaḋċan, ċum a raiḋḃris do ṁéaduġaḋ ⁊ ċum dul ar a n-aġaiḋ ins gaċ níḋ ċuirfiḋ riaḋ rómpa, bíoḋ sé ceart nó ainċeart; an gliocas náireaċ ⁊ an teilgean bearr do ḋéanaiḋ riaḋ ċum iad féin do ṡaoraḋ, nó do ṫarraing fá ṁaire, ó ḋroiċ-ġníoṁ éigin i n-a raḃadar cionntaċ. Agus mar sin, i n-éan-ḟocal, cia ḟéadfaḋ cuiṁneaṁ ar a ndéiniḋ agus ar a ḃfuilingiḋ riaḋ mar ġeall ar ḟeaḃraoḋ nó ar neiṁníḋ, ar ḋorn chréafóige, ar ġal beag onóra, ⁊ mar ġeall ar neiṫiḃ eile mealltaċa díombuana an tṡaoġail seo?

Ar an dtaoḃ eile, a ḋearḃráiṫreaċa, féaċaiḋ chréad do-ṁigneaḃar féin, ⁊ chréad do ḋéanfar uiṁór an doṁain ċum na mór-oibre sin na síorraiḋeaċta. B'ḟéidir go ndéarfaiḋ sib liom go n-abarṫaoi ḃur n-uinaiġṫe ag luiġe ⁊ ag éirġe ḋaoiḃ, go n-éirteann sib Airfeann Doṁnaiġ ⁊ Lae raoire, go ndéanann sib fo-laeṫeanta tríorgaiḋ; go ndéintí déirc ⁊ deaġ-oibreaċa eile. B'ḟéidir go ḃfuil sin fíor; ar a ṡon sin, tá 'ḟior agaiḃ ċoṁ maiṫ liom-sa go ḃfuil móirán chríortaiḋṫe naċ ndéanann éin-níḋ ḋíoḃ so go léir. Bíoḋ go ḃfuil cuid do na ḟíréanaiḃ do ċoiṁlíonar na dualgais seo. 'S í an ċeist, cionnas do ċoiṁlíonaid iad, óir naċ milleann uiṁór na n-uinaiġṫe le buaiḋreaḋ ⁊ le meaduġaḋ intinne? Ná marluiġṫear ⁊ ná tṡuailliġṫear Sacraiminte ḃeannuiġṫe agus tobar na ngrás? Naċ dtugaid na hoibreaċa ar beannuiġṫe ⁊ ar ṡearr ionnta féin ċum ḃeiṫ díoṁaoin mar ġeall ar an droiċ-intinn le n-a ndéantar iad? Agus dá ṡgrúdfaiḋe iad go ḟírinneaċ, cá ṁéad aca do ṫuill an ḃeaṫa ḟíorraiḋe? Aċt adéarfaiḋ sib fós liom, naċ í toil Dé ḋéanas duine ⁊, dá ḃríġ sin, obair a ḟlánuiġṫe, nuair a beirear aire dá ġnóṫaiḃ

raoġalta ⁊ do ċoiṁlíonar go dúṫracṫaċ dualgair a ḟliġeaḋ beaṫaḋ? Tá roin ḟírinneaċ, agus múineann an tSearpal, Naoṁ Pól, dúinn é i mbriaṫraiḃ fuinneaṁla 'n-a ċéad litir ċum na gCorinntíneaċ, an deaċṁaḋ caibidil (ṙ. 31): *Sive ergo manducatis, sive bibitis, sive aliud quid facitis: omnia in gloriam Dei facite*. i. 'má'r ag ite ḋaoiḃ, má'r ag ól daoiḃ, má'r ag obair air biṫ eile ḋaoiḃ: déanaiḋ na huile do-ċum glóire ⁊ onóra Dé, agus tuillfiḋ rib luaċ d'ḟaġḃáil,'—coinġeall atá ċoṁ riaṫanaċ roim, a ḋearḃráiṫreaċa, naċ ḃfuil aċt neiṁníḋ ⁊ díoṁaoineas i ngnóṫaiḃ an doṁain i n'iongnais.

Féaċaiḋ, a ċríorstaiḋṫe, air b'é ro bun ⁊ críoċ ḃur n-oibreaċ. Munar b'é, ní raiḃ aċt díoṁaoineas 'n-ḃur meaḃair. Féaċaiḋ air loċtaiḃ ḃur mbeaṫaḋ d'imṫiġ ṫairiḃ, cá liaṫ uair do ḃrireaḃar dliġe Dé? Cá liaṫ uair do ċuireaḃar i ḃfailliġe na hoibliogáidí ba ṁó ⁊ ba riaṫanasaṁla? Cá liaṫ smuaineaḋ, focal ⁊ gníoṁ coirṫeaċ mí-riaġalta 'n-a raḃaḃar cionntaċ? Cá ṁéad lá ⁊ uair do ċaiṫeaḃar go holc agus i n-oibreaċaiḃ an doirċadair? I n-éan-ḟocal, áirṁiġiḋ ṫairiḃ, má'r féidir lib, gaċ uile ṁóimeant dá ḃur mbeaṫaiḋ, ⁊ féaċaiḋ cá ṁéad do ċaiṫeaḃar ḋi i n-obair ḃur slánuiġṫe? Do ċaiṫeaḃar cuid di i gcodlaḋ neiṁ-riaṫanaċ. Do ṫógḃadar an caiṫeaṁ aimsire díoṁaoin ⁊ na droiċ-ġníoṁarṫa suas cuid di. Do ṫógḃadar ḃur ngnóṫaiḋe raoġalta, do-rigneaḃar, adeirim, le droiċ-intinn agus gan na coinġill eile riaṫanaċa suas naċ mór an ċuid eile go léir, air ṁoḋ naċ féidir lib a ráḋ, go raiḃ agaiḃ aċt tamaill ḃeaga do ċaiṫeaḃar air oibreaċaiḃ do ḃí go maiṫ i gcorraṁlaċt. Giḋeaḋ, b'ḟéidir ná rigneaḋ iad leis na coinġill atá riaṫanaċ ċum an luaċ raoṫair do ṫuilleaṁain, atá gealltaġ gearrṫa amaċ do'n ṁuinntir ḋéanfar

a n-uile obair ⁊ a n-uile ġnó ċum glóire Dé. Dá bríġ rin, a ḋearbráiṫreaċa, aṁuiġiḋ go ríṁneaċ naċ ndearna riḃ go dtí reo naċ mór éin-níḋ ċum na hoibre rin na ríorraiḋeaċta, agus fós, go bfuil mórán nár ḋornuiġ fós.

Tairbeánfaiḋ mé ḋaoiḃ 'ran dara háit, gur mó an t-imṡníoṁ ⁊ an cúram do ġlacaid daoine orra i dtaoiḃ neiṫe ⁊ gnóṫa an tṡaoġail reo 'ná do ġlacadar na Naoiṁ ba ṁó orra féin i dtaoiḃ mór-oibre na ṡláinte ríorraiḋe. Is fíor go raiḃ daoine ann do ṡéan a ndúiṫṫe, do ṫréig a n-aiṫreaċa ⁊ a máiṫreaċa, a ndaoine muinteartha ⁊ an raoġal go hiomṡlán ċum Íosa Críost do leanaṁaint. Giḋeaḋ, ná tréigid ceannaiḋṫe ⁊ luċt tráċtála do ġráḋ fáġḃaltair, a ndúiṫṫe, a mná ⁊ a gclann? Naċ ruṫid riad daintréar na bfairrsí gcoiṁṫiġeaċ? Naċ ndéanaid iodbairt dá ṡláinte ⁊ dá ruaiṁnear? Naċ gcuirid i gcontaḃairt gaċ níḋ, dá ċeanaṁlaċt, dá bfuil aca ar an raoġal, agus a mbeaṫa nó a raoġal féin ċum raiḋḃirr do ḋéanaṁ, naċ bfuilid deiṁneaċ do ṡealḃuġaḋ éan-lá aṁáin, ⁊ naċ fulair ḋóiḃ do ṫréigean ar uair a mbáir? Do connaċtar, gan aṁras, aiṫriġiġ beannuiġṫe ag marluġaḋ ⁊ ag tuaillíuġaḋ a gcolna le trorgaḋ, ⁊ le tréaḋanar ró-iongantaċ. Giḋeaḋ, naċ ndéanaid daoine an oireaḋ, nó, b'ḟéidir, níor mó, ċum an tṡaoġail reo do ṡárṁ? Cá ṁéad ṡláḃuiḋe boċt do ṫraoċar ⁊ do ṁarḃar é féin mar ġeall ar luaċ raoṫair feaḃradaḋ éigin? Naċ mó duaḋ ⁊ truoblóid ceárdaiḋṫe boċta 'ná an aiṫriġe ar géire ⁊ ar cruaḋálaiġe? Thugadar na mairtíriġ iad féin ruar ċum báir mar ġeall ar a gcreideaṁ; aċt naċ ndéanann raiġdiúirí ⁊ luċt airm nó cogaiḋ an oireaḋ mar ġeall ar ṗuinte onóra? Ní ḟaġḃaid na mairtíriġ bár aċt aon uair

aṁáin. Giḋeaḋ, naċ féidir a ráḋ go ḃfaġḃaid an drong eile bár ċoṁ minic ir ṫéid ċum coṁraic? Do ḃí an céad drong an-áirṫe luaċ raoṫair ríorraiḋe d'faġḃáil. Dá réir rin, cad é an luaċ raoṫair naċ dtuillfeaḋ luċt cogaiḋ, dá ndéanfaidís an uile obair ⁊ an uile ḋualgas nó ḋiúitéiḋ ċum glóire Dé? Níor ḟuilingeadar na mairtírig aċt beagán uaireanta, nó an ċuid as mó ḋe, beagán laeṫeanta. Giḋeaḋ, fiafruig de ḟaigḋiúir do ċaiṫ deiċ mbliaḋanta ficead nó dá-ficid bliaḋan 'ran arm cad d'ḟuiling sé, ⁊ ní féidir liḃ a ċlos gan cruṫ-eagla ⁊ uaṫḃás.

Is mór do laḃraid daoine ar ċruaḋálaiḋeaċt na beaṫaḋ do ċaiṫid fir ⁊ mná riaġalta. Giḋeaḋ, naċ cruaḋálaiġe go mór an ḃeaṫa do ċaiṫid sgláḃaiḋṫe boċta ⁊ ceárdaiḋṫe, óir ins na tiġṫiḃ as cruaḋálaiġe bíonn, an ċuid as luġa ḋe, gaċ uile níḋ as riaċtanaċ aca i n-aimsir geamṫa amaċ ċum búird agus leabṫa. Giḋeaḋ, naċ mbíonn luċt oibre nó sgláḃaiḋṫe agus ceárdaiḋṫe 'n-a seasaṁ ar a gcosaiḃ do ló ⁊ d'oiḋċe, ⁊, 'n-a ḋeóiḋ sin, ar ḋroċ-ḃeaṫaiḋ, ar ḋroiċ-leabṫain, agus noċtuiġṫe le gaċ sín? Níḋ as uaṫḃásaiġe 'ná soin go léir, cad é an duaḋ ⁊ an tsroblóid ná gaḃaid tríd ċum a n-ainṁiana do ḟásaṁ, ċum díoġaltais do ḋéanaṁ ar a náiṁdiḃ, nó, ċum laḃairt níos cinnte, ċum iad féin do ṫeilgean go fír-íoċtar isfinn. Cad é duaḋ ⁊ tsroblóid luċt fiaḋaiġ ⁊ realgaireaċta, ag imṫeaċt tré ċoillte agus tré ḃogaċa, tré ċnoca ⁊ tré ḟléiḃte, tré ṫeas ⁊ tré ḟuaċt, go ró-ṁinic fá ṫart ⁊ fá ocras— agus míle fomhla eile do'n tṡóirt so naċ ḃfuil aimsir aġam d'aiṫris ná do noċtaḋ ḋaoiḃ.

Ó, a ḟeacaċa earráideaċa, is féidir a ráḋ le fírinne, gur ḟiacaḃar riḃ féin i sliġiḋ ⁊ i n-obair na malluiġṫeaċta, ⁊ gur mó do ċosain ḃur ndamaint daoiḃ

'ná do ċorain an ġlóir ríorraiḋe do na Naoṁaiḃ. Aḋeirid na hAiṫreaċa Naoṁṫa, ag feicfint an iomċuir feo na faoġaltánaċ, gurab ag magaḋ ⁊ ag fonoṁaiḋ atá fiad fá n-a fláinte ríorraiḋe, nuair a ḋéanaid iaḋbairt dá gcuid do'n tṡaoġal ċum a n-ainṁiana bruíḋeaṁla do ṡáraṁ. Nár ṫairbeánaḃar go follus an mí-ṁeas do bí agaiḃ ar an mór-obair fin ḃur fláinte nuair ṫugaḃar ḃur n-aire ⁊ ḃur n-intinn go hiomṡlán do neiṫiḃ ċoṁ tapcairneaċ, ċoṁ dí-ṁeasta fein? Nár imreaḃar céad uair, nó b'ḟéidir míle uair, ḃur fláinte ríorraiḋe i gcoinne feaḃraod.

D'imreaḃar ḃur n-anam, d'imreaḃar ḃur gcuid d'oiġreaċt na ḃfhlaiṫeas ⁊ an ċorróin neaṁḋa do bí ceapṫa ḋaoiḃ ann. 'S é an diaḃal do-rigne connradh liḃ, do ċuir an fhrioraid ṁalluiġṫe fin ḃur gcoinne,—fo-ġráinneaċa luaiṫreaṁáin nó chéafóige, fólás beag mío-ċlúdaċ nóimint na huaire, díoġaltas agus ṡáraṁ fuaraċ, gal beag onóra, agus mar fin. Do ċuireaḃar dá ḃur dtaoḃ féin óir-ċirde ⁊ raiḋḃreas do-ċoimriġṫe, do-ċríoċnuiġṫe na ḃfhlaiṫeas. D'imir, adeirim, an fhrioraid ṁalluiġṫe fin an dorċadas liḃ; agus le neiṁníḋ ruag uaiḃ aiteas ir aoiḃneas na ḃfhlaiṫeas ⁊ an ṗórta ríorraiḋe. Ó a imirt ṁalluiġṫe ḋiabhlaiḋe, 'n-a gcailleann duine a ċuid do'n tṡaoġal, aiteas ⁊ fólás ríorraiḋe, ⁊ in naċ mbeireann sé aċt rianta ríorraiḋe! Ag fo an níḋ, a ḋearḃráiṫreaċa, ar a raiḃ fior ró-ṁaiṫ ag ríġ áirṁṫe ar leabaiḋ a ḃáis; aċt, fadaor! ró-ḋéiḋeanaċ, mar a léiġmid 'na beaṫaiḋ .i. an t-oċtṁaḋ Anndraoi, Rí Sacran.

Ar mbeiṫ do'n ṗhrionnsa ṁalluiġṫe fin ar na puintíḃ déiḋeanaċa, agus ag cuiṁneaṁ ar na coirṫiḃ do-rigne sé, na ṡganlaċa ṫug sé dá ḟómóraiḋṫiḃ, nó dá ṁuinntir—ar an díoġḃáil doi-leiġirte do-rigne

ré do'n Teampall nó do'n Eaglais, agus ag feicfinn uairle a ċúirte 'n-a ṫimċeall ba bun ⁊ ba ċúir le n-a ḋroiċ-ġníomarṫa go huile, d'ḟéaċ orra go dólárać tuaiġṁéileać ⁊ adubairt: 'A ċáirde, do ċaiṫeamar an t-iomṡlán; d'imreamar ár n-anmanna, ár gcogcubar, ⁊ ár slainte ḟíorrairde; d'imreamar ár ndaoine, ár ríoġaċt ⁊ ár gcreideaṁ, ⁊ do ċailleamar an t-iomṡlán ⁊ Ríoġaċt na bFlaiṫear. Do bíomar cionntać i gcailleaṁaint na milte anmann neiṁ-ċionntać; do ċailleamar grára Dé, ⁊ an tríorraiḋeaċt ṁaiṫannać.' Ag labairt na bfocal ndéiḋeanać sin dó, ṫug suas a anam mí-áġṁaraċ.

Anois, a ċríorraiḋṫe, fiafróċaiḋ sib ḋíom, gan aṁras, cad ar éigean do ḋéanaṁ ċum na héan-oibre móire sin na slainte ríorraiḋe do ṡaoṫruġaḋ. Aiṫiris-eóċaiḋ mé ḋaoib cad adubairt Iosa Críost féin ar an ócáid sin 'san deaċṁaḋ caibidil do Naoṁ Lúcás (p. 25), mar a n-abair sé: "Má's maiṫ lib an beaṫa ríorraiḋe d'ḟaġbáil, coiṁlíonaiḋ go fíoinneaċ dligeaḋ ⁊ aiṫeanta Dé." Ar so, a ḋearbráiṫreaċa, tairbeánfaiḋ mé trí meaḋóin daoib do stiúrfar sib gan contabairt ċum na glóire ríorraiḋe, má ḋéanann sib úráid díoḃ mar ar cóir.

'Sé an céad ṁeaḋón, beiṫ ag maċtnaṁ do ġnáṫ ar ḟíoinnib an ċreidiṁ; an dara meaḋón, fearaṁ amaċ go meisneaṁail cróda i n-aġaid bur gclaonta ⁊ bur n-aiṁṁian mealltać; an tríoṁaḋ meaḋón, beiṫ buaintṡeaṁaċ pointeálta ag coiṁlíonaḋ oibliogáidí bur slige beaṫaḋ.

An céad ṁeaḋón, adeirim, ċum sinn féin do ṡábáil, síor-ṁaċtnaṁ do ḋéanaṁ ar ḟíoinnib an ċreidiṁ, óir cad é an tiobraid ó n-a dtigeann na coirṫe ⁊ an ṁalluiġṫeaċt dá bfuil an talaṁ tuilte? Innsfeann

an Sṙioṙaḋ Naoṁ ḋaoiḃ é le béal an Ṗháiṙ Ieṙemiaṙ. 'Tiġiḋ aṙ ṙo,' aṙ ṙé, 'maṙ naċ ṅéanaiḋ maċtnaṁ aṙ ḋoṁan aṙ ṗíṙinníḃ an ċṙeiḋiṁ. Ní ṙmuainiġiḋ aċt aṙ a n-uiṙeaṙbaḋaiḃ ⁊ aṙ a ṅgnóṫaíḃ ṙaoġalta, ⁊ ḋeaṙmaḋaiḋ a ṙláinte ṙíoṙṙaiḋe.'

An ḋaṙa meaḋón ċum na beaṫaḋ ṙíoṙṙaiḋe do ṙaoṫṙuġaḋ ⁊ do ṫuilleaṁ, ṙeaṙaṁ amaċ go meiṙneaṁail cṙóḋa i n-aġaiḋ ḃuṙ gclaonta ⁊ ḃuṙ n-ainṁian, óiṙ ní ṗuláiṙ do ḋuine tṙioḋ ⁊ coṁṙac gan ṙoṙaḋ; ní ṗuláiṙ ḋó a ċṙoṙ d'iomċuṙ, ⁊ ní ṗuláiṙ do ḋuine buaḋċan aiṙ féin.

An tṙíoṁaḋ meaḋón, ḃeiṫ pointeállta ag coiṁlíonaḋ oiḃliogáiḋí nó ḋualgaṙ a ṙliġeaḋ ḃeaṫaḋ. Ná cuiṙeaḋ aon ḋuine i n-iúl dó féin gusṙab éigean dó gníoṁaṙṫa ⁊ oiḃṙeaċa iongantaċa aiḋḃṙeaċa do ḋéanaṁ ċum a ṙláinte ṙíoṙṙaiḋe do ṙaoṫṙuġaḋ, óiṙ iṙ aṙ ċoiṁlíonaḋ áṙ nḋualgaṙ atá áṙ ṙáḃáil. Níl aimṙeaṙ agam ṙeaṙaṁ níoṙ ṙia aṙ an móṙḋáltaċt ṙo.

Leiṙ ṙin, a ḋeaṙḃṙáiṫṙeaċa, toṙnuiġmíḋ ċum na héan-oiḃṙe móiṙe ṙeo áṙ ṙláinte ṙíoṙṙaiḋe do ṙaoṫṙuġaḋ. Saoṫṙuiġmíḋ í, adeiṙim, aṙ láṫaiṙ go héaṙgaiḋ, go ḋúṫṙaċtaċ ⁊ go buain-tṙeaṙṁaċ. Toṙnuiġmíḋ í aṙ an nóimeant ṙeo, ⁊ nuaiṙ a ċuiṙṙṗimiḋ áṙ láṁa éan-uaiṙ aṁáin 'ṙan obaiṙ, ná glacaḋ tuiṙṙe ná díoṁaoineaṙ ṙinn. Leanamaoiḋ di go meiṙneaṁail, do-ċlaoiḋte. Má ḃíonn ṙé do ṁí-áġ oṙainn ṗailliġe do ṫaḃaiṙt inntí, tá an t-iomṙlán caillte.

Iṙ uaṫḃáraċ an ní é ṙo, a ċṙíoṙtaiḋċe. An ḃṙuil éan-ḋuine 'ṙan gCṙíoṙtaṁlaċt uile do ṫaḃaṙṗaḋ ṙuaṙ maṙ ṙoin, dá ṫoil féin, an t-ionad atá ceaṙṫa ġeaṙṙṫa amaċ dó inṙ na ṗlaiṫiṙ ó aimṙiṙ a ḃaiṙtiḋ? An ḃṙuil éan-ḋuine 'ṙan gCṙíoṙtaṁlaċt, adeiṙim, d'aontóċaḋ é féin do ċailleaṁainṫ, agus ṙianta ṙíoṙṙaiḋe iṙṙinn d'ṙulang? Níl meaḋón aṙ ḋoṁan

eatorra; ní ḟuil acht ráḃáil ríorraiḋe nó damaint ríorraiḋe; acht rólár ríorraiḋe nó rionóir ríorraiḋe. Ná léigiḋ go bráth ar ḃur gcuimne ná ar ḃur raḋarc na rmuainte seo, agus abraiḋ liḃ féin gach uile lá; Muna mbéimid i ḃflaitheamhnas ar feaḋ na ríorraiḋeacta, béimid i n-ifrionn. Seo an tríliġe ċum na ḃflaitheas do ḟaoiġsiġaḋ agus do ḟealḃuġaḋ: níḋ d'iarraim-se ḋaoiḃ-se agus dam féin—i nAinm an Athair agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Amen.

[ar n-a aistriúḃaḋ le S. Ua hÚġḃair,
1817.

Seanmóir a Ceathair.

AR AN GCATHUGAD.[1]

(Do'n céad Domhnach do'n Chárgas.)

Ductus est Jesus in desertum a Spiritu ut tentaretur a diabolo.

Do reólad ár Slánuigtheóir íosa Críost leis an fhrioraid gur an bhárach chum an diabail do chur cathugad air.

(Bhíadhsa léigtheas ag Naomh Matha, Soisgéalaibhe, ins an gceathramhad caibidil, agus 'san céad phann.)

DO b'aon do na phríomh-phéarúin fá ndeasa do na Júdaidhtibh i n-allód ní d'iarraidh, an mhuinighin do bhí aca go mbéad sé 'n-a cheann orrsa, go ndéanfad cogad dóibh, agus go seasódad féin na céad ghoraidhe 'san gcath: *Et egredietur ante nos, et pugnabit bella nostra pro nobis* (1 Rioghachta viii. 20).

Má bhaineann sé le miaghlughad chríoch agus le tairbhe na puibliodhachta gan a mhaghaltóirí do nochtad le guair nó dainnréasa coimh mórsin, b'é toil le mór-eolas agus le thócaisse Dé, ní agus Dia 'thabairt dúinn-ne ar an gcoingheall sin; ní agus Dia, adeirim, le nach leór sinn d'fheicsint ó sna flaithéasaibh ag comhrac ar an saoghal so, acht do thuirlingeas i bhreasrain ar an dtalamh chum sinn do ssheasadh chum catha, ag tabairt sompla dúinn; an tí bhíos i láthair gach catha chuireas an diabal orainn; an tí nochtas dúinn a chealg agus a chleasa; an tí, fá dheóidh, d'fhuilingeas agus bhuadhas ar a chathaidhe i bhreasrain, chum na fhlighead do réidhteach agus do thairbeáint dúinn-ne buadhchan orrsa ar aithris. Tairbeánann Soisgéal an lae indiu dúinn é ar an modh so; 's é sin, gur seólad do'n fháras é,—*ductus est Jesus in desertum.* Ní fhuil iongnad orm thío, a dheartháithreacha

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 89-104.

—óir do ḡráḋuiġ ré riaṁ na háiteaċa uaiġneaċa diaṁairie,—gur ṡeólaḋ ann é leis an Spiorad naoṁṫa. Is lúġa 'ná sin m'ionsnaḋ, do ḃríġ nár b'ḟéidir leis malairt na sprioraide ḃeiṫ mar ṫreóraiḋe aige—*a spiritu.* Aċt gur ṡeólaḋ ann é leis an sprioraid ḃeannuiġṫe seo ċum caṫuġaḋ do ċur air, seo an ní nár b'ḟéidir liom a ṫuigsint ná do ċur i meaḃair, muna mbéaḋ gur aiṫris Maṫa ḋúinn é i mbriaṫraiḃ so-ṫuigseana—*ut tentaretur a diabolo.*

Atá ḋá ní agam le tairbeánaḋ ḋaoiḃ ar an ṁóirḟírinne seo do ḋéanfar suas suim mo ċoṁráiḋ. An ċéad ní: naċ fuláir an caṫuġaḋ d'ḟulang, ar ar mian liom triáṫ isin an gcéad roinn dom' ċoṁráiḋ. An dara ní; naċ fuláir eagla ḃeiṫ roiṁe, agus buaiḋ do ḃreiṫ air, ar a dtráṫtad isin an dara roinn. Ní fuláir a ḟulang, mar tá sé uiṫcóideaċ ceaṫgaċ, agus buaiḋ ḃreiṫ air, ċum ár nglóire ríoghraiḋe féin.

Cá ḃfuil sompla ná cruṫuġaḋ againn leis? Atá i bpearsain Íosa Chríost; agus ag Leanaṁain ár Soisgéil, is deiṁin go dtairbeánfaiḋ beiṫ Chríost féin noċtuiġṫe le gaċ gné caṫuiġṫe agus ag breiṫ buaḋa air, a ċealg agus a uiṫcóid dúinn, agus tairbeánfaiḋ an tṡliġe ḋúinn ċum buaḋa 'ḃreiṫ air mar an gcéadna. Aċt do ḃríġ naċ leór sinn féin go haonaránaċ ċum an teagairg seo do ċruṫuġaḋ mar ar cuiḃe, guiḋmíd congnaṁ an Spioraid Naoiṁ tré eadarġuiḋe na Maiġdine Glóriṁaire Muire ag ráḋ Beannaċaḋ an Aingil, ᵹc.

An Chéad Roinn.

Baḋ ḋeacair linn a ċreideaṁain gur b'é toil Chríost an diaḃal do ċur caṫuġaḋ air, muna mbéaḋ a ḟior againn gur aontuiġ ré, ar mbeiṫ i n-a ċeann

oraiṁn agus i n-a ṗátrún againn, ár gcróḋ do ġlacaḋ air, ċum a ṫabairt le tuigsin dúinn, tar éis é féin d'ḟulang caṫuġaḋ ár náṁad, an diabal, nár b'ḟéidir linn-ne, cibé ar biṫ coinġeall i n-a mbéimís, sinn féin do ṡaoraḋ uaiḋ. Atámuid-ne déanta d'ḟuil agus d'ḟeóil. Do b'é toil Chríosd suil agus feóil do ġlacaḋ mar aon linn-ne ċum cuṁaċta agus aintreise an náṁad, an diabal, do ċlaoiḋe agus do ċur ar neiṁníḋ. Ní leór sin. Tá an ḟuil agus an ḟeóil i n-a n-áḋbar buaiḋreaṁ agus gleó againn, agus do ġlac air iad, mar an gcéadna, ċum an diabail do ṫarraing ċum caṫa agus coṁraic leis: *unde debuit per omnia fratribus similari, ut misericors fieret* (Eab. ii. 17). Is ar an áḋbar sin bí d'ualaċ ar Chríosd é féin do ċur i gcoraṁlaċt le n-a ḋaoine ins an uile níḋ; is ar an áḋbar sin, gan ḟeacaḋ, gan ainbhfios, ba ṫoil leis tré n-a ṫrócaire neaṁ-ċuimhniġte, beiṫ rann-ṗáirteaċ leó i n-a gclaontaiḃ agus i n-a dtrioblóidíḃ. Cuireann caṫuġaḋ orra, agus is é a ṫoil é. D'ḟulaing marla agus tarcuisne ó'n diabal; agus do b'é a ṫoil é, ar an áḋbar sin, mar adeir Naoṁ Pól linn i n-a litir ċum na nEabraiċ, gur cuireaḋ caṫuġaḋ air féin. Ins gaċ uile níḋ d'ḟulaing sé go toilteanaċ deiġ-intinneaċ ar ár son: *In eo enim, in quo passus est ipse et tentatus* (Eab. ii. 18).

Aċt créad an uair ar cuireaḋ caṫuġaḋ ar Chríosd? Do cuireaḋ é, adeir Naoṁ Mata, tar éis é 'ġlacaḋ bairtiḋ ó Láiṁ Eóin, tar éis a Athar ṡíorraiḋe dá ḋeiṁniuġaḋ gur b'é a Mhac é, agus tar éis é 'ḋul do'n ḟásaċ. Ó na sréiṫe iongantaċa so ṫairbeánar dúinn, adeir Naoṁ Sréagóir, gurab éigean do'n uile ḋuine aontuġaḋ an caṫuġaḋ d'iomċur, do bríġ go bhfuil sé riaċtanaċ dúinn, ní heaḋ aṁáin i gcáiliḋeaċt

créatúirí, aċt fós i gcáilideaċt críosdaiḋe, agus go prionsaplta ar airtriuġaḋ ár mbeaṫaḋ ḋúinn, agus ar ár n-ionnlaḋ i n-uisgíḃ na haiṫriġe, fíoġarṫa le huisgíḃ Iosoan, nó an tan do ḋéanamaoid comhnaiḋe ar biṫ ins na ruḃailcidiḃ, agus do ṡgaramaoid sinn féin ó ġnóṫaiḋiḃ an tsaoġail seo. Nuair ċuireas duine roimhe cur suas do'n ṗeacaḋ, druim a láma do ṫaḃairt do'n tsaoġal, na cuideaċtain nó an comhluadar do ḟeaċnaḋ le n-a raiḃ ceangal taiṫneamaċ, gid cinneamhnaċ, roimhe sin aige, Ó a Thiġearna Ḋia! cad é an t-uaṫḃár, na stoirmeaċa agus na tromblóidí ċuireas an diaḃal air, an tráṫ sin. Sin an uair ċuireas i ngníomh a ċealg agus a ċleasa go huile ċum an deaġ-smuaineamh sin do ḃí aige, do ċiorrbuġaḋ agus do ḋíbirt uaiḋ. Is uime sin do ċuireas i gcuimhne ḋó dócamhal na haiṫriġe, na haċrainn, an duaḋ agus an tromblóid ḃíos i n-úrád agus i dtaiṫiġe na ruḃailcide, an t-aiteas agus an t-aoirḃneas ḃíos i gcomhluadar agus i mórán do ṡuḃailcidiḃ eile an tsaoġail seo. I n-a ḋiaiḋ sin, laḃrann leis ar an moḋ so. 'Créad mearas tú do ḋéanamh, nó cad é an mhoṫ i n-ar fonn leat tú féin do ċur? An mearann tú failliġe do ṫaḃairt 'san tsaoġal ṫus taiṫneamh ċom mór sos duit, is' ḋaoinib muinnteasiḋa do ḋéanann mórán maiṫeasa agus casadair duit. Is éagsamhlaċ an t-iomċur é seo! Má fheiceann tú go mbéiḋ aiṫreaċas orit ar ball, do ċionn daoine do ṫréigean tré ċráḃaḋ díorrsaigs, le naċ féidir ṫú 'ṡóġnamh ar san suas? Má's fonn leat do ḃeaṫa d'airtriuġaḋ, san fós beagán bliaḋanta, glac aimsir ċum ná déanfá éin-ní go díorrsaigs nár b'féidir leat a ġaisim ṫar n-air. Smuainiġ go ḃfuilir ag cur suas do ṡólás agus d'aoirḃneas láiṫreaċ, ċum tréaḋanais agus cráḃaiḋ, do

b'ḟéidir neaṁ-ṫairḃeaċ, do ġlacaḋ orṫ. Smuaiṁiġ go bḟuilir ag imṫeaċt ar tír ró-áluinn ċum dul i dtír nó i mball do ḟloigear agus do ṁúċar an méid ċoṁnuiġear nó a lonnuiġear innte.'

Is ḟánaċ duine, a ḋearḃráiṫreaċa, ná tairbeánann agus ná bhreacann an diaḃal na neiṫe seo ḋó. Atáim ḟós deiṁneaċ go ndéanann úráid do na meaḋóin ċéadna do-ṁúgneadar an ṁuinntir do cuireaḋ d'ḟoillsiuġaḋ Ṫalaiṁ na Gealla ṁna, ar dteaċt tar n-air ḋóiḃ tar éis a ḃreaṫnuiġṫe agus a léir-ṁear. Do ċuireadar gaisim ar na hIrraelíṫiġiḃ i gceann a ċéile ar éanláṫair, agus ċum iad do ċur do'n ṁian agus do'n aigneaḋ bí aca dul ċum coṁnuiġṫe ann, d'innsreadar ḋóiḃ go mba tír í i nár b'ḟéidir coṁnaiḋe 'ḋéanaṁ agus i n-a ḃraiġdís, an méad do ḋéanfaḋ ar biṫ í, bás. Déineann an diaḃal, adeirim, úráid do na meaḋóin ċéadna, ċum bhfionglóide agus buaiḋṁiṁ do ḋéanaṁ d'anam an duine, nuair ċuireas roiṁe aiṫṁiġe do ḋéanaṁ. Agus má ċuireann roiṁe, a intinn do ċoṁlíonaḋ d'aiṁḋeóin na n-aċrann mbréagaċ fo ċuireas an diaḃal i n-a ḟliġiḋ, ní túisge glantar i n-uisgíḃ na haiṫṁiġe é 'ná d'ionnsuiġeann an diaḃal é, mar d'ionnsuiġ sé Íosa Críosd, ar n-éirġe ḋó ar sruṫ Iordan: *et accedens tentator, etc.* (Maṫa iv. 3).

Méaduiġeann an ḃeaṫa nua sin feasg agus cuṫaċ an diaḃail; agus mar do ṁéaduiġ Pharao triobhlóidí na nIúdaiḋeaċ nuair do ṫuig sé go raiḃ dúil aca a ḟlaiṫeas agus a ċuṁaċta do ċroḋaḋ ḋíoḃ, méaduiġeann an sriosraid ṁalluiġṫe, mar an gcéadna, sianta agus triobhlóidí na ndaoine bíos ar aigneaḋ scaraṁain leis, nó, tar éis scaiṫa leis, ag cur caṫaiḋe orra níos gnáṫaiġe agus níos milltiġe 'ná roiṁe sin. Má ḋéiniḋ fós coṁnaiḋe ar biṫ ins na subailciḋíḃ, is éigean dóiḃ iad

féin d'ullmuiġeaḋ ċum caṫaiḋe ar mó agus ar uirċóidiġe d'ḟulaing. Ní ċuirfeaḋ an diaḃal caṫuiġeaḋ go bráṫ ar Chríosd dá mbéaḋ sé deimneaċ gur b'é Dia é; agus nuair do-ċonnaic sé go raiḃ mór-luaċta agus subailciḋe iongantaċa aige, agus ná féadfaḋ duine gan comaoine éigin ó sna flaiṫis, triogaḋ dá-ḟiċid lá do ḋéanaṁ, ag sin an ní d'áfouiġ níos mó a ḟeargaig agus a uirċóid. Is leis sin do-ċímíd, nuair do ċuir sé an céad ċaṫuiġeaḋ air, ag riaḋ, má's tú Mac Dé abair leis na cloċaiḃ sin iompoḋ 'n-a n-arán, ná raiḃ sé an uair sin deimneaċ do ḋiaḋaċt Chríosd; aċt do ḃí sé deimneaċ dá ḟubailciḋiḃ oiriḋeaṡca, agus ní móide a staid ó ċur caṫuiġeaḋ air. Ag so na neiṫe éagsamlaċa ḃeireas le tuigsint dúinn, dá méid buain-tseasamain ḋéanamaoid i mbeaṫaid sprioradálta, gurab móide atámuid noċ-tuiġṫe le caṫaiḋiḃ an diaḃail. Aontuiġeann an Tiġearna na caṫaiḋe seo 'beiṫ, ċum a ḋeisciobal d'umluġaḋ agus do ċur ar a n-aireaċas do ṡíos; óir ní féidir ná go n-umluiġeann an caṫuiġeaḋ iad ar amarc a gclaonta féin agus gráineamlaċt na bpeacaiḋe le n-a gcaṫuiġeann, nó n-a n-ionnsuiġeann an diaḃal iad, do ḃíos, ar nós an leómain ċuṫaiġ, ag siṫ mágcu-airid, nó timċeall éadála, ċum a sloiġṫe.

Ar an áḋḃar sin, gairmṫear an caṫuiġeaḋ, 'san Sgríbinn Diaḋa, buille ar an gcluasaib agus dealg; buille ar an gcluasaib, mar ná fuil ní ar mó d'umluiġeas duine 'ná cur suas leis; dealg, mar naċ ḃfuil ní ar mó ċoisgeas triom-aigneaḋ agus daille intinne; buille ar an gcluasaib, adeirim, mar ná fuil ní ar mó ċuireas mío-ṡásaṫaċt ar ḋuine uaiḃreaċ ḟoimpeamail; agus dealg, mar ná fuil ní ar mó múrglas an aigneaḋ.

Cruṫiḋ, a Luċt an ḟeacaiḋ, cruṫiḋ a mhuinnteas úd ná moṫuiġeann, mar adeireann sib féin, caṫuiġeaḋ

ar biṫ, agus ag naċ bḟuil a ḟior créad é an ní caṫuġaḋ. Mo nuar! a ċríorṫaiḋṫe, do'n uile ṗuoċt i n-a mb'ḟéidir anam do beiṫ, feo é ar tṡuaiġṁéiliġe, do bríġ naċ bḟuil tinnear ar contabairtaiġe 'ná an tinnear ná moṫuiġṫear agus i n-ar dóiġ le duine a beiṫ i n-a ḟláinte, ar nór ná fuil tṡuaġ ar mó 'ná duine ag a mbíonn ṡluaġ buaċaillí díoṁaoine neaṁ-ṫṡócaireaċ neaṁ-ṫṡuaiġṁéileaċ i n-a ṫimċeall, agus gur dóiġ leis a beiṫ ráḃálta uaṫa.

Deireann sib ná fuil a ḟior agaib créad é an ní caṫuġaḋ, agus go bḟuil a ḟior ag na Naoiṁ ar mó, go bḟuil a ḟior ag an muinntir ar neiṁ-ċionntaiġe agus ar mó ġníor smaċtuġaḋ agus feól-ṁarḃaḋ orra féin. Abraiḋ, mar an gcéadna, ná fuil éan-diaḃail ann, nó má táid, gur ċailleadar a n-uiċóid agus a gcuṫaċ. Abraiḋ arís le Naoiṁ Gréagóir gurab iad buir gcáirde iad, buir noionuiġṫeóirí; i n-éan-focal, go ṁiġneaḃar muinnteardar iomṡlán leó.ionnar ná fuil dúil ar biṫ aca díoġbáil do ḋéanaṁ ḋaoib: nuair do-ċíd go mbíonn fonn ar duine sleaċtaḋ uaṫa agus dul fá ċoimirce Dé, ní féidir leó a ḟoiġideaṁ; agus inr an gcuṫaċ atá orra ċum na n-anmann do ṁilleaḋ, ní ḟuil cor ná cleas, ní ḟuil caṫuġaḋ ná buaiḋreaṁ, ná cuirid i ngníoṁ, ċum nua-luiṫ do ḋéanaṁ inr na sroiḋṫib do ḟealbuiġeadar ṗoirne sin go díoṫ-ċánta: *ut tentationum jacula intorquendo confodiant cor quod dudum quieto jure possidebant* (San Gréagóir).

Nuair do-ċíd duine uaiḋ féin tuġṫa do'n ḟeacaḋ agus a bḟad ó ġeardán ar a n-áird-smaċt or a ċionn, duine ná smuaiṁiġeann aṁáin ar é féin do ṫarraing uaṫa; nuair do-ċíd go gcaiṫeann duine é féin go toilteanaċ dá dtaoḃ, go dtuiteann tré ṁailís iomṡláin inr an bpeacaḋ, ná fuil eagla níor mó air, ná fór sgrupall

coṡcuḃair air biṫ, créad an fiaṫtanas atá aca caṫuġaḋ do ċur air anmannaiḃ atá ċoṁ ionnsaic sin dóiḃ, ná mío-ṡuaiṁneas do ċur air ḋaoiniḃ do-ṡiġne an oiread sin seisḃíre ḋóiḃ, do ḃí ṡásta le milseaċt ċinneaṁnaiġ a n-áiro-smaċt? Ḃun-os-cionn leis sin, ní ṫaisgid dóiḃ aċt gsiadam agus saiḋḃreas, aiteas agus aoiḃneas, agus is é a n-aige go hiomṡlán gaċ uile ní do ḋíbirt uaṫa ċuirfeaḋ mío-ṡuaiṁneas oirra ins an tsiom-ṡuan ṁairḃṫaċ i n-a ḃṡuilid. 'Ná déinid aiṁsir de, a ḋearḃráiṫreaċa,' ar Naoṁ Aiḃistín, 'cibé coinġeall i n-a mbéaḋ an duine, gurab éigean dó an caṫuġaḋ d'ṡulang, agus gurab é caṫuġaḋ ar mó, gan caṫuġaḋ air biṫ do ḃeiṫ air. Do cuireaḋ caṫuġaḋ air Íosa Críost; cuirfear air an uile ċríostaiḋe é.' Ag sin an fiaṫtanas. Aċt d'ṡulaing Críost an uile ġné caṫuiġṫe. Ag sin an uiṫóid. Fá ḋeóid, ní ṡuláir easla ḃeiṫ roiṁe ċum buaḋċan air, an ní ġeallas triáṫ air ins an dara roinn dom' ċoṁriáḋ.

An Dara Roinn.

Is cóir easla ḃeiṫ i gcoṁnaiḋe roiṁ an diaḃal ins na caṫaiḋiḃ ċuireas orainn, óir is sriorad ṡírinneaċ é, is sriorad neaṁ-ṫuirfeaċ é atá coṁ-ċeangailte le hiomadaṁlaċt sriorraidí eile. Is sriorad ainṡriantá é ná tuiteann ċoiḋċe i n-éadóċas. Is iongantaċ na cáiliḋeaċta iad-so do-ḃeir an Scríḃinn Ḋiaḋa do'n sriorraid ṁalluiġṫe, agus baḋ ċóir go gcuirfeaḋ cruṫeasla i n-ár gcroiḋṫiḃ roiṁe. Is sriorad neaṁ-ṫuirfeaċ é, adeirim, óir ní ṡuil náṁad aċt eisean, ná moṫuiġeann a nearc ag dul i laiġead tré ḃuaine an ċaṫa agus tré ċornaiṁ na náṁad le n-a gcaṫuiġeann. Ní ṁoṫuiġeann ċoiḋċe luige, ná laiġuiġaḋ ar a nearc. Atá sé tuilleaḋ agus ceiṫre ṁíle

bliaḋan ag cur caṫairḋe orainn gan tuirre ḋá ḃualaḋ. Caṫuiġeann rinn do ló agus d'oiḋċe; caṫuiġeann rinn i gcoṁluadar agus i n-uaigneas; caṫuiġeann rinn ag obair agus ar beiṫ i n-ár gcoṁnaiḋe ḋúinn, agus rin gan tuirre ḋá ġlacaḋ. Is rriorad é ċoiṁ-ċeangal le hiomadaṁlaċt do rriorairíḃ eile, óir léiġmíd 'ran Soisgéal go nuḃairt sé féin go gcaisann do'n tiġ i n-ar bhrseaḋ agus ó n-ar díbreaḋ é, agus go mbeireann leis seaċt rriorairí eile do b'urċóiriġe agus ba ṁeasa 'ná é féin. Agus má ċreidimid Oirigeneas air, is mó atá do ḋeaṁnaiḃ ar an saoġal so agus i n-isreann 'ná do ḋubhradánaiḃ 'san aer, agus 'ná do ḃraonaiḃ uisge 'sa' ḃfaisge.

Is rriorair ainsruanta ceann-ḋána é ná glacann ċoiḋċe droiċ-ṁisneaċ. Muna n-éirġeann an céad ċaṫ leis, cuireann an dara caṫ; muna n-éirġeann sin leis, cuireann an tríoṁaḋ ceann; i n-éan-ḟocal, ní mó ar féidir leis síoṫċáin do ḋéanaṁ leis an nduine, 'ná is féidir leis urċóid a náduire do ċroṫaḋ ḋe. Ó, a ċríorcaiḋe! cad í an eagla ba ċóir ḋúinn do ḃeiṫ roiṁ a ċleasaiḃ go huile! Agus cad é seaḃas an réasúin do ḃí ag Íosa Críosd ag ráḋ linn, na grásta d'iarraiḋ ar a Atair gaċ úile am agus gaċ uile ṫráṫ, gan géilleaḋ ná luiġe fá n-a ċaṫuġaḋ, agus sinn do ṡaoraḋ ó'n sriorad ṁalluiġṫe ainsruanta sin!

Ṡéaċamaoid, i gcaṫuġaḋ Íosa Chríosd féin, ar ċleasaiḃ agus ar urċóid an diaḃail, náṁaid ċoiṫ-ċeann ár sáḃála agus ár sláinte síorraiḋe. Tar ċis Mhic Dé do ṫiorgaḋ dá-ḟiċid lá agus dá-ḟiċid oiḋċe, fá ḋeóiḋ d'aontuiġ a ḋaondaċt do ṁíoċoṁgair an oscair. Ó'n am sin do ḃí an diaḃal ag dúċuġaḋ agus ag druidim i n-a ċoinniḃ, agus doubairt leis—'do-ċím go ḃfuil oscar ort, aċt

má'r tú Mac Dé, déin míorbail ná cornóċaiḋ mórán duit, agus ir furuir duit é 'ḋéanaṁ triú ċuṁaċta d'Aṫair. Abair leis na cloċaiḃ rin or do ċoṁair iompoḋ 'n-a n-airán' (Maṫa iv. 3). Nuair náir éirig an céad ċaṫugaḋ nó an céad tiomptáirtiun rin leis, do ċuir sé an daria ceann air Chríost. Rug leis é go mullaċ an teampaill, agus adubairt leis—'Má'r tú Mac Dé, teilg ṫú féin síos; gan aṁras do-ḃéarfaiḋ Dia airiseaċas duit, agus cuirfiḋ a aingil ċugat do ċoingḃeóċas fuar ṫú ardo ṫuitim agus ná leigfiḋ do ṫuitim ná do ṁarbaḋ' (Maṫa iv. 6). Aċt nuair náir éirig leis an daria huair aċt mar an gcéad uair, d'ionnsuig an tríoṁaḋ huair é ar an moḋ so. Rug leis é ar ṡliaḃ árd, agus adubairt leis—'do-ċím ná fuilir ró-ṡaiḋḃir; féaċ id' ṫimċeall; an ḃfeiceann tú na tíoraṫa agus an mór-ṡaiḋḃreas soin ar gaċ taoḃ díot? Tá sé id' ċuṁaċta féin anois ḃeiṫ id' ṁaiġistir orra le ċéile; caiṫ ṫú féin aṁáin as mo ċosaiḃ agus aḋair mé, agus ḃéarfad duit iad uile' (Maṫa iv. 8, 9). Sin a dtairbeánann Maṫa ḋúinn i n-a Shoisceál ar ċaṫugaḋ Íosa Chríost. As maċtnaṁ ar an nís seo, a ḋearbráiṫreaċa, breaṫnuiġim trí neiṫe noċtas agus do ṫairbeánas daoiḃ gliocas agus uirċóid ċaṫaiḋe an diaḃail, agus, dá ḃríġ sin, do ṫairbeánas daoiḃ créad é an easgla baḋ ċóir do ḃeiṫ rómpa. Breaṫnuiġim, ar dtúis, gliocas agus uirċóid an diaḃail i n-óroudaḋ na gcaṫugaḋ ċuireas orainn. Nuair ṫionnsgnann caṫ do ċur ar éinneaċ, tosnuiġeann leis na coirṫe as lúġa do ċur i n'aigneaḋ agus do ḃreasaḋ ḋó, agus mar adeir Tertullianus, má ṫeangḃas cogcuḃas sesuralaċ airseaċ leis, ní ċuireann é ar coirṫe do ḋéanaṁ d'éan-toisg, d'easgla go gcuirfeaḋ a ngsiáineaṁlaċt anfaḋ nó uaṫḃás air; mar sompla, nuair as mian leis bréisréir nó fear onncamais, fear robála

nó buaċaill ḋíoṁaoin do ḋéanaṁ do ḋuine, ní abrann leis i n-éinḟeaċt gaċ uile ní do ġoid agus d'ḟuadaċ dá dtiocfaḋ 'n-a líon, cruaiḋ-ḃreaṫ do ṫabairt ar éinneaċ, ná gaċ éan-ċontaḃairt do ṡiṫ ċum é ḟéin do neartuġaḋ agus do ḋéanaṁ raiḋḃir. Aċt cuireann i n-uṁail dó méad a ṁuirir, buaine a aṁgair agus a ṡiaċtanair; adeir leis, 'tá an aimsear go holc, ní ḟuil díol ná ceannaċ ar éin-níḋ'; ag ráḋ, 'feo cuideaċta ró-ṫairḃeaċ ró-ḟonaiḋe lé'r ḟéidir leat coiṁ-ċeangal. Is iomḋa duine ba ḃoiċte agus do b'uirearbaiġe 'ná tusa do ṡugne raiḋḃrear 'n-a ḃroċair. Ceangail leó. Ná bíoḋ eagla orit. Ní ḟuil fosuall coinsiair ar biṫ ḋuit ann.' Créad éirġeas annsin dó? Mar d'éirġ do Iúdas, ar a dtugann an Scríḃinn Diaḋa foglaiḋe ró-ṁór: níor ṡmuain ar níḋ ar biṫ as foin suas aċt ar ċruinniuġaḋ na caṫċannaċta, nó na déisce tugṫaiḋe do Mhac Dé.

Is annsin do cuireaḋ caṫuġaḋ beag éadtrom air. Ar dtúis, ṡuas feóirlinn leis; an dara huair, dá ḟeóirlinn; an tríear uair, trí cinn, ionnus, fá ḋeóiḋ, gur ġéill ċoṁ tsuailleánta, ċoṁ sraḋánta sin do'n ċaṫuġaḋ, gur ḋíol a Mhaiġistir agus gur ċuir le n-a ġadaiḋeaċt dia-ṁarḃaḋ nó dia-ṁarluġaḋ air. Do-ċíonn sib ar foin cad é gliocas agus uirċóid an diaḃail nuair ar mian leis duine do ṫarraing 'n-a líon.

Ag feo an tríoṁaḋ maċtnaṁ ar ár Soisgéal: baḋ ċóir go gcuirfiḋe cruċ-eagla oraiṁn roiṁ ċaṫaiḋe an diaḃail; 's é sin le ráḋ, go leigeann dúinn ar uairiḃ i suaiṁneas agus i ríoṫċáin ċum teaċt oraiṁn le níos mó treise agus nirt.

Adeir Naoṁ Maṫa linn gur ṫeiċ an diaḃal ó Chríost tar éis trí róirt caṫuġaḋ nó tiomptáirsiun do ċur air: *reliquit eum diabolus* (Maṫa iv. 11). Aċt deir Naoṁ Ieróm linn, do ċuireas an áit sin do'n Sgríḃinn

Ḋiaḋa i n-oirreaṁain do na caṫaiḋiḃ ċuirear an fhriorraiḋ ṁalluiġṫe fin orainn, ná teiċeann fé aċt air feaḋ tamaill, go ndéineann moill d'éan-ġnó ċum uain ir feárr d'ḟairre, ċum intinn a uirċóide do ċoiṁlíonaḋ agus do ċur i ngníoṁ: *tentationem magis differens quam auferens* (S. Ierom). Coṁairluiġeann fé, air uairiḃ, maiṫ do ḋéanaṁ, ag réiṁ-ḟeicfinn go dtiocfaiḋ olc ar, agus iompuiġeann duine ó olc nó ó ċoir áirġṫe ċum a ṫuitim i gcoir ar mó. Mar ḟompla: ag fo buaċaill óg ró-ṁear ró-luaṫ-aigeannṫaċ do-ṁisne coirḃeag éigin do ċuir an-ḟuaṫ air a aṫair agus air a ṁáṫair. Créad ḋéanfar an diaḃal air an ócáid fin? Cuireann i n'aigneaḋ dul i n-Ofrd éigin ṁaġalta, ag réiṁ-ḟeicfinn, nuair ṫiocfar ċum caoinir nó fíoṫċána le n-a aṫair agus le n-a ṁáṫair, go fleaṁnóċaiḋ ó'n Ofrd agus go gcaiṫfiḋ ḋe an aibíd. Sompla eile: ag feo óigḃean air a ṁiaiḃ buaiḋirṫ aigniḋ agus mío-ḟáraṁ tré ṁío-ċlú éigin fuair a haṫair, nó do b'ḟéidir tré nuaċair éigin le n-ar fanntaiġ fí ceangal, do ċur fuar di. Créad do-ġní an diaḃal iar fin? Déineann tairḃe do'n ócáid fin ċum a ċur i n-a ceann dul i mainistir éigin ṁaġalta. Tigeann fí ann d'éan-toirg, agus tar éis gnóṫaiḋe a haṫair do ḃeiṫ arír focair, ionnas go mb'ḟéidir léi ṫairbeánaḋ mór do ḋéanaṁ 'fan tsaoġal, bíonn fí ag láṁhreáil agus ag ceafaċc air an fliġiḋ fin i n-ar ṫeilg fí í féin go díoḃhairg: 'a inġean,' do ṁáiḋ a haṫair, 'ir é an diaḃal do ċuir caṫuġaḋ orm agus do ċóṁairlaiġ ḋuit maiṫ do ḋéanaṁ do fúil go dtiocfaiḋ olc ar.'

Aċt fiafróċaiḋ fiḃ díom, ná fuil leiġear ná meaḋóin air biṫ ċum buaḋa do ḃfreiṫ air ċleafaiḃ agus air uirċóidiḃ an diaḃail. Atá, a ḋearḃráiṫreaċa, mórán do ṁeaḋóin foi-ḋéanta foi-leanaṁna. Ag fo an céad

ṁeaḋón nó leiġear ar aiṫriṙ Chríorṫ féin—an diabal do ḋíbiṙiṫ agus an caṫuġaḋ do ṙuagaḋ, ag ráḋ mar aon le Críorṫ: *vade Satana*: 'imṫiġ leat féin, a ḋiabail' (Mata iv. 10). Creidiḋ mé, a ḋearbráiṫṙeaca, ná fuil éin-ní le buaḋcan i gcoṁair nó i bfocair an diabail. Nuair do ċuirfear caṫugaḋ ar biṫ orair ná haontuiġiḋ leis, ná déiniḋ aiġnear ar biṫ leis, óir má ḋéineann sib, is baoġlaċ, luaṫ nó mall, go dtreargróċaiḋ sé sib.

Tá trí neiṫe 'san gcaṫuġaḋ nac fulair dúinn do ṫabairṫ fá ndearra. An céad ṁoṫuġaḋ, taiṫneaṁ do ṫabairṫ dó, agus toil do ṫabairṫ dó. Ní ḟuil éifeacṫ 'san gcéad ṁoṫuġaḋ, óir d'ḟulaing Críorṫ féin é, agus d'aontuiġ sé é beiṫ ċum ár maiṫeasa, do bríġ go mb'ḟéidir é do beiṫ i n'áḋbar buaḋa againn. Atá ní éigin i dtaiṫneaṁ do ṫabairṫ dó, óir má ċoṁnuiġeann duine tamall ann, is baoġlaċ go dtiocfaiḋ ċum a beiṫ 'n-a ḟeacaḋ ṁairbṫaċ. Aċt cuireann an toil deireaḋ leis; agus do bríġ nac bfuil idir-ḋealuġaḋ ṁóir idir an taiṫneaṁ agus an toil, is é an t-éin-ṁeaḋón é, díbiṙiṫ ar an gcéad ṁoṫuġaḋ, agus a ráḋ le Íosa Críorṫ: *vade Satana*: 'bí ar siubal, a ḋiabail.'

An dara meaḋón ċum buaḋcan oirra, riocraċa nó ócáidí an ḟeacaiḋ do ḟeaċnaḋ agus gan taiṫiġe ná dánaċt do ḋéanaṁ air. Do-ġeóbaiḋ duine gráda do ḟábálfar é ar ċuitim ann. 'Teilg ṫú féin síos do ṁullaċ an teampaill,' arsa an diabal le Íosa Críorṫ, mar adeir linne gaċ aon lá: *mitte te deorsum* (Mata iv. 6). 'Thug Dia óirduġaḋ dá aingil tú 'ċoṁéad suas ċum ná mairbċṫá ṫú féin.' Aċt cad é an ḟreagra ṫug Críorṫ air? D'ḟreagair é ar an moḋ so. "Atá sé sgríobṫa: 'ní ċuirfir caṫuġad ar do ṫiġearna Dia'." *non tentabis Dominum Deum tuum* (Mata iv. 7), 's é sin

le ráḋ, do réir mar ċruṫuiġio na hAiṫreaċa Naoṁṫa ḋúinn é, ní loirgeóċair agus ní ṫaiṫeóċair riocair nó ócáidí an ṗeacaiḋ; ní ċeangalóċair le neiṫe air biṫ do ċuirfeaḋ toirmeasg orṫ, do ḋualgas nó do ḋiúiṫéiḋ do ḋéanaṁ mar ar cóir, óir ag ceangal leó, caiṫeóċaiḋ tú i n-aġaiḋ Dé; agus ag ríor-ṁiṫ 'ran dainnréar, éagfair ann.

An tríoṁaḋ meaḋón ċum buaḋa do ḃreiṫ orra: ar aiṫrir Chríosṫ, táṫuġaḋ go ríṁneaċ le dliġeaḋ agus le haiṫeanta Dé, óir atá ré rgríoḃṫa—ag ro an dliġeaḋ, ag ro d'oifig agus do ḋualgas; 'ag ro' adeir Naoṁ Aiḃirtín, 'do ċlogad agus do rgiaṫ, ag ro do ṫeasmann agus do ċoimirce ó'n uile ṡóṙt caṫuġaḋ.' Má ċuirteas caṫuġad orṫ cnaor do ḋéanaṁ i gcaiṫeaṁ biḋ nó doiġe, nó éagcóir do ḋéanaṁ ar an gcoṁarsain, nó ḃeiṫ cionnṫaċ i norúireaṁlaċṫ nó i ngadaiḋeaċṫ, abair leis an noiaḃal: 'tá ré rgríoḃṫa ná realbóċaiḋ go bráṫ luċṫ meisge ná póite, luċṫ biṫeaṁnais ná rtriaraṡaċais, díoġaċṫ na ḃflaiṫeas': *regnum Dei non possidebunt* (1 Cor. vi. 9). Má ċuirteas caṫuġaḋ rainnte orṫ, abair: 'tá ré rgríoḃṫa—"cnéad a ḃuaḋas duine leis an doṁan uile do ċur fá rmaċt, má ċailleann go mío-ṡoṙtúnaċ a anam féin?" (Maṫa xvi. 26). Má ċuirteas caṫuġaḋ móiḋála, uaḃais nó gloíre díoṁaoine orṫ, abair: 'tá ré rgríoḃṫa—*subter te sternetur tinea, et operimentum tuum erunt vermes*' (Isaias xiv. 11). Baḋ ṁian leat tairbeánaḋ mór do ḋéanaṁ 'ran tṡaoġal, baḋ ṁian leat tú féin do ḋéanaṁ ainmneaṁail leo' nabairne agus leo' ainṁiana. Aċt, mo nuair! béiḋ do ċolann tuailliġṫe i gceann bliaḋna, i gceann míosa, nó b'ḟéidir i gceann trí lá, iaḋta suas i n-uaiġ talṁan mar a mbéiḋ ag loḃaḋ agus 'n-a beaṫaiḋ ag piastaiḃ.

Déiniḋ úráid, a ċríorṫaiḋṫe, do na leiġeaṙaiḃ agur do na meaḋónaiḃ táḃaṫaċa taiṙḃeaċa ṙo do ṫaiṙbeánaṙ daoiḃ, ċum ḃur gclaonta agur ḃúr n-ainṁianta féin do ṙmaċtuġaḋ do ṙéir an ṁór-ṙompla ṙan ṫug Críoṙt daoiḃ. Do ṙeirḃeálaḋaṙ na haingil é taṙ éir é 'ḃreiṫ buaḋa ar an diaḃal; béid ag ṙeirḃeáil agur ag ṙriotálaṁ oiraiḃ-ṙe maṙ aon leir, taṙ éir ḃeiṫ ionnṙaic buain-tṙeaṙṁaċ i n-a ġráṙaiḃ, ag mór-ḃainir na glóire, atá ḋá ullṁuġaḋ ḋaoiḃ-ṙe, ní d'iarṙaim-ṙe ḋaoiḃ agur dam féin, i nAinm an Aṫaṙ agur an Mhic agur an Spioṙaid Naoiṁ. Amen.

Ar n-a ṙgríobaḋ le Seaġan Ua hÚġḃaiṙ,
1816.

Seanmóir a Cúig.

---

ar bheatáid, ar mhíorbailib 7 ar gheinealaigib Phádraig .i. easpol na héireann.[1]

(Lá-féile Phádraig.)

Ecce sacerdos magnus qui in diebus suis placuit Deo.

Ag fo an fagart mór do ṫaitnig le Dia 'n-a laeṫeantaib.
(An Leabar dá ngoirṫear Ecclésiasticus, xliv. 16.)

IS mór-mór ġoilleas orm im' ċoinriaf, a ċáirde, an neam-ṫábaċt agus laiġead an iomráid, fuaire agus failliġe na caon-dúṫraċta nó na hurraime, do-ċím nó ċloirim dár naom-ṗátrún, Pádraig, do ċuir iliomad comaoine orainn, ag tóġbáil, ag tarraing, agus ag iompoḋ ár Sinnreas ríomainn ó ḋoirċadas na ráġánṫaċta, an droiċ-ċreidim agus na geintliḋeaċta diabladaiḋe ċum folais an éin-ċreidim ṡíurnnig ċatoilicig Rómánaig, do ṡealbamar agus do ċoimḋéadamar timċeall, ar fuaireamar, diaid i ndiaid, ó aimsir go haimsir, ó na sinnreasaib sin go dtí an lá indiu; agus, mar an gcéadna, go bfuil ár bráṫrún naomṫa go glóirmar do láṫair na Tríonóide do ṡíor, ag ṡíorġuiḋe ar ár son fá n-ár gcoṫuġaḋ 'san éin-tṡligiḋ ṡíre sin ár slánuiġṫe, ċum glóire ríoraiḋe flaiṫeamnais d'ṡaġbáil. Ar son na mór-ċomaoine sin do ċuir sé orainn, agus na dtioḋlaiceaḋ ró-ṡubailceaċ ar mó do b'ṡéidir linn d'ṡaġbáil ar talaim, d'ṡaġbáil dúinn, sílim gur cóir ḋúinn buiḋeaċas do ḃreiṫ leis an té fuair ḋúinn iad, beiṫ 'ġá molaḋ go diaḋa dúṫraċtaċ,

---

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 265-84.

agus 'ḡá ḡuiḋe go minic 'n-ár n-uirnaiġṫiḃ, fá n'impiḋe do ḃeiṫ go fíorrraiḋe ċum na Tríonóiḋe ar ár fon. Dá ḃur mbiorṫuġaḋ agus dá ḃur ngníoruġaḋ ċuige feo do ḋéanaṁ, glacaim an cúram fo orm inniu. Ionnas go dtiocfaḋ liom rin do ḋéanaṁ agus do ċríoċnuġaḋ go hiomċubaiḋ, agus lib-se aire ir éigteaċt do ṫabairt dom, do ṁéaduġaḋ glóire Dé agus d'onóruġaḋ agus do ṁolaḋ ár naoṁ-ṗátrúin, Pádraig, agus ċum ḃur maiṫeafa fríoraḋálta féin, guiḋmíd an t-éan Dia uile-ċuṁaċtaċ maille le himpiḋe A Mháṫair ró-ḃeannuiġṫe Muire, ag riaḋ an Beannaċaḋ Muire go dúṫraċtaċ 'n-a honóir.

Ecce Sacerdos Magnus, etc. Féaċ an fagairt mór 7c. Baineann leis an gcúram fo do ġlacas orm anfo, a ḟoillsiuġaḋ agus fios do ṫabairt daoiḃ, cia'r ḃ'é ár naoṁ-ṗátrúin, Pádraig, agus cionnas ṫáinig ċum beiṫ 'n-a fagairt ṁór. Má'r cóir Éireannaċ do ṫabairt air an té ag ar ċaiṫeadar a ṁuinnteir roiṁe, nó a finnfir, dá bliaḋain is ceiṫre fiċid is trí ċéad i gcumas nó i gceannas na hÉireann, dá háitreaḃ agus dá coṫuġaḋ, is féidir a ráḋ gurab Éireannaċ ár naoṁ-ṗátrúin, Pádraig; giḋeaḋ, ní i nÉirinn ruġaḋ é, fá mar inneóraḋ daoiḃ mar leanas.

Trieaḃ ḋaoine do bí 'ran nGréig Mhóir do bí ċoṁ ratṁar, ċoṁ líonṁar, ċoṁ cumasaċ rin gur ġlac faiṫċeas agus easgla ṁór Rí Gréige go n-éireóċaiḋír i gceannas na Gréige, ṫar ṫoil an Ríoġ nó dá aiṁḋeóin; agus is é foirċoiṁéad do-ruġneaḋ air rin, daoirre fgláḃaiḋeaċta do ċur ofria go léir, ag tairiang cuiaḋ i mbolgaiḃ agus i málaíḃ leaṫair air a flinneánaiḃ, agus dá leaṫaḋ rin ar fgreallaċaiḃ ir ar ċairrigiḃ cloċ ċum talaiṁ díliṫ agus ċum úir ṫorṫaṁail do ḋéanaṁ ḋe or cionn na gcloċ roin; agus

de fin do lean Firbolg mar ainm díob. Do ġaiḃ tuirre agus dubrión mór iad, ar beiṫ ḋóib fá'n mbrioid agus fá'n ndaoirre fsláḃaiḋeaċta do bí orra. Do ġaḃadar féin uile a ċéile, agus d'fáġḃadar d'éantoil an ríoġaċt roin na Gréige; agus ir é uaċtarán nó prionnsa do bí orra, Neiṁeaḋ. Thángadar go hÉirinn, agus do ḟealḃadar agus do ċoṫuiġeadar í ceiṫre ríċid, ceiṫre céad agus ḋá ḃliaḋain; agus do bí ceaṫrar clainne ag Neiṁeaḋ ro .i. Starn, Iarboinéal, Ainninn agus Feargus.[1] Do bí mac ag Feargus ro dár b'ainm, Briotán Maol. Do ċuaiḋ sé le fáirtiḋċe airmála do'n Fhriannc, agus do ċuir an cúigeaḋ ar goire ḋúinn do'n Fhriannc fá n-a rmaċt agus fá n-a ċumar féin, agus ir uaiḋ ainmniġċear í .i. an Ḃhriotain; agus ir ar a ḟliocht rin ṫáinig ár naoṁpátrún, Pádraig, agus do b'é an cúigeaḋ glún déag uaiḋ é—mar ar follar i reanċar na drioinge rin. Calprann .i. Coḃlaċ mic Potaide, ainm aṫair Phádraig, agus Coinċear, ainm a ṁáṫair—siúr ġairid do Mháirtan Naoṁṫa .i. Earbog Tourr 'ran bFriannc. Ba lánaṁa ḋiaḋa ḋeiġ-ḃéaraċ iad ro. Do bí triúr inġean aca, Lupaid, Tigrir, agus Dairearca.[2] Do bíodar an ḟaid rin d'aimsir gan cloinn, aċt an triúr inġean rin, go ndeaċadar i n-éadóċar tuilleaḋ cloinne do beiṫ aca. Ġiḋeaḋ, do ċuir ainġeal ó Dhia a ruim do Choḃlaċ go mbéaḋ mac aige le Coinċear, agus go mbéarfaḋ

[1] Sorbanour, *Jotus, Soarnus* (*Starnus?*) ⁊ Feargus atá 'ra MS., aċt ní ṫig reo le cunntar Seaṫrúin Céitinn.

[2] *Corkesia, Lupida, Tripida* ⁊ *Doreca* ata 'ra MS. Dearmaid ċleite iad ro, aċt aṁáin *Lupida. Conchessa* tugtar 'ra laidin ar Choinċear, máṫair Phádraig, ⁊ *Tigridia* ir *Dorerca* an Thigrir ⁊ Dairearca, a ḋeirbḟeaṫraċa. Deir cuid do na rean-uġdaraiḃ go raiḃ dá ḋeirbḟiúr eile ag Earbol na nGaeḋeal .i. Liamáin, ⁊ Riċeann nó Riċeall. Tugtar ainmneaċa eile ar máṫair Phádraig go minic, mar atá Coċmair, ⁊ Onnbáin nó Gonnbáin.

é 'ran mbaile rin 'n-a raḃaḋar .ı. Neaṁṫor, ı mBreatain na Fraiannce. Fá'n am rin, bí duine ḋiaḋa neaṁ-ṙiṫóideaċ 'ran mbaile rin ḋ'innreaḋ mórán do neiṫiḃ roiṁ ré go puibliḋe follar, do ṫiocfaḋ ċum criḋe mar adeireaḋ; agus aduḃairt go mbéaṙṫaoi mac ı Neaṁṫor go groo, do ḃéaḋ 'n-a uġdar ar neiṫiḃ ró-oiṙḋeaṙca; go mbéaḋ 'n-a ġlóire dá náirıún, agus 'n-a oṙnáıd do ḋúṫaiġiḃ ımċıana.

An t-am ba ċlor rin do'n ṗrıonnra do bí ı n-ámṙ-ḟlaiṫear an baile agus na dúiṫċe rin, fuair go raiḃ a bean féin toṙṫaċ; agus, ı ndóċar gurab ar an dtoṙṫaċar rin do bí aici do ṙiorróċṫaiḋe an ḟáirtine rin, do ḋíbir an méad do b'ḟollar dó do ṁnáiḃ do beiṫ toṙṫaċ ı Neaṁṫor airti, aċt a bean féin. Níor fmuain ar Choinċear. Gıḋeaḋ, leis an aimsir rin, do b'ḟollar a beiṫ toṙṫaċ. Agus ar eagla gurab uisci do ṫuitfeaḋ toṙaḋ na fáirtine rin, do ċuir an bain-ṗrıonnra deoċ nıṁe dá taḃairt do Choinċear. Gıḋeaḋ, do bríġ gur díoṁaoin do ḋuine le n-a ċumar ná le n'inntleaċt daonda cur ı gcoinnıḃ nó conntráil air na neiṫiḃ ḋ'órduiġear Dıa, ní ḋearna an deoċ nıṁe doċar nó díoġbáil do'n ṁáṫair nó do'n leanb. Ar an áḋbar roin, nuair ṫáinıg an leanb ar an raoġal, fríṫ 'n-a láiṁ an nıṁ 'n-a cloiċ ċruaiḋ, agus a ṁéaṙa beaga dúnta 'n-a tımċeall. An leanb roin do ṫornuiġ ı mbroinn a ṁáṫar ar ṁíorḃailiḃ do ḋéanaṁ, féaċ créad do-ṙıgne an t-am ṫáınıg ar fuaıd an tṙaoġail.

Aoir Chríort ar mbreiṫ Pháḋraig, 372. Ar ṫeaċt ċum talaıṁ ḋó, an ċloċ ṙlım réiḋ ar ar tuirmeaḋ é, ṫáınıg ċum beiṫ ainmneaṁail, ıonnar duine air biṫ do-ḃéarraḋ móıd ḃréige maille léiṫı, go gcuirreaḋ rí allar fola go ro-ḟeicreana ḋı, agus mar rin go dtugaḋ cloċ Pháḋraig mar ainm uisci.

Ar-ran go ndearnaḋ ragairt de, ir iomḋa trioblóid d'ḟulaing, agus míorbail do ṫairbeáin Dia mailleleis, mar ar ḟollas do luċt léiġte a beaṫaḋ. Aċt labhróċad-sa air ṁórán do neiṫiḃ do-ḟugneaḋ leis ó do-ḟugneaḋ ragairt de, do ḃríġ gur mar sin do ṫosnuiġ mo ṫéacs: *Ecce sacerdos magnus, etc.*

Is annsoin do ċonnaic sé i n'ógánaċ, leimḃ na hÉireann dá ġairm 'n-a ainm féin, agus dá iarraiḋ air teaċt agus iad féin do ḃairteaḋ 'ran gcreideaṁ ċatoiliceaċ; so an t-am do ḃí sé deiċ mbliaḋna ṡiċead d'aois. Do ċuaiḋ sé go dtí an t-earbog naoṁṫa, Gearmán Antisiodóreensis. Do ġlac an t-earbog go cairṫannaċ ceanaṁail é. Thug ró-ġráḋ agus taiṫneaṁ dó. Do-ḟugne an t-earbog ragairt de, agus ṫug Magónius mar ainm air, do ḃríġ gur tairbeánaḋ ḋó, go mbéaḋ sé 'n-a ḋuine ġlic eagnaiḋ ḟoġlumṫa ḋeiġ-beaṫaċ.

Ecce sacerdos magnus, etc. Ṡéaċ anois, tairbeánfad daoiḃ go raiḃ 'n-a ṡagairt ṁór. Do ġluair sé ar-ran, is do ċuaiḋ go dtí a ḋuine gaoil .i. an t-earbog naoṁṫa, Máirtan, agus do ċoṁnuiġ i n'ḟoċair ceiṫre bliaḋna ag déanaṁ báirṡ-ḟoġlumṫa 'ran diaḋaċt. Ar-ran do ċuaiḋ ar an bráraċ i bfoċair na noiṫreaḃaċ, agus ṫug suas é féin 'n-a ṁaġail oċt mbliaḋna. I n-iomad tréaḋanair agus troṡgaiḋ, agus tré ṁéad an oscair do ḃí air, do ġlac fonn ḟeóla d'iṫe é, agus do ṡóláṫair síosa ḟeóla muice agus do ċuir i bfolaċ é, ionnas go n-íosfaḋ é a gan-ḟios do ċáċ ná hiṫeaḋ ḟeóil ar éan-ċos. Gioḋaḋ, nuair ḃí sé ag iṫe do ṫairbeáin síoġair aġaiḋ ḋuine é féin dó, agus súil i gcláir a éadain agus súil i gcúl a ċinn aige. Do ċuir a ṁaḋairc an oireaḋ soin do ṁoṫuġaḋ agus d'uaṫbár air sul do ḃlais sé an ḟeóil, gur

ḟiafruiġ cad é a ċoir. 'Atáim,' ar sé 'leis an súil seo i gcúl mo ċinn ag féaċaint ar an manaċ atá ag foluġaḋ feóla 'n-a ṫubán ċum sáruiġṫe a ainmṁian'; agus le n-a ċois sin, d'imṫiġ go do-ḟeicfeana uaiḋ, agus do ġab an oiṗead sin d'uaṁan ⁊ d'eagla é, gur buail a ċeann faoi, agus gur ġoil go dólásaċ aiṫriġeaċ; agus air n-éirġe 'n-a ḟeasaṁ ḋó, ṫáinig an tAingeal Mhicheal ċuige, agus adubairt go raiḃ sin maiṫte aige. Agus iar sin, ní heaḋ aṁáin gur ċaiṫ uaiḋ an ḟeóil sin, aċt ar roin ruar do-ṗigne triéaḋanas ó ḟeóil go bráṫ. Agus ar ḟuráileaṁ an aingil do ṫóg an ḟeóil 'n-a láiṁ agus do ċaiṫ 'san uisge í, agus d'iompuiġ ar an áit sin ċum beiṫ 'n-a hiarg.

D'ḟill tar 'ais ar an earbog séaṁ-sáiḋte, Geasmán naoṁṫa; agus do séis mar adubairt an t-aingeal leis, d'innis do'n earbog gur b'ḟonn leis dul do'n Róiṁ. Do ṁol an t-earbog roin leis, agus do leig Eigidius,[1] ragairt maiṫ deiġ-béaraċ leis mar ċuideaċ tain 'san tsliġiḋ. Tháinig sé i n-oileán do bí i bfaiṗisge na Rúsa 'san Iodáil; agus do bí beaṫaḋaċ uaṫbáraċ ioṁṁe 'san oileán. Nuair do bíodís ag tóg-báil uisge a héan-tobar dá raiḃ ann, do ṁaribaḋ an beaṫaḋaċ séaṁ-sáiḋte na daoine do bíoḋ 'san oileán ag tógbáil an uisge ċéadna. Agus do ċuaḋadar i n-impiḋe ċum Phádraig, Dia do ġuiḋe fá'n bpéist sin do ḋíbirt agus do ċorg díoḃ. Do ġuiḋ Pádraig Dia mar d'iarrfadar air; agus ṫáinig de sin, gur imṫiġ an ḟiart uaṫa, agus níor ḟill sí orra ó ḟoin ale.

Tháinig ċuige duine do bí ann dár b'ainm Iúrtar, agus ṫug ċuige maide bréaġ agus leaḃar 'n-a raḃadar na Soisgéil go hiomsḟlán, agus d'innis dó gur b'é Íosa

[1] Sergetius 'sa MS.

Críost féin ṫug dó iad, ċum a dtaḃairṫe do Mhagónius, agus is é maide Íosa do b'ainm do'n ṁaide. Labhrann San Baiṁárd air an maide so i mBeaṫaiḋ Mhaolṁaeḋoig[1] Naoṁṫa, Éireannaċ agus Príoṁ-ḟáiḋ na hÉireann. Adeir Baiṁárd Naoṁṫa, 'n-a aimsir féin, go raiḃ an ṁaide seo deaġ-óṡda, agus é cóiriġṫe lán do ṗéarlaiḃ uaisle.

Do ġluais roiṁe ar-san do'n Róiṁ, agus 's é ba Phápa ann an uair sin .i. Celestínus, an cúigeaḋ Pápa air ḟiċid tar éis Pheadair. Do ċosnuiġ an ḃliaḋain d'aois an Tiġearna 432, agus an t-am do ċuig is doḃ' aiṫne ḋó naoṁṫaċt aigniḋ agus acfuinn Mhagónius, do ṁeas gur ṁaiṫ aige é le n-a ċur ċum cleideaṁ do ṁúnaḋ i nÉirinn. Giḋeaḋ, cionnas do ċuir ann é, inneósad féin sin daoiḃ.

Tosannán .i. Ásd-airċinneaċ[2] do ḃí ag an bPápa so, do-rigne earbog de, agus do ċuir go hÉirinn é le cuideaċtain do ċléir ḋiaḋa ġráiḃṫiġ, agus d'iarr air na hÉireannaiġ d'iompoḋ ċum an ġreidiṁ ċatoiliciġ Giḋeaḋ, ní ṫáinig sin leis; agus nuair naċ dtáinig, do ċuaiḋ go Breatain na Sacsan agus do-rigne trí teampaill innti. Agus fuair féin bás ann, agus do fágḃaḋ os cionn na dteampall ceaṫrar do na compánaiḃ sin ṫáinig leis ó'n Róiṁ go hÉirinn .i. Aiḃistín, Bennett, Siluistes, agus Solómus. Agus nuair ba ċlos do'n Phápa bás Tosannáin, do ċuir fios ar Phádraig agus do ḃain é ċum dul go hÉirinn. Annsin do ṁalairtiġ a ainm ó Mhagónius, agus ṫug Pádraig mar ainm air. Do ḃí an t-ainm sin go hoir-

---

[1] *Mallachias* 'sa MS.

[2] Bairbiríneaċ atá 'sa MS., aċt is dóċa gur dearmad ċleite é sin. Ḃí Tosannán .i. Palladius 'n-a Ásd-airċinneaċ ag an bPápa sul a ndearnaḋ a ċoisreaga n'n-a earbog, 7 a ċur go hÉirinn.

ḋearc 'ra Róiṁ ó aimṙir Romullur .i. céad ṙí na Rómánaċ, ṫ'órduiġ ir do ċuir an céad ṙeanaide nó coṁairleaċ or cionn an Mhaiṫeara Phuibliḋe; agur Patrer .i. Aiṫṙeaċa do goirṫiḋe ḋíoḃ, agur Paitriarai, nó Paitririarṙ, dá ṙlioċt 'n-a ndiaiḋ. Agur dá bṙíġ ṙin, tugaḋ mar ainm ar Pháḋraig é, ionnar go mbéaḋ ṙé 'n-a aṫair ṙriorradálta ag mórán puibleaċ. Annṙin do-ṙigne an Pápa a léagáid ṙéin i nÉirinn de; agur ar beiṫ ḋó buaḋarṫa i n'aigneaḋ roiṁ an mór-ċúram ṙin do ċuir an Pápa air, ṫáinig an tAingeal Uicṫor ċuige agur adubairṫ leir intinn ṁaiṫ do beiṫ aige, ag dul ar aġaiḋ. Agur do bṙíġ go bṙaca go raiḃ docaṁlaċt 'n-a intinn, rug leir é air ṙliaḃ Morócó, láiṁ le ṙairṙige na Rúra; agur annṙin do ṫairbeán ár dTiġearna, Íora Críort, é ṙéin dó, do beannuiġ é, agur adubairṫ go mbéaḋ ṙéin 'n-a ċaḃair 'ran uile ġáḃaḋ ir guraċt aige.

Ecce sacerdos magnus, etc. 'Ag ro an ṙagairṫ mór,' ɫc. Do nearṫuiġeaḋ annṙin é, ɫ do ġlac a ċoṁ-ṁór ṙin do luċġáir é ó ċoṁráḋ an Aingil leir, gur ḋearmaid an uile ní dá raiḃ roiṁe ṙin air. Agur do ġluair roiṁe ó'n Róiṁ go n-a ṙiċid duine ṙoġlumṫa do leig an Pápa leir; agur do ċuaiḋ go dtí an t-earbog naoṁṫa, Gearmán, go hAntirriodóirum,[1] agur ṙuair annṙin cailíṙ, agur do ġlac eideaḋ Sagairṫ agur Leaḃar Airṙinn ó Gheairmán Naoṁṫa. Iar ṙin do ġluair, agur níor ṙtad go dtáinig ċum cuain: agur ir annṙin ṫáṙla leir Broġán, Brioċaid, Magenóg, ɫ Lomán, clann Tigṙir, a ḋeirḃṙiúr, agur Mel, Moirrioc nó Riḋeóg, ɫ Muinir triúr mac a ḋeirḃṙiúra eile .i. Dairearca. Ba bṙeaġ an mór-ṙeirear roin ṫáṙla ann,

[1] Auxerre: Antisodore 'ra MS., aċt ní cearṫ é ṙin.

óir ṫángadar ċum beiṫ 'n-a n-earbogaiḃ agus 'n-a naoṁaiḃ uile.[1]

Do ċuireadar a dtriorgán agus iad féin ar bóro luinge; agus tar éis beiṫ irtiġ dóiḃ do bí duine lán do loḃra air an dtráiġ, agus d'iarr go truaiġṁéileaċ a ṫógḃáil agus a ḃreiṫ go hÉirinn. Níor b'áil leis an ḃfuirinn an t-arraċtaiḋe gránda do leigint irteaċ. Do ġlac truaġ ḋó Pádraig, agus do ċaiṫ ċuige iomaltóir ṁór ṫrom marmuir ṫug an Pápa dó mar ṫaḃartar, agus adubairt leis dóċar maiṫ do beiṫ aige i nDia, ruiḋe ruar ar an gcloiċ, agus go mbéarfaḋ léi go hÉirinn é. Do-rugne an loḃar mar adubairt Pádraig leis, agus níor luaiṫe lúṫṁaire an long roin do bí déanta d'aḋmad tiim 'ná an ċarraig ċruaiḋ ċloiċe rin go hÉirinn, agus an loḃar roin rlán glan uirri.

Agus nuair do bí an long i raḋarc an talaiṁ, ṫángadar a lán do ḋeaṁnaiḃ roimpe, ag cur rtuirime ar an ḃfairrige go mór, ionnar ná leigfiḋír an ċuallaċt ḃeannuiġṫe irteaċ go hÉirinn. Thógaiḃ Pádraig a láṁ ḃeannuiġṫe ruar, do-rugne Fíoġair na Croiċe, agus do rgaoileaḋ agus do rgannraḋ an diablaiḋeaċt rin uile ċum neiṁníḋe, agus annrom ṫáinig irteaċ i gCúigeaḋ Laiġean, i gcríoċ Cuallan, i gcuan Inḃir nDé.

Iar dteaċt go hÉirinn dó, do bí trí hurċóideaċa ró-ṁóra innte .i. draoiṫe, luċt feara agus firéog,

[1] Na hainmneaċa Laidne, *Brocanus* (.i. brogán), *Brocadius* (.i. broċaid), *Magenocus* (.i. magenóg), *Cumanus* (*Lomanus* 'ra gceart .i. lomán), *Mellerocus* (.i. mel ⁊ moirroc táiḋte 'n-a n-éan-focal ó ḋearmad ċleite) ⁊ *Mumius* (*Munius* 'ra gceart .i. muinir), atá 'ra MS. Do réir a láin do fean-uġdarraiḃ na nGaeḋeal bí mórán mac eile ag Tigrir, deirḃfiúr Phádraig, ⁊ an t-iomṁlán 'n-a n-earbogaiḃ, mar atá Maolċú, Mioḋna, Lurán, ⁊c. Tá cunntair na fean-uġdar ag baint leis na neiṫe seo, connṫárḋa le ċéile ṫar fóir.

agus deaṁain diabluiḋe aeir, do bíoḋ ag congbáil na ndaoine i ndoirċeadar ir i brágántaċt ċoṁnuiġṫiġ. Agus nuair ṫáinig i dtír mar rin i nInbear nDé go n-a ṁór-ṡeirear ar ṡiḋiḋ do ċléir ṡoġlamṫa ḋiaḋa, do bíodar iargairí ag tógbáil éirġ go hiomadaṁail ann; agus do bríġ go raḃadar an ċléir ocraċ, d'iarradar cuid do'n iarġ ċum a ṡáruiġṫe; agus do ḋiúltuiġeadar na hiargairí é. Do ṁalluiġ Pháoruiġ an cuan móir-iargaċ roin; agus, dá bríġ rin, níor ṡríṫ éin-ġreim éirġ ann ó ṡoin ruar.

Do ġluair ar-ran go dtí an baile ba ġoire do'n ċuan. D'iarr aoiḋeaċt na hoiḋċe rin orra. Do ḋiúltuiġeadar é, agus iar-ran do riṫ orra an ṡairrġe amaċ, agus do ṁúċ an talaṁ, air ṁoḋ gur ṡan mar rin báiḋte gan toraḋ gan tairḃe do ṫaḃairt uaiḋ ó ṡoin. Táilgean ainm an baile. Aċt do bí duine ann dár b'ainm Sinéall Mac Ṡionnċaḋa, ṫáinig agus do ġlac an naoṁ go luṫġáireaċ, agus do ġlac bairteaḋ uaiḋ, air ṁoḋ gur ṡan a ṫalaṁ gan báṫaḋ aige. Agus ir é rin céad duine do bí 'n-a ṁac rsiorradálta ag Pháoraiġ i nÉirinn.

Do ġluair ar-ran roiṁe, agus níor rtad go dtáinig go hInbear na mBarc agus ṫáinig go teaċ Seirgneáin[1] do ġlac le ró-ġráḋ é, agus do ġlacadar a ṁuinnteir creideaṁ agus bairteaḋ. Agus bí mac aige air a dtugaidír Bineán nó Bineann; agus air n-a ḃeiṫ do Pháoraiġ ag an dteiniḋ, do bíoḋ an leanḃ 'n-a ṡoċair 'n-a ṡuiḋe, agus a ḋá láiṁ timċeall a ċoire; agus níor b'áil leir gan coolaḋ taoḃ le Pháoraiġ an oiḋċe rin, agus air 'n-a báireaċ ní ṡanraḋ uaiḋ. Dá bríġ rin, do ġlac Pháoraiġ go cean-

[1] ṡinnteaḋ atá 'ra MS., aċt Seirgneán do b'eaḋ ainm aṫar Bhineáin do réir na rean-uġdar i gcoitċinne.

ṁail é, agus ṫug Stiabna mar ainm air, agus le n-a ḟáiṁe ṫug Benignus mar ḟorainm air. Agus d'innis Pádraig go mbéaḋ sé 'n-a áro-ḟlaiṫ 'ran Eaglais; agus b'ḟíor ḋó sin. Ar an áḋbar sin, is é céad Airo-earbog do bí i nAirṁaċa i ndiaiḋ Phádraig é.

Do ġluais roiṁe go hInbear Sláinge, agus do ṁúin buaċaill muc ṫárla leis an tṡliġe ḋó go teaġlaċ a ṁaiġistir .i. an Brionnsa Díoċú mac Treiċim. An uair do ċonnaic Díoċú na críostaiḋċe ċuige, do ġlac olc mór ċúċa é, agus do ṡgaoil agus do ġríosuiġ na coin .i. Olc, Aric agus Éigean .i. *Perversitas*, *Voracitas* ⁊ *Violentia*, trí maoraiḋe conraiḋ do bí aige, agus do ṡiṫeadar ċum a gcrosrbuiġṫe do láṫair. D'iarr Pádraig ar Dhia a gcorg ó'n gcléir do bí gan éin-ḟrioca arm aca, agus gan ṁoill go mín ceannsa do luṫġáireadar na coin rómpa. Annsoin do ċuir Díoċú láṁ ċum a ċlaiḋiṁ. Giḋeaḋ, ní ṫáinig leis, agus ní raiḃ cumas a ċosrruiġṫe aige ar an áit 'n-a raiḃ, ionnas gur iarr Pádrúin agus gur iompuiġ ċum an ċreiḋiṁ, é féin agus a ḋúṫaiġ uile. Agus do ḃrionn do Phádraig an baile, Saḃall; agus, i n-a ḋiaiḋ sin, tugaḋ Gráinseaċ Phádraig mar ainm air an áit sin. Agus do-ṡiseaḋ mainistear manaċ ann, agus do ċuir Pádraig an naoṁ, Duinis,[1] mar Abb uirri. Agus do ḃeannuiġ Díoċoin is na bruaṫraiḃ seo: *Sidere Didit Dichonem Olimphii, qui mihi savoram manere Grata Dedit* .i. Beannaċt Dé ar Dhíoċoin do rad dam an Saḃall; béiḋ aige-sean dá éis seo neiṁṫeaċ gleire glan-oll.[2] Ar mbeiṫ do Phádraig ann

---

[1] Dúnrais sa MS. ní ceart é seo, áṁ, mar is é *Dunnius* tugtar ar an naoṁ so ag na hugdaraiḃ 'sa Laidin.

[2] Tá an MS. go han-loċtaċ annso. Ag so mar atá: "so ba é sin treise naoṁṫaċt geise glannóil." Aċt na sean-sgríbne do ḃeiṫ

ag ráḋ Airginn, do bí draoi ar marcuiġeaċt ag gabáil tar an bruinneóiġ. Do ċaiṫ maide do bí 'n-a láiṁ aige leis an gcailís beannuiġṫe, agus do leag ar a taoḃ í ar an Altóir. Do ġloiġ an talaṁ 'n-a ġearaṁ go hirgionn é .i. an draoi. Do ṫóg Pádraig an ċailís, agus níor doirteaḋ éan-ḃraon di.

Do ġluair noiṁe go Mioláċú,[1] ghionnra dá raiḃ Pádraig seaċt mbliaḋna 'n-a óige 'n-a ġníorúnaċ aige, agus é 'n-a ṁuiciḋe muc aige. Agus 'r é sin aimsear d'ḟoġlaim sé an Ghaeḋilg do bí aige go maiṫ. Agus do ḃain Mioláċú so mar ḟuarclaḋ ar, tona óir ḟuair Pádraig i dtoċar muice maille le fairnéir an Aingil. Agus tar éis Pádraig d'imṫeaċt agus an ghionnra do ġlacaḋ an óir, do ċuir sé lorgaireaċt air Pháoraiġ do ċum a ċongbála. Giḋeaḋ, ní heaḋ aṁáin gur imṫiġ Pádraig agus an long ṫug an t-aingeal dó; aċt ar ḟilleaḋ sollaṁ ḋóiḃ, ní ḟuair an ghionnra éin-ḟinginn do'n ór aige féin. Nuair do ṫuig anoir go raiḃ Pádraig ag teaċt an aṫ-uair ċuige do ċuaiḋ trí n-a ċéile agus adubairt leis féin: 'ní ḃéiḋ le ráḋ go n-uṁlóċainn dom' ṁuiciḋe féin, agus ní ḃuailfeaḋ fá réarúntaċt leis, ar eagla

---

again, nior b'éidir a ceartuġaḋ. 1 gceann do na sean-sgríbnib ag so mar léiġtear:—

benaċt Dé for Díċuin
Dorat damsa in Saball
Rombi erum darhéirr
Nemṫeċ ngleisse nglanóll,

7 i gceann eile ag so mar léiġtear:—

benaċt Dé do Díċoin romṡóir imon saball
Ro-n-bia-rum dia érri in noemteċ ngleseo nglanoll.
—(*Trip. Life*, Stokes, vol. i. p. 36, and vol. ii. p. 450.)

[1] Is iomadaṁail Miliuc dá ċaḃairt ag na sean-uġdaraiḃ ar an bfear so.

go n-imṫeóċaḋ oṗm map ṫ'imṫiġ ar Dhíoċoin. Agus iar ṡoin an ṁéad do ḃí aige, do ċruinniġ i ḃṗoċair a ċéile iad; agus do ṡuiḋ ṡéin ar a láp anuas. Agus nuair do ṫuig go raiḃ an naoṁ ċuige, ag teaċt ċum raḋairc an ḃaile, ṫug teine dóiḃ agus dó ṡéin. Agus nuair do-ċonnaic Pádraig an deataċ, d'innir dá ṁuinntir gur cailleaḋ an droċ-ḋuine ċum ifrinn. Agus do ḃṗorṫuiġ Pádraig ċum an ḃaile, ir do ṡáḃáil a ḋiar inġean agus do ḃairtiġ iad. Agus ir 'n-a mban-naoṁaiḃ ṡuaiṗadar bár; agus do haḋlacaḋ iad i gCluain Ḃṗó.

Ṡá'n am ṡoin, Laoġaire Mac Néill, rí do ḃí 'n-a ḋuine ḃorb, do ġlac olc ir ṡeaṗg ṁór ċum Díoċon é ar ṡon iompoḋa ċum an ċreidiṁ. Ba ċlos do Phádraig sin. Giḋeaḋ, ṡuair ó Dhíoċoin dul i dteaċtaireaċt uaiḋ go nuige Laoġaire, agus d'innir dó gur iarṗ Pádraig cead ṡeanmóra agus creideaṁ do ṁúnaḋ air. Do ġaḃ Laoġaire é ṡéin agus a ċompánaċ, dá gcur i bṗríosún, agus biaḋ guirt gan deoċ do ṫáḃairt dóiḃ mar ḃeaṫa. D'ḟuarġail Dia iad. D'imṫiġeadar ṡan oiḋċe agus a leaṫ-ġlas ṡéin ar gaċ aon díoḃ, agus rugadar do'n dún iad, agus ar ṡan ṫugadar 'Dún dá leaṫ-ġlas' mar ainm air. Rug Pádraig buiḋeaċas le Díoċoin ar ṡon a uṁlaiḋeaċta. D'ḟág slán aige, agus níor ṡtad go Droiċead Áṫa. D'ḟág a long ag Lomán, mac a ḋeirḃṡeaṫraċ .i. Tigrir; agus adubairt leis ṡuiṗeaċ dá-ṡiċid lá. Agus d'ḟan seisean ceiṫre ṡiċid lá; agus nuair naċ dtáinig Pádraig ċuige, do ġluair roiṁe ag déanaṁ maiṫeasa i ḃṗionúir an Tiġearna.

Dála Phádraig, ṫáṗla go maċaire mór or coṁair Teaṁraċ, Dia-Saṫairn; agus lá ar n-a ṁáireaċ do ḃí ṡéasta an ṡeaċta aca-san, agus níor ḋliġṫeaċ do

ḋuine air biṫ i raḋarc Teaṁraiġ teine do laraḋ roiṁ ṫeinnḋ an ríoġ i dTeaṁraiġ. Ní raiḃ fior nóir a dtíre ag Pháoraiġ gur ċuir teine ṁór dá laraḋ. Do-ċonnaic an rí an teine, agus d'ḟafruiġ cia do ḃrir an reaċt. D'innis Luċad Maol agus Loċra,[1] ḋá ḋraoi do bí aige, gurab é Pháoraiġ do-rigne rin i dtaracairne a ḟógairṫa-ran; agus adubairt naċ raiḃ brieiṫ ar ṫoirmearg do ḋéanaṁ ḋó, gan é d'ionnraiḋe an oiḋċe rin féin, agus gan é 'ċiorrḃaḋ gan ṁoill. Do ġléar an rí agus a ṁuinntear reaċt mbaiġíní nó reaċt gcaribaid riċead, agus ṫángadar i ngar do'n teinnḋ. Do ċuir na draoiṫe i gcéill do'n ríġ gan dul go Pháoraiġ, d'eagla go dtuigfeaḋ gur mar ċion air do raċaḋ féin ann. Agus adubradar raiġdiúirí do ċur dá ṫaḃairt i láṫair an ríoġ; agus adubradar leis an luċt feiṫṁe gan éan-duine aca d'éirġe 'n-a ḟearaṁ nuair do ṫiocfaḋ Pháoraiġ i láṫair.

Ṫáinig an naoṁ; agus d'éirġ Éarc Mac Deaġa, is do leig é féin ar a ġlúinib, is ġlac bairteaḋ, is ṫáinig fá ḋeireaḋ ċum a ḃeiṫ 'n-a earbog naoṁṫa i Sláinge. D'ḟafruiġ an rí do Pháoraiġ créad é a ṫoirg. Agus tar éis Pháoraiġ d'innrint a ċúise, agus a ṫairbeánaḋ ḋó cia hé an t-Éin-Dia uile-ċuṁaċtaċ, i dteangain ṁaiṫ Ghaeḋilge, do ċuir ré iongantar mór ar ċáċ uile. Do bí an draoi réaṁ-ráiḋte, Loċra, lán do nim, ag malluġaḋ Dé agus a naoṁ; agus, le n-a ċoir rin, tógbaḋ or cionn talaiṁ é, agus do caiṫeaḋ tar 'air anuas é ar ċarraig ċruaiḋ ċloiċe, ionnas gur leigeaḋ a inċinn amaċ as an gceann. Annsoin d'ḟógair an rí, déanaṁ ar Pháoraiġ agus a ṁairḃaḋ; agus do noċt gaċ aon aca-ran a arm. Agus

---

[1] Lúcár Maol 7 Lúċraiḋe 'ra MS., aċt tá ré i múġa.

ṫáinig an oireaḋ rin doṁṫadair ann, naċ ḃfacadar an naoṁ, gur ġaḃadar féin ag marḃaḋ a ċéile, ionnar gur ċuiteadar naoi ndaoine déag ar ḟiċid díoḃ marḃ ar an láṫair rin. Do ġaḃ na heiċ ar riuḃal i ḃriaḋain go ndeaċadar ar ḟliaḃ Moġ-ḋuirn. Do ċuaiḋ an rí agus a ḃainríoġan dá ríoġ-ċúigeaḋ, agus ceaṫrar eile i mboṫóig. Agus do ráḃálaḋ ann iad. Thángadar ar a nglúiniḃ ċum Pháidraig. D'iarr an rí ráidúin, agus adubairt leis teaċt lá ar n-a ḃáireaċ go Teaṁair; agus i láṫair na Parlamuide, go nglacfaḋ féin an creideaṁ.

Gíḋeaḋ, ní raiḃ aċt calaois aige lá ar n-a ḃáireaċ. Do ċuir an rí naoi luiġeaċáin roiṁ Pháidraig agus a ṁóir-ḟeireas ragairt agus a leanḃ, Bineán. Agus do ġaḃadar tar na luiġeaċánaiḃ gan baint leó. Agus is é connarcṫar do na luiġeaċánaiḃ rin, oċt n-eilte agus laoġ ag imṫeaċt ṫairsa. Agus ar ḃeiṫ do'n ríġ agus dá ċóisir ar ḃóidaiḃ, ag teaċt tar an uaṫḃár do ċonnarcadar, agus na geataí dúnta go daingean oirṫa, do ḟear Pádraig go n-a oċtar ragairt ar lár an halla. Do ġlac iongantas cáċ uile. Tar a ċionn rin, adubradar leis ruiḋe. D'iḃ an rí deoċ ar Pháidraig; agus do líon an draoi Luċad Maol an cupán nó an corn, agus do ċuir, le hóroudaḋ an ríoġ, nim go leór ċuige ann. Do ġlac Pádraig an corn. Do-rigne Fíoġair na Croire air. Do ḋoirt an nim ċuige ar a ḃair, agus í ionntuiġṫe ċum ḃeiṫ 'n-a leic oiḋre. D'iḃ deoċ do'n ḟíon agus ṫug an corn dá ṁuinntir, le hiongantas mór an ríoġ agus na cúirte uile.

Agus tar éis biḋ, do ġluair an rí ċum an Oireaċtais. Agus do labair le coisiḋe,—Crinnliaṫ a ainm,—agus adubairt leis a ċeann do leigean ar

ċloiċ, agus a lán fola do beiṫ 'n-a ṫimċeall, agus a leigean air go mbéaḋ marḃ. Do-rigneaḋ mar rin; agus nuair ṫángadar gur an áit 'n-a raiḃ ré, do noċt an rí an ċúig, agus d'iarr ar Pháoraiġ féaċaint ċuige. Do bí 'fior ag Pháoraiġ cionnar mar do bí an ċúig, agus adubairt: 'Is dóiġ leat-sa naċ ḃfuil ré marḃ. Giḋeaḋ, atá a ḋearḃ agam-sa go ḃfuil marḃ ar fon a ṁagaiḋ.' Agus do bí marḃ gan aṁras.

Do ċuaḋadar fá'n maċaire mór mar a raiḃ an t-Oireaċtas. Do bí Pháoraiġ ag teagasg. Do ċuir an rí agus a ḋraoi toirmeasg air, agus adubairt: 'Déanfamaoid-ne míorbailí puibliḋe.' Agus, le n-a ċoir rin, do ḃuail ar beiṫ ag ráḋ mórán do ḃriaṫraiḃ do-ṫuigsean, ag gairm caḃsa an aiḋbeirreóra, agus gan ṁoill do bí sneaċta ró-iongantaċ ann. Adubairt Pháoraiġ leis, a ċur tar 'ais; agus adubairt sé nár b'féidir leis sin go dtí lá ar n-a ḃáiseaċ. Thóg Pháoraiġ a lám ḃeannuiġṫe suas, is do-rigne fíoġair na Cruoise naoṁṫa; agus d'imṫiġ an sneaċta leis sin. Do ḃuail an draoi ar ealaḋain arís, agus ṫug doirċadas iongantaċ ann do ċuir uaṫbás mór ar an Oireaċtas. Adubairt Pháoraiġ leis, a ċur ar 'ais; agus nuair naċ ndearna, do ġuiḋ sé féin Dia go dúṫraċtaċ, agus d'imṫiġ sin uile ċum neiṁniḋe; agus do bí grian ró-ṡólárach ar an aer, do ċuir luṫġáir ṁór air ċáċ uile. Annsin adubairt an rí leó a leaḃair do ċur 'san uisge, agus cibé leaḃar do ṫiocfaḋ slán, a ġreideaṁ-san do ġlacaḋ. Ba toil le Pháoraiġ sin. Aċt do ḋiúltuiġ an draoi ḋó, dá ráḋ gurab é an t-uisge ba Dhia do Pháoraiġ, do ḃríġ gur leis do-ġníoḋ an Bairteaḋ. Adubairt an rí: 'Maireaḋ, cuirfiḋ ḃur leaḃair 'san teiniḋ.' Do ḋiúltuiġ sin, do ḃríġ gur aḋair Pháoraiġ

uirge agus teine. 'Ní adhraim-se na dúile,' ar Pádraig, 'acht adhraim Dia do chum agus do chruthuigh na dúile; agus chum nach mbéimíd i n-imreas a bhfad, déanfar teach annsó, agus cuirfear daoir láidir ghlas 'n-a leath agus adhmad trium chríon 'san leath eile dhe. Éirigh-se 'san leath ghlas de agus mo chóta-sa ort. Cuirfead-sa mo bhuachaill óg 'san éadan chríon de agus do chóta-sa air. Ceangalfar a lámha agus a gcosa, agus cuirfear teine i n-éinfheacht i dá cheann an tighe, agus cibé agaibh thiocfas slán, adhrifar a Dhia sin.' Do-rigneadh amhlaidh sin; agus do-rigneadh luaithreadh do'n draoi, agus níor bain an teine le cóta Phádraig do bhí air an draoi, agus do b'é cóta bán é. Dála an bhuachalla, do dóigheadh cóta an draoi do bhí uime. Gidheadh, far éis an tighe do dhóghadh, do gairmeadh amach é, agus tháinig sé ag siubhal amach, mhail do mhúrghlóchadh ar a chosladh an tsráth sin. Benignus nó Bineán do bhí ann, agus tugadh ar soin mar ainm Beirchearit naomhtha air.

Do mhearfadh duine go mbadh leór mar mhíorbhailibh iad so féin amháin chum Laoghaire d'iompodh chum an chreidimh. Acht do bhí d'urchóid ann, gurab é ní do-rigne, maille le comhairle na coda ba mhó dhíobh, bás d'fhágbháil do'n Naomh, maille leis an sluagh do bhfortughadh chuige le n-a n-armaibh. Ní mór gur thúirgse le n-a fhamhladh 'ná, le crithughadh talmhan tháinig d'urchar, gur sloighead cúig céad déag fear i n-a noeigh-bheathaibh ar an áit sin i dtalamh dhíobh.

Annsin d'umhluigh Laoghaire go calaoisach, agus adubairt go nglacfadh an chreidemh agus go n-adhrafadh Críost. Acht do leig an bainríoghan í féin ar a glúinibh ar an láthair air leic chloiche, agus do ghlac baptisteadh; agus tugadh Leac na Ríoghna mar ainm air

an leic ṡin. Agus do bairteaḋ mar aon léi an lá ṡoin ḋá ṁíle déag ḟear agus ban. Thug an ṗí láin-ċead ċum teagairg gan buaiḋirt ó éan-duine do Pháḋraig, agus ṫug dó ḟéin agus do'n Eaglais ṗó-iomad tabairtas, agus deir Ṗróbus Solínus gur ġlac ḟéin bairteaḋ; giḋeaḋ, táid uġdair eile contráṙḋa ḋó. Acht is ḟollas go ndeasma Pádraig do ṫairngireaċt naċ mbéaḋ éan-duine dá ḟliocht ċoiḋċe 'n-a ríġ i nÉirinn, acht an ġein do bí an uair ṡin i mbroinn na bainríoġna. Agus do b'é Luġaiḋ do bí 'n-a bhroinn, agus is é do bí 'n-a ríġ i ndiaiḋ Laoġaire. Agus as ṡoin ṡuas do leigeadar na drioċ-ċreideaṁaiġ ḋíoḃ dánaċt do ḋéanaṁ ċoṁ mór ṡoin ar bás an naoiṁ d'iarraiḋ.

Ecce sacerdos magnus. Ḟéaċ an ṡagairt mór. D'innsear daoiḃ, iar dteaċt go hÉirinn do'n naoṁ, go raḃadar trí uirċóideaċa innti ag milleaḋ na ndaoine go ró-ḋíoġbáileaċ i dtaoiḃ anma agus cuirp .i. driaoiṫe diablaiḋe, luċt piseóg agus ḟeasa, beaṫaḋaiġ niṁeaṁla agus deaṁain ṁalluiġṫe aeir. Do ġlac tuaġ ró-ṁór Pádraig do na daoiniḃ, agus do ġuiḋ Dia go dúṫraċtaċ air a son fá n-a ndíbirt uaṫa. Tháinig an t-aingeal ċuige agus adubairt leis an maide réaṁ-ráiḋte do bí aige do ṫógbáil suas agus a ḟógraḋ ḋóiḃ a gcruinniuġaḋ uile air éan-láṫair. Do-ṁisne sé sin; agus d'ḟógair ḋóiḃ uile do ċruinniuġaḋ in Ainm an Tiġearna Dia, air ṡliaḃ Cruaċáin Aiġle,[1] i n-laṫair Chúigiḋ Chonnaċt, os cionn na fairrge. Do ċruinniġeadar go hiomṡlán annsoin, agus ṫóg sé suas a ṁaide, agus d'ḟógair ḋóiḃ i nAinm Íosa a gcinn do bualaḋ fúṫa 'san

---

[1] Cruaiċe ó eallaḋ 'sa MS.

bhaighidhe. Do-rigneadar sin, agus ní fhacadhar éinchéann díobh-san i nÉirinn ó shoin beó. Ag so sui-dhiughadh nó áiteamh air seo i sean-leabhar Airfinn, sgríobtha i litir Láidhe: *Virosa reptilia prece congregata pellit ab Hibernia*, agus sean-leabhar eile adeir; *per orbis spatia fidem disseminat et ab Hibernia virus exterminat.*

Ní headh amháin gur chuir Pádraig iad uile as Éirinn, acht fós fuair d'impridhe ó Dhia gan éinchéann díobh do ghéineamhain innti choidhche. Agus adeir Beda: 'maidhe nó slat nó síorsa dá luighead dá fíodhbhaidh nó dá chéidh, má bheirtear i dtalamh 'n-a mbéidh siarta nó beathadhaigh nimheamhla é, nach túirsge bhaindh leó 'ná tuitidh marbh fá lár. Ní hé so amháin, acht duilleósa leabhar do thiocfadh ó Éirinn, gan acht iad do mhaothughadh agus do leigint i n-uisge, agus iad do thabhairt le n' ól do'n té do cailghridhe le péirt nimhe i dtíoraithibh coigcríche, do leighearfaidhe é, agus fós tar éis ait.' Adeir fós, mar an gcéadna, Giraldus Cambrensis, i n-a aimsir féin, go raibh 'san taobh thuaidh do Shacsanaibh ógánach do'n náisiún céadna, agus ar a bheith dó 'n-a chodladh agus a bhéal osgailte, go ndeadhaidh nathair nimhe 'n-a bhéal agus ar shoin 'n-a chorp, agus nuair do mhúsgail gur mhothuigh ag corraighe 'n-a chorp í. D'iarr leighear sgriosradhálta agus tiomporáltha ar feadh Sacsan, agus ní dhearnadar maith dó—go mór-mhór nuair do bhéadh a ghoile follamh, do bhíodh síor-bhuaidhreadh throblóideach aige. Do chuaidh ar chomairle deagh-dhuine go hÉirinn. D'ibh cuid d'uisge na hÉireann, agus gan mhoill fuair é féin slán; agus tháinig sise marbh uaidh gan díoghbháil do dhéanamh dó. Deirtear fós dá mbéadh Éireannach i mathaire coigcríche, agus compás do thairiang tim-

ċeall air le maire ó Éirinn, naċ raċaḋ rire tar an line rin, agus ó baint leis an line go bruiġḃṫear marḃ í:

1 mBúrdur, ṡgoláire Éireannaċ cornoċtṫa do ṡaṫail air naṫair nimhe, agus í ag preabaḋ timċeall a ċoire, do ṁarḃ í gan díoġḃáil. 1 Sacranaiḃ ar mbeiṫ d'Éireannaċ agus do Shacranaċ i bṫoċair a ċéile 'n-a gcodlaḋ fá'n aer, d'ionnruiġ naṫair iad, agus do ṁarḃ rí an Sacranaċ, agus do ċuaiḋ i muinéal an Éireannaiġ gan díoġḃáil do ḋéanaṁ ḋó: d'ṡan rí ar ċroċaḋ ar a ṁuinéal, agus í marḃ.

Tar éis iad so do ċlaoiḋe agus na piarta nimhearṁla do ḋíbirt, do bí ann an trear uiċóid .i. na dearṁain aeir go ró-ṁío-ċoṫramaċ díoġḃáileaċ ag milleaḋ na ndaoine do ló is d'oiḋċe. Do ċuaiḋ Pháoraiġ ar an gCruaiċ, agus do ṫroisg dá-ṡiḋid lá ann gan biaḋ gan deoċ, ag guiḋe Dia fá iad-san do ḋíbirt a hÉirinn.

1 ndeireaḋ an Charġair, is boċt an aoide do-beirdís air i n-aimsir Airṁinn agus urnuiġṫe. Do bíoḋ seisean go hárd binn ag canaḋ na salm, 7 iad-san i ṁeaċtaiḃ éan mór ndub n-úrġránda ag timpreaċt or a ċionn agus ag gáir-béiceaḋ. Annsin nuair náir b'ṡéidir leis a gcur ċum siubail, do ṁalluiġ iad agus do bain a ċlog orra, agus níor bṫeapsde ḋó. Annsoin do ġoil sé le ró-ḋoilġear ó ċroiḋe, air ṁoḋ naċ aṁáin sian na ndeór do beiṫ ar a leicniḃ, aċt fós do bíoḋ torraċ a ġruaḋna agus a ġúna ró-ṡliuċ uaṫa. Agus annsin do ġluaiseadar siar ċum na saipsge, agus atá sruaċlair ró-ġránda iongantaċ ann, agus deirtear go ndeaċadar annsin. Agus atá 'Poll na nDeaṁan' mar ainm dó ó ṡoin; agus mar sin d'ṡágḃadar Éire slán saor glan uaṫa féin.

Aoeir Eoġan Mac Criaċ, file Éireannaċ, go raiḃ trí ċéad míle do ṁíltiḃ ann díoḃ; agus iad fá ṫrí cartaonaiḃ, Fearbonn, Fearboġa ⁊ Fearġaḃála .i. *Corniger*, *Arcitenens* agus *Tridentifer*: mar aoeir an rann so:—

Ar an gcruaiċ do cuireaḋ liḃ trí ċéad míle do ṁíltiḃ,
Is cinn feaḋna orra-san, ealḃa doirċa do ḋeaṁnaiḃ
Fearboġa fóir agus Fearbonn, do b'é ainmne na n-árd-deaṁan
Is Fearġaḃála náir ġlan fioḋ, is ál na healḃa do hairgeaḋ.

Agus mar sin do ṡaor Éire an uair sin uaċa.

Is iomḋa leaḃrán maiṫ do ġsríoḃ Pádraig, agus aoeirteair gur ġsríoḃ tríoċaid díoḃ. Do-rigne cúig is ceiṫre ficid agus trí ċéad eaglais. Do-rigne coirreagan ar ċaogaid agus trí ċéad earboġ, agus do-rigne sé míle sagairt. Do ḃairt sé féin agus a ḋeirgiobail céad míle agus dá-ficid fear agus ban. Do ċuaiḋ do'n Róiṁ do ṫaḃairt ċunntais do'n Phápa 'san gcúram sin do ċuir sé air. Thug an Pápa glóire do Dhia agus buiḋeaċas do Phádraig air n-éirteaċt a ċunntais, agus do ċuir go hÉirinn arís é. Agus do-rigne a léagáid féin agus príoṁ-ṡáiḋ na hÉireann de.

Iar dteaċt go hÉirinn dó aṫa ṡada aimsire 'n-a ḋiaiḋ, táinig an t-aingeal Uisdean ċuige, agus aduḃairt leis gur ṁiṫid le Dia é do ġlaceaḋ a ṡuaiṁnis. Agus, dá ḃríġ sin, do ṫrall sioṁe go hÁrdmaċa. Aċt ṫáinig an t-aingeal céadna ċuige, agus aduḃairt leis imṫeaċt go Saball, is gurab ann do-ġeóḃaḋ bás; agus tar éis a ḃáis, a ċorp do ċur i gcarbad

nó i gcarra air ḋá ḃoin, agus é d'aḋlacaḋ mar a mbéarfaiḋír é. Do ġluair go Saball, agus ṫáinig aicíd an ḃáir air ann. Do ḃí an ṁaiġdean naoṁṫa, briġid, ann, agus do tairbeánaḋ ḋi an uair do-ġeóḃaḋ Pháḋraiġ báp. Agus, dá ḃríġ rin, do ċuaiḋ go dtí a mainistear féin ag iarraiḋ brat líne do ḟníoṁaḋ agus d'ḟiġe léi féin fá ċoṁair cuirp Pháḋraiġ. Do-ṙigne díċeall mór ċum fillte. Aċt do connarcṫar do Pháḋraiġ an ní d'imṫiġ uirri, agus do ċuir fá deara cúig ḃaigíní do ċur 'n-a coinnib. Tháinig sí, agus do ḃeannuiġ reifean í, agus do ċuir fior air Araċ, earboġ agus deirgiobal dó féin; agus do-ṙigne a ḟaoisdoin leis, agus do ġlac a Thiġearna agus an ola ḋéiḋeanaċ ċoirreaġṫa uaiḋ. Agus adubairt a ċorp do ċur i gcarra i ndiaiḋ ċóraid ḃó, agus leigean dóib gluaiseaċt ar a dtoil féin; agus mar a mbéarfaiḋír é, a ċorp d'aḋlacaḋ ins an eaglais sin.

D'ḟéaċ suas ar neaṁ agus do-ċonnarc a Thiġearna go glórṁar ann, agus rug buiḋeaċas leis, agus do ċuir na hÉireannaiġ ar a ċomairce; agus annsin fuair bás an feaċtṁaḋ lá déag dá éagcruas, agus an dara bliaḋain ficeaḋ ar ċéad dá aois, an bliaḋain d'aois ár dTiġearna ceiṫre ċéad agus ceiṫre bliaḋna déag agus ceiṫre ficid. Agus dá bliaḋain déag ar ḟicid do bí 'n-a Earboġ i nÉirinn. Dhá lá déag do bí sé gan aḋlacan gan truaillíuġaḋ tré ċeannairc do bí iuir Áromaċa agus an Dún ag féaċaint cia aca 'gá mbéaḋ a ċorp.

Aċt do cuireaḋ an corp ar an gcarra; agus nuair ṫáinig na ba ar an sliġiḋ do bí ag triall ċum an Dúna, do ġluaiseadar go luaṫ láidir rómpa,

agus do leanadar muinntear Áirmaċa iad. Giḋeaḋ, d'ḟill orra an carra, agus ṁearadar gurab eirean do ḃí aca. Agus mar rin do ġluaiseadar rómpa tar a n-air go dtángadar go hAḃainn Chonċoine. Agus nuair do ḃíodar ag glacaḋ ruaiṁnir, ar n-éirġe 'n-a rearaṁ ḋóiḃ, ní raiḃ bó ná carra aca, ná fior cár ġaḃadar uaṫa. Aċt d'imṫiġ an naoṁ-ċorr roin do'n nDún, agus d'aḋlacaḋ annrin é, mar ar follar 'ran ḃreart-laoiḋ do ċum file muinnteaṁḋa ḋó or a ċionn. Eiréirġe Pháḋraig i nÁirmaċa, mar aduḃairt an file:

Atáid triúr ann, atáid triúr
D'aḋrar go follar Rí na nDúl,
Bríġid, Pádraig agus Colm caoṁ,
Taoḃ le taoḃ inr an Dún.

Féaċaiḋ féin, a ċáirde agus a ċlann ċaoṁ rriorradálta Pháḋraig, iomadaṁlaċt na mór-ṁíorḃail ro do ċualaḃar uaim-re indiu; agus níor mó go mór 'ná fiċe oiread ar feaḋ an náirúin reo do-rigne Dia air impiḋe Pháḋraig Naoṁṫa an uair reo, ag tógḃáil agus ag iomroḋ ár rinnrear roṁainn ċum an éinċreidiṁ ċatoiliciġ Róṁánaiġ. Congḃaiḋ go daingean do-rcarṫa ceanaṁail é. Ná cailliḋ go bráṫ é, ag iarraiḋ faḃar nó onóra, bríġe díoṁaoine, nó breire rocaṁla nó raoire nó raiḋḃir dá ḃur gcorraiḃ, mar do-rigneadar, fóirior! mórán dár ndaoiniḃ roṁainn. Cailliḋ a mbéiḋ do'n tṡaoġal agaiḃ, agus ní hé rin aṁáin aċt ḃur gcorr leir, má'r riaċtanar é, d'ḟonn ḃur n-anam do ṡáḃáil níor túirge 'ná cailleear é. Bíoḋ deiṁneaċ gurab é an creideaṁ d'ḟág ár Slánuiġṫeóir, Íosa Críost, ag a Earbolaiḃ agus ag an dá ḟear déag agus trí fiċid do ṡagartaiḃ do ṫoiġ ré féin le teagarg agus le reanmóir ar feaḋ

an doṁain, ṫug Páoraiġ ċuġaiḃ. Taḃraiḋ míle molaḋ agus glóir dá ḃur nDia do-ṙiġne na mór-ġráġa go oraiḃ ag cur an ċreidiṁ ċuġaiḃ, do ġlánuġaḋ ḃur n-anam; agus onóir agus buiḋeaċas dá ḃur bráthúin naoṁṫa, Páoraiġ, dá iomráḋ, dá ṁolaḋ i n-ḃur n-uiṁaiġṫiḃ ar gon na mór-ċomaoine do ċuir oraiḃ, agus atá anois go ríoġraiḋe dá cur oraiḃ do láṫair na Tríonóide, ag guiḋe ar ḃur gon. Agus dá ḃur ngriúġuġaḋ ċuige rin do ḋéanaṁ, do ġlacas féin an súrram go.

Bíoḋ foiġid agaiḃ anois beagán eile aimsire go laḃróċad dá ḟocal nó trí ar na neiṫiḃ atá riaċtanaċ do'n té ċoiṁéadas an creideaṁ go, dá ġnáṫuġaḋ ċum glóire ḟlaiṫeaṁnais d'ḟaġḃáil.

Fides sine operibus mortua est.—'Is ní marḃ é an creideaṁ gan deaġ-oibreaċa' (Séam. ii. 26). Is indéanta do'n té ċoiṁéadas an creideaṁ go, aiṫeanta Dé agus na hEaglaise do ċoiṁéad, agus troigeaḋ déirc agus uiṁaiġṫe do ḋéanaṁ. Leigim ṫaṁ anois tráċt ar ċoiṁéad na n-aiṫeanta sin, agus laḃróċad beagán ar na trí neiṫiḃ seo mar atá troigeaḋ, déirc, agus uiṁaiġṫe.

I dtaoḃ an troigeaiḋ, adeirim gurab é troigeaḋ ar cóir do'n tí bíos ins an gcreideaṁ go do ḋéanaṁ .i. an carġas; na caṫaoireaċa timpire, ceiṫre huaire 'ran mbliaḋain, mar atá, trí lá 'ran ráṫa; troigeaḋ Mhuire; bisleaċa na nEaspol; agus gaċ troigeaḋ eile leiṫleaṫaċ óróuiġeas an Eaglais. Adeir duine agaiḃ: 'duine dealḃ díoṁaoin mé, níl biaḋ ná am áiriṫe agam, agus glacaim mar a ḃraġḃaim é.' Adeir duine eile: 'Feas mór-ṡaoṫair mé féin do-ġeiḃ beaṫa ar allas mo ṁallaí.' Adeir an bean: 'bím féin im' ṁnaoi ṫoiṫaiġ nó im' ḃanaltrain do ṡíor; ní ḟulan-

gaim troigeaḋ do ḋéanaṁ;' mar rin daoine aicíḋeaċa agus daoine or cionn aoire. Aṁuiġim go raoiann an Eaglais ó ġéarṁaraċt troigeaiḋ ċorraiḋa na droinge go uile aduḃramar. Giḋeaḋ, ónduiġeann sí ḋóib troigeaḋ griorradáltа do ḋéanaṁ ins na haimsirib seo aduḃramar, i n-íoc an troigeaiḋ eile. Créad é sin mar troigeaḋ? Fanaṁaint ó ṗeacaiḋib do ḋéanaṁ an lá sin, gan móide móra do ṫaḃairt, gan eargaine ná malluġaḋ do ḋéanaṁ ar ċréatúir ar biṫ, gan ceannairc nó imreas oiḃreasġaċ do ḋéanaṁ, gan cnaos do ḋéanaṁ ar ḋiġ, ná éin-ṗeacaḋ eile marḃṫaċ do ḋéanaṁ, agus breir urnaiġṫe do ḋéanaṁ i n-aimsir an troigeaiḋ ná déantar i n-aimsir eile. Créad iad na hurnaiġṫe ar oireaṁnaiġe do ḋéanaṁ i n-aimsir an troigeaiḋ? Má's aimsear an Chaisġair bíos agat, agus naċ léiġṫeóir urnaiġṫe ṫú, smuain ar ṗáir Chríosd, is abair cúig Paidre déag i síoṫċáin a Pháire, agus an Choróin Íosa. Má's troigeaḋ Mhuire bíos agat abair an Choróin Mhuire agus cúig Paidre i síoṫċáin na gcúig gcás ar mó 'n-a raiḃ sí timċeall páire is báis a hÉin-Mhic ġráḋaiġ. Má's troigeaḋ Earbuil bíos agat abair ḋá Phaidir déag agus Cré, ag molad Dé agus an dá Earbol déag, agus an Choróin Mhuire; agus dá réir sin, i laeṫeantaiḃ eile troigeaiḋ.

I dtaoḃ na déise: *Date eleemosynam et omnia munda sunt vobis.*—'Déan an déise agus béiḋ an uile ní glan agaiḃ' (Lúcás xi. 41). Adeir duine agaiḃ: 'níl déise agam do ḋéanfaimn.' Muna ḃfuil déise ċorraiḋa agat do ḋéanfá, déan déise griorradáltа. Bí tuaġaċ saṫċannaċ ceannsa leis na boċta. Baill ár Slánuiġṫeóra iad. Féaċ cad adeir sé féin: *quamdiu fecistis uni ex his fratribus meis*

minimis, mihi fecistis.—'Gaċ níḋ rigneaḃar dom' ḃoċtaiḃ, dam féin do-rigneaḃar é' (Maṫa xxv. 40). Múin an Phaidir, an Chríé, agus Aiṫeanta Dé agus na hEaglaire, fior na Sacramuint, agus na ceaċt bpeacaiḋe marḃṫaċ, agus rúindiaṁra na Tríonóide do'n aor óg boċt do-ġeóḃair 'n-a n-earbaiḋ. Ná déan agus ná fulaing, dod' ḋeóin, éagcóir nó leaṫtrom air baintreaḃaiġ nó ar ḋíleaċtaíḃ. Coirg fá do ḋiċeall gaċ n-aon do-ġeóḃair ag taḃairt mionna mór nó ag déanaṁ éin-ḟeacaiḋ eile ṁarḃṫaiġ. Agus ir í seo déirc ar fearr do ḋéanaṁ. Cibé agaiḃ 'n-a mbéiḋ déirc ċorraiḋa do ḋéanaṁ, déan go neaṁ-ṁaoiḋteaċ agus go dirceiḋeaċ air son Dé í. Mar adeir ár Slánuiġṫeóir: *Te faciente eleemosynam nesciat sinistra tua quid faciat dextera.*—'An uair ḃíor tú ag déanaṁ déirce, ná bíoḋ 'ḟior ag do láiṁ ċlí creáad a ḋéanann do láiṁ ḋear' (Maṫa vi. 3). Adeir duine: 'ní naoiḋe déirce é'; ir naoiḋe déirce Críost, agus ir 'n-a ainm iarrtar í, agus ir ar do-beir tú í. Mar adubairt ċeana, má'r duine é bíor 'n-a ḟláinte, coṁairliġ ḋó a beaṫa do ṫuilleaṁ agus gan beiṫ ag iarraiḋ déirce, ar beaṫa do na daoiniḃ ná bíonn ionnta a mbeaṫa do ṫuilleaċtain. Go dtugaiḋ Dia do ġráraiḃ ḋaoiḃ, méadugaḋ go ronnṁar leis na deaġ-oibreaċa ir an gcreideaṁ gcatoiliceaċ Róṁánaċ, mairle le himpiḋe ár naoṁ-ṗátruin, Pádraig: beannaċaḋ Dé uile-ċuṁaċtaiġ, an Aṫar, an Mhic, agus an Spiorad Naoiṁ do ṫuirlicean agus d'ḟanaṁaint go ríorraiḋe oraiann. Amen.

Sagart foġlamṫa eagnaiḋ do rgríoḃ. Ar n-a aiṫrgríoḃaḋ le Seaġan Ua Muláin, 1817.

Seanmóir a Sé.

eiséirġe íosa chríosd.[1]

(Domhnaċ Cárga.)

Traditus est propter delicta nostra, et resurrexit propter justificationem nostram.

Do toirbhreaḋ ruar é i dtaoḃ ár gcionnta, agus d'eiréiriġ ré ċum ár flánuiġte.—Róm. iv. 25.

IS fíor, a ḋearbhráiṫreaċa mo ċroiḋe, gur le róċeart d'ḟéaċ an Eaglais Chatoiliceaċ ó úir-ḋorać an ċreidim ar an lá indiu mar aon do laeṫib na bliaḋna ar áġmhaireġe agus ar tairbhġe do'n ċineaḋ daonda, ar ċor go n-onórṫar é le hiomad ceilebhartha agus follamhantaċta. 'S é an lá indiu, go deimin, an lá gríanmhar i n-a n-adhuiġid cáċ glóire agus uaisleaċt na Croiċe Céasda; i n-a gcríoċnuiġṫear múinteamhla foir-ífleaċta Íosa Chríosd; agus i n-a n-áro-mholtar dorċadar a ṗáise is a bás ḋiaċraiġ ar ċrann na Croise mar aon le fíriunne a réamh-ḟaisnéise do ċur i n-uimhail do láṫair ilċineaḋaċ na talmhan. 'S é an lá indiu an lá ceannamhail i n-a d-tugtar uġdaraṫár is mórí-mhear dá ḋliġeaḋ beannuiġṫe; i n-a gcoimhlíontar a mhíorbhailе is a mórí-ḟearta; i n-a dtugtar urraim agus ómós d'a leaṫan-ċumaċtaiḃ agus i n-a gcuirtear corróin ġlórmhar ar an gcuid eile d'a naomh-oibreaċaiḃ. Is ins an lá aoiḃinn seo do ċoimh-neartuiġṫear gaċ laig-ḋeisciobal

[1] O'Renehan MSS., vol. 76, pp. 1-17.

'n-a ċreideaṁ; i n-a gcuirtear d'ḟiaċaiḃ ar an dí-ċreideaṁ géilleaḋ fá ṗról-ḃrataċaiḃ áilne an tSlánuiġteóra, agus i n-a ndéantar ruagaḋ ir léirsgrios go bruinne an ḃráṫa ar gaċ droċ-aṁriar i bpunncaiḃ cráḃaiḋ tré iomad lonnraċta na ṗírinne. Ir é an lá indiu, gan éan-ċontaḃairt, an lá roillreaċ ċum náire agus ríosr-ṁarlaḋ do ṫaḃairt do'n earráid ir do'n eiriceaċt; i n-a ḃfuil an Eaglais ag éirġe suas go corgarraċ ar an uaiġ mar aon le ḟuasgaltóir an ċiniḋ daonda, an Teagasg Críosdaiḋe ag breiṫ uaċtaránaċta or cionn ċlaon-ḟallraċta na bráġánaċ agus luċta toirmisgṫe, agus gaċ sriosrad cruaḋ-ṁuinéalaċ doi-ċeannsa dá ċionntuġaḋ do ṁealltóireaċt ir do ḃréigiḃ. I n-éan-ḟocal, a ċríosdaiḋṫe, ir in san lá ġlórṁar so atá eiréirġe na colna dá áiteaṁ le huġdarṫár, ríorraiḋeaċt an anma dá suiḋiuġaḋ gan éin-sgleáḋċas, agus geallaṁain ḃunaḋarraċ againn ċum ḟuasgailt obann d'ḟaġḃáil ar braiġdeanas an aiḋḃeirreóra mar aon le beaṫaiḋ sgriosradálta ċum ṡoċair agus ċum ṡólára dobail na gCríosdaiḋṫe.

Ḟuair Íosa Críosd bás ċum an sean-duine do léirsgrios mar aon le n-a oibreaċaiḃ; 7 d'eiréirġ sé ċum ríoġaċt an duine nua do ċur n-a seasaṁ. D'ḟulaing bás ċum a sgláḃuiḋṫe do léas-ḟuasgladaḋ ar braiġdeanas an diaḃail; d'eiréirġ sé ċum saoirse foir-líonta do ṡaoṫruġaḋ dá ċlannaiḃ toġṫa. D'ḟulaing bás ċum ár bríaċa do ḋíol; d'eiréirġ ċum sinn d'úir-líonaḋ suas dá ṡaor-ġráraiḃ. D'ḟulaing bás ċum dóirse isrinn do ḋúnaḋ suas; d'eiréirġ ċum dóirse Parraiṫis d'ḟosglaḋ ḋúinn. D'ḟulaing sé bás, fá ḋeóiḋ, i dtaoḃ ár gcionnta agus d'eiréirġ sé ó ṁarḃaiḃ do-ċum ár slánuiġṫe: *Traditus est propter*

delicta nostra, et resurrexit propter justificationem nostram.

Déanamaoir maċtnaṁ air feaḋ tamaill air ċéill agus air éirseaċt na mbréiṫre ndéiḋeanaċ so an Earbail; agus ó is iad ár gcionnta ba ċúis d'ár Slánuiġṫeóir Íosa Críosd ċum bás scannalaċ na Croiċe d'fulang ar ár son, tugamaoir fá ndeara indiu gur ċum slánuġaḋ is ċum naomḣuġaḋ ár n-anam do-rigne sé an t-eisréiṁġe; an ċéad uair, ar an áḋbar naċ bfuil éinṁeaḋón le faġbáil is cumaraiġe ná eisréiṁġe Íosa Chríosd ċum a ṁíniuġaḋ ḋúinn gur cóir ḋúinn searaṁ amaċ is na gráraiḃ fuaramar ó Dhia; agus, 'san dara h-áit, do bríġ go múineann sé ḋúinn an tSliġe ḋíreaċ ċum searaṁ amaċ ionnta. I n-éan-focal, sprneagann agus dúirṫeann Eisréiṁġe Chríosd ár gcroiḋṫe suas ċum buan-ċornaiṁ is na gráraiḃ fuaramar uaiḋ: ag sin céad roinn mo ċoṁráiḋ. Noċtraiḋ mé ḋaoiḃ, 'san dara roinn, go dtairbeánann Eisréiṁġe an tSlánuiġṫeóra na meaḋóin baḋ ḋual dúinn do leanaṁaint ċum buan-ċornaiṁ is na gráraiḃ so.

Aċt ċum gur feirrde do ṫiocfaḋ liom an ṡíriṁne ró-éifeaċtaṁail sin do ṗréaṁuġaḋ i n-ḃur g-croiḋṫiḃ, sirimíd uile go dúṫraċtaċ congnaṁ an Sriorraid Naoiṁ tré naoiṁ-impiḋe ċuṁaċtaċ na Maiġdine Muire, ag ráḋ—*Ave Maria, etc.* Dia do ḃeaṫa, a Mhuire, ꝛc.

An Chéad Roinn.

Do-ġeibḃmid amaċ go ḃfuilid dá níḋ ann ar prréaṁa ró-ġnáṫaċa do ḋíombuanaċt an ċríosdaiḋe i mbealaċaiḃ a ṡlánuiġṫe, mar atá, laiġdiuġaḋ is fanntair cneidiṁ tré n-a gcailleann sé glan-

naḋaṡc ar an tſliġiḋ ḋíṁiġ baḋ ḋual dó leanaṁaint, nó fós, moilleaċt dóċair is muiniġine daingne i nDia, do-beir fá ndearna air gan dearcaḋ go glinn ar ṁórḋaċt agus ar oirḋearcas na glóire atá geallta fá n-a ċoṁair, ar ċos naċ múṡglann fuas a ṁiangasa níos mó ċum na beaṫaḋ ríoṁṁaiḋe do ḟealḃuġaḋ. Aċt do-beir Eiréiṡe Chríosd leiġeas cumasaċ d'anam an ċríosdaiḋe i n-aġaiḋ an dá ċaṁṁaiġ baoġlaċ foin a ḟlánuiġṫe, mar aon le meaḋóin ṡó-neaṡṫṁara ċum buan-ċosnaiṁ i ngrásaiḃ Dé. Óir, má tá iomarca droċ-aṁṁair agus dí-ċreidiṁ againn ar ḟíṡinne Ruindiaṁṁa an tSlánuiġṫeóra i meaḋón ár gcroiḋṫeaċ, dar ndóiġ, ní féidir naċ leiġeas éifeaċtaṁail air, Eiréiṡe Íosa Chríosd ó ṁarḃaiḃ, ar an áḋḃar naċ eaḋ aṁáin go dtáċuiġeann agus go n-oileann agus go neartuiġeann sé i n-ár g-creideaṁ finn, aċt fós, go dtugann sé breir deiṁniġṫeaċta ḋúinn ar gaċ n-aon eile do ḟunncaiḃ an Teagaisg Chríosdaiḋe. Is uime so adeir an tEarbol ag gsríoḃaḋ ċum pobail ċaṫraċ Chorainṫ —'Munar eiréiṡiġ Críosd tá ár Soisgéal gan tairḃe agus níl i n-ḃur gcreideaṁ aċt fuasaċas.'—*Si autem Christus non resurrexit, inanis est ergo praedicatio nostra, inanis est et fides vestra* (I. Cor. xv. 14).

Giḋeaḋ, má ṡuġne seisean go ríṡinneaċ an t-eiréiṡe, ní fulaing guiaḃ ó ḟlaiṫeaṁnas atá ár miniṡtriáláċt. Táid a ġeallteaṁna-san coiṁlíonta agus na neiṫe atáimid ag criaoḃṡaoileaḋ ḋaoiḃ gan éan-aṁṁas Munar eiréiṡiġ Íosa Críosd, ní raiḃ is an dá Easpol déag, tar éis beiṫ toġṫa le Críosd féin, aċt meallṫóiri agus luċt briéige, agus níor ċriaoḃṡaoil riaḋ d'uile ċineaḋaċaiḃ an domain ṁóir aċt Soisgéal bréagaċ, muna ndearna an Slánuiġṫeóir an t-eiréiṡe. Aċt ní féidir a leiṫéid sin do ḋia-ṁarlaḋ agus do

naoṁ-aiṫir do ḋéanaṁ le hugḋarṫár ar biṫ i n-aġaiḋ Mhic ionṁain Dé bí, i n-aġaiḋ an dá Earbol déag agus na noeirciobal. Dá bríġ rin, ó tá Eiréirġe Fuargaltóra an ċinniḋ daondá ċoṁ háitiġṫe rin, créad é an fáṫ aṁrair ḋúinn ar aon eile do ṡúindiaṁraiḃ ár gcreidiṁ, mar deiṁniġeann San Aibirtín beannuiġṫe ḋúinn naċ gáḃaḋ cruṫuġaḋ ar biṫ do ṫaḃairt orra uile, ó'r ríor gur eiréiriġ Críost: *Surrexit Christus, absoluta res est.*

Atá Eiréirġe Íosa Chríost go dian-áitiġṫe, a ċáirde, óir ir iomḋa foluiġiḋ ḃunaḋarać do b'ḟéidir liom do ṫairbeánaḋ ḋaoiḃ air. An n-eaḋ naċ ḃfuil a ḟior againn, gur ḟéaċadar na lúdaiḋṫe malluiġṫe gać meaḋón dá raiḃ i n-a gcuṁaċtaiḃ ċum a ṫoirmirgṫe agus a ċlaoċlóda? Do ḋúnadar ruar, agus do ḟéaladar go daingean doċaraċ an tuamba i n-ar aḋlacaḋ a ċorp onóraċ le carraig ṁóir ċloiċe. Do ċuireadar raiġdiúirí dá ḟaire do ló agus d'oiḋċe, d'eagla go dtiocfaidís na hEarbuil dá árdugaḋ leó go foluiġṫeaċ. Tar éis rin, d'aiṁdeóin a noiċill, d'eiréiriġ an tUan trócaireaċ, maidin an tsear lae, ar ċor nár ḟan tuairisg aca ar a ċolainn ins an tuamba. Tá fós dian-áiteaṁ eile againn ar ḟírinne an Eiréirġe, óir do ṫairbeán sé é féin go ḟírinneaċ do Mháire Maḋaileán, do'n dá Earbol déag go minic, agus do ċúig céad do na creidṁeaċaiḃ i n-éinḟeaċt, mar do ḋeiṁniġear an tEarbol réaṁráiḋte: *Deinde visus est plusquam quingentis fratribus simul* (I. Cor. xv. 6).

Do-ṡisgne coṁluadar leis na hEarbola i n-éinionad. Do ċaiṫ biaḋ ar éan-ḃóiro leó. D'ḟulaing a ċorp agus a ċneaḋa uairle le moṫuġaḋ ḋóiḃ, agus do ṫeagairg iad ins an ċreideaṁ ċríostaiḋe agus i

ṡúindiaṁṡaiḃ a ṗáire agus a Eireirge ó ṁarḃaiḃ ċum ġlóire ḟlaiṫeaṁnais. Do ṫairbeán é féin dóiḃ, ní fá ġné ċoiṁṫiġiġ ná coigcríċe, ní mar ġsáil bréige ċum a ṡúile do ḋallaḋ, aċt fá n-a ċolainn ċirt féin, mar aon leis na cneaḋa agus leis na ġéar-ġonta do ċuir an ċoróin deilgneaċ ṡpíne, an gad gontaċ líoṁṫa agus na tairngí cruaḋa géara i n-a ċorp ion-aḋarṫa.

Giḋeaḋ, aṁuiġim naċ gáḃaḋ ḋam ṡíuinne ċoṁ dian-áitiġṫe le hEireirge Mhic Dé do ċruṫugaḋ ḋaoiḃ go ró-iomarcaċ. Dá ḃríġ rin, tugaiḋ fá ndearna gurab aṁlaiḋ ro oileann agus coṫuiġeann sé creideaṁ an ċríosdaiḋe. Óir ó'n tráṫ 'n-a n-aṁuiġeann an críosdaiḋe Eireirge a Shlánuiġṫeóra, glacann greann agus urraim é do'n ċreideaṁ go hiomṡlán. Bíonn luṫġáir ṁór agus ur-ġáirdeaċas air ag coiṁéad gaċ troigaiḋ, gaċ tréaḋanais agus gaċ ní ar peannaideaṁla 'r ar foirḃṫe d'óindiuġeas an Eaglais, agus tugann molaḋ agus mór-uṁla dá caon-dúṫracṫ mar aon le greann marṫannaċ ar na ruaġlaċaiḃ do ṫeagargann sí. Ó'n uair 'n-a gcreidimíd 'ran Eireirge níl ní ar biṫ ar ceanaṁla linn 'ná na rubailcí beannuiġṫe agus na deaġ-oibreaċa. Bíonn fuaṫ agus droiċ-ṁeas againn ar gaċ níḋ eile, agus ní bíonn ṡólás orainn aċt 'ran ṁéid do-ċímíd neiṁ-ċionnataċt agus naoṁṫaċt beaṫaḋ dá gcleaċtaḋ, agus gráḋ agus eagla Dé dá bhréaṁuġaḋ i gcroiḋṫiḃ na ḃríréan. Ó'n uair 'n-a n-aṁuiġmid Eireirge Chríost atá ár g-cráḃaḋ go láidir buain-tsearṁaċ; atá ár ṡlánuġaḋ cruṫuiġṫe; atá ár gcaon-dúṫracṫ roiléir uġdarṫáraċ; is é an Soisgéal ár nolíġeaḋ, a ṫeagarg ár ruaġalaċa agus a ṡompla ár ṡlíġe beaṫaḋ. Ó'n uair 'n-a gcuirimíd os coṁair ár súl Íosa Críost ag eis-

éirġe ar an uaiġ, ní ḟéidir linn ní ar biṫ d'ḟulang i n-aġaiḋ dliġiḋ ir aiṫeanta Dé. Ní ḃíonn i ḃronoṁaid na malluiġṫeóirí aċt naoṁ-aiṫir; i rosraċt ḟallra 'r i gclaon-ḟáiṁe na bpeaċtaċ aċt ceann-dánaċt ir amaideaċt; i n-a muiniġin aċt éadóċar; i moilleaċt a n-iompuiġṫe ar Dhia aċt cur ruar do Ríoġaċt Fhlaiṫeaṁnair; i n-a n-aṫ-ṫuitim 'ran ḟeacaḋ aċt cáiliḋeaċt díograire do'n droing ṁalluiġṫe.

Fiafruiġim daoiḃ, a ċáirde, an ḃfuil ní ar biṫ ċoṁ oireaṁnaċ leir an ḃfírinne rin ċum leiġear cumaraċ do ṫaḃairt d'anam an ċríorṫaiḋe i n-aġaiḋ díombuanaċta i mbealaċaiḃ a ṡlánuiġṫe agus ċum é 'ċoṫuġaḋ ruar go buain-tsearṁaċ i ngráraiḃ Dé. Roiṁ an Eireiġe do bí deirciobail Mhic Dé féin go fanntaireaċ laig-ċreidiṁ, aċt tar éis a mbeiṫ 'n-a ḃfiaḋnaiḋṫiḃ ar an Eireiġe, do neartuiġeaḋ ċoṁ mór rin iad nár éimeadar an Slánuiġṫeóir ní ba ḟia. Prionnsa na nEarbal, Peadar Naoṁṫa féin, an ċaillaig ḋo-rgaoilte úd ar ná buaiḋfiḋ dóirre irrinn go bráṫ (Maṫa xvi. 18), tar éis a beiṫ ċoṁ fanntaireaċ roin agus a Shlánuiġṫeóir ró-ċeannsa do ḟéanaḋ tríd huaire i dtaoḃ coṁráiḋ ḟuarraiġ cailín ḃoiċt aimsire, ó'n uair 'n-a ḃfeaca sé Íosa Críosd i ndiaiḋ an Eireiġe, do ġaḃ an oireas roin cróḋaċta agus foirtileaċta é, ag coraint múindiaṁna ró-uairle an ċreidiṁ do láṫair triaṫe agus áird-taoiseaċ na bpáġánaċ agus an ċiniḋ Iúdaiḋiġ, gur ċraoḃrgaoil iad gan ċriṫ-eagla gan fsleáḋċar, agus gur ċoiṁneartuiġ a ḋearḃráiṫreaċa 'ran ċreideaṁ do-ṡrisne féin do ṫruailliuġaḋ rioṁe rin. Ir ar éigin ṫairbeán Críosd é féin do San Tomás, aon do na hEarbolaiḃ nár ċreid 'ran Eireiġe, gur éiġ sé do ġuṫ áird: 'Ó mo Thiġearna, Ó mo Dhia, aṁuiġim anois óm'

ċroiḋe agus óm' anam Thú' (Eóin xx. 28). Ní túrsa d'aiṫneadar na deisciobail é i mbrisead aráin ag Caisleán Emmáus, nár ṁoṫuiġeadar iad féin ar dearg-laraḋ do ṫeas-ġráḋ na bríġinní do noċt sé ḋóib, ionnas naċ raib aṁras ar biṫ orra i n-éan-ṗunnc do'n ċreideaṁ dár ċraoḃsgaoil sé ḋóib i nIeruṡalem gus an lá déiḋeanaċ dá raoġal. Dá bríġ sin, ní ṡéidir naċ cúis ró-éiṡeaċtaṁail ró-ṫairbeaċ ḋúinn an tEiréirġe ċum sinn do ṡsreagaḋ suas ó n-ár dtrom-ṡuan coṡalta.

Dar ndóiġ, is sinn féin atá 'n-ár bṡiaḋnaiḋṫib ar gaċ níḋ ar aoirde dá bṡuil i dtaisge 'san Sgríbinn Diaḋa agus i mbéal-oideas na nEasbol.

An n-eaḋ naċ sinn ar oiġriḋe víltse dúṫċais, agus ar dearbḃráiṫreaċa ceasta ṡola do na deisciobluib beannuiġṫe do-ċonnairc le n-a súile, agus do ṁoṫuiġ le n-a méaraibh, cneaḋa doiṁne ṡolaṁla Chuirp uasail ion-aḋarṫa Mhic Dé? Do ċonnarcamar Íosa Críosd tar éis a aiṫbeóċain ó ṁarbaib, agus do ṁoṫuiġeamar ṡór é i n-ár gcroiḋṫib tré Shacramint Naoṁṫa na hAltóra i n-a nglacamuid agus i n-a ṡealbuiġimid go ṡírinneaċ é.

Má ċoiṁ-neartuiġeann an Rúindiaṁar so an oideas soin lag-ḋeisciobal 'n-a gcreideaṁ, agus má's é cúis éiṡeaċtaṁail dóib é ċuṁ a mbuan-ċornaiṁ i ngráraib Dé, créad é an ṡáṫ ḋúinn-ne beiṫ ċoṁ lag, ċoṁ ṡannta ṡeaċ so, agus ṡilleaḋ tar n-air ċoṁ minic ar ṡliġṫib na malluiġṫeaċta 7 an oideas soin claonnóg do ċleaċtaḋ, an oideas soin droċ-ċoṁluadair do ċoiṁéad, mar aon leis na dúilib agus na miangaraib céadna do'n ṗeacaḋ?

Má tá Íosa Críosd dá ġléas 's dá ullmuġaḋ féin ċum dearġaḃála do ḋéanaṁ, 7 ionad coṁnaiḋṫe do

folaṫair agus do fosruiġaḋ ḋúinn i bflaiṫeamnas, creáḋ é an ċiall dúinn beiṫ ar feaċrán ċoṁ maiṫ agus naċ é Ríoġaċt na bflaiṫeas ár dtír ḋúṫċas, agus nár ċóir ḋúinn éan-tsaoṫar do ḋéanaṁ ná duaiḋnéis do ċur orainn do ċum a realbuiġṫe?

Ní heaḋ aṁáin go n-oileann agus go neartuiġeann an tEisréiġṫe ár gcreideaṁ, aċt fós cosnuiġeann suas ár nóċas: an ċéad uair, do bríġ go nḋéanann neartṁar cumasaċ é; 'san dara hionad, do bríġ go dtugann fólár agus compóirt; 7, fá ḋeóiḋ, do bríġ go smaċtuiġeann é.

Ar dtúis, neartuiġeann Eisréiġṫe Íosa Chríosd ár nóċas, óir tá a sáir-ṡior againn ó'n Sgríbinn Diaḋa go mbéimid cosṁail leis féin ins an ġlóire. Tá a ṡior againn go mbéaḋ a Eisréiġṫe féin neaṁ-ṫairbeaċ ḋó muna nḋéanfamaoid-ne an tEisréiġṫe mar aon leis, ar an áḋbar go mbéaḋ sé aṁlaiḋ sin is na flaiṫeasaiḃ gan díoġaċt gan Eascoróideaċt, 7 leis sin, ná béaḋ 'n-a ṡagairt go síorraiḋe, ná fós 'n-a áird-breiṫeaṁ ar beóḋaiḃ is ar ṁarbaiḃ. Uime sin, is léir ḋúinn 's is ró-ṡollas nár éagadar ár gcáirde gan téarnuġaḋ, gan airiog go bráṫ. Do dúnaḋ suas a gcolna cruaḋ gan éan-ċontabairt i dtuamba diaṁair dubrónaċ. Do céasaḋ agus do cráḋaḋ iad le sgiúrsaiḃ géara. Do tarraingeaḋ go hearonóraċ trí ṗluid na sráide agus na háite coitċinne iad. Do díċeannaḋ gan truaiġṁéil gan taire iad. Do gabaḋ do ṡaiġdiḃ nimneaċa trí n-a gcroiḋṫiḃ. Do sscaḋ a gcaoláin agus a n-ionaṫair trí n-a gcléiḃ amaċ. Do-rizneaḋ luaiṫreán gaoiṫe do rioinniḃ eile ḋíoḃ, idir ċnáṁa is feóil, agus tugaḋ mórán díoḃ mar ḃiaḋ agus mar oileaṁain d'éanlaiṫ an aeir. Tar a ċeann roin, tá 'ṡior againn go nḋéanfaiḋ an Té do

ċṙuṫuiġ ar neiṁníḋ neaṁ agur talaṁ agur a ḃfuil ionnta, anam do ċuṙ tar 'air inṙ na cnáṁaiḃ tiorma loḃṫa feóiḋte úd, go noṙuiorṙiḋ le ċéile gaċ ball dá mballaiḃ, gaċ míṙ dá gcuid feóla agur cṙoicinn, dá laiġead é, agur go n-aontóċaiḋ go caṫairṙeaċ i n-éan-ċolainn iomṙlán iad.

Do-ċímid maṙ ṙin gur móṙ an t-áḋbar dóċair agur muiniġine neartṁaiṙe atá againn le faġḃáil ar maċt-naṁ ar an ḃfiṙinne ṙin. Uċ! nuair do ṙmuainiġim ar feaḋ tamaill ar mo ṫuṙiar ṫall, adeiṙim liom féin: 'Ó! ir mé an tṙuaġán boċt; ir éigean dam an tEiréiṙġe do ḋéanaṁ leir an ḃfeóil gcéadna ṙo do ṫṙuailliġ mé go ṙó-ṁinic agur do ṫṙuailliġim gaċ éan-lá tṙé ṁóṙgaiḋeaċt agur tṙé iomadaṁ-laċt mo ṗeacaiḋe. Uċ! dá mbéaḋ an faoġal ċum cṙíoċnuġaḋ i n-éinḟeaċt liom, agur go ḃfillfinn tar n-air ar an neiṁníḋ ar ar tarṙiaingeaḋ mé, ní ḃéaḋ fáṫ cṙiṫ-eagla ná dóċair agam; agur do b'é an duine ar mó do ġéill dá ḋṙoċ-ċlaontaiḃ i lár ṙáiṁe agur ṙeargairṙeaċta an tṙaoġail, ag cur peacaiḋe ar ṁuin a ċéile, an té ba ṁó áġ ir aṁantar do'n ċineaḋ daonda.' Giḋeaḋ, fóiṙíor, ní haṁlaiḋ ṙin ḃéiḋ ṙé. Ó! ní h-aṁlaiḋ. Déanfaiḋ an malluiġṫeóiṙ an tEiréiṙġe ċoṁ maiṫ leir an ḃfiṙéan, i ngleann Iorafat 'ran ló ċéadna i n-a gcuiṙṙear gairm ċoitċeann oṙainn ar na huaiġiḃ, dá ḋoiṁne ḋiaṁṙa, ag ṙéideaḋ na céad ṙuaime do'n ṙtoc ḋéiḋeanaċ ḋubṙónaċ, ċum ṙearaṁ or coṁair an doṁain móiṙ le ċéile, agur ċum na cionnta cuiṙṙṫe do ṁearamar do ḃeiṫ múċta coigilte an t-am ro do léiṙ-ṙṙíonaḋ do láṫair an ċiniḋ daonda.

Uċ! mo ṫṙuaġ, cionntóċaiḋ m'anam mé ar feaḋ na ṙíoṙṙiaiḋeaċta inṙ na peacaiḋiḃ do ṙaoil mé ḃeiṫ i ndearmad! Fóiṙíor, ní ḋéanfaiḋ bliaḋna ná aimṙeaṙa,

ná deóra troma, ná gul, ná liúgrad, ná teine, ná uisge, ná na pianta ar nimhnige agus ar guaracaige, lochtaí mo beatad do léirsgrior! Níl peacad dá ndearna mé riamh le smuaineamh le bréithir ná lé gníomh, ná déanfar a ghaobhsgaoileadh or mo choinne do láthair ilchréatúirí an tsaoghail, ar mbeith dóibh sgríobtha i gcló buain-tsearmhach le cleite chruaidh iarainn i leabhar cunntais feisge an Tigearna, mar adeir Iób beannuighte—*in stylo ferreo* (Iób xix. 24). Cionnas do leómhfaidh mé teacht chomh truailligthe so do-chum an bhreithearnais chirt chruadhálaigh seo, nó créad é an dánacht dam beith ag déanamh peacaidhe ar an saoghal so, chum an oiread anmhó is mallacta do thuilleamhain dam féin? Ó a Dhia ghléigil, uile-chumachtaigh, ó táid m'uile smuainte, m'uile bhriathra, m'uile mhiangara agus m'uile oibreacha chum teacht dod' láthair lá an mhór-chruadhtain, agus chum marthanna dod' láthair le saoghal na saoghal, déonaigh anois m'fhanntaire do neartughadh, mo dóchas do chorrughadh suas, agus a chur i n-uimhil dam, ó bhadh thoil leat sníoghtaidhe is catoilicead do dhéanamh dhiom, gan éin-nídh do dhéanamh go lá mo bháis bhadh neimh-fhúntach chum teacht dod' láthair, ná do chongbhadh do mhór-ghrásta agus do leathain-bheannacht ó thuirling anuas orm.

Cuireann Eireirge Íosa Chríost compóird agus fólár ar ár ndóchas, ag laighdughadh ár n-ainmhian[1] agus ár mbuadhartha saoghalta; óir, má tá a dhiachair 'r a dhócamhlacht féin ag an gcreidheamh chríostamhail, níl sé gan a mhilreacht 'r a compóirda féin. Táid a chrosa féin ag an gcríostaidhe, gan éan-chontabhairt, le sulang is le gabháil tríotha, óir is oiriceas 'r is

[1] ár n-anbóin 'sa MS.

iomċubaiḋ ḋó buan-ċosnaṁ i ngráraiḃ Dé, a ḟír-éantaċt do ċoṫuġaḋ suas go slán follúin dá ċruṫuiġṫeóiri, glan-ḃuaiḋ do ḃreiṫ ar gaċ toirmeasg bíos i mbealaċ a ṡlánuiġṫe, ⁊ é féin do ċosaint ar ṫaoḃ na gcréatúirí, agus ar ṫaoḃ a ḋroċ-ċlaonta féin. Ní fuláir ḋó, mar sin, faire go fríoċnaṁaċ díċeallaċ, agus caṫuġaḋ go cróḋa neaṁ-ṫuirseaṁail, do ḃríġ naċ mbuaiḋteas 'san mbualaḋ aṫ le hiomad aireaċais agus le dian-ċoṁrac. Má tugtar sorad trosa ná tréin-imrir ar feaḋ lae ná tráṫa, dá aṫġairiu, tuiteann an críostaiḋe i n-uisláir na hainḋeise. Má stadann suas ó na subailcíḃ do ġráḋċant, tuiteann 'san bpeacaḋ; imṫiġeann a sriosad ar seaċrán; lagaiġṫear a ċroiḋe, agus is é an báṫ, fá ḋeóiḋ, ċuirfiḋ deireaḋ le n-a anró agus le n-a ṫubaist. Aṫ cá ḃfuil ní ar biṫ le faġḃáil ċoṁ mór-luaiġeaċ, ċoṁ tairbeaċ le smuaineaṁ ar an Eireiṁḟe, ċum dóċas an ḟír-ċreidiṁiġ do ċoṫuġaḋ i gcleaṫaḋ ṗeannadaṁail na subailcí, i n-aġaiḋ ṗóirniṫ is gnáṫ-ċaṫaiḋe an diaḃail, an tsaoġail is na colna? Bíonn an t-anam úir-líonta do'n dóċas ró-ṁilis seo, lán do ṁeiḋis agus do ġáirdeaċas, ar ḃfaicsin dó go ḃfuil an corp atá anois 'n-a ṫromualaċ air, lán do ċuirfṫeaċt, ullaṁ ċum an Eireiṁḟe do ḋéanaṁ gan mórán moille ar ṁoḋ ġlóirṁar corṁail le corp síor-uasal Mhic Dé. Dá ṁéid géir-leanaṁna, dá ṁéid diaċais, dá ṁéid céasaḋ is anasta do-ḃeir aingeal an aiḋḃeirseóra ḋó, is dá ṁó an sgráḋ 's an ċeanaṁlaċt bíonn aige do Dhia, is móide a ġreann ar a ḋliġeaḋ agus ar a naoṁ-aiṫeantaiḃ, agus is ró-ṁóide aḋṁuiġeann ór ár do is ór íreal, gurab é Íosa Críost an t-éan-ṁaiġistir go haonrasánta dár meaḃair leis géilleaḋ is fóġnaṁ. Dá ṁéid bíd droċ-ċlaonta

agus ainṁiana na colna ḋá ġroḋ-ḃrortuġaḋ ċum uilc ⁊ ag caṫuġaḋ i n-aġaiḋ a ṙrioṙaiḋe, ir mó 'ná rin an ḋúil ġlacann ré ċum iad do ṙmaċtuġaḋ ir do ḟrianaḋ, agus ċum glan-ḃuaiḋ do ḃreiṫ orra. I n-éan-focal, a ċríorṫaiḋṫe, níl peannaid ná diaċair, dá ġéire, le faġḃáil naċ ndéanann dóċar an Eireġe neaṁ-ṫáḃaċtaċ. Ir aṁlaiḋ rin do ċonnairc Iób le rosiaċt aigniḋ agus le ruaiṁneas, agus é ríntе go triaoċta laig-ḃríġeaċ tréiṫ-leóinte ar a ċairn aoiliġ féin, agus a ċuid feóla ag tuitim i n-a ṙtráiceannaiḃ ó ċéile, agus roin uile ṫríd an maċtnaṁ do-ṙigne ar an Eireġe. Ag ro mar adubairt fáiḋ oirḋeairc na foiġde—'Tá a ḟáir-ḟior agam go ḃfuil m'Ḟhuar-galtóir i n-a ḃeaṫaiḋ, go n-éireóċaiḋ mé an lá déiḋean-naċ ar an uaiġ, go gclúideóċar mé leis an gcroiceann ċéadna so agus go ḃfeicfead mo Shlánuiġṫeóir agus mo 'Ohia féin lem' ṙúile féin; atá an dóċar milis so ar folaċ i meaḋón mo ċroiḋe.'—*Scio enim quod Redemptor meus vivit, et in novissimo die de terra surrecturus sum: et rursum circumdabor pelle mea, et in carne mea videbo Deum meum . . . reposita est haec spes mea in sinu meo* (Iób xix. 25-7).

Is mar sin baḋ ċóir ḋúinn-ne laḃairt, agus baḋ leór ḋúinn é ċum luṫġáire do ḃeiṫ orainn ins na géir-leanaṁnaiḃ ar aṁgairġe, agus ins na caṫairiḃ ar déine díċeaṁla ar son an ċreidiṁ. Agus go ṙiṁ-neaċ ir aṁlaiḋ do laḃradar na creidṁeaċa i ḃríor-ṫoras na hEaglaise.

Béiḋ sólás mór orainn, ar siad, ins gaċ mór-ġuaraċt agus ainḋeise ar gáḃaḋ ḋúinn d'ḟulang, do ḃríġ gur eireġis Críost agus go ndéanfamaoid-ne féin an t-eireġe mar aon leis; tugṫar míle mallaċt dúinn, ní ġaḃmuid mío-ṫara ṫríd; déantar magaḋ is

fonoṁaid fúinn, ní ċuirfimíd fréir ar biṫ ann; tugṫar ár gcolann do na leóṁnaiḃ agus do na beaṫaidiġiḃ éigciallta, gidead, geaḃaid an Tiġearna trócairseaċ feilḃ ionainn, agus aiṫḃeódfaid fé ár gcuirp go glórṁar mar a ċorp féin. Uime sin, beirimid ár mbeannaċt do'n ṁuinntir do ṁalluiġear sinn; guidimid ar son na drúinge do ċionntuiġear ⁊ do ṁarluiġear sinn, agus déanamaoid gaċ gné maiṫeasa dá ḃfuil i n-ár gcuṁaċtaiḃ do luċt ár n-ingreamṫa ir ár ngéir-leanta. Ir féidir liḃ sinn do ṫaḃairt suas ċum báis. Gidead, cuiṁniġid go ḃfuilingmid é ar son Dé do ḋéanfaid glórṁar onóraċ fós sinn, ar ċos go n-iompóċar ḃur marlaḋ agus ḃur mbuillí 'n-a meaḋaċain glóire agus onóra ḋúinn ⁊ dorċadas ḃur mbraiġdeanais agus cruaḋálaċt ḃur ngeiṁleaċ 'n-a lonnraḋ foillre ċum laraḋ ḋúinn le faoġal na faoġal.

Fá ḋeóid, smaċtuiġeann agus stiúruiġeann Eireirge Chríost ár nóċas; óir go fírinneaċ, a ḋearḃráiṫreaċa, ir é ar áḋḃar príoṁ-ḃunaḋasaċ dár dtuitim 'san ḟeacaḋ, go gcuirimid a n-aiṫne[1] ḋúinn féin, go mbéid Dia faḃaraċ ḋúinn, go ḃfillfid fé orainn, ar ṁoḋ go ngaḃamaoid mar sin anóċas agus muiniġin ḟallsa. Aċt leasuiġeann Eireirge an tSlánuiġṫeóra na saoḃ-nósa soin; óir múineann an Ríuntaiṁair só-oirḋeasc so ḋúinn, gurab iomċuiḃe ċum tiġeaċt i feilḃ na beaṫaḋ síorraiḋe an saoġal cailleaṁnaċ so do ṫréigean, agus sin do ḃríġ gur ól seisean doṁblas ir fíréigse sul do ḃlais sé milseaċt Fhlaiṫeaṁnais, agus gur ḟulaing sé ó na droċ-ḋaoinib iomad droiċ-ṁeasa ir mór-ṁarlaiḋ, ionnas gur gairmeaḋ ḋe 'Fear na n-anró agus na

[1] 'naiṫ 'sa MS.

ndoilġear,' rul do ġaḃ ré ionad go mórḋálaċ molaḋ-ċroċaċ ar ḋear-láiṁ an Aċair Uile-ċuṁaċtaiġ. Níl, a ċáirde, i n-eireiriġe an ṗeaċtaiġ aċt téarnaḋ ó rtaid an ṗeacaiḋ ċum beaṫaḋ na ngrár: 'r é rin le riáḋ, má ṫuitimid tar éis beaṫaḋ na ngrár 'ra bpeacaḋ, is éigean dúinn é d'ḟaġḃáil tar n-ais arís le hiomad duaiḋ agus aṫṫuirire, óir is dócaṁla an t-aṫ-ṫuitim do leiġear 'ná an peacaḋ féin ó ṫúis; agus do ḃríġ gur fír-beagán do ġlacann an duaḋ go oiria, mar rin, níl ann aċt fír-beagán do ḋéanann an t-eireiriġe. Agus a ċríorraiḋe boiċt, cá ḃfuil duit go dtaḃairfaiḋ Dia ḋuit, gan duaiḋnéis gan anró, an ní do ċoraim an oireaḋ roin foireiġin agus aiṫriġe, an oireaḋ mairtra agus uṁlaċta do Shlánuiġṫeóir an ċinniḋ daonda? Cá ḃfuil duit naċ ḃfágfaiḋ ṫú go tráiġte meirḃ lag i gcréiḋ na talṁan, tar éis ṫú 'ḃargaḋ ċoṁ amaideaṁail rin an dara huair? Cá ḃfuil duit naċ é an t-aṫ-ċaraḋ déiḋeanaċ ro do-ruigne tú 'ran ṗeacaḋ an uaiġ ríoṁraiḋe 'n-ar dual ṫú d'aḋlacaḋ, mar adeir Erechiel: *in circuitu illius sepulchrum ejus*? (Erech. xxxii. 22).

Léiġimid, go deiṁin, 'ran Sgríḃinn Diaḋa gur aiṫ-ḃeóḋaḋ ó ṁarḃaiḃ éan-uair aṁáin Lazarus, inġean Iáirus agus inġean na baintreaḃaiġe boiċte i Náim, agus gur tugaḋ beaṫa nua ḋóiḃ tar éis a gcéadḃáis. Giḋeaḋ, ní ḟaġmuid amaċ i n-éin-ionad gur tugaḋ an t-eireiriġe ḋóiḃ ó'n gcéad ċuairt rin amaċ. Ó ní ṫug an Tiġearna riaṁ, agus ní ṫaḃairfaiḋ go ḃráṫ, an t-eireiriġe fá ḋó d'éinneaċ, leis rin gur mian leis a ċur i n-uṁail dúinn, naċ ḃfuil ní ar biṫ níor annṁa 'ná eireiriġe an aṫ-uair ċum beaṫaḋ na ngrár, ar an áḋḃar naċ dtugaḋ eireiriġe ċum beaṫaḋ na nádúire d'éan-duine dár ṁair ar an raoġal riaṁ.

Déanamaois, dá bríġ sin, a ċáirde ró-ġráḋaċa, úráid ṁaiṫ do'n ċeaċt ró-éifeaċtaṁail sin, agus bímís buain-tṡearṁaċ díleas i mbeaṫaiḋ na ngrás atá ċoṁ dócaṁail le faġbáil tar n-ais, agus má bíoḃas ċoṁ mí-áġṁasaċ agus a ċailleaṁain, cuiṁniġiḋ gusab iad luaċ fola uaisle ár Slánuiġṫeóra iad, agus gus mó cailleaṁain an ċiste ṁór-luaiġeaċ fosin na ngrás 'ná cailleaṁain na gcréatúirí uile le céile 7 cailleaṁain an doṁain ṁóir mar aon leó, do bríġ naċ bfuil sé i n-a ċuṁaċta go léir ar éin-sian bus nóiġbála do leiġeas ná do ḋéanaṁ suas.

Dá bríġ sin, das nóiġ, baḋ ċóir ḋaoiḃ maċtnaṁ ní bus truime ar an bríṡinne sin, beiṫ aiseaċ sníoċnaṁaċ fearta, caṫuġaḋ go cróḋa corantaċ i n-aġaiḋ náṁad bus slánuiġṫe, 7 buan-ċornaṁ do ḋéanaṁ i ngsáraiḃ Dé, d'eagla taḃartas ċoṁ mór-luaiġeaċ, ċoṁ trom-éadálaċ leis, do ċailleaṁain ar feaḋ na síorṡaiḋeaċta.

Aċt anois ó do ṫairbeán mé ḋaoiḃ, na sníoṁ-áḋbais atá againn ó Eiréirġe Íosa Chríosd ċum buan-ċornaiṁ i ngsáraiḃ an tSlánuiġṫeóra, ní mór ḋam anois a ċruṫuġaḋ 's a ċraoḃsgaoileaḋ ḋaoiḃ an eisiompláir oiṡḋeasc do-beis sé fós dúinn ins an dara roinn dom' ċoṁráḋ.

An Dara Roinn.

Ní ḟuiġiḋ Íosa Críosd bás an aṫ-uais tar éis a aiṫḃeóḋċain ó ṁarbaiḃ. Mar aduḃairt an tEarbol, ní béiḋ uaċtaraṁnaċt ar biṫ ag an mbás ais fearta, ar an áḋbas go gcialluiġeann Eiréirġe Mhic Dé aṫnuaḋaċan beaṫaḋ iomṡlán, ionnas naċ bfuil éin-ní talṁaiḋe le faġbáil ann. Agus ó d'éiriġ sé éan-uair aṁáin as an tuamba, níl ní ar biṫ baineas le cséiḋ

na talṁan ag roinn leis. Ag so, a ċríorthaiḋṫe, ḃur n-eisiomplóir oirḋearc, óir ċum eisréirġe ṗírinneaċ do ḋéanaṁ, ní mór ḋaoiḃ sgarṁain le gaċ níḋ ṫig ó'n saoġal malluiġṫe agus ó'n sgréiḋ ċailleaṁnaiġ. Ní mór ḋaoiḃ beaṫa nua do ċeapaḋ ḋaoiḃ féin ḃíos tógṫa suas i ngnóṫaíḃ na Ríoġaċta Neaṁḋa, air ṁoḋ go ndéanfar daoine sgriosaḋálta ḋíoḃ: óir má oileann sib éan-ċeann aṁáin d'ḃur nosoċ-ċlaonthaiḃ gan a léirsgrios 'r a suaġaḋ ar ḃur gcroiḋṫib, árdóċaiḋ agus brostóċaiḋ sé na hainṁiana uile le ċéile ċum éirġe suas agus ċum buaḋċain oraiḃ, go díreaċ mar déanann éan-loṫ nó éin-niosóid aṁáin, muna gcuirteas ceirín leis go hobann, uile ḋroiċ-leanna an ċuirp do ṫarraing ċuige: 'r é sin le ráḋ, gur cóir ḋaoiḃ ḃur n-aireaċas do ṁéaduġaḋ tar éis éirġe as an bpeacaḋ. Agus fá mar naċ raiḃ Íosa Críosd go hiomṡlán nó gur ḃuaiḋ sé ar an mbás gan caoi airis d'ḟágbáil aige, mar an gcéadna ní ḃíonn iompoḋ an ċríosdaiḋe ar Dhia foir-líonta, nó go mbuaiḋfiḋ sé go caiṫréimeaṁail ar uile náṁoiḃ a anma. Go ṗírinneaċ, a ḋearbráiṫreaċa, an ḟaid is atáid iomad subailcí fós le cleaċtaḋ, agus iomad dubailcí le feaċaint, níl ḃur n-iompoḋ ar Dhia aċt leóinte neaṁṫairbeaċ. Tar a ċeann roin, is earráid ró-ċoitċeann i measg na gcríosdaiḋṫe go bféaċaid ar aimsir na Cásga mar aimsir róiġ agus súgraiḋ, ċum biaḋ agus deoċ do ċaiṫeaṁ. Aċt adeirim-se liḃ, má's meaḃair liḃ buain-tṡearaṁ i ngráraiḃ Dé, is dual daoiḃ am ḃur n-eiréirġe do beiṫ 'n-a aimsir tear-ġráḋa agus ionnsaisir ċum tuilleaḋ deaġ-oibreaċ do ċleaċtaḋ, agus ċum ḃeiṫ níos dílse feasta ag dlúṫ-ċoiṁéad na n-aiṫeanta.

Atá sé ró-ċinnte go mearaid uṁóir na gcríos-

taiġde tar éis a mbreitheamhnais aithrige do choimhlíonadh, go bfuil ceart dlisteanach aca fsad fuas ó na deagoibreachaibh, ar mhodh gur dóigh leó go mbaineann sé le haimsir na Cásga súsraidh agus aoibhneas do chleachtadh, beith ag ithe agus ag ól i dtigthibh an tábhairne, agus beith só-fhánach ag guidhe Dé, ag éisteacht Aifhinn, ná ag déanamh mórán naomh-oibreach eile d'oireas do fsaid beathadh agus do ghualgas an chríostaidhe. Chum go mbreithneóchadh sibh go cruinn ar mhéid agus ar fhuathmhaireacht na heasmhaidhe seo, is leór ghám a innsint daoibh nach bhfágfhann an claon-nós úd idir-ghealughadh ar bith idir chaon-dúthracht na bhfír-chreidmheach ag onóruighadh aon do na Rúindiamhaibh ar áilne i n-ár gcreideamh, agus clearas dia-mhaithidheacha agus súgairtha puiblidhe malluighthe na bhfágánach ag adhradh agus ag onóruighadh a nDéithe bhfallsa. Is leór ghám a mhínuighadh ghaoibh gurab é ar ádhbar bunaidh do'n luthgháir thairbeánann an Eaglais le n-a héadaighibh, le n-a ceólmhaireacht agus le n-a síor-chantain sailm is oráidí, an buaidh leathan-chorgasach glórmhar sus Íosa Críost ar an mbás, mar aon le buadhacan saoradhálach na gcríostaidhe thríd sin ar an bpeacadh. Uime sin, má bíodhar i n-bhur mbraighdibh mí-ághmasacha ag bhur ndroch-chlaontaibh, tá an Eaglais fós n-a héideadh dobhróin dá bhur gcaoineadh, ar chor nach ngeabhaidh luthghásr, nó go bhfillfidh sibh tar n-ais ar cruaidh-cheangal na ngeimhleach ndochrach le n-a gcuibhrighthear sibh.

Arís, ní iarrfaidh mé acht bhur n-aomhála chum a chruthuighthe go bfuil an earráid, tré n-a bhféachamaid ar an gCáisg mar leathnadh luthghásre agus caithfeamh aimsire, i n-aghaidh naomthachta an chríostaidhe, óir má bhadh dheónaighthead le Dia tar éis bhur dtuitim go minic i b-peacaidhibh, grásra na haithrighe do thabairt daoibh 'ran

aimsir beannuiġṫe seo na Cásga, níl ionnaiḃ mar sin acht aiṫriġiġ nua; níl siḃ acht dá ḃur n-ullmuġaḋ féin ċum ḃur mbeaṫa do leasuġaḋ agus ḃur nosoiċ-ċleaṫṫa do ṡréigean, mar aon le sún daingean do ḃeiṫ agaiḃ ċum leóir-ṡásaiṁ ar son na bpeacaiḋe d'imṫiġ ṫasaiḃ, agus aiṫriġe ġlan do ḋéanaṁ ionnta.

Ní ċreideann siḃ gurab imneaṁail sóġantaċ ḋaoiḃ so-ḋeóra tsoma, ornaiḋe áiriṫe agus adṁála sánaċa ċum oireaḋ cionnta ir do-rigneaḃar do léirsgrior, agus go ḃfuil ceart dlisteanaċ agaiḃ ċum silleaḋ arís ar ḃur sean-oibreaċaiḃ, agus gaċ éin-ṁiléaċt saoġalta do ḃlaiseaḋ dár ġeall siḃ do ṡréigean ar feaḋ ḃur mbeaṫaḋ. Ó, ní mar sin do-rigne an Sailmiḋe Ríoġaṁail. Ó ní haṁlaiḋ! Ní raiḃ sásta le ráḋ tré ċroiḋe-ḃriúġaḋ tsom-ornaiḋṫeaċ, agus caise do ḋeóraiḃ géara as sileaḋ ó n-a rosgaiḃ: 'a Ṫhiġearna, do ṗeacaiḋ mé i n-aġaiḋ do ṁórḋaċta,' acht fós, ba ṁór é faid ⁊ cruaḋáláċt na haiṫriġe do-rigne. Tar 'éis sin, do b'ṡéidir gur mó do ṗeacaḃar-sa 'ná an Ríoġ-ṡáiḋ naoṁṫa so. Ní haṁlaiḋ fós do-rigne an tearsol oirḋeaṗc, Pól, tar éis an tsaoṫair iongantaiġ agus na mbaoġal ndo-innste dár ġaḃ ṫríd. Do ḋearmaid sé an aimsir d'imṫiġ ṫairis agus do ċoṁairiṁiġ mar neiṁníḋ a ḋuaiḋnéis agus a saoṫair uile, ar ċor ná raiḃ do smuaineaṁ aige acht cionnas do ṫiocfaḋ leis tuilleaḋ anrió agus anacra d'ṡulaing ċum glóire Dé do ṁéaduġaḋ, agus ċum é féin do ḋéanaṁ sriúntaċ ins an ṁiniortáláċt ḃeannuiġṫe ċum ar gairmeaḋ le hÍosa Críost é: *quae quidem retro sunt obliviscens, . . . extendens meipsum . . . ad bravium supernae vocationis Dei in Christo Jesu* (Philip. iii. 13-14).

Do baḋ leór ḋaoiḃ ḃur dtaiṫiġe féin ar an saoġal

so ċum a ḋeiṁniuġaḋ ḋaoiḃ, ó naċ ḃfuil éan-aimsear ann 'n-ar tréine agus 'n-ar iomadaṁla bíd na droċ-ċlaonta ag iarraiḋ uaċtaráṁnaċt do ḃreiṫ oraiḃ 'ná i dtosaċ ḃur slánuiġṫe, 7 mar sin gur dual daoiḃ ḃur n-aiṡeaċar do ṁéadugaḋ; óir is 'san aimsir sin féin do ġléasann an mac mallaċtain atá ag fosceamár do ló is d'oiḋċe ċum ḃur ndíoġbála, a ċealga uile ċum siḃ do ġabáil i n-a líontaiḃ malluiġṫe. Agus anois, ó ġeibeann sé amaċ gurab iad sgiára Dé atá dá ḃur dtreóruġaḋ agus dá ḃur gcoiṁdeaċt ċum ḃur leasa, cuireann sé os coṁair ḃur súl na coṁluadair ċéadna, an caiṫeaṁ aimsire céadna, na cealga díoġbálaċa céadna tré n-ar meallaḋ agus ar milleaḋ roiṁe siḃ. Is é seo an t-am 'n-a ngabann sé ċuige seaċt ndeaṁain eile ċum ḃur n-anma d'ḟosloingsport agus d'ionġaḃáil trí ċéadfaḋa ḃur gcuisp, d'ḟonn seilḃe do ġlacaḋ airís ins na croiḋṫiḃ ar ar díbreaḋ go caṫaiseaċ é le mór-ġráraib Íosa Chríosd. I n-éan-focal, a ċríosdaiḋṫe, táid na grára fuarabar 'san Cháisg beannuiġṫe seo, ró-ḟuar le cailleaṁain. Is cosṁail iad le sseiḋ beag teineaḋ nár coisleaḋ go maiṫ, agus ar ċóir aise ṁaiṫ do ṫabairt dá réideaḋ; nó le gar do ċrann ós nár ġab sréaṁ ḋaingean 'san ċréiḋ fós, dár dual a oileaṁain agus a nearṫuġaḋ ar feaḋ tamaill; nó, fá ḋeóiḋ, is deallraċ iad le harbar ġlan cruiṫneaċta do ṡíol-ċuirteas 'san talaṁ agá ndéanfaḋ an cogal ar míne do ṁúċaḋ, gan iomad aiṡeaċair do ġlacaḋ 'n-a ṫimċeall. Tá siḃ i n-ḃur leanḃánaiḃ nuaiḋ-ḃeirṫe,—*sicut modo geniti infantes*,—mar adeir an naoṁ-earbol, Peadar. (I. Pead. ii. 2.) Tá gábaḋ agaiḃ dá ḃur neart agus dá ḃur gcuṁaċtaiḃ uile ċum siḃ do ċoraint ó'n oiṡead soin náṁad. Do-ċíonn siḃ gurab ó éan-ċlaon-aṁarc aṁáin ar bean

Uriar do ṫuit Dáiḃí i bpeacaiḋiḃ aḋaltranair agus dúnṁarḃṫa. Is ar éigean do luiġ Soloṁ, mac Dáiḃí Rí, súil ar na mnáiḃ coigcríċe ṫáinig dá ionnraiġe, naċ raiḃ sé do ṁío-ṫara ann túir do lorgaḋ dá n-íoḋalaiḃ agus aḋraḋ dá ndéiṫiḃ fallsa; óir ní iarraid na subailcí naċ mbíonn aċt 'n-a ḃríor-ṫoraċ aċt caṫaiḋe ró-laga ċum iad do ċailleaṁain go bráṫ. Dá ḃríġ sin, baḋ ċóir ḋúinn breiṫeaṁain go glinn guiaḃ é an t-amaideaċt ar mó do-ḟiġneaḃar riaṁ, siḃ féin do ṫaḃairt suas arís go náireaċ dá ḃur nsroċ-ċlaontaiḃ, ḃur ngráda nua do ṫréigean, ná géilleaḋ ar ċor ar biṫ dá ḃur náiṁdiḃ sriorradáltа atá mar leóṁain ċraoraċa ullaṁ ċum siḃ d'alraḋ agus do stollaḋ ó ċéile.

I n-éaġmais na n-áḋbar so uile, breaṫnuiġiḋ sór, ó do-ḃeir an Eaglais naoṁṫa dá clannaiḃ toġṫa níos lúġa caḃair istiġ 'r amuiġ 'san Cháisg 'ná i n-aimsir an Charġais, baḋ ċóir ḋaoiḃ-se sin do ḋéanaṁ suas tré ṁéid agus iomadaṁlaċt ḃur dteas-ġráḋa is ḃur n-aiṫriġe: óir ins na laeṫiḃ úd tréaḋanais agus aiṫriġe an Charġais, do hoileaḋ go mór agus do coṫuiġeaḋ ḃur naoṁṫaċt ó'n dtaoḃ amuiġ. Do ḃíodar coiṁṫionóil ġnáṫaċa 7 coṁluadair ḃeannuiġṫe ins na teampallaiḃ, iomad déise dá ṫaḃairt do ḃoċtaiḃ Dé, triosgaḋ, tréaḋanas agus urnaiġṫe dá ngnáiṫ-ċleaċtaḋ, ḃeiṫ d'ḟiaċaiḃ ar a malluiġṫeaċt géilleaḋ nó dul i ḃfolaċ, mar aon le seanmóra agus craoḃ-sgaoileaḋ focail Dé, ċum a dtigiḋís na creideaṁeaċa go léir, aċt sír-ḃeagán do ṗeacṫaċaiḃ cruaḋ-ṁuinéalaċa. Do ḃíodar so uile sóġanta inneaṁail ċum sruan do ċur leis na droċ-ċlaonta agus ċum neart agus ḃríġ do ṫaḃairt do'n ċríosdaiḋe ċum eisréiġe ar an bpeacaḋ. Giḋeaḋ, 'san aimsir atámuid ar tí a caiṫeaṁ ní

fáġmuid an oiread congaṫa ċum sinn do ċosaint, do neartuġaḋ ná d'oileaṁain; agus go hiniṁeaḋónaċ tá sgéiṁe agus deise na hinġine níoġaṁla so na hEaglaise i bfolaċ le feicsin.

Smuaineann sí go bfuilid a clann tar éis an eiréirġe do ḋéanaṁ; agus tré bríġ na ngrás fuaradar, go bfuilid 'n-a noaoimiḃ sriosaḋálta. Mar, ní ṫabrann sí ḋóiḃ aċt roinn do'n ṫaḃair ba ġnáṫaċ léi do ṫaḃairt aimsir an Chaisġair; óir anois tá críoċ ar a dtrosgaḋ, ní ḟuilid na hurnaiġṫe puiblide ċoṁ coitċeann. Tá coiṁṫionóil na gcreideaṁeaċ níos annṁa. Níl na seanmóra ḋá gcraoḃsgaoileaḋ ċoṁ minic, ar an áḋḃar go mearann an Eaglais sib do beiṫ láidir i ngráraiḃ Dé agus naċ bfuil riaċtanas agaiḃ feasta le bainne leanḃáin ċum ḃur gcoṫuiġṫe.

Críoċnuġaḋ.

Ag sin, a ċáirde, áḋḃair agus eisiompláir ḃur mbuan-ċosnaṁa i ngráraiḃ Dé le feicsin Eiréirġe Íosa Chríosd. Uime sin, stiúruiġim ċuġaiḃ na bríaṫra aoiḃne úd aduḃairt an tEaspol leis na cineaḋaċa bí nuaiḋ-beirṫe 'ran gcreideaṁ:

'A ḋearbráiṫreaċa,' ar sé, 'searṁaiḋ go daingean ins na gráraiḃ fuarabar, agus ná fulangaiḋ beiṫ gaḃṫa an aṫ-uair fá ḋaoirse agus fá ṫromsgláḃaċt an diabail.'—*Fratres, state et nolite iterum jugo servitutis contineri* (Gal. v. 1). Díbirḋ ar ḃur gcroiḋṫiḃ gaċ éin-ní do ċeanglann do'n tsaoġal ċailleaṁnaċ sib. Sgriosaiḋ is fuagaiḋ ó n-ḃur gcogcuḃar gaċ droiċ-ċleaċtaḋ agus claon-nós, ċum fiaġalaċa Chríosd do ġeineaṁain ionnta. Cuirid suas dá ḃur nosoċ-ċoṁluadar, dá ḃur n-éigceart, agus do'n onóir ḟallsa agus do'n tsaiḋḃreas ḟeall-

taṁail atá an faoġal ag gealláṁain daoiḃ. Ná mealláiḋ siḃ féin. Ná bainiḋ ḋíoḃ toraḋ an oiṁid sin do ḋeóraiḃ do ḟileaḃar i gcaṫaoir na faoisdine, agus ná leigiḋ an oireaḋ soin tríogaiḋ agus tréaḋanais, déirce agus uirnaiġṫe do ḋul ċum dioiċ-ċríċe agus neaṁ-ṫairbe ḋaoiḃ: *tanta passi estis sine causa?* (Gal. iii. 4), mar adeir an t-earbol céadna.

Ná congḃaiḋ fearta an dioċ-ċuideaċta ċéadna, ag iṫe agus ag ól agus ag ceapribaċar i dtiġ an táḃairne ná i n-ionadaiḃ toirmirgṫe eile. Tréigiḋ go hiomṡlán iad, óir ní ḋéanfaid uile le ċéile anam glóriṁar an ċríosdaiḋe do léar-ṡáraṁ: *state et nolite iterum jugo servitutis contineri* (Gal. v. 1). Déanaiḋ aṁáin cosaṁlaċt idir an staid ṡocair ṡárta i n-a ḃfuil sib anois tré ġráda ṁór-luaiġ na Sacramainte beannuiġṫe, agus an stáid ḃuaḋairṫa i n-a bí sib roiṁe seo; idir ṡuaiṁneas ḃur n-anma anois, adeir lib go ḃfuil Íosa Críosd 'n-a ċoṁnaiḋe ionnaiḃ, agus an-ṡocraiċt ḃur gcogcuḃair bí dá ḃur gcéasaḋ roiṁe seo tré ṁéid agus tré iomadaṁlaċt ḃur gcoirṫeaċ. Aiṫrigiḋ dúinn dá ḃríġ sin, a anamanna na ḃfiréan, an n-eaḋ naċ ḃfuil ḃur ndioċ-ċlaonta díbeairṫa agus ḃur mbuaiḋreaṁ aigeanta coisgiġṫe?—an n-eaḋ naċ ḃfeiceann sib le haoiḃneas ṁór intinne, na haltóra naoṁṫa ar a n-íoḋbairṫar ḋaoiḃ gaċ lá an t-uan gan teiṁeal?—an n-eaḋ naċ ḃfuil meaḋair oraiḃ nuair do ċluineann sib ceólṁaireaċt Luṫġára na hEaglaise mar ḃinn-ċanntain Sléibe Sion?—an n-eaḋ naċ lán-toilteanaċ éirteann sib anois le craoḃsgaoileaḋ focal Dé, ṫar ċeann gur éirteaḃar roiṁe seo leó, mar ċlaiḋeaṁ géar líoṁṫa ag treiġdeaḋ meaḋón ḃur gcroiḋṫe i lár ḃur ḃfleaḋ mór ir ḃur gcóisir? Cuiṁniġiḋ ar aimsir ḃur gcionnta le doilġeas croiḋe,

agus aiṫṁiriḋ ḋúinn má ḃlaiṡeabar éin-ní i gcoraṁlaċt do'n ṁilseaċt do ṁoṫuiġeann ris i sraid na nglár?

Ná bíoḋ leisge ná mío-ṫapa oraib saoṫar víċeallaċ do ḋéanaṁ ċum an tabartar beannuiġṫe seo na nglár do ċoṫuġaḋ agus d'oileaṁain ionnaib, agus ná mealltar ar ċor ar biṫ sib leis na náiṁdib ṡealltaṁla.

Do-ṁisgneaḋ oiġṁḋe Ṡhlaiṫeaṁnais díoḃ leis an Eiréiṡe. Bíoḋ ṡuaṫ agus droiċ-ṁeas agaib ar gaċ níḋ do ċuiṁṡeaḋ bun-os-cionn ar bun nóóċas sib. Do-ṁisgneaḋ clann toġṫa Íosa Chríosd díoḃ, agus seasṁaiḋ amaċ go húr-ṁisneaṁail sróḋa ag cosaint na cáilíḋeaċta naoṁṫa seoin. I n-éan-ḟocal, a ċríosdaiḋṫe, do ċuiṁeaḃar luṫġáir ar aingliḃ Ṡhlaiṫeaṁnais ag iompoḋ ó bun gcoisṫeaċaiḃ go sraid na nglár; cuirid ḟós luṫġáir ar aingliḃ na talṁan. Cuirid mór-ċompóid ar ṡagartaiḃ Dé atá 'n-a ḃriaḋnaiḋṫiḃ ar bun ndoilġeas sroiḋe agus 'n-a luċt súin ar bun smuaintiḃ ins an ḃraoisdoin. Do ġaḃadar bun n-osnaiḋe. Do ċuimileadar bun ndeóra. Do ṗéiḋeadar ḋaoiḃ sliġṫe na haiṫisġe. D'ionnladar sib ó n-bun gcoisṫeaċaiḃ, agus do-ṁisgneadar bun síoṫċáin le n-bun mBreiṫeaṁ Uile-ċuṁaċtaċ do bí i bréisg lib.

Stiúraid ḟós le na gcoṁaisle sib, agus déanaid imṡiḋe ar bun son le n-a ndeóra. Ioḋbraid i láṁaib an Ath Ṡíosraiḋe Airṡinn go laeṫeaṁail daoiḃ, agus neartuiġid ḟós le n-a n-uṁaiġṫe agus le n-a ndeaġoibreaċa sib. Uċ! uċ! a ċáisde, ná déanaiḋ-se tré bun bṡailliġe an ní do-ṁisgneadar-san do ċur ar bun daoiḃ le hiomad teas-ġráḋa [do ṁilleaḋ].[1] Ná bíoḋ ċoṁ cruaḋ-ċroiḋeaċ seoin daoiḃ féin agus a saoṫar do

[1] Tá focal éigin nó dó gan beiṫ 'sa MS. annso.

ḋéanaṁ neaṁ-ṫairḃeaċ, agus ná cuirid d'ḟiaċaiḃ orra, tar éis trócaire an tSlánuiġṫeóra d'iarraid ḋaoiḃ, díoġaltas agus díbḟeargs Íosa Chríosd d'iarraid anois i dtaoḃ a ċuid fola uairle do ḟatalaḃas fá n-ḃur gcoraiḃ, i dtaoḃ a ṁór-luaiġeaċta do ċuireaḃas i neaṁ-ḟuim, i dtaoḃ a Shacramuinte do-ṁiġneaḃas do naoṁ-aiṫiriuġaḋ agus a ġrásta mór-luaiġ nár ḃ'áil liḃ.

Tá riad anois dá ḃur nearṫuġaḋ ins na gealláṁnaiḃ do-ḃeir ḃur nDia trócaireaċ ḋaoiḃ ċum Ríoġaċt Fhlaiṫeaṁnais d'ḟaġḃáil. Dá ḃríġ sin, déanaid siḃ féin siúntaċ ins na gealláṁnaiḃ beannuiġṫe sin, ag buan-ċornaṁ go díliṫ ionnsaic i ngráraiḃ ḃur n-eirréirġe, ar an áḋḃar gurab é an t-éin-ṁeaḋón d'ḟanas againn 'san ġleann so na ndeór, ċum an ċoróin ġlórṁar do ġeall Íosa Críosd dá ḟíréanaiḃ do ḟaoṫruġaḋ ḋúinn 'san Ríoġaċt Neaṁḋa: agus is é sin iarraim daoiḃ-se ⁊ dam féin—i nAinm an Aṫair, ⁊ an Mhic, ⁊ an Spiorraid Naoiṁ. Amen.

Seaġan ua Connaire,

1769.

Seanmóir a Seacht.

Ióbairt an Aifrinn.[1]

(An dara Domhnach tar éis na Cingcíse.)

Nemo virorum illorum . . . gustabit coenam meam.

Ní blaisfiú aon do fhaoiniú sin mo fhuiréas-sa.
—Lúcás xiv. 24.

Thug duine mór, adeir Íosa Críost inár an tSoisgéal, óróuighaú dá fheirbísiúlú mórán daoine a dtug sé cuireaú dóiú do ghlaoúach cum teacht go fuiréas mór do bí sé ag tabairt daiú. Ní tánagadar. Thugadar leithscéalta móra fallsa uatha. Do ghlac feaisg an prionnsa, ⁊ thug sé óróuighaú dá fheirbísiúlú a boicht ⁊ a dheibléana féin do thabairt isteach 'n-a chuireaú; ⁊ do dheaisbuig sé ná blaisfeaú éan-duine dá bhfuair cuireaú blúire dá fhuiréas go bráth.

Cia hé an prionnsa mór so thug an cuireaú daiú? Íosa Críost, an Dara Pearsa do'n TríonóidRó-Naomhta. Cia an fuiréas é seo do thugann sé daiú? Tá, a chríostaidhe, a chorp ⁊ a anam, a chuid fola ⁊ feóla, a dhiaúacht ⁊ a dhaondacht, i n-éan-focal, Sacraimint beannuighte na hAltóirach. Cia hiad na feirbísiúlú iad so 'n-a dtugann sé óróuighaú dóiú, glaoúach air na daoiniú? Na hearbuig ⁊ na fagairt do chraobhsgaoileann a chreideamh air feaú

[1] Murphy MSS., vol. 42, pp. 52-63. Sermon by the Reverend William Ahern, 1804.

an domain. Cia liad na daoine iad ro 'n-a dtugann ré cuireadh dóib? Sib-re agus an faoghal uile go léir. Cuireann an méad rin do'n tSoirgéal luchtáir orm, a chríoraidhe, acht cuirtéann mo chroidhe nuair fhuaimim ar na foclaibh déidheanacha. Tá Íosa Críost i Sacraiminte na hAltóirach mar bhreithéamh ar an mbinnre i dTig na Cúirte. Tugann ré an bhreitheamhnas marbhtach ro, 'ní bhlaisfidh mo fhuiréar-sa go bráth,' ar na daoinibh seo thugann neamh-fhuim 'san Airfeann; ná tigeann ag tuall air, nó, má thigidh, ná héisteann é mar ar cóir Sul fá chuirfinn éin-riaghail daoibh cum an Airfeann d'éisteacht ar an gcuma 'n-ar maith le Dia é, mineóchad daoibh créad é an ní an tAifeann.

Is é an ní an tAifeann, íoghbaist Íosa Chríost. Íoghbhann ré é féin fuar do Dhia ar ár n-altóraibh. Is é féin an íoghbaist agus an t-árd-fhagaist i n-éinfheacht. Is é an ní d'orráilimíd fuil agus feóil ar Slánuighteóra. Cia dó? Do Dhia mór na cruinne. Is iad na fagaist ministéirí na híoghbaista; agus orráilid na críoraidhe bíonn láithreach, fuar do Dhia í i n-éinfheacht leis an fagaist. Ar an ádhbar sin, níl éin-tsliighe chomh maith cum an Airfeann d'éisteacht mar ar ceaist, le n-ár gcroidhe, le n-ár n-intinn agus le n-ár n-aigneadh, do beith i n-éinfheacht ar éan-ghuith le croidhe, le hintinn agus le haigneadh an tsagaist, ag tabhaist molaidh agus glóire do Dhia. Má leanmaoid an riaghail seo, is féidir linn trí chodhcha do dhéanamh do'n Airfeann. An chéad chuid, ó n-a thosach go dtí an aimsir 'n-a n-orrálam fuar do Dhia an t-arán agus an fíon. Ar feadh na haimsire sin, bhadh ceart dúinn fhuaineamh ná fuil éin-fheacthaigh chomh mór linn féin; bhadh ceart dár gcroidhe beith

líonta do ċaṫuġaḋ ⁊ do ḋubṙón maṙ ġeall aṙ ṙailċeaċt áṙ bṙeacaiḋe. An daṙa ċuid, ó'n uaiṙ 'n-a n-oṙṙálam an t-aṙán ⁊ an ṙíon go roinnṙeálṫaṙ iad i bṙuil ⁊ i bṙeóil áṙ Slánuiġṫeóṙa. Aṙ ṙeaḋ na haimṙiṙe ṙeo, baḋ ċeaṙt dúinn ṙinn ṙéin do ṫabaiṙt ṙuaṙ do Dhia maṙ íoṡbaiṙt i n-éinṡeaċt le Íosa Criosṫ. An tṙeaṙ ċuid, ó'n aimṙiṙ 'n-a roinnṙeálṫaṙ an t-aṙán ⁊ an ṙíon i bṙuil ⁊ i bṙeóil áṙ Slánuiġṫeóṙa go dtí an t-am a n-iṫeam a ċuid ṙeóla ⁊ go n-ólam a ċuid ṙola. Baḋ ċeaṙt dúinn ṙinn ṙéin d'ullṁuġaḋ aṙ ṙeaḋ na haimṙiṙe ṙeo, i gcoṁaiṙ na ngṙáṙ do ṫabaṙṙaiḋ Dia dúinn.

I gcáṙ gur ṙeaṙṙ do ṫuigṙeaḋ ṙiḃ na neiṫe ṙeo, taḃaṙṙaiḋ mé ḋaoiḃ trí romplaí ṙuaṙaṙ inṙ an Scriosṫúir, do ṫairbeánṙaiḋ go roiléir ḋaoiḃ cionnaṙ aṙ ceaṙt daoiḃ an tAirṙeann d'éirteaċt. Is é an ċéad rompla, rompla an ṗuibliocánaiġ. An daṙa rompla, an biṫeaṁnaċ do céaṙaḋ i n-éinṡeaċt le n-áṙ Slánuiġṫeóir. An tṙeaṙ rompla, caṙtaon na raiġoiúiṙí 'n-aṙ leiġiṙeaḋ a ṁac dó. Taiṙbeánṙaiḋ an puibliocánaċ ḋaoiḃ cṙéad aṙ ceaṙt daoiḃ do ḋéanaṁ aṙ ṙeaḋ na céad coda; an biṫeaṁnaċ, aṙ ṙeaḋ na daṙa coda; ⁊ an caṙtaon cṙéad aṙ ceaṙt daoiḃ do ḋéanaṁ aṙ ṙeaḋ na tṙeaṙ coda do'n Aiṙṙeann.

An uaiṙ ṫiocṙaiḋ ṙiḃ do'n tṡéiṙéal, cuiṁniġiḋ, a ċlann ó, cṙéad do-ṙiġne an puibliocánaċ nuaiṙ a ṫáinig ṙé iṙteaċ do'n tṡéiṙéal ċum a uṙnaiġṫe do ċuṙ ṙuaṙ ċum Dé. Do ċuaiḋ ṙé iṙteaċ i gcúinne leiṙ ṙéin. Ní léigṙeaḋ náiṙe ná eagla ḋó a ṡúile d'áṙdouġaḋ ṙuaṙ ċum na hAltóṙaċ. Do ḃuail ṙé a uċt ⁊ adubaiṙt ṙé: 'Ó a Thiġearna! bí trócaiṙeaċ oṙm, maṙ iṙ ṙeaċtaċ móṙ mé' (Lúcáṙ xviii. 13). Ní ṫáinig ṙé iṙteaċ go ceann-ḋána 'ṙan tṡéiṙéal ċoṁ maiṫ iṙ ná

dearnaiḋ sé éin-ḟeacaḋ riaṁ. Ní ḋearnaiḋ. Do ḟíl sé nár b'ḟiú é searaṁ do láthair Dé. Do ċuir méad a ḟeacaiḋe an oiread roin náire air, nár ṫóg sé ruar a ḟúile aṁáin ċum na bhflaitheas. Do buail sé a uchd, mar ir annsoin do bí a ġroiḋe; ⁊ mar do tarraingeóchtaiḋe teine ar cloċa le hiad do bualaḋ ar a ċéile, do ṫarraing sé ó n-a ġroiḋe na focail oirḋearca so: 'A Thiġearna, bí trócairseach orm, mar ir peacthach boch mé' (Lúcás xviii. 13). Ó! créad é an ṡólás ríoghraiḋe do ġeabhmuis ins na flaitheasaiḃ dá ndéanfamuis aitheis ar an bpiubliocánach so, dá gcaithfimís sinn féin ar ár ngluimiḃ ar ṫosnuġaḋ an Airginn, dá líonfaḋ ár gcroiḋthead do ḋubhón ⁊ do ċathuġaḋ, ⁊ dá n-iarrfamuis ar Dhia le n-ár n-osnaiḋe ⁊ le n-ár ndeóra, pósdún ⁊ maithṁeachas do ṫabhairt dúinn 'n-ár bpeacaiḋiḃ?

Nach é seo an ní do ċuireann an sagart i n-iúl dúinn nuair do ḋruideann sé ó'n Altóir? Nuair thigeann sé anuas go dtí an ċéim íochtarach ċum an Fhaoisdoin Choitcheann do ḋéanaṁ os coṁair Dé ⁊ an tsaoġail, bíonn trom-ualach peacaiḋe a ṗobail ar a ġuailniḃ; iarrann pósdún ⁊ maithṁeachas ar Dhia ḋóiḃ-sean ⁊ dó féin.

Tairbeánfaiḋ mé ḋaoiḃ anois sompla an bhiteaṁnaiġ, do ṫairbeánfaiḋ ḋaoiḃ cionnas is cóir daoiḃ sib féin d'iomchur ó aimsir na hÍoḋbairta go dtógtar suas fuil ⁊ seóil ár Slánuiġtheóra.

Féachaiḋ ar an mbiteaṁnach soiscéalach sinte ar ġrann na croise. Féachaiḋ cionnas d'osglann sé súile a ġroiḋe ċum a Shlánuiġtheóra d'aithint ⁊ d'aṁáil. Nach fada an tsliġe go ríoġachd na hFlaitheas d'imtiġeann sé ar feaḋ na trí huaire do ċaitheann sé i bpiantaiḃ ar ġrann na croise i n-éinḟeachd le

Íosa Críost? Tugann sé an méad ar féidir leis dá Shlánuiġteóir. Tugann sé a ċroiḋe ḋó. Iarrann sé go húir-íseal air ionad do ṫabairt dó i ríoġaċt na glóire. Tugann sé a ṫeanga ḋó ag craoḃ-gaoileaḋ a ḃeannaiġteaċta ⁊ a neiṁ-ċionntaċta. Ins an aimsir 'n-a ndearnaiḋ gaċ n-aon dá raiḃ láiṫreaċ, Íosa Críost do ṡéanaḋ, d'aḋṁuiġ seisean go hárd gur ḃ'é árd-ṁaiġistir neiṁe ⁊ talṁan é. An uair do ḃí gaċ n-aon eile ag taḃairt marla ḋó, ṫug seisean molaḋ ⁊ glóire ḋó. Nuair d'ḟág a ḋeisciobail uile go léir é, tógann an teisceán boċt so a ṗáirt. Tá cairṫannaċt ċoṁ mór soin 'n-a ċroiḋe go ndéanann sé a ḋíċeall ċum an droiċ-ḃiṫeaṁnaiġ do ḃí ar an taoḃ eile ḋe do ṫabairt ċum aiṫriġe do ḋéanaṁ. Ná bíoḋ iongnaḋ orraiḃ, a ḋearḃráiṫreaċa, má ġaḃ an oiread so tréiṫe an biṫeaṁnaċ boċt so. Do ċonnaic sé a Shlánuiġteóir dá ċéaraḋ, ⁊ níl éin-ní ar mó ṡoinnseálann ár gcroiḋe 'ná raḋaic Íosa Chríost ar ċrann na croise. Á! is mó an fortún do ḃéaḋ 'n-ḃur gcoṁair dá mb'áil liḃ, ar árduġaḋ an Chuirp Naoṁṫa, súile ḃur gcreidiṁ do ċaiṫeaṁ ar ċnáma Éin-Ṁhic Dé, ⁊ maċtnaṁ do ḋéanaṁ ar a ṁór-ċairṫannaċt daoiḃ-se ⁊ do'n tsaoġal go léir. Ó! is é seo an t-am 'n-ar ceart daoiḃ sgrieadaḋ ⁊ glaoḋaċ ar Dhia mór na gcuṁaċt, ⁊ a ráḋ ó n-ḃur gcroiḋe, 'Ó! a Thiġearna, orrálaim suas duit mé féin i n-éinṡeaċt lem' Shlánuiġteóir. Ó! ná dearmaid mé, mar is peacṫaċ boċt mé. Taḃair maiṫṁeaċas ⁊ pardún dam agus ionad i ríoġaċt na ḃflaiṫeas!' Bíoḋ cairṫannaċt mór agaiḃ; guiḋiḋ ní heaḋ aṁáin daoiḃ féin, aċt fós do'n tsaoġal uile go léir, ⁊ go sgeistialta ar na hanmannaiḃ atá ag fulang pianta na Purgadóireaċta.

Tabharfaidh mé anois daoibh an tréar fompla; an cartaon; fompla ar ceart daoibh a leanmhain go deireadh an Airfinn, nuair do ghlacann an fagart comaoine; 'r é fin, nuair d'iteann 7 d'ólann fé cuid fola 7 feóla ár Slánuighteóra. Tá an fompla so chomh oiridhearc fin gur lean an Eaglais fiamh é. Deireann gach fagart ful a nglacann fé comaoine, na focail chéadna adubairt an cartaon le Íosa Críost, nuair d'iarr fé mar achduinge air a mhac do leighear dó: 'A Thighearna, ní fiú mé go dtiocfá fám' dhíon' (Mata viii. 8). An uair do ghlacair colann daonda i mbroinn na Maighdine Muire, do bhí iongnadh ar na haingliobh; do bhí iongnadh ar na flaitheasaibh. Ní fiabhair fárta leis an uilacht so. Ba maith leat fós maireachtain 'n-ár meafg. Ó! a Thighearna, tagann tú chughamsa; tusa atá id' Dhia ar bheódhaibh 7 ar mharbhaibh, tusa atá id' maighistir ar neamh 7 ar talamh, tagann tú chughamsa, an peacthach ar mó fá'n fréir. Ó! ní fiú mise go dtabharfá-sa biadh na n-aingeal le n'ithe dam; mise d'árdhuigh fuar mo láma go minic i neibiliúntacht d' choinnibh. Acht ó'r maith leat teacht chugham, dá mhéid mo fheacaidhe, ní iarfiaim éin-ní faoghalta orit. Do b'fhéidir go ndamnóchaidhfí m'anam. Acht iarfiaim go humhal orit fláinte m'anma, coinfiar glan, 7 maithmheachar im' fheacaidhibh. Ag so iad na fomplaí thugann an Scriptúir daoibh chum a chur i n-umhail daoibh cionnar ar ceart daoibh an tAirfineann d'éirteacht.

Acht fiafhuighim daoibh an leanann fibh na fomplaí seo. Á! is fada uaidh fibh. I n-ionad fompla an phuiblíocánaigh, an bhitheamhnaigh mhaith, 7 an chartaoin do leanmhain, leanann fibh, ar feadh an Airfinn, fompla

an ṙṙoiċ-ḃiṫeaṁnaiġ, Iúḋaṙ, ⁊ na ḃṙaiṙṙíneaċ. Chum na ṙíṙinne ṙeo ḋo ċuṙ i ḋtuigṙint ḋaoiḃ, níl aġam aċt a ṫaiṙbeáint ḋaoiḃ cionnaṙ ḋ'éiṙteann riḃ é.

Is é an ní an tAiṙṙeann, íoṡḃaiṙt ḋéanṫaṙ aṙ ċuiṁniuġaḋ Páiṙe 7 Báiṙ Íoṙa Chṙíoṙt aṙ ċṙann na cṙoiṙe. Aċt tuiteann ṙé amaċ go minic, go nḋéiniḋ móṙán ḋo na cṙíoṙtaiḋṫiḃ an maṙla ḋ'aṫnuaḋċan, ṫug na Iúḋaiḋíġ ⁊ na cṙoċaiṙí ḋ'Íoṙa Cṙíoṙt, nuaiṙ a ḋéanaiḋ na ṙaġaiṙt cuiṁniuġaḋ na bṙianta ḋ'ḟulaing ṙé ḋ'aṫnuaḋċan aṙ na haltóṙaċaiḃ. 1 gcáṙ go nḋéanṙaḋ riḃ bun-oṙ-cionn leiṙ an ḋṙoing ṁalluiġṫe, riḃ ṙéin ḋo ṫugann maṙla ḋáṙ Mirtéiṙíḃ Naoṁṫa, cuiṁniġiḋ go ṙaiḃ tṙí ṙóṙt ḋaoine timċeall aṙ ḃuṙ Slánuiġṫeóiṙ nuaiṙ ḋo cuiṙeaḋ ċum báiṙ é. D'imṫiġ an ċéaḋ ḋṙong ṫaṙ a ċṙoiṙ. Níoṙ ṙtaḋaḋaṙ. Níoṙ ġlac caṫuġaḋ ná ḋoilġeaṙ cṙoiḋe iaḋ maṙ ġeall aṙ a báṙ. Do bí a gcṙoiḋe ní ba ċṙuaiḋe 'ná na caiṙṙġeaċa. Tháinig an ḋaṙa ḋṙong i n-aice na Cṙoiṙe. Do-ċonnaḋaṙ é ag ḟulang ṙian. Níoṙ ġlacaḋaṙ éan-tṙuaġ ḋó. Do ċṙomaḋaṙ aṙ ġáiṙiḋe ⁊ aṙ ṁaġaḋ ṙaoi. Ní ṙaiḃ an tṙíoṁaḋ ḋṙong ṙárta le maṙla ḋo ṫaḃaiṙt ḋó. Do ḃuaileaḋaṙ ⁊ ḋo ḃaṙgaḋaṙ é. Do ċaiṫeaḋaṙ cioṫ ḋo ṁionnaíḃ móṙa ⁊ ḋ'eaṙgainíḃ 'n-a ċoinniḃ ṙin aṫá beanuiġṫe aṙ ṙeaḋ ṙaoġal na ṙaoġal.

Aiṫneóċaiḋ riḃ aṙ na coṁaṙṫaíḃ ṙeo an méaḋ malluiġṫeaċta ḋo ḋéanann móṙán aġaiḃ ṙéin aṙ ṙeaḋ na haimṙire bíonn an tAiṙṙeann ḋá ṙáḋ. Cionnaṙ aṙ ṙéiḋiṙ leiṙ na cuiṙṙṫeóiṙí ṙeo ḃeiṫ ṙáiṙteaċ i nAiṙṙeann Dé, ná ḋéanann ṙaoiṙḋin aċt uaiṙ 'ṙa mbliaḋain ⁊ ná ḋéanṙaḋ go bṙáṫ é muna gcuiṙṙiḋe ḋ'ḟiaċaiḃ oṙṙa é? Naċ iomḋa ḋuine aġaiḃ ná taġann aṙ éan-ċoṙ aċt go ṙó-annaṁ go

oti an tAirfeann. 'Tá páirtí óga agam,' adeireann duine. 'Bhí an Doṁnaċ fliuċ,' adeireann an dara duine. Agus ir dóiġ leó go nglacfaiḋ Dia na leiṫ-ġéil feo uaċa. Á! fóirfior, tá fiad mealltа. Do réir mar atá fiad-fan ag magaḋ fá Dhia le 'n-a leiṫ-ġéalaiḃ, béiḋ Dia ag magaḋ fúṫa-fan lá a mbáir. Féaċaiḋ ar ċuid eile aca: i n-ionad deiṫnir do ḋéanaṁ ċum an Airfinn, caiṫid an aimsir 'fan mbaile dá gcóiṁuġaḋ féin; i n-ionad cuiṁneaṁ ar Dhia ná ar a bpeacaiḋiḃ ar feaḋ an bóṫair, caiṫid an aimsir ag cainnt 7 ag coṁráḋ, ag guiḋeóireaċt 7 ag barbaiḋaċt; i n-ionad teaċt isteaċ i n-éin-feaċt liom féin go dtí réiréal Dé, naċ aṁlaiḋ d'fanaid coir na gclaṫaċa ag díol 7 ag ceannaċ, ag cúl-ċainnt 7 ag munabar, ag reic bréag 7 éiṫiġ ar na coṁuirfeanaiḃ?

An uair ṫagaid isteaċ, cionnar d'iomċraid iad féin? I n-ionad beiṫ go húir-íreal ar a nglúiniḃ mar do bí an puibliocánaċ, ag iarraiḋ maiṫṁeaċair 7 páirdúin ar Dhia, fearaid fuar go dána droċ-ṁúinte or coṁair na hAltóraċ. Cromaid ar ċainnt 7 ar ċoṁráḋ 7 ar ḋliġeaḋ 'ṫaḃairt do'n tfagairt—fear ionaid Dé ar an talaṁ. Caiṫid cuid eile aca iad féin i gcúinníḃ. Cuirid coirte ar ċreideaṁaint an ḟir feo 7 na mná úd. I n-éan-focal, iomċraid iad féin i réiréal Dé mar do ḋéanfaḋ aor óg ar fgoil finnce, agus ní ḃíonn níor mó do ṁear aca ar Dhia 'ná ḃéaḋ aca ar buaċaill díoṁaoin. Bíonn a gcroiḋe coṁ fada ó Íora Críost ir atá irfeann ó ḟlaiṫear na glóire. I n-ionad molaḋ 7 buiḋ-eaċar do ṫaḃairt dá Slánuiġṫeóir, i dtaoḃ é féin d'orráil fuar ar a fon, cromaid na cuirfṫeóirí malluiġṫe feo ar ġáiriḋe 7 ar ṁagaḋ faoi. Bruġaḋ

ꝛ bruiġeanáil, ġeóin ꝛ ꝛiorma, ṙir i mearġ ban ꝛ mná i mearġ ṙear, aṁairc ḋrúireaṁla, ꝛmuainte ꝛaoġalta. Ní ḃíonn beann aca ar na mirtéiriḃ. Cainnteanna ḋíoṁaoine ṙuara peacṫaṁla, ꝛ é rin go léir gan ꝛgáṫ, gan eagla, gan ċeirt, gan náire, or coṁair Dé ꝛ duine, or coṁair Íora Chríort ꝛ ꝛluaiġ na ḃṙlaiṫear atá ag ṙéaċaint le doilġear orra ar an Altóir.

Ṙiaṙruiġim daoiḃ an mar ro d'iomċarṙaḋ riḃ riḃ ṙéin dá mbéaḋ aṫċuinge agaiḃ le hiarraiḋ ar ríġ nó ar ṗrionnra? Á! ní heaḋ ar éan-ċor. Ir uṁal úir-íreal do ṫiocṙaḋ riḃ dá láṫair; ꝛ nuair ṫagann riḃ irteaċ go réirréal Dé, ag iarraiḋ ar Áird-ríġ na nAingeal, ṙárdúin i n-ḃur breacaiḋiḃ, an aṫċuinge ar mó ar ṙéidir d'iarraiḋ, ní ṫugann riḃ ḋó aċt earurraim ꝛ earonóir. Ná taḃarṙaḋ béar ꝛgannalaċ do'n tṙórt ro le ráḋ do Shacranaċ, ná creideann riḃ Íora Críort do ḃeiṫ láiṫreaċ i Sacramint na hAltóraċ? Ir ríor é ꝛeo, a ċríort-aiḋṫe gan ċreideaṁ. Tugann riḃ marla dá ḃur Slánuiġṫeóir mar ṫug an droiċ-ḃiṫeaṁnaċ ar an Áird-íoṡbairt. Dá dtaḃarṙaḋ duine droċ-ċainnt nó marla ar an mbóṫar ḋúinn, b'ṙéidir go mbéaḋ ṙoiġne againn; aċt a ṙlán ṙúṫa teaċt irteaċ 'n-ár dtiġ ṙéin, ċum marla do ċaiṫeaṁ 'n-ár n-aġaiḋ ann: baḋ ḋeacair ḋúinn cur ꝛuar leir. Ó! naċ mór an ṙoiġne atá ag ár Slánuiġṫeóir, do ḋoirt an bradon déiḋeanaċ dá ċuid ṙola ar ċrann na croire ċum rinn do ṙaoraḋ ó ṙlaḃraiḋiḃ an diaḃail,—naċ mór an ṙoiġne ḋó, adeirim, é ṙéin d'ṙeicrint marluiġṫe ar Altóir a ċarṫannaċta ag créatúir malluiġṫe ceann-dána, ag piarṫaiḃ brocaċa do ġeineaḋ ó'n talaṁ? Naċ mór an t-iongnaḋ ná

hóirduiġeann ré do'n talaṁ orgailt ⁊ iad do ḟlogaḋ ruar iorr ċorr ⁊ anam go ríor-íocṫar irrinn. Ó! ná himṫiġmíd amaċ ar an réirréal gan páirdún ⁊ maiṫṁeaċar d'iarraiḋ ar Dhia. Ná coirgeaḋ éin-ní rinn ar ro ruar ar ár mbeaṫaiḋ do learuġaḋ. Cuirimíd ár láṁa ar an bfann-lag. Bíoḋ triuaġ againn dó ó n-ár gcroiḋe ⁊ ó n-ár n-aigneaḋ. Tugann Dia aimreair fóir dúinn. Ná goidmíd fearta le n-ár malluiġṫeaċt éin-ṙioc do'n ġlóire ṫuilleann ré i dtaob é féin d'orriail ruar dá Aṫair Shíorraiḋe. Tugamair dó, ar feaḋ an Airrinn, ár n-anam, ár gcorr, ár n-intinn, ár n-aigneaḋ ⁊ ár gcroiḋṫeaċa. Ní ḋéanfaiḋ ré éan-ġnó ḋúinn ár gcorr do beiṫ láiṫreaċ. Ní fulair ḋúinn rmuainte diaḋa do beiṫ 'n-ár n-aigneaḋ. Ní fulair ḋúinn rmuainte raoġalta do ḋíbirt go glan. Cuiṁniġmíd ar Dhia, ar Íosa Críosd, ar an Spiorad Naoṁ, ar ár n-anam ⁊ ar ġlóire na bfláiṫear. Cuiṁniġmíd go freirialta ar ár bpeacaiḋiḃ, ⁊ iarramair páirdún ⁊ maiṫṁeaċar ar Dhia le caṫuġaḋ ⁊ le dubrón.

Má ġnímíd, a ḋearbráiṫreaċa, na neiṫe reo mar ar cóir, béimíd ráiṫeaċ gan aṁras i ríoġaċt na bfláiṫear, leis na naoṁa ⁊ leis na haingeala ar feaḋ na ríorraiḋeaċta: ní atáim ag iarraiḋ ḋaoiḃ-se agus dam féin—i nAinm an Aṫair, agus an Mhic, ⁊ an Spiorad Naoiṁ. Amen.

ar n-a gsríobaḋ le S. Ua hūġbair do'n Doċtúir Diaḋa, Seaġan Ua Murċaḋa .i. Earbog Chorcaiġe, an naoṁaḋ lá do Mhí na Noolag, aois an Tiġearna, míle Oċt gCéad ⁊ a Seaċt-déag.

Seanmóir a hOct.

ar ifrionn.[1]

(An Naomhaḋ Doṁnaċ déag tar éis Cingcíse.)

Tunc dixit rex ministris : Ligatis manibus et pedibus ejus, mittite eum in tenebras exteriores ; ibi erit fletus, et stridor dentium.

Annsin dubairt an rí le n-a ġiollaíb: Ceangladh a ċosa agus a láma, agus teilgidh i nDoirċeadar Ifrinn é, mar a bfuil gul agus díorcán fiacal—(Mata xxii. 13).

Is iongantaċ ceannfaṁail an bfeaṫ í seo, a ċríosta-aiḋṫe, ċuig áit dTiġearna, i gcosaṁlaċt an tSoisgéil, air duine áiṁṫe fuair cuireadh, agus ṫáinig gan ullṁuġaḋ, gan culaiḋ an phósta, go dtí an bainis. Do ḋíbir Dia ar a naḋarc é go doirċeadar na brian.

Fá ceiṁ na cainnte agus an tsompla so, cuirteas i n-uṁal dúinn-ne, créad mar fuaramar go léir cuireadh 'n-ár mbaistead agus 'n-ár dtaḃairt suas i n-uċt an ċreidiṁ ċóir, ċum triall do ċaiṫeaṁ na glóire agus an ṫéasta ṡíorraiḋe, agus an bfeaṫ atá i ndán dúinn má ġeibṫear sinn gan ullṁuġaḋ, gan an ċulaiḋ phósta: is é sin, má seasamuid leis an saoġal so fá ṫeacaḋ, gan muinnteasiḋar Dé, gan póba na saṫannaċta, díbreann Dia ar a naḋarc sinn. Teilgfear sinn, mar do ṡuigneaḋ leis an duine n-uaibreaċ úd, go doirċeadar Ifrinn.

Uċ! a ċríostaiḋe ċroiḋe, is aindeis an ċríoċ í seo. Is díombáḋaċ é deireaḋ saoġail an ṫeacṫaiġ, ag

[1] Murphy MSS., vol. 50, pp. 210-222.

imṫeact ó Dhia d'éir báir, do réir mar d'imṫiġ an ṗeaḋ do ḃí ré beó. Act dá mbéaḋ a ṗionóṙ daor leir rin, dá mbṗéidir leir an mbruġać[1] dona a ṙáḋ: 'bím ṙéiḋ le Dia agur ná bíoḋ éin-díol eile orm i ndiaiḋ mo ṁalluiġṫeacta,' ḃéaḋ compóṙd éigin aige; act ní mar rin é. Do ḃí a lá féin aige. Do ḃí ré ag faġḃáil a ṫoile féin tamall, agur do b'ḟéidir leir imṫeact nó ṙtad. Act d'imṫiġ a am; luiġ an ġrian. Toil Dé, ní fuláir ḋó dul go hirrionn, nuair nár ḟaoṫruiġ an peacṫać go toilteanać na flaiṫir ar ċoṁairle Dé, na Sgriorṫúirí, agur ráiḋṫe na nAiṫṙeać Naoṁṫa. Níl éan-alt dár gcreidfeaṁ ní ra ṗrionnṙarálta ná ní ra ḟoilléire 'ná é reo; óir nuair ṡáruiġeann an peacṫać trócaire Dé, ní ṙéidir le n-a ċeart é d'ḟoiġidneaṁ, ní ṙéidir leir gan é do ḋaoraḋ go teinid ṡíorraiḋe, *in caminum ignis* (Mata xiii. 42), agur, dá éaġmair rin, ní ḃéaḋ rioġa idir oic agur maiṫ. Ní hiomḋa duilleóg 'ran Sgriorṫúir nać ndéanann rinnéiḋ ar an áruṙ ro na brian, ionad coṁnaiḋṫe na n-anam ndamanta. Is é ar mian le n-ár dTiġearna i n-aġaiḋ gać uair dá dtráćtann air. Ceangal agur céaraḋ na malluiġṫeóirí a ṫairgeann Naoṁ Pól [do ċur i gcéill dúinn][2] nuair innreann dúinn go mbéid reo nać ngéilleann do'n tSoirgéal ag fulang i larraćaiḃ teintiḋe ríorraiḋe; agur glaoḋann ar ifrionn áit teineaḋ agur ċráḋa, foirnéir do-ḟuilingṫe, linn teineaḋ agur briomṙtóin ag ríor-laraḋ gan dóġaḋ le bríġ feirge Dé. Mo ṫruaġ an t-anam boċt atá daor ċum na ríorraiḋeacta do ċaiṫeaṁ ann gan ṙólár, gan ṙubailceaṙ, gan ṙíor-ċompóṙd; réiḋ nó ṙcaiṫa le Dia agur

---

[1] bruać 'ra MS.

[2] ní ḟuil an abairt reo 'ra MS.

le n-a aingle, ſcaṫa le muinnteaṙḋaṙ an tſaoġail, cuiḃriġṫe, cráiḋte, ı láṙ léigiún ḋeaṁan agus naṫraċ nime. (Aiḃirtín).

O! ḋá ḃraġḃaḋ ſé ceaḋ, ıṙ éaṙgaiḋ ġéillſeaḋ an t-anam ḋamanta ro ḋo ċúṙſa cruaiḋ aiṫriġe, ḋ'éirteaċt Airfinn, ḋo ṫroṙgaḋ an Teampuill agus ḋo ḋéiṙc na mboċt; ıṙ éaṙgaiḋ raċaḋ ſé aṙ a ġlúinıḃ ag ıaṙraiḋ beannaċtan Dé, agus ag taḃaiṙt glóiṙe ḋó aṙ maiḋin agus um ṫráṫnóna. Ó! ḃ'ḟada uaiḋ neaṁḟuim ḋo ṫaḃaiṙt 'ran ḃraoiṙḋin um Noḋlaig, ná um Cháiṙg, ná éan-uaiṙ eile 'n-a luiġeaḋ éin-ṗeacaḋ maṙḃ aṙ a ċoinṙiaṙ. Iṙ beag an ċuiṁne ḋo ḃéaḋ aṙ a ṗeacaiḋe ḋo ċeilt nó an náiṙe iaḋ ḋ'innṙint le ċéile; agus ıṙ luaṫ ḋo ḋéanṙaḋ ſé leóiṙ-ġníoṁ ı gcuiḋ a ċoṁaṙṙan, 'ran níḋ ḟuaiṙ ſé go holc. Ó! ḋá ḃraġḃaḋ ſé ceaḋ! Aċt níl ſin aṙ a ċumaṙ, maṙ ná ḟuil éan-ḟuaṙglaḋ aṙ ıfrionn: *in inferno nulla est redemptio* (Oıṙfiġ na Maṙḃ). Nuaiṙ ḃí ſé aṙ ſlıġıḋ na haiṫriġe ḋo leıġ ſé ṫaiṙiṙ í. Ní ṙıġne ſé éan-ḋualgaṙ ḋíoḃ ſeo ḋo ċoiṁlíonaḋ, agus an té againn-ne ḋéanṙaiḋ an ní céaḋna aṙ an raoġal ro, béiḋ ſé maṙ ſiúḋ 'ran tſaoġal eile, dá ċéaraḋ 'ran teiniḋ naċ ſéiḋiṙ ḋo ṁúċaḋ; óiṙ aḋeiṙ Críoṙt: 'gaċ cṙann naċ ḋtiuḃṙaiḋ toṙaḋ maiṫ uaiḋ, geaṙṙfaṙ anuaṙ é ⁊ teilgfeaṙ 'ran teiniḋ é' (Maṫa iii. 10).

Aiṫṙiṙiḋ na ḋiaḋaiṙí go ḃfuil ḋá ſóṙt péine go ſſeiṙialta ag cráḋ na n-anam ṅoamanta; ceann aca, raḋaṙc Dé agus na ḃflaiṫeaṙ ḋo ṙó-ċailleaṁaint; agus ceann eile ḋíoḃ, raḋaṙc na ṅḋeaṁan ṅgráṅḋa gcíoṙ-ḋuḃ gcriṫ-eaglaċ, agus na ṙianta Ifrreannḋa.

Ní ḟuil éan-ṙuḋ cruċuiġṫe, ná ḟuil ḋúil agus leigean nó claonaḋ aige ċum na críċe ḋo ṙó-ċeaṙ Dia ḋó; agus nuaiṙ naċ ṙiġeann ſé an ċríoċ ſin, ní ſéiḋiṙ

leir gan ḃeiṫ mí-ḟárta ⁊ buaiḋreaṁ do ḃeiṫ air, má tá éan-ṁoṫugaḋ ann. Is mar rin do'n anam n-uaiḃ-reaċ atá taḃarṫa do'n olc ó n-a ḋroċ-nádúir féin, agus do ċruṫuiġ Dia ar a ḟeilb féin i bPairṫear. Nuair ċíonn sé é féin teilgṫe ó'n gcríċ rin, ṡcarṫa uaiṫi go toilteanaċ gan fóirṫin, ná faġḃáil ar ċaraḋ, buaileann tuirse agus dólás agus dubrón é, fraoċ-ṁairreaċt intinne agus mire mí-ḋóċair, naċ ṡcarann ó ḃeiṫ ḋá ṫnáṫaḋ go deó; agus is air seo ġlaoḋann an Sgriorṫúir an ṗiart ná faġḃann bás ċoiḋċe. (Mairc ix. 47.)

Ó! cad é an dóiṫ ċéille do ḃí ar an anam ḋona nár ċuiṁniġ í féin do ċoiṁéad ar an mbuaiḋreaṁ ḟíorrairde seo, an feaḋ ṫug sé i ndearmad Dia d'aḋraḋ agus d'onóruġaḋ, agus ṫug aḋraḋ do'n tṡaoġal agus toil do ṗeacaiḋiḃ na hintinne,—tnúṫ, fuaṫ agus fearg; óir an ṡólás do ḃí aice dá ḋéanaṁ iompuiġṫear, adeir Aiḃirtín, 'n-a ḋólás dá ṗianuġaḋ: *ut quae fuerunt delectamenta homini peccanti, sint instrumenta Domino punienti* (Tráċt. ar na Salm. viii. n. 16). An pionóir eile atá i n'aice seo, gé naċ ḃfuil sé ċoṁ géar leis, ġluaiseann ó ḟulangṫaiḃ an anma is gaċ céadfaiḋ le hoibriuġaḋ agus nádúir féine ifrinn. Is fíor, go deiṁin, leis an oireaṁain ṫug Dia dár nádúir, an feaḋ do ḃíonn an t-anam ceangailte do'n ċolainn, gurab le teannta agus cáiliḋeaċta an ċuirp go hiomṁlán do ġluaiseann a ṫiorraċtain,[1] ar ṁiġiḋ, má'r rian nó pléisiúr ḋóiḃrean leaṫ-is-muiġ orainn, gurab é an clóḋ ⁊ an ṗian ċéadna ḃíonn leaṫ-istiġ ar an anam, ar a ḟon, is ó'n anam beóḋaċt an ċuirp, ⁊ riaḋaiṁ, éisteaċt ⁊ blas;

[1] 'Tirraċtain' (= torraċtain?) 'sa MS.

óir dá éaġmair, ní ḃéaḋ ceaċtar ḋíoḃ ann, mar ní ṁoċuiġeann corp an ṁairḃ éan-duo, aċt ir fríoraiḋ do-ṁarḃṫa é an t-anam, ⁊ ní ċailleann fé na cuṁaċta céadna.

Chí fé ⁊ airiġeann ⁊ éirteann ar ḟliġiḋ éigin fríoradáilta agus fin a ḃfad níor ġéire ná mar airiġeann i bfríorún na colna, óir, ar nór an ṁairtíriġ ġeiḃeann luaċ a ċneaḋ go hobann, nó an té fgaoilfiḋe ó ġlas agus ualaċ trom, ní luaiṫe fgaoiltear an t-anam ó ġlas agus ó ṁeaḋaċain na colna 'ná briaṫann fí faoirre, luas, agus a gníoṁaiḋeaċt náduirṫa féin. Ar fo tuigimid naċ ḃfuil éan-ball gan a ḟian nó a luaċ faoṫair féin 'n-a ċoṁair, do réir mar do-rigne olc nó maiṫ; agus ar fo tuigimid naċ ḃfuil éan-ball, céadfaiḋ, ná cuṁaċta, dá mbaineann leis an anam, ná fuil a ḟian féin nó a luaċ faoṫair féin 'n-a ċoṁair do réir mar do-rigne olc nó maiṫ, agus é 'n-a ḟeilb fin i fliġiḋ ró-iomlán ó'n mbár go dtí an eiréirġe, ⁊ gan aige 'n-a ḋiaiḋ.

Is mar fin do'n tſúil ⁊ do'n ċluair do bíoḋ taḃairṫa do raḋairc ⁊ d'éirteaċt an ḟeacaiḋ, do-ġeibid a bfrionóir féin. Cráḋfar iad tar meaḋón le dubḟolas ⁊ uallfairt Ifrinn; ⁊ airéóċaiḋ fí fiúd ná leigfeaḋ bonn a coire ar an talaṁ a fian féin i ndíol a peacaiḋ. Ní gan coraṁlaċt nó uġdairṫár an ċainnt seo, mar is iontuigṫe ar an éagcaoineaḋ ċráiḋte do-rigne craorać an tSoirġéil nuair do ġuiḋ sé Ábram, agus é féin dá ċéaraḋ, trócaire do ḋéanaṁ air, ⁊ Lázaras do ċuir ċuige ċum braon uisge do leigean do ḃárr a ṁéire ar a ṫeangain mar ḟionnḟuaraḋ ḋi, ar mbeiṫ scólta: *crucior in hac flamma* (Lúcás xvi. 24).

Ó! cia ḟoiġdeóċaiḋ an tart síorraiḋe? Cia

ḟoiġdeóċaiḋ an ṗian fá leiṫ? Cia ḟoiġdeóċaiḋ cṗaor na teineaḋ ar tṗeire loirgniġe 'ná gaċ teine: *quis poterit habitare de vobis cum igne devorante?* (Isaiar xxxiii. 14). Deir San Aibirtín naċ ḃfuil i dteintiḃ an tḟaoġail feo go léir le ċéile aċt fgáil 'n-a h-aice; ⁊ muna ḃfuilingeóċtá tú 'ḋóġaḋ leis fin, dála naċ ndéanfá ar an doṁan go léir ná fós fiú do ṁéire do ċoiṁéad fgaṫaṁ os a cionn, cṗéad ḋéanfaiḋ tú an uair úd, nuair ḃéiḋ an Tiġearna ag caoineaḋ na gcaoriaċ, ⁊ an t-anam ḃoċt ar nós na tuiġe agus an aḋmaid tirim—*quasi lignum et stipula* (Is. xlvii. 14; Ezech. xx. 47)—ar dearg-laraḋ go fíorraiḋe. Agus dá ḟaid do raċmuis, a ċṗíosraiḋṫe, le folas ár gcṗeidiṁ agus ár ṗéarúin ar loṁg na neiṫe duḃraca ḃaineann le Dia ⁊ an faoġal atá le teaċt, do ḃéaḋ go leór 'n-a ḋiaiḋ fin gan a ráḋ, ⁊ a n-abṗóċamuis a ḃfad fá ḃun mar atá neiṫe; óir i n-éaġmais laġaċais ár dtuigfeana, adeiṁ Naoṁ Pól ná feicimid neiṫe ar an taoḃ fo i ḃfus aċt tṗé fgáil ⁊ tṗe ġloine: *per speculum* (I. Cor. xiii. 12). Ní beag, ar a ṡon, a dtuigimid agus a ḃfeicimid ċum finn do ṁúrgailt ó ṡuan an ṗeacaiḋ. Agus adeir Aibirtín, an té naċ múrclóċaḋ tomainn do'n tṗóit fo naċ 'n-a ċodlaḋ atá, aċt maiḃ; *qui non, etc.* Tá an-roinnt do'n tḟaoġal, cé naċ iad ar faisfinge, ⁊ ní gnáṫ iad do ḃeiṫ 'n-a fuan. Ní gan fíṁinne adeirteas gur daṫnaid dóiḃ imṫeaċt; mar do ḃí neiṫe maiṫe annfo aca, ⁊ contaḃairt ar a ṁalairt annfúd. Nuair raċaiḋ an duine faiḋḃir a ċodlaḋ,—is é fin, nuair ġeóḃaiḋ an duine faiḋḃir bás,—ní ṫiuḃraiḋ ċan-fuo leis. Adeir Iób: 'Forclóċaiḋ fé a ṡúile ⁊ ġeóḃaiḋ fé é féin folaṁ,' .i. *Dives cum dormierit, nihil secum auferet: aperiet oculos suos et nil in-*

veniet (xxvii. 19). Ó! mo ṡgéal, an imirce ḋéiḋeanaċ ro ó ḟonar go donar, ó ḟonar ⁊ ó ḟuḃaċar go nuige anacra agus anrió, ó aoiḃneáraiḃ an tṡaoġail go rianta ríorraiḋe. Aċt gé gur dóláraċ an ṡgéal é, ní leaṫ iongantair iad ro do ḃeiṫ cailite 'n-a ḃfuil ócáidí an ṗeacaiḋ ar gaċ taoḃ ḋíoḃ, ⁊ é ar a gcumar caiṫeaṁ aimrire do ḋéanaṁ gaċ uair. Ní mar rin do'n dá leór do ċaiṫfiḋ maireaċtain go beó boċt gan mórán compóirid raoġalta. Dar leat, ir i n-airgiḋ agus d'éan-uaim[1] ḋamnaid iad féin! Níl taiḋḃre an tṡaoġail, caiṫfém ná buaiḋreaṁ onóra ag déanaṁ toirmirg do'n duine boċt; aċt ní háil leir, ó ḋiultuiġ Dia an coṁgar ro ar ṁaiṫe leir, gan a iompóḋ ar gaċ ruud do ċleaċtann daoine eile, agus luaċ raoṫair a boċtaineaċta do ċailleaṁain.

Cad é an ṁaiṫ ḋuit buaiḋreaṁ do ḃeiṫ ort i dtaoḃ do luige 'ran tṡaoġal ro, ⁊ tú raor, b'ḟéidir, mar ġeall air ar áḋbar do ḋamanta? Ná bíoḋ, mar rin, tnúṫ, fuaṫ, fearg, ná mí-ṡáraṁ ag riuḃal leat; óir níl tairḃe ionnta aċt olc mór, mar ir peacaḋ ceirt nó loċt d'ḟaġḃáil ar ṫrócaire an Tiġearna. Ir mór gur fearr roinn foiġde anoir ⁊ do ċrora d'iomċuir go foiġdeaċ anoir i ndíol do ṗeacaiḋe 'ná ḃeiṫ 'na ḋiaiḋ ro, agus rin go díoṁaoin, ag caoineaḋ do ḋíṫ céille. Tá go leór anoir fá ṗian, b'ḟéidir, agá riaḃ aiṫne agat féin orra — do ṗáirtiḋṫe, b'ḟéidir, 'ran ṗeacaḋ. Dá mbéidír ag labairt leat, do b'é a gcoṁairle ḋuit: 'cuir rcéal go nuige mo ṁuinnteair atá beó i m'ḋiaiḋ,' ar Díber le hÁbram, ⁊ é dá ċéaraḋ i n-ifrionn, 'ċum go reaċnóċaidír an áruir ro na brian.' 'O!' ar Ábram, 'tá Maoire ⁊ na

[1] 'D'aonoġam' 'ra MS.

fáiḋe aca ⁊ muna ḋtiubhraiḋ aire ḋóiḃ fin, ní ċreiḋfiḋíf éin-teaċtaire do raċaḋ ċúċa ó na marḃaiḃ' (Lúcáf xvi. 31). Ní foir-leaṫnuġaḋ cainnte, ar an áḋḃar fin, fgéal Fiannaiḋeaċta, ná tionnfgnaḋ fagairt an for-ḟógraḋ ⁊ an bagairt feo déantar ó'n altóir ar na malluiġṫeóiriḃ agus clann an ṗeacaiḋ: Ḋia féin af uġdar leif. Innfeann an Scriorṫúir go dtuilleann an peacṫaċ é.

Ó! a Thiġearna do ċum na flaiṫif do na firéanaiḃ ⁊ ifreann do'n ṗeacṫaċ, fábáil do ḋaoine. Tabair do'n ṗobal fo beiṫ ullaṁ nuair ġlaoḋfaiḋ tú orra ionnar go mbéidíf ar an taoḃ ḋeaf díot lá na hreiṫe déiḋeanaiġe.

An n-áil leat beiṫ faor ar an léirfgrior atá fá ċoṁair an ṗeacṫaiġ, agus ar hreiṫ na teineaḋ, lá an tSléibe? Cuiṁniġ anoir orra. Smuain ar ṗionóf an ṗeacaiḋ, má'f gan ullmuġaḋ d'imṫeóċair. Mar fin, déanfair diúltaḋ dod' ċlaontaiḃ, cibé díoḃ, dríúif, craof, tnúṫ nó feafig. Ḋéan aiṫriġe, mar if beó, if ní marḃ, af maiṫ an aiṫriġe.

Ag fin a ḃfuaraf de fin,
Míċeál Ó Longáin,
1818.

Seanmóir a Naoi.

ar an Leóir-Ġníoṁ.[1]

Redde Caesari quae sunt Caesaris, et Deo quae sunt Dei.

Tabair do Shaeṡar cuid Saeṡair, agus a ċuid féin do Dhia—(Mać. xxii. 21).

Ad ṡin mar adubairt ár Slánuiġtheóir, an uair d'ḟiafruiġ dream do na Iúdaidhéaċaiḃ ḋe go mairíreaċ, an raiḃ sé dligtheaċ cíos do ḋíol le Saeṡar. Dá n-abraḋ sé ná raiḃ, do ḟaoileadar Saeṡar do ċur 'n-a ċoinne; agus dá n-abraḋ go raiḃ, do ḟaoileadar na daoine do ḃeiṫ 'n-a náṁaid aige, mar ná raiḃ éin-ġreann aca ar Shaeṡar ná ar na Róṁánaċaiḃ ṫáinig ṡrtheaċ orra ir na laeṫiḃ ṡin mar ṁaiġistirí aca.

Aċt do ṁeall sé ṫall agus i ḃfus iad, agus ní ḃfuaraḋ buntáisde air i n-éan-taoḃ, óir d'iarr sé orra síosa d'airgead na dúiṫḋe do ṫairbeáint dó, agus nuair do ṡrigneadar, d'ḟiafruiġ sé ḋíoḃ, cé ḋó buaileaḋ é, nó créad an íoṁáiġ ṡin do ḃí air, agus adubradar íoṁáiġ Shaeṡair. Annsoin do ċuir ár Slánuiġtheóir deireaḋ ar a gcoṁráḋ, ag ráḋ leó, a ċeart féin do ṫaḃairt do Shaeṡar agus a ċeart féin do Dhia.

Ba ró-ċéilliḋe an ráḋ é ṡin, agus ní gan áḋḃar haiṫṡirteas é mar ḟean-ḟocal ċirt: 'a ċeart féin do Shaeṡar.' Is é, gan aṁras, a ċríorthaiḋḋe, atá ó ḃéal

[1] Murphy MSS., vol. 50, pp. 135-58; and vol. 89, pp. 229-42.

Dé, a gceart féin dligte do ṗrionnraíb agus d'uaċtaraṁnaib na talṁan, ar ḟligiḋ, an té ċuireann 'n-a gcoinne, mar adeir Naoṁ Pól, go gcuireann i gcoinne órdugaḋ Dé féin; agus fir é an ċiall 'n-a bḟuil cuṁaċta rionóir ar a láṁaib. Ní i n-aigiḋ, adeir an tAgrpol, d'iomċrann an ṗrionnra a láṁ nó a ċlaiḋeaṁ; óir ir é ministéir Dé 'n-a ċáil féin é, ní aṁáin ċum coranta nó cornaiṁ do ḋéanaṁ ar an té atá uṁal macánta, aċt rionóir do bualaḋ ar an té atá bun-or-cionn leis 'n-a ṁalluiġṫeóir.

Atá a bḟiaċa féin, ar an áḋbar roin, bainte as ṗrionnraíb raoġalta orainn noċ is ceart do ḋíol, ní aṁáin d'bur n-aiṁḋeóin aċt le n-bur dtoil; óir ir éigean daoib, mar adeir an tArtal, beiṫ urramaċ ní aṁáin le h-eagla aċt le coinsiar: *non propter iram sed propter conscientiam* (Rom. xiii. 5).

Dá meaḃruiġeaḋ Clanna Gaeḋeal féin 'n-a ṡgairt[1] ar an broinnte seo, ní ḃéaḋ, mar atá, claiḋeaṁ an dliġiḋ dearg craoṁag le n-a bḟuil ag taḃairt gearr-ḟaoġail agus anḃáis dóib. Ní aṁáin i dtaoib an duine ṁóir aċt i dtaoib do ċoṁarran, is é sin gaċ éan-duine, atá ceart agus macántaċt bainte ort, óir gan sin ní ḃéaḋ an raoġal buan. Ní ḟaġḃaḋ na daoine maireaċtain dá mbéaḋ neart dóib láṁ-láidir, goid, ná róġairreaċt d'imirt ar a ċéile.

Do-ḃéarfaḋ gaċ éan-duine, neaṁ-ḟuim i gcortar na beaṫaḋ do ḟaoṫruġaḋ, nuair ná béaḋ sé ríúráilte go mbaḋ leis féin obair a láṁ agus toraḋ a ḟaoṫair. Coirgeann, ar an áḋbar roin, Dliġeaḋ na Nádura orainn, dul tar teórain ár gcoda féin, ná bainc le n-a gcuid ríúd gan uġdarṫár ná cead, mar ná ḟuil

[1] 'na ṡga' 'ra MS., vol. 89.

éan-ruo níor ṡuaċtanaiġe ná níor doiṁne ṡgríoḃṫa 'n-ár gcroiḋṫiḃ, 'ná ṡuaġail na macántaċta, ná éan-ruo i n-aġaiḋ ṡéarúin níor folarṁaire 'ná mí-ċearṫ. Ṡá do ḃí líne de ḋliġeaḋ Dé ṡgríoḃṫa, do ḃí a ṡíor ag luċt na haimrire rin, mar ir iontuigṫe ó ġaduiḋeaċt Rachel ⁊ dearḃráiṫṡeaċ Iósep, nár ċearṫ goid ná robáil do ḋéanaṁ; agus níl éan-lá ó ṫúir an tṡaoġail go nuige seo ná ṡuil a ṡíor ag an ṡógairre ná ṡuil sé féin ar ḋeaġ-ṡtaid.

I n-éaġmair ár solair nádúrṫa, ins an seaċtṁaḋ haiṫne ṫus Dia do Mhaoise, do ṫoirmisg sé gaċ gadaiḋeaċt agus gaċ bearṫ eile éagcóraċ; ⁊ 'san deaċṁaḋ haiṫne, ċum go mbéaḋ an duine folláin isṫiġ agus amuiġ, do ċoisg sé sonn a ḋéanta. Atá dúil ainċiṫ agus tógbáil coda do ċoṁarsan, dá réir sin, coisgṫe orṫ le dliġeaḋ Dé agus na nádúra; agus mar naċ i n-aisgiḋ ná gan ċúir atá an dliġeaḋ so againn, ní i n-aisgiḋ ná gan triom-ḋíoġaltas brisṫeas í, mar innseann an Scriorṫúir in go leór d'áitiḃ. Atá sé aiṫrisṫe ir an dara Leabar do na Riġṫiḃ (Caib. 12), nuair d'innis an ráiḋ Natan do Ḋáiṫ Rí, gur ṫóg duine saiḋḃir caora le héagcóir ó ḋuine boċt, go dtug an rí breiṫ báis ar an nduine saiḋḃir; ins an leabar sein Iosrue, mar an gcéadna, gur ċeaduiġ Dia trí ṁíle do ṗobal Israel do ḃeiṫ triasgairṫa ag beagán dá náiṁḋiḃ i bríonóir do ġadaiḋeaċt Achan, agus ná raiḃ feasg na ḃfláiṫeas múċta, nó gur loisgeaḋ a raiḃ 'n-a ṡeilb, agus gur gabaḋ do ċlocaiḃ air féin, ar ṡliġiḋ naċ raiḃ fear, bean, ná páirṫe 'san gcoiṁṫionól, nár ċaiṫ carraig ċloiċe air le gráin dá ċoir!

Is iomúa sompla eile sgannraṁail 'san Sgríbinn Diaḋa do ṫairbeánann dúinn fearg agus fuaṫ agus

díoġaltas an Airo-ríoġ ar an té ḋéanann goid ná slad ná feall ar an gcoṁuinnin. Ní raċaid, deir Naoṁ Pól (I. Cor. vi. 10), an gadaiḋe ná fear sainnte (agus a ċonáċ soin air!), ná an té d'ḟairgeann ċuige go héagcóraċ, ċoiḋċe go ríoġaċt na ḃflaiṫeas, agus airís 'n-a Litir gur na Tearsalónacánaċa (iv. 6), do cuireaḋ gaċ éan-duine ar a aireaċas, gan meallaḋ, ná gabáil timċeall, ná lúbáireaċt clir ná calaois d'imirt ar an gcoṁainnin, 'mar ir é an Tiġearna' deir-sean, 'do-ġní díoġaltas do ḃaint amaċ inn na neiṫiḃ seo.'

Créad do ḋéanfaiḋ, ar an áḃhar sin, an dá leór ná fuil a gcoinniasg slan, ná a láṁa, 'san tsliġiḋ seo, atá tuaillíġṫe le subhtaint agus damáirte a gcoṁuinnin, gan leiġeas, gan leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ ann, siúd ir go n-imṫeóċaidís saor ó ṗionós ná ó ḋliġeaḋ an tsaoġail ar an taoḃ so do'n uaiġ. Dar ndóiġ, taḃairsear ċum cunntais, 7 ċum pionóir iad Lá an Luain do láṫair an tsaoġail, lá 'n-a mbéiḋ a leóir-ġníoṁ déiḋeanaċ! Ní ḟeadar goidé é an mire atá ar na daoinib, nó goidé an suan marḃṫaċ míáġṁairaċ so do ḃuaileann go leór ar ḃruaċ na síorraiḋeaċta. Ní hiomḋa lá ná hairiġmíd, pé beag mór é, níḋ éigin dá ṫógḃáil, ag imṫeaċt gan tuairisg, díoġḃáil éigin dá ḋéanaṁ, agus ní mór go n-airiġmíd ċoiḋċe éan-tráċt ar an leóir-ġníoṁ i n'áit sin go léir. Ni'l éan-duo níor riaċtanaiġe, cé naċ ḃfuil, ṡóirríor, éan-duo níor ṡánaiġe ná an leóir-ġníoṁ!

Is ionann le fear na sainnte, mar ir í, do réir na Sgriorṫúra, 'máṫair an uile ar fad í' (I. Timoth. vi. 10) mar ir í ċuireann d'ḟiaċaiḃ ar ḋuine a anam do reic nó do ḋíol leis an aiḋḃeirseóir, is ionann leis agus sgaraṁaint leis an anam, sgara-

ṁaint leis an seilb atá aige anois, sé cuntas ar a bhuair í. Go bhóiṁid Dia air an tan ċaiṫfid sé sgarṁaint leis dá aiṁdeóin! Ní béid sé follaṁ, mar béid mallaċt síorraidhe aige i n-áit luaċ saoṫair a dhoiċ-ġníoṁ, ráġ an ṗeacaid: *stipendia peccati mors* (Rom. vi. 23).

Is iomda sliġe 'n-a dtuiteann leóir-ġníoṁ air duine, mar is iomda sliġe ċum éagcóra do dhéanaṁ. Ní lia uair do bhfuirimíd éin-ċeann do na haiṫeantaibh 'ná bímid ceangailte ċum leóir-ġníoṁ, mar coisgid orainn, ní aṁáin gan aiṫis do ṫabairt do Dhia, aċt fós gan díoġbáil do dhéanaṁ dár gcoṁuisgain, 'n-a ċuid, 'n-a ṗearsain, ná 'n-a ċlú.

Aċt is fá líon na seaċtṁaid haiṫne, go sseisialta ṫuiteann an leóir-ġníoṁ air a bhfuilim ag tráċt, agus 'n-ar dh'oireann a ċeart féin do ṫabairt do gaċ éan-duine i dtaobh a ṡubstainte saoġalta: *Furtum non facies* (Lúcas xviii. 20) .i. 'ní dhéanfaidh tú goid' adeir an Tiġearna. 'Ná dein goid' .i. aiṫne ċoisgeann gan éan-fuid do ṫógbáil 'ná do ċoiṁéad go bhfios ná a gan-ḟios, le gliocas ná tréine, aċt an fuid 'n-a bhfuil ceart againn air, agus do baineann linn féin. Is minic nár ṁeasa gadaidhe na hoidhċe, 'ná an té do ṁeallfaidh ar do ċuid tú go mailíseaċ i lár an lae, óir is coṁ-ċailleaṁaint duit-se é.

Agus is baoġlaċ go bhfuil iomad fallsaċta agus mailíse measgṫa le marġáineaċt an tsaoġail, i ndíol agus i gceannaċ tar luaċ, i gcoṁaireaṁ agus i dtoṁas bréige agus i neic calaoise nó ceilt loċtaí nó-ṗrionsapálta, atá i n-aġaid coinġeallaċ agus substainte marġaid.

Ní mór duine i ndéileáil an tsaoġail dhéanann éan-fuid malíseaċ ná neiṁ-ċeart a gan-ḟios dó; agus,

dá réir rin, ó ċoirġeann a ċoinriar féin é, ní ró-ġábaḋ ḋaṁ-ra, agus níor b'ḟéidir liom, triáċt air gaċ éin-iomporḋ fá leiṫ. Tá an Sgriorṫúir, air a ḟon rom, an-daor orra ro ḋíolann aniaraċt, d'ḟáirgeann an boċtaine, nó ṫugann daoirre ná ganntair beaṫaḋ uirri, air ṁaiṫe leó féin. Fógróċtar brón arís orra ro do-ġní clampar nó gearriaḋ nó coiṁéad air ḋualgar nó air ṫuairtal an tṡeirbíriġ, agus an rgláibaiḋe do ṫuill é le macántaċt, agus bíonn a ngearán-san, agus ornaí na baintreabaiġe agus an ḋílleaċtaiḋe air a ndéanfaiḋe éagcóir, ag éiġeaṁ air na flaiṫearaiḃ ag iarraiḋ díoġaltair.[1]

Ní béiḋ arís, adeir an Sgriorṫúir, fá ṁúr do ṫiġe buiréal mór agus ceann beag, ná coṁṫrom fallra mailíreaċ . . . óir ir fuaṫṁar leir an Tiġearna, an té do ḋéanann na neiṫe rin uile (Deutor. xxv. 12-16).[2] Air nór an té do ċuireann or cionn a ċéile go mion

---

[1] 'air ṫuairtal na reirbíreaċ 7 na rgláibaiḋe do ṫuill é re macántaċt, 7 bíonn an gearán rin 7 ornaiḋe na mbaintreabaċ 7 na ndílleaċt air n-a ndéanfaiḋe éagcóir ag éiġioṁ air na flaiṫir, ag iarraiḋ díoġaltair' atá 'ra MS., vol. 50.

[2] Ag ro mar atá 'ra MS., vol. 89: "Ní beig arís, deir an Sgriorṫúir, fae ṁúr do ṫiġe buiréal mór 7 cion beag, ná cuirṫiom ḟallra mailíreaċ, óir ir fuaṫ air an Tiġearna an té ḋéanann na neiṫe rin.' Ag ro arís mar atá 'ra MS., vol. 50: 'Ní beag arís, adeir an Sgriorṫúir, fé mar do ṫig buiréal mór 7 ceann beag ina cuitiom nó 'na cuirṫiom ḟallra ṁailíreaċ, óir ir fuaṫṁar leir an Tiġearna an té ġéanann na niṫe rin uile.' Drabḟuiġeall ir eaḋ é reo, 7 ir follar go ndeaċaiḋ a raiḃ 'ra láiṁṫgríbinn do ḃí aige ḋá haiṫrgríoḃaḋ i muġa ar fad ar an rgríbneóir. Ag ro mar atá 'ra mbíobla Ghaeḋilge: 'Ní biaiḋ agad ann do ṁála coṁṫruma éagraṁla, coṁṫrom mór 7 coṁṫrom beag. Ní biaiḋ agad ann do ṫiġ míorúr toṁair éagraṁla, mór 7 beag, . , . óir an ṁéid do ní a leiṫéid-rin, . . , táid 'n-a n-aḋfuaṫṁairéaṫ ag do Thiġearna Dia.'

agus go minic cuid na ndaoine eile ir dóiġ le go leór, an tan ná tógfaidís éin-téagar i n-éinḟeaċt nó ó éan-duine aṁáin, ná béaḋ leaṫ díoġbála ann; leis sin, ní ċuireann cailín ná buaċaill an ṁarġaiḋ sféis i leiṫ-ṗinginn nó pinginn do ċoiṁéad, uair nó ḋó 'san tṡeaċtṁain; agus an ceárdaiḋe fá mar do béaḋ an ṗiġeadóir, an táilliúir, nó an gaba, má díonn rud beag sgáiálta aige, ní héan-rud leis é. Is é an cás céadna é i dtaob go leór eile. Ní héan-rud le bean na leanna nó na leaṁnaċta, rud beag dá comaoine féin do ċur ar an earraiḋ roin; agus dá bṡaġbaḋ an té do ċeannóċaḋ é toṁar beag bhreise do ċur leis gan díol, is minic do ḋéanfaḋ, go bṡóirid Dia air!

Aċt ní ċoṁ suaiaċ sin do ġlacaid leabhra diaḋaċta an sgéal so, óir tagann an beagán i n-áit a ċéile ċum móráin, agus an tan do díonn eán-rud téagarṫa nó suimeaṁail id' ḟeilb naċ leat féin, atá sé fóllas go bṡuil tú ṗreagarṫaċ ann, agus cionntaċ, ar a ṁór, i gcoir an iomláin do tógbáil i n-éinḟeaċt.

I gcás gadaiḋeaċta úrláir do ḋéanfaḋ bean-tiġe nó clann nó seirbíriġ, níl aṁras ná fuil sé coisgte go coṁ-ċoitċeann, óir adeir an Sgríbinn Diaḋa: 'an leanb ġoideann ó n-aṫair 7 ó n-a ṁáṫair, agus adeir ná fuil éin-díoġbáil ann, go bṡuil sé rann-ṗáirteaċ 'n-a ċoir ṁarbṫaċ' (Seanráiḋte xxviii. 24).

Ní leiṫsgéal duit ċum éan-rud do ṫógbáil, a ráḋ, go bṡuil do ṡláinte ar leaṫ-luaṫ, ná an oiread dod' ċuid ag an té sin, óir atá tosaḋ do ṁarġaiḋ agat, agus céad sliġeaḋ eile ċum do ċuit d'ḟaġbáil i n-éaġmais é 'ġoid. Ní ġábaḋ ḋam 'innsint, éan-duine atá i n-oifig ṗuibliḋe, nó i gcúram sheisialta ġnóṫa duine eile go bṡuil sé ṗreagarṫaċ i n-éin-ṁí-árduġaḋ ná díoġbáil ná coisgeaḋ nuair d'ḟéadfaḋ; agus, dá réir sin, ní

féidir leis beid 'n-a finnéid dóidhaoin, ná fúin díogbála do beid aige, gan ceart agus cairdeannacht do réabaḋ. Ní mar sin do ḋaoinib eile ná béaḋ an cúram soin oiga, gé go mbéaḋ fios nó fúin díogbála do ḋéanaṁ aca, muna mbéaḋ a gcongnaṁ nó a gcionnta féin leis. Níl siad ceangailte ḋum leóir-ġníoṁa. Ar a son sin, cionntuiġeann duine, leis, i n-aġaid Chairdeannacta ḋoṁ minic agus d'ḟéadfaḋ gan éin-ṁío-ḋoṁgar ná cortas mór dó féin, agus ná déanfaḋ, díogbáil a ḋoṁarran do ḋorg.

Sin duine, mar fompla ag gabáil an bóḋair nó tréagna na páirce, do-ḋí beaḋaidéaḋ a ḋoṁarran i nguair nó i gcontaḃairt a ḋaillte, agus fágbann sé mar sin é. Ní feapp leis ní d'éireóḋaḋ ḋó. Anois is é leóir-ġníoṁ atá aige sin le déanaṁ ná leóir-ġníoṁ le Dia leis an aiḋriġe, agus go deiṁin is mór sonn i dtaob a ṁío-ḋairdeannacta. Níor b'é sin cár an aoḋaire do béaḋ 'n-a bfeiḋil: do béaḋ leóir-ġníoṁ aige le déanaṁ le Dia ⁊ le duine.

Do-ḋíonn duine eile, buaḋaill nó cailín do beid ag robáil a maġistir, nó tá fúin aige air. D'iarrfaḋ cairdeanacht a ḋur i n-iúl uair nó ḋó. Agus muna ndéanfaḋ sin an gnó, sliġe éigin eile ḋírcréideaḋ do ġlacaḋ ḋum a ḋorg. Dá éaġmais sin, ní béaḋ sé saor ó ṗeacaḋ, gé ná béaḋ sé ceangailte ḋum leóir-ġníoṁa, muna mbéaḋ sé i gcúram an níḋe sin do ḋoraint nó do ḋoiṁéad. Tá céad cár eile ann do'n tṡórt sonn do-ġeóbaḋ duine a péiḋteaḋ le solas a péarúin nádúiḋa féin, agus 'n-a ndéanfaḋ amaḋ má bí nó muna raiḃ coir leóir-ġníoṁa air.

Acht ní i n'aiḋint sin acht 'san leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ atá an dócaṁal. Tá sé anois a cúig nó a deiḋ nó b'ḟéidir siḋe éigin bliaḋan ó ġeallais do Dhia agus

doo' oide faoisdine an leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ, an maiġistir leis an mbuaċaill, nó an buaċaill leis an maiġistir, an feirmeóir leis an gceannaiḋe nó leis an gceáidiḋe, agus iad-san airís leis sin, nó tusa eile fé coinġeall 'n-a bhfuilir ann; agus ó ṡin anuas do buail suan marbhtaċ ṫú le n-ar ḟágbhais gan déanaṁ é, mar urċall ar do ċoinsias, beó nó marbh.

Is baoġlaċ ar feaḋ na haimsire seo ná raiḃ t'ḟaoisdin glan folláin nó ṡíor-aiṫmiġeaċ, ná an t-oide 'ṫugaḋ faoisdin 7 abrolóid duit faor ó ġuais nó ó ċionnta; óir adeir Naoṁ Aibistín, naċ dáríribh aċt fallsa, naċ ṡíriinneaċ aċt bréagaċ, bíonn an aiṫmiġe, nuair ná cuirteas a bhaile cuid na ndaoine eile an tan ar ṡéidis é; agus airís deis an Doċtúir naoṁṫa céadna, ná maiṫteas an peacaḋ go bráṫ go ndéantar an leóir-ġníoṁ atá ar do ċumas.

Cuiṁniġ orit féin, ar an áḋbar sin, agus ná fan níos sia i gcoḋlaḋ an báis; óir dá ḟaid do ċáirde, is aṁlaiḋ ar cruaiḋe an cás agus is mó do ḋiúṫéiḋ. An ċéad dá uair do ċuir a náiṁde ciomlóga roiṁ Shampson, do bhris sé tríoṫa, aċt do cailleaḋ an tseas uair é. Ná fan-sa leis an tseas uair. Béiḋ malairt sgéiṁe orit uair na hola, agus ní dóċa, muna ndéanfaiḋ tú féin leóir-ġníoṁ, go mbacfaiḋ d'oiġriḋe leis, gé go mbaḋ ċeart dóiḃ é.

Is mearra leó iad féin, agus do b'ḟearr ḋuit-se, ó's goirse ḋuit ṫú féin 'ná éan-duine, do bean agus do ċlann do beiṫ boċt is' ḋiaiḋ, 'ná tú féin do beiṫ damanta, agus is damanta béiḋ an té ná déanann an leóir-ġníoṁ ar acfuinn dó; óir adeir Dia i Leabhar Ezechiel (xxxiii. 15), 'má iompuiġeann an mallu-iġṫeóir ar bhreiṫniuġaḋ, agus ceart agus a ġeall agus a rioḃáil do ċur a bhaile, go mairfiḋ sé agus ná faiġbiḋ

ré bár,' ceaċt do ċairbeánann, muna ndéanfaiḋ, go ḃfuil bár fíorfaiḋe i ndán dó.

Ní heól dam éan-ċár 'n-a mbéaḋ duine faor ó Leóir-ġníoṁ, aċt aṁáin muna dtuitfeaḋ ré i mboċtaine, ar ḟliġiḋ ná faġḃaḋ ré é 'ḋéanaṁ; agus annsoin ní hiarraitear air aċt rún a ḋéanta do ḃeiṫ aige, dá mbéaḋ ar a ċumas: nó arís dá mbaḋ go maiṫfeaḋ an té ag ar ċionntuiġir i n'aġaiḋ ḋuit, táir faor; óir atá a ṫoil féin ar a ċuid féin i fliġiḋ réafúnta ag gaċ éan-duine, má'r eaḋ, níor ṁór ḋuit ḃeiṫ ró-ḋeiṁneaċ ḋe fin, go fréifialta i níḋ fuimeaṁail; óir ní hionann an ruud do ḋéanfaḋ duine, agus ḋéanann sé. Ní mar a ċéile a ráḋ, 'maiṫim ḋuit,' agus 'ṁaiṫfinn ḋuit'; agus ir baoġlaċ le tuataiġe nár ṁiste ḋóiḃ é i dtaoḃ gaoil nó muinteasaḋair, go mbaineann go leór le neiṫe nár ċeart dóiḃ, ruud d'inneóraḋ do ċáirdeas Críost nó deasḃráṫair do ṁáṫar ḋuit, dá ḃfiafróċtá ḋe, ar ṁór leis duit an níḋ fin.

Dubhrar nár ṁór do'n té 'n-a mbéaḋ Leóir-ġníoṁ bainte air, é' ḋéanaṁ i dtráṫ; óir, dá éaġmais fin, ḃéaḋ sé fréagairṫeaċ i bré díoġḃáil do ḋéanfaḋ earnaṁ a ċoda do'n té 'n-a mbéaḋ sé uaiḋ. Ní airiġim go mbéaḋ sé sír-ċionntaċ i bpeacaḋ, ruud naċ féidir do ráḋ le héin-ġníoṁ uile eile; óir má'r cráor nó drúis é, imṫiġeann sé ṫart an uair fin, aċt an ḟaid d'ḟanann an tṡealḃ neiṁ-ċeart, fanann an t-olc 'n-a ċoiṁdeaċt.

Ní aṁáin i dtráṫ, aċt ní fuláir Leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ go foir-líonta agus do'n té 'n-a ḃfuil sé dlisteaċ. Má ṫóġḃair coróin nó ḋó nó a trí, ní fuláir an oireaḋ céadna do ċur 'n-a n-áit, agus an t-earnaṁ do-ruġne sé, leis. Ní fuláir ḃeiṫ láiṫreaċ ar an bpuinnte seo agus a ráḋ mar adubairt

Sachaeir: 'Ó, a Thiġearna, má ṡuġneas éagcóir ar éan-duine, ag feo ceirṫe hoiread i n'áit' (Lúcás xix. 8). Agus i dtuairim Naoiṁ Chriosoistom, do bí fóirt cirt annsin féin, ar ḟliġiḋ go mb'ḟearr agus go mbaḋ ḋeiṁniġṫiġe do ḋuine, beiṫ os a ċionn 'ná beiṫ fá n-a bun. Agus is aṁlaiḋ do béaḋ éan-duine coinsíneaċ ar nós an ṡtíobairid sin do bí ag Aran ná faġbaḋ coolaḋ go focair nó gur ċas ré[1] ar na daoine ní fa ṁó 'ná do ċoiṁéid ré uaṫa.

Ní ḋéanfaḋ déaric ná Airṗeann an gnó ḋuit, dá mbéaḋ an t-oiġreaḋ le faġbáil, nó muna mbéaḋ an ní ċoṁ fuairiaċ 'r nár b'ḟiú é d'ḟilleaḋ ná d'éileaṁ; óir is é ainm do ṫugaid na hAiṫreaċa Naoṁṫa ar an fóirt foin déirce ná 'déirc Iúdáis agus an aiḋbeirreóra.' Do ṡaoil an duine dona so, nuair ná glacfaidís naċtaiḋáin an dliġiḋ ṫar n-air an t-airgead fuair i ndíol a ṫréatúraċta, é 'ċaiṫeaṁ 'ran teampall i gcionn borga na déirce. Aċt cé dona do bíodar, do ḋiúltuiġeadar na fagairt dó, ag ráḋ naċ raiḃ ré dleaġṫaċ ná ceaduiġṫeaċ aca, luaċ fola do ċur i gcionn na déirce. Is é an ṗreagra céadna d'oireann fós. Bronn do ċuid féin ar Dhia agus ar an dteampall, agus do-ġeóbaiḋ tú a ṫairbe. Aċt i dtaoḃ an ċuid ṡiúd do ċur ann, do b'é luaċ na fola é.

Go coṁ-ċoitċeann an té is mó cionnta is é ar daoire tuirime Leóir-ġníoṁ; aċt an té atá i ṡeilḃ an níḋe tógbaḋ nó do ṗuairaḋ, is é atá ceangailte ċum an Leóir-ġníoṁ do ḋéanaṁ ar dtúis; an t-uġdar nó an té is cionnataċ leis 'n-a ḋiaiḋ sin; agus ar son amaċ an ṁuinnteair eile 'n-a raiḃ éan-láṁ aca ann, atáid coiṁ-ċeangailte, gaċ n-aon, ar a ṡon foin, i

[1] 'nó gur airig ré tar air' 'sa MS., vol. 50.

n-earbaiḋ na coda eile; óir ní leiṫrgéal duit a ráḋ, mar adeiriu go leór: 'níor ṫairbiġ orm-ra aċt an méad ro; ní mire do-rigne an díoġbáil ar fad.'

Ní beag má bí éan-láṁ agat ann, mar déanann do ċuideaċta, do ḟompla agus t'ḟinnéiḋeaċt do ṗáirtiḋe éargaiḋ dána ċum uilc, agus, leis sin, leóirġníoṁ an iomṡláin do ṫabairt ort-ra má ċuiriu sin suas, rud nár ċeart dóib, dá gcuid féin de.

Féaċ, ar an áḃhar soin, goidé an díoġbáil atá déanta, ag coiṁéad na droċ-ċuideaċtan; óir cionnas a leiġisfiḋ tusa an díoġbáil sin, agus gan sin cionnas do-ċífiḋ tú na flaiṫis? Oireann an ċainnt seo go ró-ċruaiḋ do'n aicme ṁí-áġṁaraiġ do bíonn go táir ag faire agus ag tnáṫaḋ a ċéile, nó ag cur sgaireaḋ le fuar-ṡánaiḋe gaisgiḋ ar ḟonas aonaiġ; nó, níos measa, gan truaiġṁéil, gan trócaire, ag fiosrugaḋ a gcoṁ-ċréatúra fá sgáil na hoiḋċe, ag réabaḋ a ṫeaġlaiġ bíg, ag sgeónaḋ a ṁuinntire, agus ag tabairt a báis le heagla; óir an té atá ar deireaḋ nó ar sia amaċ do'n ċuideaċtain naoṁṫa so, atá sann-ṡáirteaċ 'san gcoir déantar i dtosaċ, ar ḟliġiḋ, má baineann leónaḋ nó milleaḋ nó marbuġaḋ do ḋuine nó beiṫiḋeaċ, má geallann sgann, má bristear dosas, má déantar réabaḋ ná fealladaḋ, go bfuil sé sin i ngeall leis an díoġbáil go ríoṁaiḋe, muna ndéanfaiḋ sé féin nó éan-duine ba ṫreise 'ná é 'san olc réaṁ-ṡuargaiłt leóir-ġníoṁa air. Ní neaṁ-ċosṁail leis seo cás na muinntire eile úd, má tá éan-duine aca ar an láṫair, bíonn go mí-nádúrṫa ag tnúṫ le róġṁar an ġeiṁriḋ, ag coṁṡár ċum na tráġa, nó ag faire ar nós na bfiaċ noub ar bruaċ na fairrge, aċt ċum sluid 7 slad 7 breiṫ ar éigin.

Ní gan áḃar, aḋeirtear go dtagann go luaṫ nó go mall mío-rath agus leaġaḋ an tṡneaċta, lá gréine, ar an tṡlaḋ-ṡaoṫar reo; óir is é rin guiḋe agus breaṫ an teampaill. Fá ḋeireaḋ is gné duḃ-robála do ḋuine dul i ḃriaċaiḃ gan rún ná intinn iad do ḋíol; agus ní mó is féidir a leiṫṫgéal ro do ġaḃáil do luiġeann go focair fá n-a ḃriaċaiḃ, nuair do b'ḟéidir leó iad do ċur ḋíoḃ, iad ro do bíonn go mín mioċair muinteardha éargaiḋ ċum do ċuid d'iarraiḋ le linn an ġáḃaiḋ, agus ruġin, b'ḟéidir go droċ-ṁúinte, le linn a lorg. Fós atá ceangal cirt ort i dtaoḃ do ġeallaṁna; óir is fear gan fírinne, dála gurab eaḋ, ḃrireann a ḟocal, agus is fear gan ceart do ḃrireann a ġeallaṁaint.

Táim réiḋ anois aċt aṁáin d'iarraiḋ, má ḃraiṫeann tú do ċogcuḃar ag triod leat i dtaoḃ éin-ḃeart eágcóra i rit do ṡaoġail, i dtaoḃ éan-tógḃáil ná coiṁéad ná díoġbáil neiṁ-ċeart do-rugnir gan leiġear, leóir-ġníoṁ iomṡlán do ḋéanaṁ ann i dtráṫ, ċum ná béaḋ sé ag déanaṁ buaḋairṫa annsa ḋuit, ná ráḋ' ḃráġaid ad' ċráḋ ar feaḋ na ríorraiḋeaċta. Iarr-ann Dia agus an teampall é. Iarrann dliġeaḋ na náduṁa é, agus do réarún féin. Gan rin, níl éin-éireaċt 'ran abrolóid. Gan rin níl éan-ṁaiṫ 'ran ola. Giḋeaḋ, má tugṫar a ċeart féin do Shaeran, is mór an réiḋteaċ é ar uair do ḃair ⁊ an congnaṁ ċum na glóire ríorraiḋe n-a ḋiaiḋ rin. Amen.

Seanmóir a Deic.[1]

ar an bpeacaḋ.

Quasi a facie colubri fuge peccata.

Seaċain an peacaḋ aṁail do ḋéanfá gnúir naṫraċ uiṁe—
(Eccler. xxi. 2).

IS mór an daille ⁊ an dí-ċéille do ḟíol Áḋaiṁ ⁊ Éaba, go nglacaid an oiṗead ṗin cúṗaim ⁊ imḟníṁ fá'n uile níḋ ḃaineas le ṗoċas nó le ṗo-ṁaoin an ċuiṗṗ ċlaoin ċealgaiġ, ⁊ go dtugaid failliġe ṗó-ṁór i ṗláinte an anma. Chum ṗláinte an ċuiṗṗ ní ċoigleann ṗiad ór ná airgead ná iolṁaoine. Níl leiġeas ná luiḃ dá ḟeiṗḃe naċ nglacfaidís ċum maiṫeasa an ċuiṗṗ. Giḋeaḋ, ní ċuiṗiḋ ṗeaḋ ná ṗuim i n-aicídiḃ gráineaṁla an anma, aṁail mar adeir an ṗile laidne,

Ut corpus redimas, ferrum patiens et ignem ;
Ut valeas animo quidquam tollerare negabis.

Iodon, ċum do ċuiṗṗ do ḟlánuġaḋ d'ḟuilingeóċaḋ tú a ġearṗiaḋ le haṗm ⁊ a loṗgaḋ le teiniḋ: giḋeaḋ, tar ċeann go ḃfuil míle oṫṗar ⁊ easláinte ar an anam, ní ċuiṗṗiḋ tú ṗóṁat éan-leaṫ-uair aṁáin aiṫṗiġe do ḋéanaṁ ar a ḟon.

Cujus vestrum bos aut asinus in puteum cadet et non continuo extrahet illum?—'Cia agaiḃ go mbéaḋ bó nó capall aige ⁊ go dtuitfeaḋ éin-ċeann díoḃ i bpoll, naċ dtógfaḋ é gan ṁoill?' (Lúcas xiv. 5). Ag

[1]Murphy MSS, vol. 32, pp. 380-398; vol. 101, pp. 105-121.

ṡiúd an t-anam dá ḃáṫaḋ i bpoll duiḃeaḡáin ⁊ i ngualainneáin na bpeacaiḋe, créad ráṫ naċ dtógann tú é? Dá mbéaḋ do léine ṡalaċ, do ċuinṗeá dá niḡe í. Dá mbéaḋ claiṁe ar do ċapall, do ċuinṗeá dá leiḡear é. Ag ṡiúd d'anam lán do ċlaiṁe na claḋainneaċta ⁊ na camarṫaoiḋeala. Créad ráṫ naċ gcuinneann céiniḋe leiḡir air?

Quid prodest homini si universum mundum lucretur, animae vero suae detrimentum patiatur.—'Créad an tainḃe do ḋuine an saoḡal uile do ḃeiṫ ṗá n-a ċumar ⁊ a anam do ċailleaṁain tré ṫréatúinneaċt na bpeacaiḋe?' (Maṫa xvi. 26). Créad é an ní an peacaḋ? Do réir San Aiḃirtín, atá ṡmuaineaḋ nó bniaṫar nó gníoṁ i n-aḡaiḋ dliḡiḋ Dé. Créad é an ní an peacaḋ? *Est aversio a Deo et conversio ad creaturam*, .i. cúil-iompoḋ ó Dhia ⁊ gnúir-ḟilleaḋ ar an gcréatúir. Le congnaṁ Dé ⁊ le gráda an Sriorraid Naoiṁ tairbeánfad trí réarúin ṡreirialta i n-a ṡuiḋiḡṫear gur cóir gráin do ḃeiṫ ar an bpeacaḋ. An céad réarún, naċ ḃfuil ní ar biṫ ar dioḡḃáiliḡe do'n anam 'ná é; an dara réarún, naċ ḃfuil ní ar biṫ ar taiṫneaṁaiḡe leis an diaḃal 'ná é; an tríar réarún, gur ní ṡuaṫṁar gráineaṁail i láṫair Dé é. Is iad ṡin trí roinnte nó trí puinntí an ċoṁráiḋ ṡeo.

An t-anam do ċruṫuiḡ Dia ar a íoṁáiḡ ⁊ ar a ċoraṁlaċt féin, tá sé ċoṁ lonnraċ ⁊ ċoṁ taiṫneaṁaċ ṡin ⁊ ċoṁ cóiniḡṫe ċoṁ ṡgiaṁaċ ṡin le beannuiḡṫeaċt ṡrioraḋálta, ionnar go nglacann Dia féin compóro móir, coṁluadar ⁊ coṁnaiḋe do ḋéanaṁ ann, an ṗaid ṗanar ar ṡtaid na ngrás. Giḋeaḋ, 'ṗan luar i n-a dtaḃairann an t-anam aontuḡaḋ do'n ṗeacaḋ, bíonn ċoṁ ṡalaċ ṡin ⁊ ċoṁ gráineaṁail i gcruiṫ nár b'ḟéidir leis an bpeacṫaċ féin féaċain air gan uaṫḃár, dá

mbéaḋ ré ceaḋuiġṫeaċ aige é 'ḟeicrin; óir do láṫair, iar dtuitim 'ran bpeacaḋ ḋó, cailleann a ṁaoin ⁊ a ṁaiṫear uile ⁊ i n-a ċionn rin, tuiteann ré 'ran uile ḟórt uilc ⁊ urċóide. Ar dtúir, tréigeann Dia an t-anam ⁊ baineann de coṁartaí a ṁuinnteartair .i. folur na nglár ⁊ compóro an Sriorraid Naoiṁ. Cailleann, mar an gcéadna, an t-anam an roinn do bí aige i luaċ fola Chríost. Cailleann comairce ⁊ tearmann an Áiro-ríoġ. Cailleann taḃartair an Sriorraid Naoiṁ. Cailleann na gealltа ⁊ na mórgáirte do bí aige ar ḟlaiṫir Dé. Cailleann an ċoṁroinn ⁊ an cumann do bí aige le hurnaiġṫe na hEaglaire. Cailleann ruaiṁnear ⁊ ríoṫċáin a ċogcubair, ⁊ rá ḋeóiḋ, cailleann toraiḋ a ḋeaġ-oibreaċ go huile, ⁊, dá réir rin, an ġlóire ḟíorrairde.

Ir iomḋa ḟoġail ⁊ anḟorilann éagcoimreaċ do-ġní an peacaḋ marḃṫaċ do'n anam. An ċéad ḟoġail, díbreann Dia ar an anam ⁊ do-ḃeir reilḃ do'n diaḃal ann: *Deus caritas est, et qui manet in caritate, in Deo manet et Deus in eo* (I. Eóin iv. 16), ⁊, dá réir rin, an tan ḋíbreann ré an ċarṫannaċt díbreann Dia, ⁊ baineann beaṫa na nglár de, an ní ar anam do'n anam. An dara ḟoġail, cailleann an t-anam toraḋ a ḋeaġ-oibreaċ mar adeir an fáiḋ Erechiel 'ran 18 caib: *Si averterit se justus a justitia sua et fecerit iniquitatem. . . omnes justitiae ejus quas fecerat non recordabuntur*, .i. má ṫréigeann an fírean a fíreántaċt ⁊ an t-olc do ḋéanaṁ, do-ḃeirṫear i ndíoḋ-ċuiṁne ⁊ i ndearmad an méad maiṫeara do-rugne ré. An tríar ḟoġail, cailleann ré taḃartair ⁊ tiodlaicṫe an Sriorraid Naoiṁ, aṁail mar adeir Solaṁ i leaḃar na hEagna: *In malevolam animam non introibit sapientia, nec habitabit in corpore subdito peccatis,*

.i. ní ṫuirlingeóċaiḋ eagna an Sriorraiḋ Naoiṁ inr an anam ṁí-ċoingeallaċ ⁊ ní ḋéanfaiḋ coṁnaiḋe 'ran ċolainn atá tugṫa do na peacaiḋiḃ (Ecclus. i. 4). *Nihil est peccante pauperius*, adeir San Gregorrtom 'ran gaḋ reanmóir, .i. níl éinneaċ níor boiċte 'ná an peacṫaċ. An 4ṁaḋ ḟoġail, cailleann an ceart atá aige ar an mbeaṫaiḋ ríorraiḋe, aṁail léiġtear i n-Ecclesiastes, an 32 caib. rann 33: *Qui peccaverit mihi, delebo eum de libro meo*, .i. an té ḃrireas m'aiṫeanta cuirfear amaċ as leaḃar na beaṫaḋ é; ⁊ aṁail do léiġteas 'ran ċéad litir ċum na gCorintianaċ (vi. 9): *Iniqui regnum Dei non possidebunt*, .i. ní riaċaiḋ na droċ-ḋaoine do'n ḟlaiṫeas neaṁḋa. An gaḋ ḟoġail, cailleann tearmann ⁊ comairce fréirialta Dé uile-ċuṁaċtaiġ aṁail léiġteas 'ran 32. Sailm, 18 rann, *Oculi Domini super metuentes eum . . . . ut eruat a morte animas eorum*, .i. bíonn súile an Tiġearna ar an droing bíos eaglaċ roiṁe féin, ċum a n-anam do ṡaoraḋ ó bás; ⁊, dá ḃríġ sin, an ṁuinnteas naċ mbíonn eagla Dé orra, mar do-beirid-sin fairliġe i nDia, do-beir Dia fairliġe ionnta-san. An 6aḋ ḟoġail, cailleann an t-anam coiṁdeaċt an Sriorraiḋ Naoiṁ, ⁊ coiṁdeaċt ⁊ coiṁéad an aingil ċoiṁdeaċta, aṁail adeir an doċtúir naoṁṫa, San Basilus: *Velut fumus fugat apes, sic graveolens peccatis fugat angelum vitae nostrae custodem*, .i. aṁail díbeartar na beaċa le deataċ, is mar sin díbreas droċ-ḃolaḋ an ṗeacaiḋ ár n-aingeal coiṁdeaċta uainn. An 7ṁaḋ ḟoġail, cailleann sé an ċoṁ-roinn ⁊ an ṗáirtiḋeaċt do bí aige le críorcaiḋṫiḃ an domain, do ḃríġ, an ḟaid bíos ar sraid na ngrás, gur féidir leis a ráḋ le Dáibíḋ: *Particeps ego sum omnium timentium te et custodientium mandata*

tua (Sailm cxviii. 63).—'A Ṫiġearna táim ṗann-ṡáiṗteaċ leir an muinntir a mbíonn t-eagla-ra orra 7 do ċoimḋéadann d'aiṫeanta.' Giḋeaḋ, cailliṁid an ṡáiṗtiḋeaċt rin leir an bpeacaḋ ṁarḃtaċ. An 8ṁaḋ ḟoġail, cailliṁid luaċ-raoṫair ár ndeaġ-oibṗeaċ mar ḋearḃar an fáiḋ Ṗraiar 'ran 59 caib. 6 ṗann, mar a n-abṗann: *opera enim illorum inutilia et opus iniquitatis in manibus eorum*, .i. atá a n-oibṗeaċa neaṁ-ṫairḃeaċ 7 obair na hurċóide 'n-a láṁaiḃ. Dá ḃríġ rin, dá ndéanfaḋ tú triorgaḋ, déaṁ 7 urnaiġṫe an doṁain, níl tairḃe ḋuit ionnta an ḟaid ḃíor tú ar ṡaid ṁalluiġṫe na mío-ġníṁ. An 9ṁaḋ ḟoġail, atá tú damanta ċum ṗianta ríoṁṗaiḋe d'ḟaġáil i n-ifṗinn do ṗéir Dáibíḋ 'ran 20 Sailm 10 ṗann mar a n-abṗann: *Ignis devorabit vos.* Is é rin, 'ṗloigṗiḋ teinte ṗiḃ'; 7 arís, 'béiḋ a ṗoinn ṗiúd 'ran loċ atá ar dearg-laraḋ le teiniḋ 7 le bṗiomṡtón' (Apoc. xxi. 8). An 10ṁaḋ ḟoġail, bíonn an peaċtaċ 'n-a ṡgláḃaiḋe ag an diaḃal, dá ġearṗaḋ 7 dá ċṗeimeaḋ le péist an ċogcuḃair, aṁail mar do-ġeiḃiṁid 'ran 6ṁaḋ caib. ċum na Róṁánaċ (16 ṗann): 'Naċ ḃfuil a ḟior agaiḃ gur ṗeiṗbíriġ ṗiḃ do'n té dá ngéilleann ṗiḃ;' 7, dá ḃríġ rin, má ġéilleann ṗiḃ do'n diaḃal, gur ṗeiṗbíriġ do'n diaḃal ṗiḃ. Ag rin daoiḃ, a ċṗíoṡtaiḋṫe, na díoḋa 7 na doċair ṁóra do-ġní an peacaḋ marḃtaċ do'n anam.

Anois, iomoṁṗo, triáċtṡamuid ar an dara péarún ṡá'n ċóir ṡuaṫ do ḃeiṫ do ḟeacaḋ, 'sé rin, naċ ḃfuil ní ar biṫ ar milṡe leis an diaḃal 'ná é; agus atá trí ṡéarúin dá áiteaṁ rin. Ar dtúis, ní ór ná airgead ná péarlaí, ṡleaḋa ná ṡéartaí ḃíor ag an aiḋḃeirreóir dá n-iarṗaiḋ aċt anmanna na ndaoine go haonaṗánaċ; 7 is i ḃríoġair an neiṫ rin atá an ní léiġteas i nGeneis (xiv. 21): *Da mihi animas, cetera tolle*

tibi.—'Taḃair daṁra na h-anmanna ⁊ bíoḋ an ċuid eile agat féin.' Agus mar naċ ḃfuil ní ar biṫ ar mó ċuireas luṫġáir ar an diaḃal ná anam ḟíréanaċ do ṫarraing 'n-a líonta, is dearḃ naċ ḃfuil ní ar biṫ ar taiṫneaṁaiġe leis ná gaeṫe gró an ṗeacaiḋ.

Is aṁlaiḋ do-ġní an diaḃal le h-anam an ṗeacṫaiġ, aṁail do-ġní an cat leis an luiċ; óir an tan ġaḃas í, fgaoileann uaiḋ í tamall, cafann arís í, léimeann uirri ⁊ léimeann uirri arís ⁊ bíonn mar fin ag gaḃáil léi; giḋeaḋ, an tan do-ḃeir an luċ iarraċt ar ḋul 'fan daingean uaiḋ, do-ḃeir gróḃ dá gréaċtnuġaḋ ḋí. A ḟaṁail ċéadna, do-ġní an ḟearċat ḟealltaṁail úd, an diaḃal, leis an bpeacṫaċ dá ṁealladh ⁊ dá ḃréagaḋ go dtairingeann, fá ḋeóiḋ, go hirrionn é. An dara réafún, is maiṫ an ruiġeaṁ ar an níḋ feo mar ḃíos an diaḃal ag fíor-ḋéanaṁ buaiḋeaṙṫa gan fcur gan fgíṫ le ceiṫre míle bliaḋain, ⁊ os a ċionn, gan do ċúram ná do ċaiṫeaṁ airrire air, aċt ag tionfgnaḋ cleas ⁊ claon-ṁailíre ċum na bpeacṫaċ do ṫarraing ⁊ n-a líonta, aṁail léiġteas ag lóḃ, mar d'ḟiafruiġ Dia de'n aiḋbeirréir an dtug fé timċeall na cruinne go coṁlán, ⁊ mar d'ḟreagair fé feifean dó ag ráḋ, nár fágaḋ ionad ná óróslaċ di gan cuardúġaḋ. An tréas réafún, go ḃfuil an peacaḋ ró-ḟuairc ró-ṫaiṫneaṁaċ ag an mac mallaċtain, do ḃríġ naċ féidir a ṁian ná a ċíocras do ḟáraṁ; ⁊ tar ċeann gur ṫarraing ⁊ gur ṫreafgair fé míle milliún anam go hirrionn, dá éis fin, ní lúġaide a ċíocras ⁊ a ċonfaḋ é; óir bíonn fé do ló ⁊ d'oiḋċe aṁail do ḃéaḋ leóṁan buile ag búiṫriġ ⁊ ag iarraiḋ cia do ċraoṫṫloigfeaḋ fé. Adeir Peadar aprtal naċ ndéanfaḋ an diaḃal táḃaċt do ċorp na haḃann do ḟlogaḋ 'n-a ċraos. Is é an craos úd irrionn, ⁊ is í aḃa floigteas

ann .i. na táinte peacṫaċ teilgear ann ċoṁ tréan ⁊ do ṡiṫfeaḋ tuile ṡléibe le fán-ġleannta.

An tpeap ṗoinn do'n ċoṁṙáḋ ro, gur cóir an peacaḋ do ḟeaċnaḋ, do ḃríġ gur ṗuo ṗuaṫṁar gráineaṁail do láṫair Dé é. Ir uraide rin do ṫuigrin ar na ṗrianṫaiḃ tṙoma léir ṡmaċtuiġ ré an tpeap ċuid do na haingliḃ ⁊ an cineaḋ daonda. Do ċṙuṫuiġ Dia na haingil ⁊ ṫug dóiḃ an uile ḃṙeáġṫaċṫ ⁊ beannuiġṫeaċṫ; ṫug ré ḋóiḃ an uile ḟóṙṫ taḃaṙṫair, nádúir ⁊ gráṙa, ⁊ dá n-éir rin uile, do teilgeaḋ ríor iad i ḃṙianṫaiḃ uaṫḃáraċa iṙṙinn tré éin-ṗeacaḋ aṁáin uaḃair, an tan do ṡmuaineadar iad féin do ċur i gcoiṁear le Dia; i gcṙuiṫ gur cuiṙeaḋ iad i ṡtaid ċoṁ uaṫḃáraċ rin, ionnar naċ féidir leó éan-tṙóṙṫ maiṫeara do ḋéanaṁ; giḋeaḋ, bíd ṗó-ṗonnṁar ċum na huile uṙċóide. An canncar ⁊ an ṗráḋ ṗoiḋe atá orṙa tré ċailleaṁain na ġlóiṙe ríoṙṙaiḋe, cuiṙeann d'ṗiaċaiḃ orṙa ḃeiṫ lán do ċonfaḋ ⁊ do ċíocṙar ċum na gcṙíoṙtaiḋṫe. Ir leir rin naċ ḃfuil éan-tṙóṙṫ coiṙe ná clir ná calaoire naċ ndéanaid úráid díoḃ ċum na ndaoine ar naoṁṫa ar biṫ do ṫṙearṡairṫ, agur mar ḃárṙ ar ġaċ anḟoċain, bíonn teine iṙṙinn dá loṙgaḋ i ngaċ ball dá ngaḃaid; agur rin go léir mar ġeall ar éan-ṗeacaḋ aṁáin.

Taḃṙaiḋ ḃur n-aire go ṡṙíoċnaṁaċ dó ro, a luċṫ naċ ndéanann ṡcṙupall do ṗeacaḋ do ḋéanaṁ ar ṁuin peacaiḋ, ⁊ beiṫ ag ṡilleaḋ ⁊ ag aiṫ-ṡilleaḋ ⁊ ag tṙeir-ṡilleaḋ ar na peacaiḋiḃ, ⁊ dá ḃur n-únfairṫ féin ionnta aṁail do ḃéaḋ muc i láiḃ. Ir baoġal daoiḃ, muna ndéanann siḃ siḃ féin do ġlanaḋ le h-uisge na haiṫṙiġe, go dtuitfiḋ díoġaltar ⁊ díḃfeaṙg Dé oṙaiḃ; óir tar ċeann gur ṡoiġidneaċ ṡad-aṙaḋnaċ ḃíor Dia ag éirteaċṫ leir na doi-ḃeaṙta ⁊ leir na

dubailcí, is ró-ṫrom ṫuiteas a ċeasit-bhreiṫeaṁnas 'ran tsaoġal so féin as luċt na hiomascaḋ ⁊ na héagcóra.

Tuilleaḋ eile fós, is fuasas fuaṫṁasaċt an ṗeacaiḋ d'aiṫint as an díoġaltas do ṁisge Dia as ás gcéad aṫair Áḋaṁ, óir tas ċeann gusab é Dia do ċruṫuiġ é le n-a láiṁ féin ⁊ do ṡocruiġ i bPaṙṙṫas é, áit buḋ ṁó aoibneas ⁊ aiteas do'n domhan daonda, ṫug uaċtaṙánaċt na cruinne ḋó ⁊ ṫug cuṁaċta iomṡlán dó as an uile níḋ fá neiṁ; ní raib fós, éan-tabartas do b'ṡéidir d'ṡaġbáil ó nádúir ná ó ġráras naċ bfuair sé, mar aon le geallaṁain as roinn do'n ġlóire ṡlaiṫeasṫa: giḋeaḋ, mo ṫruaġ! an duine dona as ṡon naċ ndearnaiḋ aċt an toraḋ toirmisgṫe d'ṡroṁaḋ éan-uair aṁáin, do baineaḋ ḋe i n-éan-nóiméad aṁáin na tiodlaicṫe sin go léir. Do díbreaḋ as Paṙṙṫas an aoibneasa é; ⁊ ó beiṫ 'n-a ríġ do ṫuit sé ċum boċtaineaċta; ⁊ tas ċeann go raib an uile ṡóirt toṁaltais ⁊ róláir aige roiṁe sin, do b'éigean dó, tríér an bpeacaḋ, a ċuid arráin do ṡaoṫrugaḋ le hallus a ġnúise ⁊ le saoṫar a láṁ; ⁊ ní heaḋ sin aṁáin, aċt a ḋtáinig uaiḋ do ḋaoinib riaṁ, atá ann anois ⁊ do ṫiocfas go deireaḋ an domhain, do ṫuiteadar 'ran ainneire ċéadna maille leis; óir gaċ éan-tṡóirt peacaiḋ eile, boċtaineaċt, gorta, cogaḋ, aicíd ⁊ éagcruas, bás ⁊ damnuġaḋ síorraiḋe, níl ionnta uile aċt treilisí tubaiste ⁊ urnaiġṫe uiṫcóideaċa ṫáinig as peacaḋ an tsinnsir.

Ṡéaċaiḋ i ndliġeaḋ na nádúire créad do ṁisge Dia tré ṗeacaiḋíb na ndaoine an tan do ċonnaic sé go raib an domhan uile líonta d'uiṫcóid: *Repleta est terra iniquitate* (Gen. vi. 13). Adeir an Scriptúir gur ċuir sé fógraḋ as an ṁuir ṁóir, gur ġluais 'n-a tonnaib tolgánaċa tas bruaċaib ⁊ tas imeallaib

ċuirp-leaċna na cruinne le rabarta ró-ḟearġaċ ⁊ le hanfaḋ uaċbáraċ ġur éirġ an t-uirġe cúig ċúibit déag or cionn maoilinn na ġcnoc do b'aoirde do'n ċruinne.

Mo ṫruaġ! ir iomóa dún ⁊ deaġ-ḃaile, caṫair ⁊ cairleán, port ⁊ pálár do cailleaḋ leis an ruaṫar rin, i n-éaġmuis an ċinniḋ daonna uile do ḃáṫaḋ aċt éan-oċtar aṁáin, ⁊ rin go léir do ṫeaċt orra tré n-a bpreacaiḋiḃ. Naċ dtug Dia, mar an ġcéadna, ṡgríor ar an dá ċaṫair ṫárġaṁla Sodom ⁊ Ġomóra? Tá romplaí iongantaċa 'ran dliġeaḋ ṡgríoḃṫa féin, mar atá an rionóir tugaḋ do Dháṫan ⁊ d' Abíron, gur ḟloig an talaṁ iad; ⁊ rionóir an dá ríġ oirḋearic, Saul ⁊ Dáiḃíḋ. Táid againn, mar an ġcéadna i ndliġeaḋ na ngrár, cionnar mar ruair Ananiar ⁊ Safíra bár obann tré éin-ḃréig aṁáin.

A ċríorraiḋṫe, ag rin romplaí uaṫbáraċa agaiḃ ar corp na Scriptúra ar ṡgiúirríḃ díḃfeirġeaċa Dé, ⁊ ir ró-ḃaoġlaċ gur ġearr ó na daoiniḃ anoir féin tóirneaċa, teintriġe ⁊ trom-ḋíoġaltar Dé do ṫuitim orra; óir atá an oiread rin uile ⁊ éagcóra, earráide ⁊ ainġníoṁ eatorra, naċ raiḃ riaṁ níor lúġa do ċaraṫannaċt ioir na críorraiḋṫe. Ní raiḃ riaṁ níor lúġa do ċaradar ioir na coṁarpana. Ní raiḃ riaṁ níor lúġa do ċumann ioir na lánaṁnaċa pórta. Ní raiḃ riaṁ níor lúġa d'eagla Dé ar na daoiniḃ. Ní raiḃ riaṁ níor lúġa d'uṁla i n-a mbéaraiḃ, níor lúġa do ċríortaṁlaċt 'n-a ngníoṁaiḃ, níor lúġa do ṡtuamaċt 'n-a n-iomċur, níor lúġa do ḋeaġ-ċreideaṁ 'n-a ġcroiḋṫiḃ 'ná 'n-a ġcoṁráiḋṫiḃ.

Ar ċlor daoiḃ riaṁ níor mó do ġangaid ioir na daoine; níor mó do ḟéiṫéireaċt i reic ⁊ i gceannaċ; níor mó do ṗóitireaċt ⁊ d'ólaċán; níor mó do ċlaḋai-

ṗeaċt ⁊ do ċaillеaṁain dá ċur i ngníoṁ; níor mó tearbaiġ ⁊ an-uaḃair i ndaoinib úir-íṙle; níor mó d'earṡaine ⁊ do ḋia-ṁarlaḋ ⁊ do ċainntib diablaiḋe ag daoinib? Ó, na déaṫaoib damanta! Ó, na gníoṁa gráineaṁla! Ó, na peacaiḋe marbṫaċa! Créad ṫarṙaingear gráin Dé orainn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad líonar ár n-anmanna do ṁórgaiḋṫeaċt ⁊ do ṙalaċar? An peacaḋ marbṫaċ! Créad ṫarṙaingear ċum ifrinn rinn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad ċuireas fá rglábaiḋeaċt an diabail rinn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad do rgrioṙar ár n-ainmneaċa ar leabar na beaṫaḋ? An peacaḋ marbṫaċ! Créad baineas coiṁéad ⁊ cuṁdaċ Dé dínn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad baineas teaṙmann ⁊ comairce na n-aingeal dínn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad baineas gráṙa an Sriorair Naoiṁ dínn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad ṫairingear boċtaineaċt ⁊ gearr-ṙaoġal orainn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad ṫairingear treablóiḋe ⁊ tinnir orainn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad do ċuir le ruaċt ⁊ le ṙán rinn? An peacaḋ marbṫaċ! Créad bain daoib realb bur bṙeaṙann nduṫ-ċair, ⁊ fá bṙuilid ar láiṁ Allṁaraċ? An peacaḋ marbṫaċ, aṁail mar adeir an ṙile diaḋa 'ran ṙann ro:—

'Peacaḋ na rinnreas, uaḃar ir díomas, ṙeall ir cionnṫaċt, cṙaor ir ól;

'Creaċaḋ na mboċtán, cealla do ṙobáil, ṙórra ir ṙiarṙáil, puimp ir róit;

'Earuṁla d'óirdib, ṙír-bṙireaḋ ṙórta, ionntoḋ na gcóta i n-aġaiḋ dliġiḋ Phóil;

'Do díbir ár bṙlaṫa, do bain díob a mbailte, d'ṙáġ rinn i leaṫtrom fá rgíor ir fá bṙión.'

—dá ċur i gcéill gurab iad peacaiḋe na ndaoine

ċuaiḋ ṁoṁainn, atá ag tarraing gaċ éan-uilc ⁊ uṁċóide orainn. Créad an leiġeas atá air seo go léir? Déanaiḋ coṁairle an ḟáiḋ naoṁṫa Israel 'san ċéad ċaib: *Lavamini, mundi estote, auferte malum cogitationum vestrarum ab oculis meis* (Rann 16) .i. 'Ionnluiḋ sib féin, bíoḋ sib glan, díbirġiḋ olcas bur noroċ-smuaintе óm' radharc'; ionann sin le n-a ráḋ, gaċ uile ḋuine do-rigne peacaḋ, an aiṫriġe do ḋéanaṁ gan ṁoill, má's áil leis gan beiṫ damanta. Ná bíoḋ éan-leiṫrġéal aige, ná habraḋ sé go bfuil sé óg ná go bfuil a ḟáiṫ aimsire aige fós. Ná h-abraḋ sé go mbaineann cúram saoġalta ḋe gan an aiṫriġe do ḋéanaṁ. Ná bíoḋ sé ag seasaṁ ar ġráraib Dé. Do-ċímíḋ na daoine óga ag faġbáil báis go laeċeaṁail. Do-ċímíḋ go dtig an bás an uair is lúġa saoilteas é. Tá a ḋearbaḋ againn, naċ bfuil 'san domhan cúram ar mó 'ná cúram na síorraiḋeaċta. Má tá Dia trócaireaċ, do-beir sé a ċeasaṫ féin do gaċ n-aon do réir a oibreaċ: *Reddet unicuique secundum opera sua* (Maṫa xvi. 27). Dá réir sin, anois gan stad, gan leiṫrġéal, gan ċáirde, déanaiḋ an aiṫriġe; ⁊ ċuige sin do ḋéanaṁ go ríreannaċ ní fuláir daoiḃ seaċt níḋṫe do ḋéanaṁ.

An céad ní, ní fuláir daoiḃ siocraċa na bfeacaiḋe do ḟeaċnaḋ, aṁail léiġteas 'san tríear caib. do'n Leabhar sin Ecclesiasticus (27 rann): *Qui periculum amat peribit in illo*, .i. 'An té bíos teangṁálaċ 'san dainnséas teangṁaiḋ an dainnséas leis.' An dara ní, torraċ na noroċ-smuaintе do sroraḋ mar adeir an sean-ḟile Laidne: *Principiis obsta: sero medicina paratur, cum mala per longas invaluerat moras.* Is ionann sin le n-a ráḋ, leiġeas do ġlacaḋ i dtoraċ an éagcruais ⁊ féaċain ċuige i dtráṫ sul do

ṗaċaḋ an aicío ı bṗṡéiṁ. An tṡeaṗ ní, ṡíoṁaoıneaṗ ⁊ oṗoċ-ġnóṫa oo ġeaċnaḋ, óıṗ atá ṡgṡíoḃṫa, ġuṗab é an ṡíoṁaoıneaṗ máṫaıṗ áıl ⁊ oıoe ṁúınte na maılíṡe. An ceaṫṗaṁaḋ ní, an oṗoċ-ċoṁluaoaṗ oo ġeaċnaḋ, aṁaıl aoeıṗ an Saılm-ċıallaıḋe: *cum electo electus eris, cum perverso perverteris* (Saılm xvii. 27); ı bḟaṗṗaḋ oeaġ-ḋuıne béıḋ tú go maıṫ; ı bḟaṗṗaḋ oṗoċ-ḋuıne béıḋ tú go holc. Dá ṗaıḃ duıne ı gcaoṁṫaċ ⁊ ı gcoṁluaoaṗ bıṫeaṁnaıġ, béıḋ ṡéın 'n-a bıṫeaṁnaċ. Maṗ an gcéadna, an té bíoṗ ı gcoṁluaoaṗ na póıtearaċta, ⁊ maṗ ṡın dóıb. Do bṗíġ naċ tógḃálaıġe an ṗláıġ ná éan-tṡoṗıt aıcíoe 'ná an peacaḋ ⁊ na oṗoċ-oıbṗeaċa, cuṁnıġıḋ go meaṗtaṗ gaċ duıne do ṗéıṗ a ċoṁluaoaṗ. An cúıgeaḋ ní, ṡaoıṡdın ġlan ġeıneaṗálta do ḋéanaṁ uaıṗ 'ṡan mbliaḋaın, óıṗ atá ṡé ṡgṡíoḃṫa 'ṡan 28 caıb. (13 ṗann) ı Leaḃaṗ na Sean-ṡocal: *Qui abscondit scelera sua, non dirigetur; qui autem confessus fuerit, et reliquerit ea, misericordiam consequetur.*—'An té do ċeıleaṗ a ṗeacaıḋe ní ḋéanṡaıḋ a leaṗ: gıḋeaḋ, an té do-ġní a bṗaoıṡdın go glan ⁊ do ṫṗéıgeaṗ ıad, do-ġeóḃaıḋ sé trócaıṗe.' Ir ṡollaṗ aṗ an áıt ṡeo ġuṗ móṗ an ṗıaċtanaṗ atá leıṗ an bṗaoıṡdın ⁊ naċ bṗuıl teaċt aṗ 'n-a héaġmaıṗ. An ṡeıṡeaḋ ní, caṫuġaḋ ⁊ coṁ-bṗúġaḋ cṗoıḋe ⁊ leóıṗ-ġníoṁ do ḋéanaṁ le Dıa ⁊ leıṗ an gcoṁaṗṡaın ı ngaċ leaṫṗom ⁊ ı ngaċ éagcóıṗ dá ndeaṗnamaṗ ṗıaṁ: *Cor contritum et humiliatum Deus non despicies* (Saılm l. 19). Aoeıṗ Dáıbíḋ ní naċ dṗıéıgeann Dıa an cṗoıḋe coṁ-bṗúıġte uṁal. *Non dimittitur peccatum, nisi restituatur oblatum.* Aoeıṗ San Aıbṗıṫín naċ bṗuıl ṗaġbáıl ṗáṗdúın 'ṡan bpeacaḋ muna ndéantaṗ leóıṗ-ġníoṁ 'ṡan lot do-ṗıġne an peacaḋ. An ṡeaċṫṁaḋ ní, ṡacṗamaınt Chuıṗṗ Naoṁṫa

an Tiġearna do ġlacaḋ go minic, óir díbreann an tṡacramaint seo na peacaiḋe, laguiġeann na caṫaiḋe, foillriġeann an creideaṁ, daingneann an dóċas, laṡann an ċaiṫannaċt, méaduiġeann an diaḋaċt, ⁊ cuireann compóiro ⁊ ṡólás ar ċroiḋe an ċríosdaiḋe. A ċáirde ionṁuine, ag sin na seaċt leiġireanna as riaċtanaċ do'n ṗeacṫaċ boċt ċum Leasa a anma do ḋéanaṁ, ċum na bpeacaiḋe do ṡeaċnaḋ, ċum ríoṫċána do ḋéanaṁ le Dia uile-ċuṁaċtaċ ar an tṡaoġal so ⁊ ċum na beaṫaḋ ríoṁraiḋe d'ṡaġbáil ar an tṡaoġal eile; an ní iarraimse ḋaoib-se ⁊ dom ṗéin—I nAinm an Aṫair ⁊ an Mhic ⁊ an Spiorraid Naoiṁ. Amen.

Cornelius Mac Curtin, Parochus de Glanmire, composuit A.D. 1724. Requiescat in pace. Amen.

Seanmóir a hÉm-Déag.

AR AN bPEACAD MARBTAĆ.[1]

Defecit gaudium cordis nostri; versus est in luctum chorus noster.
Cecidit corona capitis nostri; vae nobis, quia peccavimus.

Do ċailleamar pléarúr ár gcroiḋe, d'iompuiġeaḋ ár lucṫáir nduibhón. Do ċuir an ċoróin do bí ar ár gceann fá n-ár gcoraiḃ; tá an léan orainn do bríġ gur ṗeacuiġeamar.—(Tríaṁna Ieremiar fáiḋ, v., 15 & 16).

Cia do-ḃéarfaiḋ bhiaṫra dom' ḃéal, fhuainte dom' anam, folur dom' ċuisge, teas dom' ċoil, neart dom' intinn, agus caon-dúṫracṫ dom' ċroiḋe, ċum na neiṫe do ġlacas do láiṁ do ċraoḃrgaoileaḋ go fiúntaċ, agus do ċur i dtuisgin daoiḃ mar is iomċubaiḋ is ní é an peacaḋ nár b'ḟéidir le fáiḋe an tṡeanpreaċta do ċoirmeasg le n-a ndeaġ-laḃairt diaḋa, ná leis na hEarbola, ar mbeiṫ ḋóiḃ lán do ġráraiḃ an Sríoraid Naoiṁ, a ċur ar gcúl, ná leis na maisitírí a ṁúċaḋ le n-a gcuid fola. Is ní é nár ḋíbir Íosa Críost go hiomḟlán, ar ḟon go mb'ḟéidir leis a ḋéanaṁ maille le duaḋ agus tuirse na dtrí mbliaḋan déag ar ḟiċid le pianaiḃ éagraṁla a ḃáis agus a ṗáirse. Is ní é nár ċuir Dia ar gcúl le fé ṁíle bliaḋan le grára a ċreidiṁ, le fuḃailce a ḟacramaintí, agus le naoṁṫaċt a Eaglaise! A ċáirde, is mian liom laḃairt air indiu, ionnus go dtiuḃraḋ fiḃ fuaṫ, miorgais, agus uile ġráin ḃur gcroiḋe ḋó.

---

[1] Murphy MSS., vol. 83, pp. 145-170; vol. 101, pp. 136-160.

Ó, a ṗeacaiḋ, a ṗeacaiḋ ṁairḃ, atá ċoṁ muinteairḋa ro ag na daoinḃ, giḋ naċ ḃfuil aiṫne aca oiṫ! A ṗeacaiḋ ṁairḃ do ḋíbireas na gráras, do leagas na ruḃailcí, do-ġní péabaḋ peilge air an gcreideaṁ, a ṁuirioireóir uaṫbáraiġ na n-uile ṁian, a rplannc ġráineaṁail ó Ifrionn, a pílé na ndeaṁan, a niṁ ḋiabluiḋe, a ġeaṁair na mallaċtan, a earcaire na ḃfraiṫeas, a ḋubróin na talṁan, a oillṗiart na nádúire, a ṗréaṁ an uile uilc, a ṫréatúir ṫug bás do Íosa Críosd, agus a ṁór-náṁaid na diaḋaċta, is oiṫ ḟógraim cogaḋ!

Ins an ċoṁráḋ so is mian liom labairt air nádúir an ṗeacaiḋ ṁairḃ; ar sin tuigfiḋ sib a ṫruimideaċt, agus cionnas mar atá sé contráirḋe do Dhia agus Dia contráirḋe ḋó.

An fuaṫ atá ag an bpeacaḋ ṁairḃ do Dhia, 'sé sin mo ċéad ṗoinnte; agus an fuaṫ atá ag Dia air, is é sin an dara ṗoinnte dom' ċoṁráḋ.

Iarrfamuid caḃair an Spiorad Naoiṁ le himpiḋe na Maiġdine Muire, *Ave Maria, etc.* Go mbeannuiġṫear duit, a Mhuire gil.

Defecit gaudium cordis nostri, etc. Do ċailleamar pléasúr ár gcroiḋe gil. Créad é an ní an peacaḋ mairḃ? Cúil-iompoḋ na toile ó Dhia, agus filleaḋ mí-riaġalta air an gcréatúir; mar adeir San Aiḃirtín, *Aversio voluntatis a Deo seu conversio indebita ad creaturam.* Air an moḋ so, ḋá ní ḋéineann an nádúir, dimidim ó Dhia agus fuaṫ do ḃeiṫ air; taiṫneaṁ do ṫaḃairt do'n ċréatúir agus a ġráḋċan os cionn Dé. An féidir smuaineaṁ air ṁailís ar mó. Adeirim gurab é an cúil-iompoḋ so ó Dhia do-ġní nádúir an ṗeacaiḋ, *aversio voluntatis a Deo.* Is féidir an focal so, cúil-iompoḋ, do ġlacaḋ air ṁóráin do ṁoḋaiḃ. An

céad ṁoḋ, ar ċontráirḋaċt na toile cruṫuiġṫe i n-aġaiḋ na toile neaṁ-ċruṫuiġṫe .i. ir mian leat-sa, agus ní mian liom-sa é; óirduiġeann tú ḋam so do ḋéanaṁ agus ní ḋéanfaiḋ mise é; contráirḋaċt toile an duine do ṫoil Dé; cinn-tréimeaċt coilteanaċ an ṗeacṫaiġ i n-aġaiḋ óirduiġṫe a naoṁṫaċta agus ceartaċta a ḋliġṫe! Is dá réir sin ainmniġear an fáiḋ Israiel na peacṫaiġ, réabṫóirí an dliġiḋ; agus do ḃríġ gusrab i n-isrionn coiṁlíontar mailís an ṗeacaiḋ, is uime sin adeir San Béarnáird, gur contráil síorraiḋe do-ḃuaḋċanta na toile cruṫuiġṫe i n-aġaiḋ na toile neaṁ-ċruṫuiġṫe do-ġní subṫaint isrinn; agus fá mar atá toil Dé 'n-a háird-dliġeaḋ do-sgaoilte, drong na mallaċt, do ḃríġ naċ féidir leó a lúbaḋ ná a ḃuireaḋ, is áil leó do ġnáṫ an ní ná tiocfaiḋ go bráṫ, agus ní háil leó, ar ċor ar biṫ, an ní ḃíos ann do ṡíor! *Quod nunquam erit semper velle, et nunquam velle quod semper erit*—creud é an ċiall sin? Do ḃríġ gusrab é nádúir an ṗeacaiḋ ḃeiṫ ag cur i n-aġaiḋ tola Dé.

An dara moḋ glactar an focal so, cúil-iompoḋ, ní heaḋ aṁáin go ḃfuil sé ag cur i n-aġaiḋ Dé, aċt fós, do-ḃeir sé gean agus gráḋ croiḋe an ċréatúra ar an bpeacaḋ; bíonn tuirseaċ do Dhia, do-ġeiḃ mío-ḃlas ar naoṁṫaċt a ḋliġiḋ, ar oiliṫre, ar ċrosgaḋ, ar uirnaiġṫiḃ, ar na buaḋaiḃ naċ fuláir do ḃreiṫ ar na hainṁianaiḃ, agus ar na deaġ-oibreaċaiḃ eile; tugann fuaṫ a croiḋe do Dhia; bíṫear mío-ṡásta ḋe; ní féidir a ḟulang; cuirtear i ḃfaillíġe agus i mí-ġean é, fá mar ṫug pobal Israel mí-ġean do'n ṗlúr neaṁḋa ṫug Dia ḋóiḃ, ar mbeiṫ ḋóiḃ ar an ḃfráraċ: *anima nostra jam nauseat super cibo isto* (Uim. xxi. 5).

An tríar moḋ ar a nglactar an focal so, cúil-iompoḋ,

an tan do-beirteas do rioġa an créatúir ṫar Dhia. Is air do labras mé 'ran gcéad roinn dom' ċomráḋ .i. d'ḟuaṫ an ṗeacaiḋ i n-aġaiḋ Dé! Is minic ná tugtar fá deara an ċontráirḋeaċt so na toile i n-aġaiḋ Dé, nó is minic naċ áil leó a ṫaḃairt fá deara. Is lúġa 'ná sin áirṁṫear an croiḋe ag cur i n'aġaiḋ, do ḃríġ go ndéanann pléasúr agus sásaṫaċt, dar leó féin, dóiḃ. Aċt creud do-ġnío nuair ṗeacuiġid? Cuirid an créatúir roiṁ an Cruṫuiġṫeóir! Uir-ísliġid é fá n-a gcosaiḃ leis an rioġa neiṁ-ċeasrt do-ḃeirid, ag taḃairt tarcuisne, mío-onóra agus easmuilte do'n Té do ċruṫuiġ, d'ḟuasgail agus do ḋealḃuiġ iad! Is aistreagal do'n ċreideaṁ naċ féidir le níḋ ar biṫ eile ḃeiṫ 'n-a ċríċ againn aċt le Dia aṁáin; gurab é féin ár n-ár-ḟaiḋḃreas, ár gceasrt-naoṁṫaċt, agus ár ndóċas go hiomṡlán, agus gur ċruṫuiġ na créatúirí eile mar ṁeaḋón oireaṁnaċ ċum ár sriúruiġṫe ċum na críċe seo. Aċt do ḃríġ gur ṁill an peacaḋ cuṁaċta an anma, aṁail atá ár dtuigsin, ag naċ ḃfuil a dóiṫin solusr ċum eidir-ḋealuġaḋ do ḋéanaṁ idir an gcríċ agus na meaḋóin, agus naċ ḃfuil ár dtoil neasrtṁar a dóiṫin ċum mian na maiṫeasa do ṫaḃairt orainn, agus ḟuaṫ an uilc, créad do-rizne Dia? Thug sé dliġṫe ḋúinn ċum go n-aiṫneóċamuir an tṡliġe ar cóir ḋúinn do leanṁainn, agus an úráid ar cóir ḋúinn do ḋéanaṁ do na créatúiríḃ, ag aṁairc orra mar ṁeaḋónaiḃ ċum sinne do sriúraḋ ċum ár gCruṫuiġṫeóra, an té ar críoċ ḋéideanaċ ḋúinn. Aċt do leag an peacṫaċ an t-órduġaḋ so. Déanann a ċríoċ dá ṁeaḋón, agus a ṁeaḋón dá ċríċ! Gaḃann sé seilḃ do na neiṫiḃ naċ ḃfuil aċt i n-úráid aige, agus déanann úráid do na neiṫiḃ ar cóir do ṡealḃuġaḋ, mar adeir San Aiḃistín. Féaċ anois, a ċáirde, cá mbeirean a ṁailís agus a

ṫruaillṡeaċt an duine, an tan do-beir ré an créatúir do rogha ṫar Dhia! Chuige reo do ċur i dtuigrin daoiḃ, níor ḃ'ḟulaing ḋaoiḃ rior do beiṫ agaiḃ cia hé Dia, agus créad é an ní na créatúiri. Agus ir ró-ḋeacair gaċ aon díoḃ do ṫuigrint, Dia do réir a uaṫbhárraige, a ṫruaiġṁéileaċta, agus an créatúir do réir a ḃoċtaineaċta. An Cruṫuiġṫeóir do ḃríġ gurab é ar Ainm-Tiġearna uile-ċumaċtaċ, Dia, Cruṫuiġṫeóir, Riaġluiġṫeóir agus Stiúruiġṫeóir an uile níḋe é! An créatúir do ḃríġ naċ ḃfuil aċt ceó, fgáil nó gorta ann, agus do réir an ḟáiḋ, ir neiṁní é: *Quasi nihilum reputati sunt* (Dan. iv. 32). Tar a ċeann rin, ir é an ceó, an fgáil agus an neiṁní ro, glacfar do rogha ṫar an Ríġ uile-ċumaċtaċ, Cruṫuiġṫeóir agus Slánuiġṫeóir an ċiniḋ daonda! Ó, a ḟlaiṫir, dá mb'ḟéidir liḃ iongnaḋ do ġlacaḋ, ag fo áḋbar iongnaiḋ, uaṫbháir agus cruṫ-eagla!

Obstupescite cœli super hoc! (Ier. ii. 12). Créad é an fáṫ? *Me dereliquerunt fontem aquae vivae, et foderunt sibi cisternas, cisternas dissipatas quae continere non valent aquas*, .i. do ṫréigeadar na peacṫaiġ mé, mise atá im' ḟruiṫ uisge beó, agus do ríoṁaiadar puaċairí bhfirte le naċ ḟéidir na huisgí do ṫuiteas ionnta do ċongbáil (Ier. ii. 13). Cuireann Dia é féin i gcompriáid le fruiṫ uisge beó, le trí réasúin, mar adeir San Denis. An céad réasún, *propter eminentiam*, do ṫaoḃ oirḋeaircas agus uairleaċta a náduire. Do-ġeiḃ an fruṫán fo a ċuid uisge ann féin. Tá a líonṁaireaċt ann féin, agus ní ġlacann é aċt uaiḋ féin. Ar an modh gcéadna tá an uile ṁaiṫeas gan áireaṁ ag Dia ann féin, agus do ġeiḃ sé iad ann féin, *in sua essentia;* agus atá a líonṁaireaċt uile aige uaiḋ féin gan a glacaḋ ó áḋbar nó ó ċúis ar biṫ eile.

An dararéarún, i dtaob na líonmhaireacta ar an dtaob amuig. Mar do béad tobar lán d'uisge ag cur taisir, mar sin glacann Dia aige féin an uile líonmhaireacht, préarúir agus subailcíde diadha do dhortad ar na créatúirríb, nach nglacann iad acht ó líonmhaireacht agus ó thortamlacht a bhrollaig sin: *de cujus plenitudine accepimus* (Eóin. i. 16).

An tríear réarún, ainmnigeann Dia é féin 'san Sgríoptúir 'n-a shuiut uisge beó do taob an at-chruthuigthe, *propter reproductionem*; do réir San Denis, rá mar atáid toibreacha ná bíd ráfta le n-a gcuid féin d'uisge do chur uatha go líonmhar, acht fós, aith-bhirid toibreacha eile tamall uatha chuireas a gcuid uisge níosa sia, mar an gcéadna, ní bíonn Dia ráfta le hé féin amháin do dhortad a ghrásra ar an eaglais, acht fós cruthuigeann nó déineann toibreacha eile, na deisciobail, mailie le huaisleacht a gcumais agus glaineacht a dteagasg do dhoirteas sroicha a ghrásra ar suaid an domhain. Dá bhríg sin, is suut uisge beó é, do bhríg go bhfuil líonmhaireacht an uile maitheasa aige, agus go ndoirteann iad, agus go dtéidid sroicha a ghrásra agus a thrócaire ar suaid an domhain. Ó, cia againn ná béad ponnmhar, lán-toilteanach chum an tobair thrócaire seo, agus chum sroichain na beatad síorshuide do leanmhaint? Agus, ar a shon sin uile, nuair dheacuigmíd, is é an tobar bith-beó so thréigmíd, agus leanmuid créatúirí bocha tshuailligthe mar sinn féin, toibreacha tiorma le nach féidir éan-bhraon do'n uisge do chongbáil: *me dereliquerunt fontem, etc.* (Ier. ii. 13). Créad é an t-ádbar 'n-a gcuirteas na créatúirí i gcomhráid leis na puacairí talmhan? Do bhríg ná fagbann siad an t-uisge acht ó na flaithis, agus nach féidir leó a chongbáil a bhfad. Ar an mod gcéadna, níl subail-

ciṫe ar biṫ ag na créatúirí ionnta féin, aċt is ó Dhia aṁáin atáid aca, an té ḋoirteas rioinn éigin dá líonṁaireaċt orra, ruḃailciṫe naċ féidir leó do ċongḃáil a ḃfad, do ḃríġ naċ mairfid féin aċt go gearr; ruḃailciṫe do-beir taiṫneaṁ éigin do ċroiṫe an duine, gé naċ líonann é. Cailleann é agus feóṫċann agus críonann leis an nduiḋ-úráid déanta ḋe; agus, tar a ċeann so (ó a neiṁ-ċirt uaṫbáraiġ!) is ar an nduiḋ-ṗléasúr ṁalluiġṫe ḋíoṁaoin aiṫġearr so, do-beirid na créatúirí a ngean. Is leis ar mian leó a gcailleaṁaint: *Obstupescite cœli super hoc!* (Ier. ii. 12). Ní heaḋ aṁáin go mbeireann an peacṫaċ an créatúir do roġa ṫar ṁórḋaċt Dé; aċt fós, cuireann a ṗairiún tar a ċuṁaċt, tar a ṁóir-eagna, tar a ṁaiṫeas, ins an méad 'n-a ḃfuil sé ar a ċumas! Cia ċreideaḋ é, muna mbéaḋ uġdaraṫár an Sgriortúra agus na nAiṫreaċ Naoṁṫa leis?

An tan laḃraim ar an bpairiún, ní ġlacaim annso é go fírlíṫe mar ṁoṫuġaḋ na n-ainṁian ṫugas é féin ar an níḋ so-ṁoṫaċ, aċt ar ṁoṫuġaḋ na nádúire loiṫiġṫe do-beir é féin go toilteanaċ ar an gcréatúir. Glacann an pairiún so ar uairiḃ an peacaḋ mar aṫair; uair eile mar leanḃ, nó mar a ṫoraḋ féin. Agus gaċ uair ṗeacuiġeas an duine, déanann a ḋíċeall ar é féin do ċur os cionn Dé, agus Dia malluiġṫe do ḋéanaṁ de! Ag so an ċúis do-beir ar an Earbol, San. Séam. a ráḋ, naċ ḃfuil éan-duine saor ó ċaṫuiġṫiḃ na hainṁiana so: *cum conceperit, parit peccatum.*—'An tan do ġaḃas, beireann an peacaḋ.' (Séam. i. 15). An tan ḃuaiḋeas an ċolann ar an sriorraid in san gcogaḋ ṡíorraiḋe bíos eatorra, an tan géilliteas do ṁoṫuġaḋ na nádúire loiṫiġṫe ṫar ṁoṫuġaḋ ġrásta Íosa Chríosd in san ċaṫ dubrónaċ

ro, dearmadar Dia, gabtar do ċoraiḃ 'n-a ġráraiḃ. Déantar neiṁní dá naoṁ-ṙrioṙaid, cuirtear na mí-ḃéara 'n-a n-ionad, an ṁéad ar ṙéidir leó é! Cia adeir é? Naoṁ Aiḃirtín ag a raiḃ a ṙior go maiṫ.

Aiṫriġiḋ, a ċáirde, agus tagaḋ luirne teintiġe araiḃ, inr an am ċéadna, i dtaob ḃur nduroiċ-ḃéar, bíoḋ a ṙior agaiḃ go ḃfuil an urḋáil do ḋéiḃ ḟallra dá n-aḋraḋ agaiḃ, agus atá do loċtaiḃ ag a ḃfuil riḃ tabairṫa, ag a ḃfuil riḃ in ḃur rgláibaiḋṫiḃ aca, ag tabairt earonóra agus imḋearga do'n Dia ṙíre! An nglacann tú ṙearg? Ir í an ṙearg ro do Dhia. Ar ġlacair gráḋ mí-riaġalta do'n ṁnaoi ro? An rairiún agus an créatúir ro do Dhia. Créad é an ṙáṫ?—Cibé ruo ar mian le héan-duine agus dá dtaḃrann ré gráḋ, rin é a Dhia. Ó, créad í an náire? Créad é an neiṁ-ċearṫ? Na mí-ġníoṁarṫa rgannlaċa do ċur or cionn Dé; na pléarúir ḃrúideaṁla, ġráineaṁla ṙalaċa do ġráḋċan or cionn an uile ġráiḋ.

Ir iad ro gníoṁarṫa an ṙeacaiḋ ġrándra ṫruailliġṫe. Deir San Aiḃirtín: 'Créad é an ní an duine ṙearġaċ? Créatúir do ċuireas rplangcaċa teintiġe ar a ṙúiliḃ agus ar pollaiḃ a ṙróin! Créad é an ní an rormadaċ? Créatúir ḃior ag raġḃáil ḃair le tnúṫ! Créad é an ní an duine móṙḋálaċ iomarcaċ? Deataċ óir! Cá gcuirid na peacṫaiġ Dia? I n-a ṙúiliḃ? Níor írle 'ná rin. 'N-a gcroiḋe? Níor írle 'ná rin. I n-ioċtar na talṁan? Níor írle ṙór 'ná rin. In ran dubagán? Níor írle 'ná rin. Créad é an áit? Ṙá'n gcúḃar ṫuiteas ar béal luċta na ṙeirge; ṙá úrúireaċt luċta an úrúir, ṙá ṫnúṫ luċta an ṙormaid; ṙá ḋeataċ luċta na móṙḋála; ṙá ṙailċeaċt agus bríocġail na rtriarać!'

Do léiġeas ins an Sgriopṫúir nár b'ḟéidir leis na flaiṫis ná leis an dtalaṁ Dia do ċongbáil; do léiġeas go bḟuil a ḟuirdeaċán ins an ngréin, agus go bḟuil an uile ḟoillse 'n-a ṫimċeall; aċt níor léiġeas riaṁ go raiḃ a Dhiaḋaċt falaċ ó bhocġail, dub ó'n deataċ; go ndeaċaiḋ sí ar neiṁníḋ fá'n gcréatúir ṫriailliġṫe. Ó, a ṗeacaiḋ, a ṗeacaiḋ ġráineaṁail, tairbeánann tú ḋá níḋ naċ ḟéidir do ṫuigsint—do ṡtoċ an Diaḋaċt ar a caṫaoir ċum a cur fáo' ċoraiḃ mar ṡtól. Deir Pól Earbal, ag labairt ar ṗeacaḋ ġráineaṁail na colna, briaṫra ró-ionganṫaċa, ar ċor, dá dtuigfiḋe iad mar ba ċóir, naċ mearaim go dtuitfeaḋ an té ir bhúideaṁla ar doṁan go bráṫ in san ṗeacaḋ so. 'Naċ bḟuil ḟior agaiḃ,' adeir sé, 'gur géag do ġéagaiḃ Íosa Chríosd buar gcorp, agus má ḋhuideann siḃ leis an méirdriġ go ndéanann siḃ corp na méirdriġe de?' (1. Cor. vi. 15). Tá ḋá ḟírinne ṁóra i mbriaṫraiḃ an Earbail. An ċéad ḟírinne: gur géag do ġéagaiḃ Íosa Chríosd siḃ. An dara ḟírinne: má ḋhuideann siḃ leis an méirdriġ, agus dá bríġ sin nuair ṫuiteas tú isin ṗeacaḋ so, go ndéanann tú corp na méirdriġe do ġéis Íosa Chríosd! Dá dtuigfiḋe na briaṫra so mar ba ċuiḃe, do-ḃéairfinn slán ḟá'n ndroċ-ḋuine ar mó ar biṫ tuitim i bpeacaḋ ṁarḃ.

Fiafruiġim díoḃ, dá mbéaḋ duine ċóṁ buileaṁail ċóṁ hainbḟiosaċ sin, agus fuil ṫriailliġṫe neaṁ-ġlan do ṁeasgaḋ tré ḟuil Íosa Chríosd isin ċailís naoṁṫa, créad é an t-uaṫbás do ċuirfeaḋ orraiḃ? Ní labhraim níosa ṁó, aċt táid na briaṫra so riaċtanaċ ċum focail an Earbail do ṫuigsint. Créad é an áit ar ísle 'ná sin ar b'ḟéidir an Diaḋaċt do ċur? Ní ḃíonn an peacṫaċ fásta leis an gcréatúir do ċur or

cionn Dé, agus Dia do ċur fá n-a ṗairiún, aċt fós, do-beir sé an diabal do ṗoġa ṫar Mhac Dé, agus moṫuġaḋ an deaṁain tar ṁoṫuġaḋ grára Íosa Chríosd. Ní cás an ṗíṁnne do ċur i dtuigsin; do bríġ an té ṫugas do ṗoġa an chéadúir agus a ṗairiún tar Dhia, do-beir doraċ an uilc agus uġdar an ṗeacaiḋ do ṗoġa ṫaisiṁ. Céad loċt an ṗeacaiḋ (adeir Tertullianus), tarcuisne do ṫabairt do Dhia: *Deum despicit!* An dara loċt, go dtugann earmuilt do ṫabartas agus do ġráraiḃ Dé: *dono Dei contumeliam facit.* An tréas loċt: go ndiúltuiġeann do Dhia agus go dtréigeann é: *Deum deserit, eum demum relinquit.* An ceaṫramaḋ loċt: go dtugann do ṗoġa an diabal ṫar Dhia: *etiam diabolum Deo praeponit.* Ó, dá mbéaḋ fios na ṗíṁnne so agam, ar ṗeaḋ na haimsire sin i n-ar ċuireas Dia fá ċosraiḃ an diabail, ar ṗeaḋ an oiṁid sin do ḃliaḋnaiḃ do ċríonas ins an bpeacaḋ, ar b'ḟéidir dom aontaḋ do ṫabairt do'n ṗeacaḋ? Ba ḋeónaċ leis an Sgriosad Naoṁ somplá doḃróna ḋ'ḟágḃáil againn ar an níḋ ċéadna i bpeasrain an ċéad ṗeacṫaiġ, Áḋaṁ, ar ar ṫoiṁisg Dia baint le toraḋ an ċrainn. I n-éan-ṗeacaḋ aṁáin do-rigne trí peacaiḋe uaṫbáraċa! D'ḟéaċ ar an uball agus ar aiṫne Dé, agus do ṁeas gaċ cuid díoḃ; giḋeaḋ, fá ḋeireaḋ d'iṫ an t-uball agus do ḃris an aiṫne! Féaċ an chéadúir aige dá ċur os cionn Dé! Do ġlac dúil agus ainṁian é ċum an uball d'iṫe. Ag so an sairiún aige dá ċur ós cionn aiṫne Dé, ar ṡon ná raiḃ an sairiún mí-riaġalta ann an tan sin, aċt griosaċt an diabail agus bréaġṫaċt an uball do ċonnaic sé. An tréas ní: do ċuir an diabal caṫuġaḋ air, agus do claoiḋeaḋ leis é. D'éirt sé le Dia agus ṫug tarcuisne ḋó, agus ṫug sé do ṗoġa an diabal! Trí ṗoġa do-rigne: an

créatúir, an fairiún, agus an diabal; ag fo trí fogha earmuiltearaċa do beireas an créatúir Áḋaṁ ṫar ṁór-ḋaċt agus uile-ċuṁaċta Dé i n-éan-ṗeacaḋ. Go mbaḋ toil leis an Tiġearna trócaireaċ, a ċáirde ġráḋaċa, fiḃ do ṫaḃairt aire ḟíriúnaċ, ḟoċraċ do na ḃriaṫraiḃ seo! Gaċ uair ṫuiteann fiḃ i bpeacaḋ, ná tugann fiḃ an tarcuisne ċéadna do Dhia? Dá dtugaḋ duine eagonóir do ḋuine ċáileaṁail, do ḃéaḋ náire air; do raċaḋ ag gabáil a leiṫṡéil. Dá dtaḃaircfá earmuilt do'n duine do b'ísle, níor ṁaiṫ leat go ḃfeicfeaḋ ṫú, agus ba ṁian leat ócáid d'ḟaġbáil ar ḟeirbís do ḋéanaṁ ḋó, ċum ná cuiṁneóċaḋ ar an earmuilt ċéadna níor mó. Aċt ro' ṫaoḃ-sa, a Thiġearna Dia, ro' ṫaoḃ-sa, dá nolíġtear an uile onóir, an uile ḟómór; ro' ṫaoḃ-sa le n-a muiniġmid féin agus an uile, do líonair sinn leo' ṁaiṫeas, ar b'ḟéidir linn a ċur i n-uṁail dúinn féin cia ṁéad earmuilte ṫugamar ḋuit, ad' ċur fá ċoraiḃ an diabail, an ċréatúir agus ár bpairiún, gan ár gcroiḋe do réabaḋ le caṫuġaḋ, le haiṫreaċas agus le deóra nime; gan sinn féin do ṫeilgean fád' ċoraiḃ dá aṫċur ort an ráraṁ ar mian leat do ḃaint dínn?—*Quis dabit capiti meo aquam . . . et plorabo* (Ier. ix. 1). Cia ḃéarfar deóra dam mo ḋóṫain, cia ḃéarfar sroṫa searba dom' ḟúilib ċum aiṫriġe do ḋéanaṁ in mo ṗeacaiḋib? Dá ḃfeicfeá an uṁáil cneaḋa ar mo ċorp agus atá do ṗeacaiḋib ar m'anam, do ḃéaḋ truaġ agat dom. Dá mbéaḋ a ḟior agat méad truimideaċta an ṗeacaiḋ, ḃéaḋ do ċroiḋe ḃruite le doilġeas. Gróeaḋ, ní féidir a ṫuigsint. Níl aċt Dia aṁáin ag a ḃfuil fior créad é an tarcuisne agus an ṁiorgair do-ġeib ó'n bpeacaḋ, mar naċ ḃfuil aċt Dia aṁáin ag a ḃfuil fior méad na gráine atá aige air! Déanfam ár noiċeall ar a

ċur i dtuigrin daoib inr an dara roinn dom' ċoṁ-ráḋ.

Do'n uile níḋ dá raib riaṁ, dá bfuil anoir agur dá mbéiḋ ċoiḋċe agur go bráṫ, ir deiṁin naċ bfuil éin-ní aca, agur naċ féidir a beiṫ, i n'áḋbar fuaṫa agur gráine ag Dia aċt an peacaḋ, do bríġ gurab í mór-ċuṁaċta Dé do ċruṫuiġ an uile ní; gurab í a ṁaiṫeas do ċuṁduiġeas iad; gurab í a eagna ṡtiúrruiġeas iad; agur gurab í a ċeart ċongbuiġeas i n-órduġaḋ agur i ngéilleaṁ iad. Ní fuaṫ leis éin-ní aca: *Nihil odisti eorum quae fecisti* (Eagna xi. 25). An dóiġ lib go bfuil iṡrionn féin, cé gurab é ionad an uilc é, i n'áḋbar fuaṫa ag Dia, mar adeir San Aibirtín. Ar ṡon gurab é an peacaḋ cúis a ḋéanta, is é Dia do-ṁisne é mar ionad díoġaltais, agur is í a ġaoṫ fearg an Tiġearna aṁail ṡruiṫ bruomṡtóin nó ruibe do lasar a ṫeinte: *flatus Domini sicut torrens sulphuris succendens eam* (Isaiah xxx. 33).

Tar éis an ṗeacaiḋ beiṫ ag cur i n-aġaiḋ a ġrásta ar feaḋ mórán aimsire, bíonn ṡólásaċ do ṫaoḃ prionóis na malluiġṫeóirí, mar bíonn i dtaoḃ ṡólais na naoṁ i bflaiṫeas Dé. Níl éin-ní, adeir San Cruosostom, idir na neiṫe ċruṫuiġṫe fuaṫṁar ag Dia. Níl éin-ní ná feiceann agur naċ ionṁain leis. Níl foirnéis na Babilóine fuaṫṁar aige. Téiḋ 'n-a lasraċ leis an dtriúr leanḃ ṁolas é. Níl fuaċais na leóṁan fuaṫṁar aige. Téiḋ ann le Daniel fáiḋ. Níl bolg an ṁíl ṁóir, óir ṡáḃálann lónas uaiḋ. Níl tobar Ierúsalem, óir ṡáḃálann Ieremias as. Níl an cairn aoiliġ, óir ṡanann ann i bfoċais lóḃ ṁolas é. Fá ḋeóiḋ, níl éin-ní fuaṫṁar ag Dia aċt tusa, a aṫair iṡreannaṁail, a nim ḋiablaiḋe, a ṗeacaiḋ ṁairḃ! Níl aċt tusa ná gráḋann agur ná haiṫniġeann sé, do bríġ

naċ ḃfuil aċt tufa ná deafma fé, agus naċ ḃfuil aċt tufa naċ ḃfuil fgráḋ aige ḋuit leis an réafún céadna fá ngráḋann fé é féin.

Is uime fin adeimid na Diaḋaimí, gufab é miofúr an ġráḋa atá ag Dia air féin ar miofúr do'n ġuaṫ atá aige ar an bpeacaḋ; agus mar is í an ċoraṁlaċt ar funadaimint do'n ġráḋ, an ċontráirḋeaċt ar funadaimint do'n ġuaṫ; óir níl éin-ní, mar adubairt ċeana, ċuireas i n-aġaiḋ Dé aċt an peacaḋ, agus, dá ḃríġ fin, ní ġuil éin-ní ar luġa air 'ná é. Cfaoḃfgaoilfeam an níḋ céadna.

An ċéad ċáiliḋeaċt do ġráḋ Dé; do ḃeiṫ fiaċtanaċ: fgráḋann Dia é féin go fiaċtanaċ, agus ní féidir leis gan a ġráḋċan; agus is é ar réafún leis fin, gufab ionann a náduir ḋiaḋa is a ġráḋ diaḋa. Ar an mod fcéadna mar atá a náduir ḋiaḋa fiaċtanaċ, tá a ġráḋ diaḋa fiaċtanaċ; óir is ar fin leanas an fiaċtanas céadna le n-a ḃfuil Dia ann, is leis fin fuaṫuiġeann an peacaḋ. Agus do ḃríġ naċ féidir leis gan a ḃeiṫ ann, ní féidir leis gan fuaṫ do ḃeiṫ aige ar an bpeacaḋ. *Odit et amat.* Bíonn fuaṫ agus fgráḋ aige 'fan am fcéadna. *Odit et amat te.* Tá fuaṫ agus fgráḋ aige ḋuit, a ṗeacṫaiġ. Cionnus fin? *Odit quae fecisti et amat quod fecit.* Is mian leis an ngráḋ agus leis an ḃfuaṫ go contráirḋa, agus réiḋtiġeann an ceart iad. Is le hobair Dé ḃaineas an fgráḋ, agus le hobair an ṗeacṫaiġ ḃaineas an fuaṫ.

An dara ċáiliḋeaċt do ġráḋ Dé: a ḃeiṫ fíorfaiḋe. Ní túigse Dia 'ná a ġráḋ, agus do ḃríġ go ḃfuil ann ó'n uile fíorfaiḋeaċt, fgráḋann é féin ó'n uile fíorfaiḋeaċt. An dara ċáiliḋeaċt d'ġuaṫ Dé i n-aġaiḋ an ṗeacaiḋ: a ḃeiṫ fíorfaiḋe mar an fcéadna. Ní

ṫáinig nóimeant ṁiaṁ faor ó ḋíbḟeirg Dé i n-aġaiḋ an ḟeacaiḋ. Ní raiḃ a ḟior agat, a ḋuine ṫruaillīġṫe neaṁ-ġlain, an ġráin atá ag Dia air do ḟeacaiḋiḃ falċa ó'n uile ḟíorṁaiḋeaċt. Ní raiḃ a ḟior agat, a ḋuine ḟanntaiġ, an ġráin atá ag Dia air t'úrúirṁeaċt. Ní raiḃ a ḟior agat, a ġiolla an díoġaltais, gaċ uair do ṫairṁingir ḟeairg Dé orṫ mar ġeall air do ḃuile agus air do díoġaltas. Is é a ṁéarún rin, gaċ ní atá déanta 'ran aimsir go ḃfuil a Dhia go ríorṁaiḋe ann: óir is airteagal do'n ċreideaṁ, air ḟon naċ ḃfuil an peacaḋ go ríorṁaiḋe ann, go ḃfuil 'n-a áḋḃar fuaṫa ag Dia 'ran aimsir, agus, dá ḃríġ rin, go ḃfuil gráin aige air ó'n uile ḟíorṁaiḋeaċt.

An tpeas ċáilīḋeaċt do ġráḋ Dé: a ḃeiṫ doi-ċríoċnuiġṫe. Gráḋann Dia é féin ċoṁ mór agus atá sé so-ġráḋaċ; agus do ḃríġ go ḃfuil sé doi-ċríoċnuiġṫe so-ġráḋaċ, gráḋann é féin air an moḋ gcéadna, óir do ḃríġ go ḃfuil sé so-ġráḋaċ gan áireaṁ, atá ceart, atá naoṁṫa gan áireaṁ. Ar sin leanas go ḃfuil fuaṫ gan áireaṁ aige air an bpeacaḋ, do ḃríġ go ḃfuil doi-ċríoċnuiġṫe, contráiḋe dá naoṁṫaċt. Ag so an ní ṫairbeánas an creideaṁ dam: an uile ḟuaṫ dá raiḃ, dá ḃfuil agus dá mbéiḋ go bráṫ ins na daoinib, nár b'éin-ní é i gcompráid d'ḟuaṫ Dé air an bpeacaḋ. Adeirim ní sa ṁó. Dá mbéaḋ a ḃfuil d'ḟuaṫ ag na diaḃlaiḃ i n-aġaiḋ Íosa Chríosd, i n-aġaiḋ a Eaglaise agus i n-aġaiḋ na ndaoine uile, cruinniġṫe i n-éan-ċroiḋe aṁáin, ní héin-ní é i gcompráid d'ḟuaṫ Dé air an bpeacaḋ. Creud é an fáṫ? Do ḃríġ go ḃfuil fuaṫ na ndiaḃal foi-ċríoċnuiġṫe agus fuaṫ Dé doi-ċríoċnuiġṫe.

Innsim duit, a ḟir nó a ḃean, má tá tú air staid an ḟeacaiḋ ṁarḃṫaiġ, gurab mó an fuaṫ atá ag Dia ḋuit

'ná ḋá mbeiḋṫeá ro' áḋḃar ḟuaṫa ag a ḃfuil do ḋiaḃlaiḃ i n-ifrionn, ro' áḋḃar miorgaire, earcáirdeara agus ollġráineaḋ ag an uile ċréatúir.

An ceaṫraṁaḋ ċáilideaḋṫ do ġráḋ Dé: a beiṫ fubrtainteaṁail. Gráḋann Dia é féin le líonṁaireaḋṫ a ḟubrtainte. Dá ḃríġ rin, tá a ḟuaṫ fubrtainteaṁail. Ó naċ ḃfuil éin-ní aca ṡgaṙṫa i nDia, tá a ḟuaṫ 'n-a ḟubrtaint. Ní mar rin d'ḟuaṫ na ndaoine. Ní baineann sí aṫt le 'n-a dtoil aṁáin, aṫt ní mar rin di i nDia. Ní le n-a ṫoil aṁáin do baineann sí, mar adubramar, aṫt le n-a ċuṁaṫta. Eagna, naoṁṫaṫ, trócaire, agus an uile ṗerfecrion nó iomláine dá ḃfuil ann, ar mbeiṫ ḋóiḃ 'n-a fubrtaint aige, fuaṫuiġeann an peacaḋ leó. Mar adeir San Criosoftom, cuireann an peacaḋ Dia i ftaid fóirfa nó buaḋṫana.

Créad í an ftaid í seo? Tá, neiṫe do ḋéanaṁ i n-aġaiḋ claona. Agus naċ mór go gcuireann Dia 'san ftaid seo? Do ḃríġ trócaire Dé iarrair a ṡgaireaḋ ar na daoiniḃ go dtoirmeasgann an peacaḋ í, ní iarrann an trócaire so aṫt gráfa do ṫaḃairt dúinn. Giḋeaḋ, cuireann an peacaḋ d'ualaċ uirre díoġaltas do ḋéanaṁ. A ṗeacṫaiġ, ataoi damanta. Do ċaillir do ríoġaṫṫ. Do ċaillir t'anam. Do ċaillir flaiṫeas Dé. Is tusa do ċuir d'ualaċ orm a ḋéanaṁ: *Coegisti me* (II. Cor. xii. 11). Ag so an ftaid i ndéanann an peacṫaċ fóirfa ar an dtrócaire.

Créad adeir rib anois leis an ḃfírinne seo, a ċríosraiḋṫe? An gcreideann rib na neiṫe so, nó naċ gcreideann? Muna gcreideann rib anois iad, doċífiḋ rib go foiléir lá ḃur mbáis iad. Ó, toisiġmid iad do ċreideaṁaint agus d'aiṫint! Créad é an fáṫ naċ raiḃ a ḃfios agam óm' aois óig? Créad é an fáṫ

nár hinnreaḋ ḋom iad i n-aoir mo ḋeiċ mbliaḋan? A aṫair ḟaillīġīġ, cá ḃfuil tú? Créad é an ráṫ nár innrir dam go mbéinn im' áḋḃar fuaṫa agus díḃ-feirge ag Dia mar ġeall ar éin-ḟeacaḋ aṁáin; fuaṫ riaṫtanaċ, fuaṫ fíorraiḋe, fuaṫ doi-ċríoċnuiġṫe, fubrtainteaṁail! A ḟainnt, a ḟearg, a ḋrúir agus a ḋíoġaltair, créad é an ráṫ nár ṫairbeánaḃar rib féin dom' ḟúilib inr an rtaid uaṫḃáraiġ reo? Créad é an ráṫ ar lean cúir a ḟeirge agus a uaṫḃair rib ċum mé do ṁarḃaḋ? Do b'ḟéidir go mbéinn deiġ-ḃeaṫaċ agus go ḃraġainn bár i neaṁ-urċóid. Níor b'ḟéidir liom a ṫuigrin cionnar tá an peacaḋ i n'áḋḃar díḃfeirge agus gráineaċ ag Dia ċoṁ mór ro. Aċt anoir airiġim é. Anoir tuigim é, agus cráiḋeann mo ċroiḋe ar ron gur ró-ḋéiḋeanaċ é.

A aiṫreaċa agus a ṁáiṫreaċa, tá ró-ċúramaċ ċum raiḋḃir d'ḟaġḃáil dá ḃur gcloinn, agus ċum foġ-lama do ṫaḃairt dóib, ir maiṫ do-ġní rib é; aċt ná dearmadaiḋ léiġeann agus foġlaim na naoṁ do ṫaḃairt dóib. Innriḋ dóib an ġráin atá ag Dia ar an bpeacaḋ, agus gur ċóir gráin do ḃeiṫ air. Cuiṁniġiḋ naċ ḃfuil do ċreideaṁ ag an gcríorṫaiḋe aċt inr an méad a ḃfuil fuaṫ aige do'n ḟeacaḋ, agus gurab é an fuaṫ ro, do réir na n-Aiṫreaċ Naoṁṫa, ar fundaiminṫ ag an gcríorṫaṁlaċt. *Ea summa ratio religionis, peccati odium.* Ir é Carrianur adeir é. An tan bíor caṫuġaḋ orṫ, rmuainiġ ar an moḋ ro: Táim do láṫair Dé do-ċíonn cionnar mar ḟeacuiġim 'n-a ḟiaḋ-naire. Feacuiġim 'n-a aġaiḋ atá ag aṁarc orm ag déanaṁ oibre an diaḃail. Ir uaṫḃáraċ an mallu-iġṫeóir mé. Ir diablaiḋe mo ċoir agus fuaṫ mo Thiġearna agus a díḃfearg do ṫuilleaṁain! Orglaiḋ ḃur rúile, a ḋearḃráiṫreaċa, agus tugaiḋ rá ndearna

na bruaṫra do ċualaḃair 'ran tṡeanmóir seo. Meaḋaiḋ na séarúin; agus ar mbeiṫ daoiḃ lán do ḋoilġeas agus do ḋubrón do ṫaoḃ bur bpeacaiḋe, cuirriḋ roṁaiḃ ró-ḋíċeallaċ bur mbeaṫa do leasuġaḋ. Abraiḋ le Dia, le fsrioṗad cráḃaiḋ aiṫriġeaċ—Ó a Dhia ġráḋṁair, a ṗréaṁ an uile ċairṫannaċta agus an uile ṁaiṫeasa, a líonṁairseaċt na ngrás agus na glóire, an féidir go raḃar ċoṁ mí-ḃéasaċ, ċoṁ droċ-ṁúinte, ċoṁ mí-náireaċ agus peacaḋ do ḋéanaṁ id' aġaiḋ? Uċ! créad do-ṙignir orm mar go dtiuḃrainn ṗuaṫ ḋuit, agus créad é an ní ná deárna ċum do ḋíḃṗeirġe do ṫuilleaṁ agus t'ṗuaṫ do ṫarraṅg orm? An mar ġeall gur ġráḋair mé; mar ṫugair ċum báis t'Éan-Mac ar mo ṙon; mar ba ḋeónaċ leat mo ḋoiṁéad agus mo ṙáḃáil ar an uile ḋainnréar; mar d'ṗuasglair ó sglábaiḋeaċt an diaḃail mé: mar ṫugair do ġráṡa ḋom; mar tugair saoġal agus sláinte ḋom tar éis gaċ éagcruair i n-a raḃar i rioċt báis? An i dtaoḃ na maiṫeasa so ṫugas taiscuirne ḋuit, agus rugas na créatúirí do roġa; ṫugas m'ainṁian truailliġṫe agus ṫugas ṗór an diaḃal do roġa? An n-iad do ġráṡa agus t'ṗaḃar ṡá ndeasa ḋom ḃeiṫ ċoṁ buileaṁail, ċoṁ hainḃrioṡaċ i n-aġaiḋ do ḋaonnaċta ró-naoṁṫa? Ó, a Dhia ṁóir, iarraim ráṁúin orr. Taḃair i ndeaṁad agus i mí-ċuiṁne mo ṗeacaiḋe. Déan trócaire orm. Taḃair ġráṡa ḋam le n-a ngráḋṡad inn an uile ṡíorraiḋeaċt ṫú—an ní ġuiḋim-se ḋaoiḃ-se agus dam-sa, i n-Ainm an Aṫair, agus an Mhic, agus an Spiorraid Naoiṁ. Amen.

Ṡínit an cúigṁeaḋ lá déag do September 'ran mbliaḋain d'Aoir ár dtiġearna íosa Chríosd.—1740.

Joannes O'Brien, D.D., composuit, 1739.

Seanmóir a Dó-ḋéag.[1]

ar an bfaoisdin.

In his jacebat multitudo magna languentium, caecorum, claudorum, aridorum, expectantium aquae motum.

Do bí timċeall an tobair seo uiṁir ṁór do ḋaoinib tinne, do ḋallaib, do ḃacaiġib, agus do ḋaoinib boċta ag a raib a mbaill uile searġṫa, tirim le rairilir, ag súil le corraiġe an uisge.

—(Briaṫra Léiġtear ag Eóin v. 3.)

Is míorbaileaċ an tobar é seo bí le taob caṫair Ierúsalem. Is mór an buaiḋ agus an ḃríġ so do bí i n-a ċuid uisge. Thigeaḋ aingeal ar na flaiṫearaib i n-am áiriṫe do'n ló, 7 do ċorraiġeaḋ an tobar so, 7 cibé duine ar luaiṫe do tumṫaoi ins an tobar tar éis a ċorraiġe, do leiġeartaoi é gan ṁoill ó'n uile ṡóiṫ galair 7 earláinte: *sanus fiebat a quacunque detinebatur infirmitate* (Eóin v. 4).

Ní neaṁ-ċoṁail, a ċáirde, an tobar so le Sacramaint naoṁṫa na faoisdine, ar an áḋbar, do réir mar naċ raib maiṫ i n-uisge an tobair úd aċt muna dtigeaḋ aingeal dá ċorraiġe, mar an gcéadna, níl maiṫ 'san ḃfaoisdin aċt muna dtigiḋ aingeal Dé, 'r é sin, gríara neaṁḋa do ċorraiġe 7 do ṡrreagaḋ coinriara an ṗeacṫaiġ; 7 do réir mar do leiġearaḋ uisge an tobair úd gaċ earláinte do ḃíoḋ ar an gcolainn, leiġeafaidh tobar na faoisdine an t-anam ó gaċ luḃra, ó gaċ lot 7 ó gaċ earláinte ṁarḃṫaiġ ḃíos air: *confitemini erga alterutrum peccata vestra . . . ut salvemini* (Séam. v. 16).

[1] Murphy MSS., vol. 89, pp. 31-46; vol. 101, pp. 547-561.

I measg an iomaiḋ daoine tinne do bí ar bruaċ an tobair úd Ierúsalem, ní ḟeicim Críosd ag leiġeas éan-duine aca, aċt éan-duine amáin do bí i bpaisiúir ṁarbtaiġ ar feaḋ oċt mbliaḋan déag ar ḟiċid, ⁊ ċím an ní céadna ag tuitim amaċ ag tobar glóirṁar na faoiṡoine. Chím na milte duine ag teaċt go laeṫeaṁail ċum na Sacramainte seo, ag súil le leiġeas d'ḟaġbáil ar easláinte a n-anma; aċt do-ċím iad ag filleaḋ ar a n-air ⁊ a gcneaḋa níos daimnéaraiġe 'ná mar do bí siad roiṁe: *et fiunt novissima hominis illius pejora prioribus* (Mata xii. 45). Goidé ar ciall do so, a ċáirde? An é sin le ráḋ naċ bfuil oireas luaiġeaċta nó buaḋa ag an bfaoiṡoin anois is do bí innti i dtúis na hEaglaise—nó gur ċaill sí a bríġ anois nuair ar mó a ṡiaċtanas? Ar b'ḟéidir faoiṡoin nó aiṫriġe do beiṫ ṡiaṁ níos ṡiaċtanaiġe 'ná ar an uair seo? Ar b'ḟéidir lubra an ḟeacaiḋ do beiṫ ṡiaṁ níos leiṫeadaiġe 'ná ar an uair seo? An ṡaḃadar i n-am ar biṫ na bréaga níos iomadaṁla, na mionnaí móra níos minice, drúis agus aḋaltranas níos madraṁla, cráos agus meisge níos mó ar ġnáṫaṁ nó i bfaisiún, gadaiḋeaċt ⁊ éagcóir ⁊ leaṫtrom na gcoṁursan níos coitċinne idir an uile ḟóirt drong daoine 'ná ar an uair seo?

Ó, ní raiḃ gan aṁras, a ċáirde! Aċt i measg an aois galair úd do bí ar bruaċ tobair Ierúsalem, ċím cuid díoḃ bacaċ, cuid dall, ⁊ cuid eile agá raiḃ a mbaill crion tirim ó'n easláinte; ⁊ is é ṁearaim, gur ḟíoġair nó rompla iad ar an muinntir ṫig go laeṫeaṁail ċum faoiṡoine mar ḋaill, 'r é sin, naċ léir ḋóiḃ a bpeacaiḋe, do bríġ naċ gcuairdiġid ⁊ naċ gsrúdaid a gcoinsiar—*caecorum;* mar bacaiġ, do bríġ go ndéindid faoiṡoin ċam, bacaċ, ag folaċ is ag ceilt

cneaḋ a n-anma—*claudorum.* Agus do-ċím iad ag teaċt gan dólás, gan tuisse, le croiḋe tirim, fearġṫa, mar an ṁuinntir úd na bairiliṡe—*aridorum.* So an t-áḋbar, a ċáirde, ḟágḃas faoistoin an iomaid gan tosaḋ, gan tairḃe. So an ní do-ḃeir ar ḋobar ṁíosḃailteaċ na haiṫriġe gan cneaḋa ár n-anma do leiġeas; 7 ag fo an ní ar ar mian liom-sa triáċt indiu, tar éis mo ċoṁráḋ do roinn i dtrí ṗoinntiḃ. Bíonn an ḟaoistoin gan tairḃe nuair do-ġníṫear í gan ṡgrúdaḋ coinsiasa: ag sin an céad ṗoinnte. Bíonn sí gan tairḃe nuair ná haiṫrisṫear na peacaiḋe go hiomślán: sin an dara poinnte. Bíonn sí gan tairḃe nuair naċ ndéantar í le dólás, le caṫuġaḋ 7 le tuisse croiḋe: sin an tríear poinnte. *Ave Maria, etc.*

I. Aṁail ar atáid na milte gné aicíde ag briaṫ ar an gcolainn ṫainngear í ċum na huaiġe, tá, mar an gcéadna, míle gné ṗeacaiḋ ag briaṫ ar an anam ṫainngear í go hiṡṡeann: *multiplicatae sunt infirmitates eorum.* 'Táid a ndeasciaċa ar n-a méadugaḋ' (Sailm xv. 4). Aċt tá sé do ḋeisiṁ idir aicídeaċa an ċuirp 7 an anma, naċ lia aicíd ċorrporḋa ann 'ná leiġeas ṡá leiṫ oṡṡa; aċt i n-aġaid gaċ luiṫ 7 gaċ aicíde dá dtig ar an anam, d'ólmuiġ Críost Sacramaint na ḟaoistoine, nó na hAiṫriġe, aṁáin mar leiġeas agus mar íoc-ṡláinte: *confitemini erga alterutrum peccata vestra, . . . ut salvemini.*—'Adṁaid ḃur bpeacaiḋe dá ċéile, . . . ionnas go mbaḋ slán sib dá éis' (Séam. v. 16). Íoc-ṡláinte í seo, adeirim, ar naċ ṡáṁuiġeann easláinte ar biṫ dá ḋainnréasaiġe, 7 ó ná téid gan leiġeas. Mairḃ, goid, ṗobáil, loisg mainistreaċa 7 teampuill, déan gaċ gníoṁ dá olcas, 7 déan an ḟaoistoin, aċt déan mar ar cóir í, agus ġeóḃaid tú ráṁdún 7 maiṫ-

eaṁnaṡ ó Ḋhia ionnta. Ná glac m'ḟocal-ṡa air ṡeo, a ċríoṡtaiḋe, aċt glac focal Chríoṡt ag Eóin inṡ an ḃriċeaḋ caibidil, mar a ngeallann do'n Eaglais i bpearṡain na nEarbol, naċ ḃfuil peacaḋ ar biṫ ṁaiṫeann ṡiad-ṡan ar ṫalaṁ, naċ maiṫeann ṡeiṡean inṡ na flaiṫeaṡaiḃ: *quorum remiseritis peccata, remittuntur eis.*—'Cibé ar biṫ dá maiṫfiḋ ṡiḃ a bpeacaiḋe, atáid maiṫte ḋóiḃ' (Eóin xx. 23).

Maiṡeaḋ, do réir mar ar leiġeaṡ éiṡeaċtaċ an ḟaoiṡoin i n-aġaiḋ nime an ṗeacaiḋ, is leiġeaṡ í atá ċoṁ ṡiaċtanaċ ṡin ag an anam, ar ṁoḋ, dá ṡoinnṡeaḋ an peacṫaċ a ḟubṡtaint uile ar na boċtaiḃ, dá ṡilṡeaḋ sé deóṡa ṡola le haiṫṡeaċaṡ, dá dtroiṡgṡeaḋ sé ar ṡeaḋ a ḟaoġail, dá mbéaḋ sé ag urnaiġṫe nó go gcaiṫṡeaḋ a ṫeanga,—ṡo agus a ṁíle oiṡeaḋ dá ndéanṡaḋ sé, ní ḟuil maiṫ ná taiṡḃe ḋó ann gan an ḟaoiṡoin, má'ṡ féidir í d'ḟaġḃáil, nó má tá i n-a ċuṁaċta a déanaṁ. Muna gcṡeidṡiḋ tú mise annṡo, cṡeid an Doċtúir naoṁṫa, San Aiḃirtín, ag deaṡḃaḋ naċ ḃfuil gar ná maiṫ i ndóláṡ an ċṡoiḋe muna ṡaiḃ aṁáil an ḃéil i n'aice: *nihil tibi proderit contritio cordis nisi sequatur confessio oris, si possis.*

Dá mbéimíṡ ṡaor uile ó'n bpeacaḋ, ní ḃéaḋ Sacṡamaint na hAiṫriġe ṡiaċtanaċ againn; aċt mar naċ lia duine ar an ṡaoġal ṡo 'ná peacṫaċ, ní ṫig le héan-duine a ṡiaḋ go ḃfuil sé ṡaor ó oibliogáid ⁊ ó ualaċ na haiṫriġe. Is deiṁin go dtéid an iomad ċum ṡaoiṡoine; aċt, ṡóiṡíor, is beag aca do-ġeiḃ a doṡaḋ. Bíd mar na daill úd an tSoiṡgéil, ag ṡúil le leiġeaṡ ar ḃṡuaċ an dobair, aċt ní léir ḋóiḃ an dobar: *caecorum.* Téid ċum ṡaoiṡoin do déanaṁ; aċt ní ḋéanaid í aċt go hanḃṡann, lag, ṡuar, earbaiḋeaċ. Ní ḃíonn aca aċt taiḋḃṡe agus ṡgáile na

faoistine. Ó, ná meallfar tú, a ḟeacṫaiġ! Ní sgriosfann faoistin mar so an peacaḋ, acht a ṁéadugaḋ. Ní ṫaisgeann sgríoḃ Dé orainn, acht a ḟuaṫ. Ní ḋéanann ár síoṫcáin leis, acht a ḟearg do ṁéadugaḋ; ar an áḋbar, do réir mar naċ nglacann fear na ḃriaċ aisgeadh fallsa nó droċ-aisgeadh uainn mar ḋíolaiḋeacht, mar an gcéadna, ní ġlacann Dia faoistin ḟuar, ḟallsa, ḃréagaċ uainn mar éisic i n-ár bpeacaiḋiḃ: *maledictus qui facit opus Domini fraudulenter.*—'Is malluiġṫe an té do-ġní oibreaċa an Tiġearna go mainneaċtnaċ' (Ier. xlviii. 10).

Maireaḋ, naċ faoistin ḃréige do-ġní an té atá tugṫa d'ól agus do ṁeisge, do ḃréagaiḃ agus do ṁionnaiḃ móra; do-ġní mile fuaineaṁ nduúireaṁail falaċ 7 naċ stopann ó n-a gcur i ngníoṁ; naċ stopann a láṁ ó ġlacaireaċt ṫruailliġṫe, ná a ḃéal ó ḟógaiḃ mailíreaċa ná ó ḃriaṫraiḃ malluiġṫe baoṫa bairbarḋa; naċ dtig fuaineaṁ i n'intinn acht ar an faoġal; atá díomhaisg,[1] feargaċ, díoġaltaċ. Tar éis beaṫaḋ mí-riaġalta do'n tsóisi so, tar éis a ḃeiṫ bliaḋain, b'ḟéidir, agus a ṫuilleaḋ gan faoistin, an ḟéidir leis an ḃfear so i nóimeant nó ó, gsrúdaḋ coinsiais [do ḋéanaṁ],[2] na mór-ḟeacaiḋe seo do ċuimhniuġaḋ ná a gcur i n-órduġaḋ, ionnas go mb'ḟéidir leis a gcur síos dá oide faoistine? Ó, ní ḟéidir; acht muna nglacfaiḋ sé aimsir áiriṫe ċum a ċoinsiais do ċuardaċ, ní ḋéanann sé faoistin acht faoistin loċtaċ ḃíos gan ḃríġ, gan tosaḋ, gan taiṁḃe: *maledictus qui facit, etc.*

---

[1] Díoṫċoisgṫe 'sa MS., vol. 101.

[2] Ní ḟuilid an dá ḟocal do ḋéanaṁ' 'sna MSS., acht is dóċa go ḃfuilid a leiṫéide do ḋíċ annso.

An té do-ġní faoiṡoin ṁinic, ċoingbuiġeaṙ gáṁa aṙ a ċéadfaḋaiḃ. ṡgṙúdaṙ a ċoinṡiaṙ gaċ oiḋċe ionnaṙ go ndéanfaḋ aiṫṁiġe i ngaċ olc do-ṁiġne an lá ṡin, bíonn, 'n-a ḋiaiḋ ṡeo ⁊ uile, cṙiṫ coṙ ⁊ láṁ aiṙ, ag dul aṙ a ċoinṡiaṙ aṙ eagla naċ ngṙlanfaiḋe é i gceaṙt.

Maiṙe, goiḋé éiṙeóċaṙ do'n té leigeaṙ ṡṙian le n-a ainṁianta, naċ ṡtopann ó gaċ olc, naċ gcuiṁniġeann aṙ a ṗeacaiḋiḃ nó go ṫtig an nóimeant úd 'n-a dtéiḋ ṡé ċum faoiṡoine? Ó! tá, go gcuiṙeann ṡé ṡíoṙ go minic aṙ níḋ naċ ndéanann ṡé, agus naċ gcuiṁniġeann aṙ leaṫ a ndéanann ṡé. Ní léiṙ ḋó na móiṙ-ṡléiḃte úd atá aṙ a ċoinṡiaṙ. Bíonn ṡé maṙ na daill an tSoiṙgéil ag ṡúil le caḃaiṙ le linn coṙṙaiġe an uiṙge, aċt iṙ é ġeiḃ ṡé go minic i dtobaṙ na ngṙár, a ḋamnuġaḋ go ṡíoṙṙaiḋe: *jacebat multitudo . . . caecorum . . . expectantium aquae motum.*—'Bhí timċeall an tobaiṙ ṡeo uiṁiṙ . . . do ḋallaiḃ . . . ag ṡúil le coṙṙaiġe an uiṙge' (Eóin v. 3).

Cuiṙ coiṙte 'n-a ṡuiḋe aṙ do ċoinṡiaṙ, adeiṙ an Doċtúiṙ naoṁṫa, San Aiḃiṙtín; ná ṗág clúid ná coiṙnéal de gan ċuaiṙtuġaḋ, ní go ṡuaṙ ná go ṗallṙa, ní go ṡṙaḋánta ná go neaṁ-ṡuimeaṁail: *ascende tribunal mentis tuae* (San Aiḃiṙtín). Deaṙc aṙ gaċ droċ-ṡmuaineaṁ do-ṁiġne do ċroiḋe, aṙ gaċ droiċ-ġníoṁ do-ṁiġne tú i n-aġaiḋ Dé nó do ċoṁuṙṙan. Tar éiṙ a n-áiṙeaṁ ⁊ á gcuṙ i n-ólṙuġaḋ, ṡgéiṫ iad ag baṙa na faoiṡoine; ná ceil éin-ṗeacaḋ aca ṡné náiṙe ná ṡné ṁailíṙ, nó, ma ġníṙ, ní ḃéiḋ bṙíġ id' ṗaoiṡoin, aċt iṙ eaḋ ṁéadóċaṙ tú do ṗeacaiḋ do ṡéiṙ maṙ ṫaiṙgṙeaṙ mé 'ṡan daṙa puinnte.

II. Iṙ eaḋ aṙ faoiṡoin ann, a ċṙíoṙtaiḋe, caṙaiḋ

do-ġní an peacṫaċ air féin le Dia, i bpeairain an tṡagairt, agá mbíonn cuṁaċta abrolóid nó ráidúin do ṫabairt dó i n-a ċoirṫiḃ. Mairead, má'r caraoid í ar cóir do ḋéanaṁ le ragairt agá mbéiḋ cuṁaċta faoiṡdoin d'éirteaċt, goidé do-ḃeir rinn dá ḋéanaṁ go minic le ruagairre reaṫa, le fean-ḃuaċaillí ⁊ le deóraiḋċe nó ṡtrainnṡéiri? Dá mbéaḋ lot nó tinneas marḃṫaċ ar do ċolainn, ní hé an liaiġ ar meara do ṫoiġṡeá ċum do leiġeas; ⁊ toġann tú an liaiġ ar táirre ⁊ ar meara ċum cneaḋa díoġḃálaċa t'anma do leiġeas, ⁊ naċ móide go mbíonn uġdarṫár ná cuṁaċta ó'n Eaglais aige abrolóid do ṫabairt duit. Do-ḃeir tú le tuigsin leis seo, gurab annsa leat do ċolann 'ná an péarla uasal, t'anam, ⁊ go ḃfuil tú neaṁ-ṡuimeaṁail i do ṡlánuġaḋ.

Má'r gearán an ṡaoiṡdoin do-ġnímid orainn féin, goidé do-ḃeir rinn, i n-áit caraoide, ag gaḃáil ar leiṫṡgéil? Goidé do-ḃeir rinn ag cur clóca ⁊ aṫarraċ daṫa ar ár bpeacaiḋiḃ? Cad ar naċ noċtamuid créaċta ár gcroide do liaiġ ár n-anma, má tá súil againn leiġeas d'ṡaġḃáil uaiḋ? Chíriḋ tú an iomad ḃíos mí-ruaġalta loċtaċ, naċ mbíonn le haoṁáil aca nuair ṫig siad ċum ṡaoiṡdoine aċt neiṫe éadtroma suaraċa; ⁊ má ċreideann tú a sgéal féin, ní hiad ar cionntac 'san olc do-rugneaḋ, aċt ṡáġḃaid go ḟoṁór a ṫrom ar ḋuine éigin eile. Má ḃeir siad mionna móra, ní raiḃ ann aċt le linn laráin nó feirge, ⁊ is iad an ċlann nó an ċoṁursa do ḃain arta iad. Má ḃíonn siad a ḃfad i dtiġ an óil, ní mar ġeall ar an dig, aċt i ngeall ar an gcuideaċtain d'éirġ sin dóiḃ. Má ċuir siad bréag ar an gcoṁursain i n-a ċlú nó i n-a ṁaoin, ní raiḃ sé aċt éadtrom. An ní céadna d'éirġ do na bacaiġiḃ úd

do ḃí ag fúil le leiġear le taoḃ tobair Ierúsalem ⁊ nać ḃfuair é, éirieóċaiḋ do'n drioing feo ṫig le faoirdin ḃacaiġ go baile na Tríonóide, ṫig ċum faoirdine gan ullmuġaḋ gan fgrúdaḋ do ḋéanaṁ orra féin. Má ṫig leó, leis na leiṫfgéala cama fo, clóca do ċur ar ḟúilib an tſagairt, ní ḟéadfaid a ċur ar ḟúilib an Áird-bheiṫiṁ, do-ċí, ní hé aṁáin an droiċ-ġníoṁ, aċt fór an fmuaineaṁ ar uaigniġe ⁊ ar feicfréidiġe bíos 'n-a gcroiḋṫib: *jacebat multitudo magna . . . claudorum . . . expectantium aquae motum.*—'Do ḃí annfo uiṁir ṁór . . . do ḃacaiġib . . . ag fúil le corruġaḋ an uisge' (Eóin v. 3).

Is gnáṫ leis an mac-tíre nuair ṫéid fé fá'n tréad, brieṫ ar fgorraiġ ar an gcaoirġ ⁊ an teanga do ġearraiḋ airti gan ṁoill, ar eagla go ndéanfaḋ sí méileaċ nó torrmán do ṁúirgeóláḋ an tréadaiḋe, do-ḃéarfaḋ caḃair ḋi. Mar an gcéadna, do-ġní an mac-tíre gan trócaire .i. an diaḃal, leis an iomad, ⁊ go fpeirialta le daoine ósa cladn-náireaċa, ag dul dóib ċum faoirdine. Ar eagla go múirgeóláḋ fiad tréadaiḋe an anma, Críost, le n-a ndeóra nó le n-a n-ornaiḋe, do-ḃeir fé ar fgórraiġ orra. Cuireann glas ar a dteangṫaib, ar ṁoḋ nać noċtaid a gcroiḋṫe. Ceilid loċt a n-anma. Do-ġníd bréag le Dia, ⁊ ní le duine; má tá nać ndéanann Dia fompla follas díoḃ ar an mball, ag faġḃáil ḃair obainn mar fuair Ananias ⁊ Saphira do ċionn gur ċeil fiad cuid do luaċ an ḟearainn do ḃrionn fiad ar na hearbolaib, do-ġeib fiad, ar a ḟon fin, bás ar meafa míle uair, mar atá a ndamnuġaḋ go fíorraiḋe. Dia linn, a ġráḋ!

Ní héan-ḃuntáirte aṁáin ġlacas an mac-tíre malluiġṫe feo ar an duine, aċt an iomad. An náire baḋ

ċóir ḋó do ḃeiṫ air, fá ġníoṁ ġlonnṁar, ġráineaṁail, ḟalaċ mar an peacaḋ do ḋéanaṁ, goideann fé uaiḋ í. Aċt ċoṁ luaṫ ir do-ġní fé an peacaḋ ⁊ gur mian leis a innrin do'n tṡagairt, do-ḃeir fé ar air an náire ḋó go dúbalta; ar ṁoḋ, an peacṫaċ fo do-ṁisgne an droiċ-ġníoṁ gan náire, gan caṫuġaḋ, nuair ar éigean a aṁáil ní leigeann an náire ḋó a innrin do'n liaiġ, ⁊ gan an leiġear i ndán dó gan a innrin: *quod ignorat medicina, non sanat.*—'An ní naċ fear do'n liaiġ, ní leiġeafann é' (San Ierom).

Ó! a ṗeacṫaiġ ḃoiċt, forgail do ḟúile ⁊ feaċain líonta an fríoṁaid ṁalluiġṫe feo. Sgéiṫ niṁ an ṗeacaiḋ ar do ċroiḋe gan ṁoill, nó ḃéarfaiḋ fé bár dod' anam. Noċt go forgailte, gan fuiġeall, gan leiṫṡgéal, cneaḋa ṫ'anma; aċt noċt iad le croiḋe-ḃruġaḋ ⁊ tuirse, nó béid gan leiġear, do réir mar ṫairgfear mé 'fan tsear ṗoinnte.

III. An té léir ṁian íoḋbairt do ḋéanaṁ do'n Tiġearna 'fan tSean-ṁeaċt, do réir mar léiġmid i Leabar Leuiticus, do ḃaineaḋ an croiceann do ṁart nó do ḃulán, do niġeaḋ an ṗeóil go glan le h-uisge, ⁊ tar éis a gearraḋ 'n-a mion-fróláib, do ċuireaḋ ar altóir í, do ċuireaḋ an fagart a láṁa or a cionn, do ċuireaḋ teine fúiṫe ⁊ do loisgfiḋe í. Do-ġníoḋ íoḋbairt do'n tṡórt fo ríoṫċáin an ṗobuil le Dia, do ró-ṁaolaḋ a ṗearsg ⁊ do ṫionntuiġeaḋ gaċ rgiúrra uaṫa: *ponetque manum super caput hostiae, et acceptabilis erit, atque in expiationem ejus proficiens* (Leu. i. 4).

Mar an gcéadna, gaċ peacṫaċ léir mian a ṗíoṫċáin do ḋéanaṁ le Dia, déanaḋ fé íoḋbairt dá anam ar altóir na faoisdine; aċt rgrioraḋ fé ḋí ar dtúir an rgamal falaċ, ⁊ fean-ċroiceann fearsṫa an ṗeacaiḋ.

Nigeaḋ sé í go glan le trom-ḋeóra na haiṫriġe. Déanaḋ sé mion-sróláí ḋí le croiḋe-bruġaḋ ⁊ dóláir intinne fá ḟeirg do ċur ar Dhia, ⁊ ag éirġe nó ag tógbáil a láimhe do'n tṡagairt or a ċionn, ag ráḋ na mbriaṫar so: *Ego te absolvo, etc.*—'Maiṫim ḋuit,' ⁊c.,—déanfaiḋ an tAṫair ríomhaiḋe ríoṫċáin leis, faomhfaiḋ é ó'n mór-ḋíoġaltas do bí 'n-a ċionn, múċfaiḋ na boirb-ṫeinte úd ifrinn do bí ar laraḋ fá n-a ċoṁair, aḋanfaiḋ teine na ngrár i n-a ċroiḋe, déanfaiḋ sé a anam do bí ċoṁ salaċ duḃ glonnṁar leis an diaḃal, ċoṁ lonnriaċ, ċoṁ deallraċ ⁊ ċoṁ geal le haingeal: *acceptabilis erit, atque in expiationem ejus proficiens* (Leu. i. 4.)

Is féidir leis an dóláir so atá riaċtanaċ ag an bFaoisoin, do beiṫ ag an duine ar ḋá ṁoḋ. An céad ṁoḋ ḋíoḃ: nuair ṫairbeánas a ṫuirse ⁊ a ḋubhrón ar an dtaoḃ amuiġ le n-a ḋéora agus le n'ornaiḋe. An dara moḋ: nuair ġoilleas air ó ċroiḋe an peacaḋ do ḋéanaṁ, ar son naċ dtairbeánann é ar an dtaoḃ amuiġ.

Tá an céad dóláir díoḃ so ion-ṁoltaṁ ⁊ ró-ṫairbeaċ, aċt níl sé riaċtanaċ, do ḃríġ naċ é gaċ n-aon le n-a dtig a ḋeóir do ḟileaḋ nuair baḋ ṁian leis; aċt tá an dara moḋ, 's é sin, dóláir an ċroiḋe, ċoṁ riaċtanaċ sin i Sacramaint na Faoisoine, ar ṁoḋ, muna raiḃ dóláir ⁊ tuirse an ċroiḋe 'n-a haice, naċ faoisoin í aċt faoisoin ṁagaiḋ, faoisoin gan ḃríġ, gan toraḋ: *doleat et ingemiscat peccator, necesse est* (*Tertull. De Penit*)

Uċ! a ċáirde, goidé a laiġeas agaiḃ ṫig ar an uair seo ċum na faoisoine le dóláir ceart? Goidé ṁéad agaiḃ do-ġní aiṫir ar luaṫ ṗairiliṫe an tobair úd Ierúsalem, ⁊ ṫig ar ḃur gcunntas le croiḋe crion ró-ṫirim—*aridorum*? Goidé ṁéad agaiḃ ṫéid ċum

faoiṡdine gan aṫmaoltar, gan faiṫeas, gan criocṫnuġaḋ, acht mar do béaḋ rib ag dul i gceann bur ngnóṫaiḋe faoġalta? Mearann rib gur leór ḋaoib bur bpeacaiḋe do ċur síos ar ṡgáṫ dóláṡa nó tuirṡe croiḋe. Ní bíonn a leiṫéid do ċúis ann, ní ar furas 'aiṫint ar olcas do-ġní rib bur mbeaṫa do learuġaḋ tar éis faoiṡdine, ⁊ ar éaṡgaiḋeaṫ is ṫuiteas rib ins na coiṁṫe céadna i n-a raib cionntaċ roiṁe.

Naċ bfeicimid go laeṫeaṁail luṫ na mionna móir ċoṁ tugṫa ċum an ṗeacaiḋ seo, ⁊ do ġnáṫ tar éis faoiṡdine, is do bíodar riaṁ roiṁe sin? Naċ bfeicimid luṫ na drúise ċoṁ claon ċum an ṗeacaiḋ seo i ndiaiḋ faoiṡdine is do bíodar riaṁ roiṁe sin? Naċ bfeicimid luṫ na mealltóireaṫa ⁊ na gadaiḋeaṫa ċoṁ leigṫe ċum cuid na coṁuirsan tar éis faoiṡdine is bí siad riaṁ roiṁe? Goidé ar ciall dó so, a ċáirde? Ó! tá earbaiḋ dóláis do beiṫ orra ó ċroiḋe. Dá mbéaḋ fuaṫ díreaċ aca ar an bpeacaḋ do réir mar ordaiġeas an aiṫriġe ṡírinneaċ, níor baoġal dóib tuitim ann ċoṁ luaṫ so.

Aṫ goidé éireóċas do'n ṁuinntir seo do-beir easonóir do'n ṡaoiṡdin, ag dul ar ṡeilb a déanta gan ullṁuġaḋ, gan tuirse croiḋe, gan dóláṡ? Nó goidé éireóċas do'n ṁuinntir seo ġeallas go minic do Dhia le linn faoiṡdine, cúl do ṫabairt do'n ṗeacaḋ agus a mbeaṫa do learuġaḋ? Ó! tá, an tSacramaint seo d'órduiġ Críost ċum beiṫ 'n-a síoc-ṡláinte ag an anam, go n-ionntuiġeann sí ċum beiṫ 'n-a mín ṁarbṫaiġ aici. Do-ġní Dia roiġde leó, mar adeir an Ṗáid Ríoġaṁail, ar feaḋ tamaill, aṫ do-beir sé iad ċum cunntais sá ḋeireaḋ: *inimici Domini mentiti sunt ei, et erit tempus eorum in saecula* (Sailm lxxx. 16). Aṁail is mar adéarad sé: 'An

ṁuinnteas ro do-ġní bréaga liom-sa anois, ⁊ ġeallas a mbeaċa do leasuġaḋ ⁊ naċ ndéanann é, éirṡiḋ mise leó as feaḋ tamaill; leigfiḋ mé as a n-aġaiḋ iad ins an olc; aċt tiocfaiḋ an t-am i n-a gcuirfiḋ mé iad i n-a bhríosún duaibhreaċ ḋorca ḋoṁin mar naċ mbéiḋ do ċuideaċtain aca aċt diabail ⁊ deaṁain; naċ gcluinfiḋ a gcluasa aċt mallaċta ⁊ dia-ṁarlaḋ; naċ mbéiḋ do biaḋ aca aċt teine, puiḃ ⁊ naṫraċa niṁe; naċ mbéiḋ do ḋiġ aca aċt domblas, gaṡann ⁊ gaċ ní dá ṡeirbhe; mar a mbéiḋ teinte dá loisgaḋ, teanaċra dá ṡtriasaḋ, diabail dá ṡúistriuġaḋ, naṫraċa niṁe dá n-iṫe, ⁊ sin uile gan ṡóiṁiṫin, gan ṡuiṫaċt ḋoṁ ṡada is béas Dia as caiṫeaṁ na glóire: *in ignem aeternum* (Maṫa xxv. 41).

Ó! a ċríosdaiḋe, as a siaḃ do ṁío-ṡoṁtún tuitim i lubha an ṗeacaiḋ, ná codail as ċneaḋaiḃ t'anma. Imṫiġ gan ṁoill go tobar na ngrás .i. an ṡaoiṡoin, mar a ḃraiġiḋ tú íoc-ṡláinte i n-aġaiḋ gaċ lubha ⁊ gaċ luit do-rigne an peacaḋ as t'anam. Ná habair mar an duine mboċt úd an tSoisgéil, naċ ḃfuil duine agat do ċuirfeaḋ ins an tobar ṫú: *hominem non habeo* (Eóin v. 7). So íosa Críosd i gcrann na Croise, ⁊ a láṁa sínte amaċ ṡád' ċoṁair ċum do ġlacaḋ ċoṁ luaṫ is ṫionntóċas air: *sumat crucem.* So aingeal Dé, .i. an Eaglais, réiḋ ċum an uisge do ċoṁriuġaḋ ṡád' ċoṁair. Tar, mar sin, le dóċas ⁊ le mirneaċ, aċt tar le dólás ⁊ le tuirse croiḋe. Aṁuiġ do ṗeacaiḋe gan leiṫsgéal, gan ṡuiġeall, ⁊ ġeóḃaiḋ tú ó Dhia leiġeas na ngrás ins an tṡaoġal so ⁊ an ġlóire ṡíorraiḋe ins an tṡaoġal eile. Amen.

A.D. 1814.

Seanmóir a Trí-déag.

Ar an gceathramhadh haithne.[1]

Honora patrem tuum et matrem tuam, ut sis longaevus super terram.

Tabair dod' athair agus do mhathair onóir, ionnas go mbadh fad-fhaghalach thú ar talamh.—(Eisod. xx. 12.)

A aithreacha agus a mháithreacha—Ná bíodh iongnadh oraibh má labhraim libh go dian inar an chomhrádh so, do bhrígh go dtig sonas nó donas dúithchi go léir ar an tabhairt suas maith, nó ar an droch-oileamhain, le n-a fhiafuighean sibh agus le n-a gceapann sibh bhur gclann i dtúir a n-óige. Fá mar órduigh Dia do'n chloinn gráadh agus géilleadh, urraim agus onóir, cabhair agus congnamh do thabhairt dá n-aithreacaibh agus dá máithreacaibh, agus a réir do dhéanamh inar gach níodh bhaineas le réasún agus le dligheadh Dé; mar an gcéadna, d'órduigh do na haithreacaibh agus do na máithreacaibh cion agus gráadh do thabhairt dá gcloinn, agus iad do thabhairt suas do réir a n-acfuinne inar an uile níodh ar fhiachtanach i dtaobh sláinte cuirp agus anma; agus is iad an dá oibliogáid réamh-fháidhte sin, do dhéanfaidh dá roinn do'n chomhrádh so.

I. Léigmíd 'san ochtmhadh caib. déag do Ghenesis (rr. 17-19) na bhréithre adeir Dia le hÁbraham: *Num celare potero Abraham quae gesturus sum: cum futurus sit in gentem magnam ac robustissimam, et benedicendae sint in illo omnes nationes terrae. Scio enim quod praecepturus*

[1] Murphy MSS., vol. 101, pp. 122-136.

sit filiis suis, et domui suae post se, ut costodiant viam Domini, et faciant judicium et justitiam. Féaċaiḋ, a ċríorṫaiḋṫe, gur mór an luaċ raoṫair do ġeallar Dia d' Ábram ar fon a ċur d'ḟiaċaiḃ ar a ċloinn ⁊ ar a ṁuinntir, aiṫeanta ⁊ dliġeaḋ Dé do ċoiṁéad. Gealann dó go mbéiḋ a ḟliocṫ tar 'éis go líonṁar cumaraċ, ⁊ go mbéiḋ rad orra ar ruaid náirdín an doṁain. Cuirfiḋ Dia, mar an gcéadna, rad oraiḃ-re ⁊ ar ḃur ḟliocṫ, má'r áil liḃ ḃur gclann do ṫabairt ruar i ngráḋ ⁊ i n-eaglaiḋ Dé, mar do-rigne Ábram.

Léiġtear 'ran leaḃar roin Ecclesiasticus, paráirte breaġ ar an níḋ gcéadna: *Filii tibi sunt? erudi illos, et curva illos a pueritia illorum.*—'Má tá clann agaiḃ, teagasgaiḋ iad ⁊ cromaiḋ a gceann i dtúis a n-óige' (Eccli. vii. 25). *Et vos, patres, nolite ad iracundiam provocare filios vestros, sed educate illos in disciplina et correptione Domini.*—'Siḃ-re, a aiṫreaċa ⁊ a ṁáiṫreaċa, tugaiḋ deiġ-eólas dá ḃur gcloinn, ⁊ smaċtuiġiḋ iad' (Epher. vi. 4): is é a ċiall sin, tugaiḋ ruar ḃur gclann i n-eólas, i ngráḋ, i n-eaglaiḋ ⁊ i reirḃís Dé. Tá paráirte breaġ eile 'ran seireaḋ caib. déag d'Ecclesiasticus (rr. 3, 4): *Melior est enim unus timens Deum quam mille filii impii, et utile est mori sine filiis quam relinquere filios impios.*—'Is feasr éan-ṁac aṁáin ar a mbéaḋ eaglaiḋ Dé 'ná míle drioċ-ṁac; ⁊ is feasr do neaċ báis d'ḟaġḃáil gan cloinn 'ná drioċ-ċlann d'ḟáġḃáil tar 'éis.' *Qui diligit filium suum, assiduat illi flagella . . . Qui docet filium suum, laudabitur in illo, et in medio domesticorum in illo gloriabitur.*—'An té ġráḋuiġear a ṁac, smaċtuiġeann sé go ḟríocnaṁail é . . . An té ṫeagasgar a ṁac, molfar é, ⁊ béiḋ mórḋáil air i measg a ṁuinntire' (Eccli. xxx. 1, 2). Ar an áḋḃar sin, is é cúram ar sruionnsaráilta ar

cóir do na haitreaċaiḃ ⁊ do na máitreaċaiḃ do ḃeiṫ orra, ruḃailcí ⁊ roi-ġníoṁarṫa ⁊ roi-ḃéara do ṁúnaḋ dá gcloinn.

Deir Tobiar le n-a ṁac 'ran gceaṫraṁaḋ caib. (r. 23): *Multa bona habebimus si timuerimus Deum et recesserimus ab omni peccato et fecerimus bene.*—'Ḃéiḋ ár ndóṫain maoin raoġalta againn, má ḃíonn eagla Dé orainn, ⁊ má ġníomíd na peacaiḋe do ḟeaċnaḋ ⁊ na deaġ-oibreaċa do ċoiṁlíonaḋ.' Ní fuláir dá réir rin, adeir San Ḃasilus, na leinḃ do ċearaḋ ⁊ do ċeartuġaḋ i dtúir a n-óige. An feaḋ ḃíos an ċéir bog, is féidir clóḋ duine nó aingil nó diaḃail do ċur uirri. An crann óg, is féidir é ċúbaḋ, é do ċromaḋ ⁊ d'iompoḋ cibé taoḃ 'n-ar maiṫ leat; giḋeaḋ, má ḟanann tú go mbéiḋ an crann mór, láidir, ní féidir feacaḋ ar biṫ do ḃaint ar: *adolescens juxta viam suam; etiam cum senuerit non recedet ab ea* (Seanráiḋte xxii. 6); nó, mar adeir an fean-ḟocal 'ran ḃFrainncis: *ce qu'on apprend au ber, on le retient jusqu' au ver*, .i. an ní tóigṫear 'ran óige, fanann go heirléine.

Mo ṫruaġ rin! is cruaiḋ an cunntas ḃainfiḋ Dia do na haiṫreaċaiḃ ⁊ do na máitreaċaiḃ do ṁúineas dá gcloinn easgaine ⁊ anġuiḋe ⁊ cainnt an diaḃail. Do b'ḟeaḋ ḋóiḃ na teangṫa do ġeaḋaḋ ar a mbéalaiḃ amaċ, ⁊ ḃeiṫ balḃ, ná dul go hifrionn dá ndearġaiḃ. Níl éan-náirión 'ra ċríorṫaiḋeaċt ar mó atá tugṫa do ċainntiḃ ġrándha ḋiabhlaiḋe 'ná an t-oileán boċt so na hÉireann. Go n-oibriġiḋ Dia i n-a gcroiḋṫiḃ iad do ḟeaċaint ⁊ do ṫréigean ar so fuar!

A aiṫreaċa ⁊ a ṁáitreaċa, oraiḃ-se d'aigeóraiḋ Dia go cruaiḋ gaċ éin-ḟeacaḋ ḋéanfar ḃur gclann an feaḋ ḃéid fá n-ḃur smaċt. Is cruaiḋ an cunntas do bainfear díḃ, muna gcuirfiḋ siḃ gráḋ ⁊ eagla Dé i

n-a gcroiḋṫiḃ. Tá d'ualaċ oraiḃ-se Paidir ⁊ Cré, Aiṫeanta Dé ⁊ na hEaglaise, puinnc ⁊ airteagail a gcreidiṁ do ṁúnaḋ nó do ċur dá múnaḋ ḋóiḃ, ⁊ a ċur fá deara orra a gcoiṁlíonaḋ, ar an áḋbar ná fuil fáḃáil 'n-a gcionn 'n-a n-éaġmais riúd. Ar an áḋbar sin, tá sé ceangailte oraiḃ ḃur gclann do ċur ar sgoil ċum aiṫeanta Dé ⁊ riaġlaċa a gcreidiṁ do ṁúnaḋ ⁊ do ṫeagasg dóiḃ.

Naċ mór an ḃarbarḋaċt do'n aṫair ná do'n óglaċ ḃíos ag gearán i dtaoḃ sé pingne 'san mí do ḋíol a sgolaiḋeaċt a ṁic, ⁊ ná déanfaḋ an fear céadna ruim ná dócaṁal ar biṫ, tuirtiún do ṫaḃairt ar ḟota boirinne nó leiṫ-réal ar ċeaṫraṁain manglaim 'san tṡeaċtṁain, ċum fáruiġṫe na colna ainṁianaiġe?

Tar éis sgríoḃaḋ ⁊ léiġeaṁ ḋóiḃ, cuirid le céird éigin a mbeaṫaḋ iad. Ní náireaċ do ḋuine dá ḟeaḃas é, ḃeiṫ 'n-a ṫáillidir, i n'úcaire, nó i n'ḟiġeadóir, nó céird éigin eile do ḃeiṫ aige; giḋeaḋ, is náireaċ ḋó ḃeiṫ 'n-a ċlaḋaire, 'n-a ḋéisceóir, nó 'n-a ḃiṫeaṁnaċ. Ní ḟuil ní 'sa domhan ar mó ḃoiṫtniġeas na hÉireannaiġ ⁊ do-ġní déisceaċáin díoḃ 'ná easbaiḋ céirde a mbeaṫaḋ. I náisiúnaiḃ eile, dá mb'ḟiú míle púnt an páistiḋe 'san mbliaḋain, ní scorn ná náire leó céird a mbeaṫaḋ, mar atá ḟiġeadóireaċt nó sgréasaiḋeaċt nó saiḃneaċt, do ṁúnaḋ dá gcloinn, ar an áḋbar atá a ḟios aca, dá ċruaḋaċt do cuirfeas ċuige iad, go mbainfid beaṫa as a slainte mar ġeall ar an gcéird; giḋeaḋ, eadrainne, na hÉireannaiġ, roiṁ an aimsir seo, do ḃí an oideas sin do ṫubairt, d'anuaḃas ⁊ d'uireasbaiḋ céille orainn, gur ṁór an náire le mac sgolóige nó díolṁanaiġ, ní airṁim fear stáit nó tiġearnais, a gclann do ċur le ceannaiḋeaċt nó le céird éigin eile ar biṫ do na céadoaiḃ réaṁ-ráiḋte. Créad

d'imṫiġeaṙ orra 'n-a ḋiaiḋ rin, nuair ṫéid riad ċum boċtaineaċta? Imṫiġid 'n-a mbiṫeaṁnaċaiḃ ⁊ 'n-a mbuaċaillíḃ díoṁaoine, ⁊ tiġid 'n-a ḋiaiḋ rin ċum na croiċe. Bíoḋ riḃ-re níor ġarda 'ná ḃur rinnriṙ. Múinid céird a mbeaṫaḋ dá ḃur ġcloinn. Bainid an díoṁaoineaṙ aṙ a ġcnáṁaiḃ. Ceapaid ⁊ ceapṫuiġid iad, i ḃríor-ṫoraċ a n-óige, ċum duaid ⁊ raoṫair, ⁊ ċum beaṫa do ṫarraing go macánta mar ġeall air a ṙláinte. Ná tugaid droiċ-ċleaċtaḋ ná droċ-ṙompla ḋóiḃ, óir gaċ ní ċífid agaiḃ-re ḋá ḋéanaiṁ, ⁊ ċluinfid agaiḃ dá labairt, foġlamuid na neiṫe céadna ⁊ do-ġníd aiṫṙir orra.

Smaċtuiġid iad, mar an gcéadna. Ní ḃíonn an ṙaṫ aċt mar a mbíonn an ṙmaċt. *Qui parcit virgam, natum non diligit ille*, mar adeir an ṙile Laidne: 'an té ṙgáṙáláṙ an ṙgiúrre, ní hionṁain leis an leanḃ.' Deir San Cruiorotom, na haiṫreaċa ⁊ na máiṫreaċa ná ṙmaċtuiġeann a gclann mar aṙ cóir, gur meara iad 'ná murduiṙéiri .i. rionġalaiġ, do ḃríġ, na rionġalaiġ ná déanaid aċt an t-anam do ṙgaraṁain leis an gcorp, gé go dtig, do ḋearġaiḃ fairliġe na n-aiṫreaċ ⁊ na máiṫreaċ, go gcaillid a gclann a gcorp ⁊ a n-anam, ⁊ go ndóiġteaṙ i dteintiḃ ríorraiḋe Ifrinn iad.

Créad an leiġeaṙ atá air reo? Éirt leis an Eagnaiḋeaċ 'ran Sgriorṫúir mar a n-abair: *Tu virga percuties eum; et animam ejus de inferno liberabis*, .i. 'gaiḃ-re do ṙgiúirriṙiḃ air, ⁊ raorfaid tú a anam ar ifrionn ⁊ ó ḋamaint ṙíorraiḋe' (Seanṙáiḋte xxiii. 14). Tá ṙtair uaṫḃáraċ 'ran Sgriorṫúir 'ran tréar caibidil ⁊ 'ran gceaṫraṁaḋ caiḃ, do'n ċéad leaḃar do Leaḃraiḃ na Rig ṫe ar Heli, an t-áird-ċléireaċ, ar ṙon go raiḃ ré féin 'n-a ḋuine naoṁṫa, do ḃíodar a ċlann

tugṫa do ċraoi ⁊ do ṁúir, ⁊ dar leat ṫug feirean fairligḟe ionnta. Créad d'imṫiġ air? Do dallaḋ an duine maiṫ. Do ċaill sé a radharc. Do marbaḋ deiċ míle fiċead dá ṁuinntir i n-éan-ló aṁáin air. Do ġabadar a náiṁde é. Ophni ⁊ Phinis do b'ainm dá ḋís ṁac. Do marbaḋ i n-ean-ló iad. Nuair ċualaiḋ sé féin na sgéalta sin, do ṫuit ṫairis siar, ⁊ do bhriseaḋ a ṁuinéal. Bean a ṁic, rug sí clann ṁarb, ⁊ fuair sí bás mar an gcéadna.

Ó! a Dhia uile-ċuṁaċtaiġ, créad an treisis ṁiofoirtiúin seo ṫig a holc ⁊ a heagráid na cloinne, ⁊ ar an bfairligḟe ṫug a n-aṫair iad do smaċtuġaḋ!

Cuireann San Béarnáird síos a leiṫéid eile d'eaċtra ar droċ-ṁac do bí ag dul dá ċroċaḋ. Do ġlaoḋuiġ sé a aṫair ċuige, ⁊ adubairt go raiḃ sgéal príoṁáideaċ aige le n'innsint dó; ⁊ iar nosuidim a béil le n-a ċluair dó, do ġeapp an ċluas amaċ ó'n gceann le n-a ḟiaclaiḃ ḋe. 'Bíoḋ sin agat, a ṁalluiġṫeóir,' ar sé; 'dá smaċtuiġṫeá mise an tan bíos óg, ní ṫiocfainn ċum na sníċe seo indiu.'

Ó! a aiṫreaċa ⁊ a ṁáiṫreaċa, bíoḋ cuiṁne agaiḃ ar na somplaiḃ seo, ⁊ innsiḋ dá ḃus gcloinn iad.

II. Inn an dara roinn do'n ċoṁráḋ so, labairfamuid ar an úráid ⁊ ar an iomċur ar cóir do'n ċloinn do ṫaḃairt dá n-aiṫreaċaiḃ ⁊ dá máiṫreaċaiḃ. *Honora patrem tuum et matrem tuam, ut sis longaevus super terram*, .i. 'onóruiġ t'aṫair ⁊ do ṁáṫair ċum go mbéaḋ saoġal fada agat.' Cuireann an aiṫne trí oibliogáidí ar an gcloinn. An ċéad oibliogáid .i. grádh, onóir ⁊ urraim do ṫaḃairt dá n-aiṫreaċaiḃ ⁊ dá máiṫreaċaiḃ. An dara oibliogáid, a dtoil ⁊ a réir do ḋéanaṁ 'ran uile níḋ ḃaineas le réasún ⁊ le dliġeaḋ Dé. An tréas oibliogáid, caḃair ⁊ congnaṁ

do ṫabairt dóib i n-a riaṫtanas. Táid na hoibliogáidí seo ċoṁ ceangailte sin air an gcloinn, go dtugann Dia a ṁallaċt dóib, má ġníd bun-os-cionn nó contráirdá leó.

Éirtiḋ leis na briaṫraib atá 'san Sgriptúir ar an ngnó sin, ins an aonṁaḋ caib. ficead do Dheuteronomi (srr. 18, 19): *Si genuerit homo filium contumacem et protervum, qui non audiat patris aut matris imperium . . . ; apprehendent eum et ducent ad seniores civitatis illius et ad portam judicii, etc.* Is é a ċiall sin, má tá do ċlann cinn-tréan neaṁ-urraṁaṁail, ionnas naċ áil leó do réir ná do ṫoil do ḋéanaṁ, ceangail iad, ⁊ beir iad do láṫair ceann-urraid an ḃaile, ċum dorais cúirte an ḃreiṫeaṁnais, ⁊ innis dóib go ḃfuil an té sin dod' ċloinn earurraṁaṁail mío-náireaċ, ⁊ ná déanfaḋ do ċoṁairle, ⁊ go ḃfuil sé tugṫa d'olc ⁊ d'earráid. Annsin gaibḋís muinnteair an ḃaile go huile súrgaḋ do ċloċaib air nó go mbaind an t-anam as.

A ċríorthaiḋṫe croiḋe, féaċaiḋ créad é géire an smaċta ⁊ uaṫbháraiġe an ṗionóir d'órduiġ Dia féin do ṫabairt do'n droċ-ċloinn. Adeir an Sgriptúir i n-áit eile: *qui percusserit patrem suum aut matrem, morte moriatur*, .i. 'an té ḃuailear a aṫair ná a ṁáṫair, cuirfiḋ ċum báis é' (Eccod. xxi. 15); ⁊ 'san áit ċéadna: *qui maledixerit patri suo vel matri, morte moriatur*, .i. 'an té labhras go holc le n-a aṫair nó le n-a ṁáṫair, cuirfear ċum báis é' (Eccod. xxi. 17). Adeir Solaṁ mac Dáiḃí: *oculum, qui subsannat patrem, et qui despicit partum matris suae, effodiant eum corvi de torrentibus, et comedant eum filii aquilae*, .i. 'an té do-ḃeir táir nó tarcairne dá aṫair nó dá ṁáṫair, go mbaind na fionnóga a ṡúile amaċ, go n-iṫid fiolair

ꝛ fiaċa ḋuḃa an aeir a ċonablaċ' (Seanṁáiṡṫe xxx. 17). Naċ uaṫḃáraċ na bréiṫre ꝛ na breiṫeaṁnair iad fo go léir ag gluaiseaċt a béal Dé uile-ċuṁaċtaiġ!

Ag fo fíor na cair i n-ar gnáṫaċ leis an gcloinn peacaḋ marḃṫaċ do ḋéanaṁ. An té ḃuailear a aṫair nó a ṁáṫair, do-ġní bagairt orra, do ṫugann earuirraim dóiḃ, do ċuireann fearg orra, d'órduiġeann a mbár, muna mbeaṫuiġiḋ iad an tan ḃíos boċt, nó má ṫéid ag cur orra do láṫair an ḃreiṫiṁ, nó má ṫugann tarcairne ḋóiḃ,—i n-éan-ċár díoḃ fo, do-ġní an ċlann peacaḋ mór damanta marḃṫaċ. Agus is é réasúin atá leis feo, gur mór an díombuiḋeaċas ꝛ an neaṁ-ṁoṫuġaḋ, gan coiṁéad, gan cuiṁne do ḃeiṫ ar an muinntir fá ḃun Dé ṫug ar an faoġal ṫú, ꝛ fuair mórán dod' ċúram dod' ċoṫuġaḋ ꝛ dod' ḃeaṫuġaḋ nuair ḃíos óg. Dá réir sin, bí siúrálta gur mór an fonas ꝛ an séan faoġalta ḋuit mairseaċtain ċum ċumais do ḃeiṫ [agat[1]] comaoine ꝛ cúiteaċ (dá ṁéad ḟéadfair) do ṫaḃairt dod' aṫair ꝛ dod' ṁáṫair, ꝛ gur dóiċíde rad Dé ꝛ an tṡaoġail do ḃeiṫ ort; ꝛ má ṫuilleann tú a mallaċt, ná béiḋ fos ná fóġnaṁ ort go bráṫ.

Bíoḋ a ḟinnéiḋ sin ar Cham mac Naoi, do ṁalluiġ a aṫair i dtaoḃ ḃeiṫ ag magaḋ faoi. Bíoḋ a ḟinnéiḋ, mar an gcéadna, ar Abralom, dár chroċaḋ a chrann é le n-a ġruaig féin, ꝛ 'gár cuireaḋ trí raiġde do ġai tré n-a ċroiḋe i dtaoḃ éirġe i neibilliontaċt nó i méirleaċar i n-aġaiḋ a aṫar féin, Dáiṫ Rí, fá mar léiġtear 'ran dara leaḃar do Leaḃraiḃ na Riġṫe (xviii. 6-14).

---

[1] ní ḟuil an focal fo 'sa MS., aċt saṁluiġṫear go ḃfuil focal éigin mar é do ḋíṫ annso.

Cuireann Valerius Maximus agus Plinius romhlaí breagtha fíor ar dír óg-ban dár daoradh a n-athair agus a máthair cum báis d'fhágbáil do ghorta i bhríorún. Do théidís an dís óg-ban gach éan-lá do'n phríorún; agus dá ná leigfidhe éan-tsfórt bídh ná dighe irtheach leó, is é feifht do-ghníos, a mbainne cíche do thabairt dá n-athair agus dá máthair a gan-fhios. Do bíodar mar sin dá mbeathughadh a bhfad d'aimsir, gur fríth amach fá dheireadh é, agus, dá dhruim sin, go rugadh do láthair an uachtaráin iad. Agus is é breithemhnas rugadh orra, an lánamha chríonna do fhaoradh agus a n-anam do thabairt dóibh, agus ruim áirithe airgid do ghearradh ar an mbaile i n-aghaidh na bliadhna mar luach faothair do'n dís óg-ban i dtaobh a gcinél agus a gcaithannacta dá n-athair agus dá máthair. Féachaidh, a chárdhe ghrádhacha, an foirtiún faoghalta sin féin do-bheir Dia do'n deagh-chloinn!

Tráchtann Staire na Seapáine ins an 25adh leabhar, caibidil a hocht, go rabhadar triúr dearbhráthar ann, 'sa mbliadhain 1604, do bí lán do chinéal agus do chaithannacht dá máthair. Thángadar cum bheith bocht uireasbach, ar mhodh nach raibh ar a gcumas dóibh congnamh ar bith do thabairt dá máthair. Um an am sin, do chuir sí na dúithche sin fógra amach, go dtiubhradh ruim mhór airgid do'n té bhéarfadh fear gearrtha fhaisán chuige, ar an ádhbar ba chúis báis ins an dúthaigh sin é. Imtheighean an fear do b'óige do'n triúr dearbhráthar, agus do leig sé air go mb'fhear gearrtha fhaisán é féin, agus thug sé cead do'n dís eile bheith air agus é do bheith ceangailte leó do láthair an uachtaráin, agus cur air. Tar éis sin do dhéanamh dóibh, fuaradar ruim áirithe airgid ar fon a raothair; gidhedh, ar n-imtheacht dóibh níor b'fhéidir leó gan bheith ag gol. Nuair chonnairc an bheithemhnas sin, aduhairt sé le n-a fhearbhíreachaibh iad do leanmhain go

fríoṁáideaċ, ⁊ aire do ṫabairt créad adéarfaidír. Do leanaḋ aṁlaiḋ rin iad gur an áit a raiḃ a máṫair. Nuair ċualaiḋ an bean ċríonna turas an ṁic do b'óige, do ḃuail rí ar ċaoi ⁊ ar ġol go truaiġṁéileaċ, dá ráḋ gur ḃ'ura léi féin bás d'ḟaġḃáil 'ná a mac do ċur 'ran gcás rin ċum beaṫa d'ḟaġḃáil di féin. Ráinig an ṡgéal rin ċum an ḃreiṫiṁ, ba rí ar an tír rin. Thug sé cúig céad déag coróin d'ór do'n ógánaċ do ċuaiḋ i gcontaḃairt ar son a ṁáṫar, ⁊ ṫug céad coróin do'n dís eile.

Fiafruiġim díḃ, a ċríorthaiḋṫe, nár ḃ'é an mac úd corp an ċiníl? Ar ḃ'ḟéidir ḋó díogras ba ṁó do ṫairbeánaḋ dá ṁáṫair 'ná é féin do ṫabairt suas ċum báis ar a son? Féaċaiḋ, mar an gcéadna, cionnas mar do ċúitiġ Dia leis a ḋeiġ-ḡníoṁarṫa!

Ní ḟuil éinneaċ annso do láṫair, ná ar fuaid an domain, ná fuil, do réir dliġiḋ Dé, d'ḟiaċaiḃ air gaċ éan-tṡórt urramha ⁊ onóra, caḃraċ ⁊ congantha, ceana ⁊ ciníl, do ṫabairt dá aṫair agus dá ṁáṫair. Má táid d'éis ḃáis féin, ní lúġaide atá sé d'ḟiaċaiḃ ar gaċ éan-ċríorthaiḋe maiṫ ⁊ maoin do ḋéanaṁ ḋóiḃ. Cionnas? Le trorgaḋ, le déirc, le hurnaiġṫe, ⁊ le hAifrinn do ċur dá ráḋ ar a n-anamnaiḃ.

Má ḟiafruiġeann fear earráide nó magaiḋ, créad é an maiṫeas ar féidir le hAifreann ná le hÓrd Mairḃ do ḋéanaṁ do na daoiniḃ atá tar éis ḃáis le cian do ḃliaḋnaiḃ, m'ḟreagraḋ air, gurab é creideaṁ na gcataoiliceaċ Róṁánaċ ar fuaid an domain le tuilleaḋ ⁊ feaċt gcéad déag bliaḋan, gaċ deaġ-obair ⁊ gaċ deiġ-ḡníoṁ do-ḡní an ríorthaiḋe ar an faoġal so ar son na mairḃ, go dtéid ċum soċair ⁊ ċum so-ṁaoine do na hanmannaiḃ ṡíréanda ins an tṡaoġal eile. Dá ḃríġ rin, cuirid Uird ⁊ Aifrinn dá ráḋ ar

anamnaiḃ ḃur maiṁ, ⁊ go ṗreiṡialta ar anamnaiḃ ḃur n-aiṫṡeaċ ⁊ ḃur máiṫṡeaċ. Bíoḋ an ċlann lán d'urṡaim, d'onóir ⁊ d'uṁlaċt, do ċion ⁊ do ġráḋ dá n-aiṫṡeaċaiḃ ⁊ dá máiṫṡeaċaiḃ. Tugaidís na haiṫṡeaċa ⁊ na máiṫṡeaċa a gclann ṡuas i ngráḋ ⁊ i n-eaglaċ, ċum gráṡa ⁊ gṡeann Dé d'ḟaġbáil ar an ṡaoġal so, ⁊ an ḃeaċa ṡíorṡaiḋe ar an ṡaoġal eile—an ní iarṡaim-se ḋaoiḃ-se go léir ⁊ dam féin—i nAinm an Aṫair ⁊ an Mhic ⁊ an Spiorraid Naoiṁ. Amen.

Cors. Mac Curtin, Parochus de Glanmire, composuit. Anno Dom. 1724. *R.I.P.*

Míċeál Ua Longáin, ṡeas an aiṫ-ṡgríobṫa, 1814.

Seanmóin a Ceaṫain-déag.

beaṫa, páis ⁊ bás ár slánuiġṫeóra íosa chríost.[1]

Ar n-a ḟeicin do'n Tríonóid ró-naomṫa, éan-Dia uile-ċumaċtaċ, go dtuitfeaḋ an cineaḋ daonda ó'n ṡraid ró-ċonáiġ i n-ar cruċtuiġeaḋ iad, i dtruaġántaċt neiṁ-ċríoċnuiġṫe i n-ar ċailleadar dearlaicṫe Dé tré bhfreaḋ na haiṫne, ⁊, do'n leaṫ eile, teangbáil i bpeacaḋ, i mbár ⁊ i ndamnuġaḋ ríoghraiḋe, ⁊ nár b'ḟéidir airiog na céad-ṡraide do ṫabairt do'n ċineaḋ daonda tré ġníoṁ ná tré ḟubailce duine 'ran mbioṫ, nó aingil, nó glain-ċréatúra eile, do bhreiṫniġ an tAṫair uile-ċumaċtaċ, dá ṁaiṫ diaḋa féin, Mac Dé, an Dara Pearsa do'n Tríonóid ró-naomṫa, do ġabáil nádúir daonda uime, ionnas, iar mbeiṫ 'n-a ḋuine dó, go ndíolfaḋ fuasglaḋ an duine le n-a bás 'ran gCroiss, ⁊ mar sin, ní heaḋ aṁáin do ḋío-ċur an ṗeacaiḋ ar an doṁan, aċt, mar an gcéadna, do bhreiṫ na bhfíréan gus an mbeaṫaiḋ ṁaṫannaiġ gus ar cruċtuiġeaḋ iad ar dtúis, gaċ n-aon díoḃ le n-a dtáiṫteas go cneasta an leiġeas luaċṁas soin a ṗáirse.

Do ċuir an t-Aṫair uile-ċumaċtaċ an t-aingeal Gabhriel gus an maiġdin ró-ġlain, Muire, do beannuġaḋ ḋi, ag ráḋ: 'Dia do beaṫa, a Mhuire, atá lán do ġrásaiḃ; atá an Tiġearna maille leat, ataoi beannuiġṫe idir ṁnáiḃ' (Lúcás i. 28). Do meiḋreaḋ an óg

[1] Murphy MSS., vol. 39, pp. 1-13.

ró-uṁal tréir an aiṫearg roin, agá ṁear aici féin créad do b'ḟáṫ do'n beannaċaḋ ro, óir ní lúġa le n-a raiḃ a rúil, 'ná í féin do ċlor iar n-a molaḋ ċoṁ mór rin. 'Ní heagal duit, a Mhuire' arr' an t-aingeal, 'óir ruair tú grásra do ṫaoiḃ Dé. Féaċ, geinfir ⁊ béarfaiḋ tú mac, ⁊ do-ḃéarfaiḋ tú Íosa d'ainm air' (Lúcáir i. 30, 31). D'ḟiafruiġ rirí, cionnar, nó créad an moḋ i n-a ndéanfaiḋe rin, 'óir ní ḟuil fior fir agam,' iar dtaḃairt móide ḋi roiṁe rin a hóġaċt ḟíorraiḋe 'ċoiṁéad. D'ḟreagair an t-aingeal, ag ráḋ: 'Tiocfaiḋ an Spiorad Naoṁ. Dionfaiḋ cuṁaċta an tí ar ró-aoirde ṫú. Dá ḃríġ rin, an tí geinfear go ró-naoṁṫa, buḋ Mac Dé ḃéar d'ainm air. Féaċ Eliorabet, do ríúr, do ġaḃ rí, mar an gcéadna, mac i n-a haoir árraiḋ, ⁊ ir é reo an reireaḋ ṁí toṁṫaċ aici-ri dá ngoirṫear aimrid, óir ní ḃíonn éin-ní doi-ḋéanta ag Dia.' D'ḟreagair an óg ċoirreagṫa, ag ráḋ: 'Feaċ imilt an Tiġearna. Déantar ḋíom-sa do réir do ḃréiṫir-se' (Lúcáir i. 35-38). Agus do-rigneaḋ colann do'n Ḃhriaṫar, ⁊ d'áitiġ mar aon linn-ne, Dia ⁊ duine i n-Éin-Ṗearsain Diaḋa.

Téid an Mhaiġdean ró-naoṁṫa d'ḟior a sean-ṁná gaoil .i. Eliorabet, go caṫair dá ngoirṫear Hebron, ⁊ téid go tiġ Sacarias. Beannuiġear dá ríúir Eliorabet, ag coṁ-ġáirdiuġaḋ léi tré ṁac do ġaḃáil i n-a broinn tré ċarad fréirialta Dé. An tan do ċualaiḋ Eliorabet beannaċaḋ na Maiġdine Coirreagṫa ḋi, do ling an naoiḋean do ḃí i n-a broinn le luċṫáir, ⁊ fós do naoṁaḋ i mbroinn a ṁáṫar é. Iar mbeiṫ fós do Eliorabet coiṁlíonta do'n Spiorad Naoṁ, do-rigne éiġṁe go hárd, ag ráḋ: 'Ir beannuiġṫe ṫú idir ṁnáiḃ, ⁊ ir beannuiġṫe toradh do ḃroinne' (Lúcáir i. 42).

Iar ndéanaṁ tuillió meaṙta ḋí ar ṁóṙḋaċt na hóiġe, a huṁla ⁊ a deaṙóile féin, adubairt, aġ déanaṁ iongantair, 'Cṙéad ar a dtárla ḋaṁ-ṙa máṫair mo Thiġearna do ṫeaċt im' ḋáil?' (Lúcáṙ i. 43). Do-ṙigne an Mhaiġdean fáirtine, ⁊ do ṁol Dia tṙé laoiḋ, agá ṙáḋ: 'Tá m'anam ag móṙaḋ an Tiġearna, ⁊ tá mo ṙṙioṙaiḋ ag gáirdiuġaḋ i nDia, mo Shlánuiġtheóir' (Lúcáṙ i. 46, 47).

Tar éis mar d'ḟill an Óġ Bheannuiġte go Naṙaret ó ḟiorruġaḋ a ṙeaṫṙaċ, an tan do ṁoṫuiġ a ṙear ṙórta Iósep a Beiṫ toṙṫaċ do ġaḃ buaiḋṙeaṁ meanman é, ⁊ do bí i gcontaḃairt cṙéad do b'indéanta ḋó, óir do bí eagla an oliġiḋ do ṫaoiḃ air, dá gceilṙeaḋ naċ uaiḋ do bí an Mhaiġdean toṙṫaċ; ⁊, do'n leiṫ eile, do bí a ḟior aige a beiṫ diaḋa geanmnaiḋe, gan ṙmál ar a beaṫaiḋ, ⁊ uime ṙin nár ḋána é ar ċaṙaoid do ḋéanaṁ uirṙi, ná droċ-ḃaraṁail dá leiṫéid do ḃaint airti, ⁊ ire fóṙ ṙó-uṁal, ṙó-ċaoin-ḃeartaċ macánta; ⁊ níor noċt ṙí dá ṙear ṙórta féin a ċoṁ mór ṙin do ḋiaṁarún do ḋealḃuġaḋ inṙti do ċuṁaċtaiḃ Dé.

Ar mbeiṫ do Iósep ṙíṙéanda, naoṁṫa, do ḟeaċnaḋ buaiḋeaṙṫa do ṁear a tṙéigean go foiliġṫeaċ. Aċt ċeana, ṙéaċ aingeal dá ṫairbeánaḋ féin dó tṙé n-a ḟuan, ag ṙáḋ: 'A Iósep, a ṁic Dáiḃí, nárab eagal leat ḟuiṙeaċ i ḃroċair do ṁná Muire, óir an ġein do ġaḃ ṙí, ir ó'n Sṙioṙad Naoṁ atá; ⁊ béarḟaiḋ ṙí mac, ⁊ do-ḃéarḟaiḋ tú Iosa d'ainm air, óir ṙóirṙiḋ ṙé a ṗobal féin ó n-a bṙeacaiḋiḃ' (Maṫa i. 20, 21).

Tṙé ḟógraḋ Saeṙar Agustus, do b'éigean gaċ n-aon do ċur i leaḃar, ⁊ gaċ n-aon i n-a iondad nó i n-a aṫaiḋa féin. Téid Iósep ⁊ a bean gur an mBeiṫil, caṫair Dháiḃí, do ḃríġ gurab dá ṫreiḃ iad. Ar

mbeirt annsoin dóib, tré n-a mbocctact féin 7 tré iomad comḋála dobail ann, ní ḟuaradar ionad i n-éin-tig órda, act do ġabadar ionad mar ar ḟéadadar i stábla. 'San áit seo sugaḋ ár dTigearna agus ár Slánuiġtheóir, Rí na n-uile ríoġ, Mac Dé. Is ann do ceanglaḋ é, 7 do luiġ i gcró láiṁ le daṁ 7 le haral. 7 do gortaoi dá n-análaib é, do láthair iar n-a breith.

Do ṫairbeán an t-aingeal é féin do haoḋairíb, ag ráḋ leó: 'Rugaḋ ḋaoib Slánuiġtheóir, Críost ár dTiġearna, i gcathair Dháibí, 7 do-ġeabthaoi ceangailte i n-éadaiġib 7 i n-a ionar i mainréar é. Tárla go hobann sluaġ neaṁḋa mar aon leis an aingeal sin, ag guiḋe Dé 7 ag cantain ceóil: 'Glóire do Dhia is na hionadaib ró-árda 7 síoṫ i dtalṁain do ḋaoinib deaġ-ṫoile' (Lúcás ii. 11-14). Annsin adubhradar na haoḋaiṁí: 'Tiallam gus an mbeiṫil 7 féaċam an níḋ seo do-rigne Dia 7 do ṫairbeán dúinn' (Lúcás ii. 15). Agus iar n-imṫeaċt go ndeirir ḋóib, ḟuaradar an leanb i n-a luiġe i mainréan, 7 leis sin, ṫugadar onóir do Dhia. I gcionn an t-oċtṁaḋ lá do-rigneaḋ timċill-ṫeargaḋ ar an leanb, 7 tugaḋ Íosa d'ainm air: ionann soin agus Slánuiġtheóir, do réir mar do ċuir an t-aingeal i gcéill roiṁe sin do'n Mháthair ṁaiġdeanda 7 do Iósep naoṁṫa.

Ar n-a ḟior do'n Tiúr Ríoġ, le n-ar tairbeánaḋ réaltanna glórṁara ḋóib, an tairngireaċt le n-a raiḃ a súil, ṫángadar ó'n Ár Thoir go Ierusalem uile iar gclos na nuaiḋ-sgéal so. Do lorgadar na Trí Riġṫe sin ar na hÁro-ḟagartaib, 7 ḟuaradar a ḟior uaṫa gurab 'san mbeiṫil do geinfiḋe Críost. Agus le triall do na Riġṫib do'n bheiṫil, do ṫreóruiġ an réaltan iad gur an teaċ i n-a bhuaradar an leanb, 7

d'aḋraḋar é, gaċ n-aon díoḃ ag orṗáil dó .i. mioṙṙ, túir ⁊ ór. Do ḃí an rí, Iosuaiḋ, ag feiṫeaṁ le filleaḋ na nosuaḋ tar a n-air do réir mar d'ḟuṗáil ré féin orra a iarraiḋ go fríoċnaṁaċ, ⁊ an tan do-ġeaḃaiḋir é. teaċt le deiṁin ċuige féin, go raċaḋ d'aḋraḋ an Ríoġ nua rin, óir ir é rin do leig ré air féin do ḋéanaṁ. Giḋeaḋ, ir é ba rún dó dá ṙiṙiḃ, Críost do ṫultnáiṫ 'ran ċliaḃán. Giḋeaḋ, ċuig Dia raḃaḋ maille leir an aingeal do na ṙiġṫiḃ i n-a ruan gan filleaḋ go hIosuaiḋ, ⁊ mar rin d'ḟilleadar dá nduṫaiġ féin i fliġiḋ eile.

Triallar an Mháṫair ṁaiġdeanda, tar éis a coirṙiġṫe do réir an dliġiḋ, go Ierusalem, ⁊ Iósep, a fear, do ḃí ar ṡgáiṫ beiṫ i n-a aṫair ag Íosa, i n-a cuideaċtain, ag congnaṁ léi. Do ḋearlaic an Óġ Choirṙeagṫa a mac do Dhia 'ran teampall, i gcionn dá-ḟiċid lá iar n-a ḃreiṫ; ⁊ tar éis mar do ċoiṁlíon-adar gaċ éin-ní do réir an dliġiḋ, d'ḟilleadar dá n-áruṙ féin. Agus níor leig Dia do Iosuaiḋ bariaṁail do ḃuain, gurab é an leanḃ roin an tí do ḃí ré féin a d'iarraiḋ le marḃaḋ, ⁊ ba heagal leis féin. Ar n-a ṫuigsin do'n ríġ, Iosuaiḋ, cionnar mar do meallaḋ leis na ṙiġṫiḃ é, do ġaḃ fearg é; ⁊ do ċuir iomad marcṙluaġ ⁊ díolṁaineaċ do ṁarḃ a raiḃ do naoiḋeanaiḃ fear 'ran mBeiṫil uile ⁊ i n-a ċoṁḟogar, do leiṫ ḋi, ó aois éan-oiḋċe go haois dá ḃliaḋain déag, ⁊ ir é líon leanḃ do marḃaḋ .i. ceiṫre míle déag. Agus ruaradar tré ṙriṁléid rseisialta coṙóin ṁartra gaċ n-aon díoḃ. Aċt ċeana, ruair Iósep do raḃaḋ an leanḃ do ḃreiṫ leis, ⁊ imṫeaċt ar an gcaṫair an oiḋċe rin, ⁊ teiċeaḋ in ran Éigipt, ⁊ ir mar rin do coiṁlíonaḋ fáirtine Israiar, mar a nduḃairt: 'Raċaiḋ an Tiġearna ruar ar néal éadtrom, ⁊ raċaiḋ irteaċ do'n

Éigipt, ⁊ toirnfear i n-a láṫair láiṁ-ḋéiṫe, nó briéig-ḋealḃa na hÉigipte.' *Ecce Dominus ascendet super nubem levem, et ingredietur Egyptum, et commovebuntur simulacra Egypti a facie ejus* (Iraiar xix. 1.)

Ar mbeiṫ do Chríosd timċeall fé ḃliaḋna déag innti, tar éis ḃáis Iosuaiḋ d'ḟilleadar go talaṁ Israel, ⁊ do ċuadar ar fain go críoċaiḃ na Galilee, ⁊ do-ṡiúgeadar coṁnaiḋe i Naraiet, ⁊ is de sin do goirṫear Íosa ó Nararet dár dTiġearna. Iar ngaḃáil foirme moġaḋ nó sgláḃa do Mhac Dé, do ḃí ar n-a ṁear go coitċeann i n-a ḟaos nó i n-a ṁac faoi ⁊ tríd neaṁ-ḟoġlamṫa, 'fan deaċṁaḋ bliaḋain ṡiċead dá aois, iar gceileaḃraḋ dá Mháṫair gan a ḃara faoi ḃeiṫ i n-a cairdeaṁ ní ba ṁó, do ċuaiḋ i nDáil Eóin Baistiḋ, ⁊ do ġaḃ baisteaḋ uaiḋ i sruṫ Iordan, ⁊ do ṫriall do láṫair, gan ḃiaḋ, gan diġ ar ċos ar biṫ, dá-ḟiċid lá ⁊ dá-ḟiċid oiḋċe. Agus dá éis sin, do ġaḃ an diaḃal dá ḃuaiḋreaḋ, ⁊ do ċlaoiḋiġ seisean é; ⁊ i n-a ḋiaiḋ sin d'ḟoillsiġ sé é féin do'n domhan, ⁊ do ḟeanmóir an aiṫriġe.

Do ṫoġairm deisciobail, ⁊ tré ġlaine a ḃeaṫaḋ ⁊ tré neaṁḋaċt a ḟoirceadail ⁊ a ṁíorḃail, do ṫarraing ċuige iliomad do luċt leanaṁna. D'órduiġ Sacraiminte an Bhaistiḋ le maiṫeaṁ na bpeacaiḋe. Do ṫeagairg iomṡláine na ṡiréantaċta, go háirdiṫe an déarc, na hurnaiġṫe ⁊ an trócaḋ. Bhí na hárd-ḟaġairt, na dliġṫeóirí, na Faiṡisíniġ, ⁊ an ċuid eile do na milleaċaiḃ ⁊ iomad do ṫriaiṫiḃ tríd sin, ag inġreim air. Giḋeaḋ, ṫairis sin, do ḃuain-tṡearaiṁ ag déanaṁ maiṫeasa gaċ n-aoin, ag cloḋ a ṡeaċráin, ag dío-ṁolaḋ a bpeacaiḋe, ag ṡuarġlaḋ a gceart meaḃlaċ, ag noċtaḋ a dtuaiṫleasa, agus fós ag smuaineaḋ go hinṁeaḋónaċ ⁊ ag seaċnaḋ na rún

noroċ-ġroiḋeaċ nḋéirteanaċ do ḃíoḋ aca, ag iarraiḋ a ḋúnmarḃṫa. D'éaluiġeaḋ go minic uaṫa, ⁊ ar uairiḃ go míorḃaileaċ. Gá dtáim rir?[1] Iar mbeiṫ 'ran rioċt roin dó ar an raoġal trí bliaḋna ar ḟiċid ⁊ beagán níor mó, fá ḋeireaḋ do ċuaiḋ irteaċ go caṫair Ierusalem ar ṁuin bromaiġ arail, a ḋeirciobail ⁊ an pobal ag leaṫaḋ a mbriat ⁊ ag rsriacaḋ géag pailme ⁊ crann eile 'ran rliġiḋ. Do ġabadar leir mar ríġ maille le ċoṁ-ġair gairdeaċair; na leinḃ, mar an gcéadna, ag éiġeaṁ 'ran teampall, ag ráḋ: 'Hóranna do Mhac Dáiḃí; ir beannuiġṫe an tí ṫig i nAinm an Tiġearna. Hóranna ir na háitiḃ ró-árda, a Rí Israel' (Maṫa xxi. 9; Eoin, xii. 13).

Ar n-iṫe an Uain Cárga dár dTiġearna ⁊ dár Slánuiġṫeóir, do ġlac tubáille le hionnlaḋ a gcor uile, ⁊ i n-a ḋiaiḋ rin do ġaḃ agá dteagarg le n-a mbeiṫ uṁal glan. D'órduiġ ⁊ d'ḟreartail Sacraiminte ró-ḃeannuiġṫe ⁊ Íoḋbairt a Chuirp ⁊ a Fhola féin i ḃfoirm aráin ⁊ fíona; ⁊, mar an gcéadna, d'órduiġ Sacraiminte naoṁṫa na nGráḋ nEaglaise. D'ḟógair dá Earbalaiḃ (⁊ dá gcoṁarbaiḃ) an ní céadna do ḋéanaṁ, mar atá Coirreagaḋ ⁊ Íoḋbairt a Chuirp ⁊ a Fhola i n-a Íoḋbairt an Nuaiḋ-reaċta do réir Úird Mheilchiredeic go teaċt dó féin arír do ḋéanaṁ breiṫeaṁnair ar an doṁan.

Téid Iúdár Iscariótear an tráṫ rin amaċ, ⁊ d'ḟan an Tiġearna ag teagarg cáċ, ⁊ do ġeall dóiḃ an Spiorad Naoṁ, ⁊ do ġuiḋ an tAṫair uile-ċuṁaċtaċ ar

---

[1] Ir coitċeann na focail seo ir na sean-leabraiḃ. Ir ionann ciall dóiḃ ⁊ do 'ní gábaḋ ḋam a ċuilleaḋ do ráḋ 'n-a ḋaoḃ so,' nó 'cad ċuige go bfuilim ag dul ċoṁ fada leis an sgéal so?' nó 'cad tá agam dá ráḋ?'

ron an uile ḟíréin. Agus, leis sin, do ṫriall mar aon leis an Éan-Earboi Déag go gairḋe Gethremani, áit do b'aiṫniu do Iúdás, óir do gnáṫuiġeaḋ an Tiġearna go minic dul annsoin mar aon le n-a ḋeisciobloiḃ.

Iar ndul do'n Tiġearna isteaċ do'n ġairḋe le n-a ḋeisciobloiḃ, adubairt leó: 'Suiḋeas liḃ annsúd, go ndeaċad-sa do ġuiḋe' (Maṫa xxvi. 36). Adubairt íosa beagán dá éis sin, ⁊ é tuisseaċ doilġeasaċ: 'Atá m'anam dóláseaċ le huċt an ḃáis' (Maṫa xxvi. 38); agus: 'Déimiḋ faire im' ḟoċais.' Do-sisgne guiḋe annsoin arís, ag ráḋ: ''Aṫair ionṁain, má's féidir é, téiḋeaḋ an corn so ṫarm; giḋeaḋ ṫaisiṫ sin, nárab í mo ṫoil—se aċt do ṫoil-se go raiḃ déanta' (Maṫa xxvi. 39).

Tig íosa i ndáil a ḋeisciobal, ⁊ iar n-a ḃfaġḃáil i n-a gcodlaḋ, adubairt le Peadar: 'An aṁlaiḋ atá, a Shíomain? An codlaḋ ḋuit? An n-eaḋ ná féadfá fairire éan-uairie do ḋéanaṁ mar aon liom-sa? Déanaiḋ faire ⁊ urnaiġṫe ionnas naċ lingfeaḋ sib i mbuaiḋ-neaṁ' (Maṫa xxvi. 40, 41). Téid uaṫa arís, ⁊ guiḋeas aṁail do-sisgne an ċéad uair. Fuair iad-san arís n-a gcodlaḋ, ⁊ do ḃíodar a súile só-ṫrom. Téid an tress feaċt ag guiḋe, ⁊ do taiḋḃriġeaḋ ḋó ainseal ó Neaṁ dá neartuġaḋ ó uṁlaċt aonaránaċ: Tiġearna na n-uile dá ċoṁfurtaċt le n-a óglaoċ féin, ⁊ an Cruṫ-uiġṫeóir leis an gcréatúir! Agus iar mbeiṫ a ḃfad ag guiḋe ḋó i ḃfulang, ṫáinig a allas aṁail braona fola, ag sniġe síos uaiḋ ar an talṁain. Ar dteaċt an tress feaċt, adubairt le n-a ḋeisciobloiḃ: 'Codlaiḋ anois, ⁊ glacaiḋ suaiṁneas' (Maṫa xxvi. 45). So sios dá éis sin, adubairt: 'Táinig an uair; féaċ, feallfas ar Mhac an Duine, dá ṫiaḋlacaḋ i láṁaiḃ na bpeacṫaċ; éirġiḋ, bíom ag imṫeaċt; féaċ

an tí le n-a mbṗaṫṗaṗ mire; atá ré do láṫair' (Maṫa xxvi. 45, 46).

An tan do labair áp dTiġearna ⁊ áp Slánuiġṫeóiṗ, ṗéaċ an méiṗleaċ Iúdáṗ, duine do'n dá ḟeaṗ déag, ag teaċt, ⁊ dṗong ṁóṗ maṗ aon leiṗ, le lóċṗannaiḃ ⁊ le tárṗiaċaiḃ, le claiḋṁṫiḃ ⁊ le hainmaiḃ eile, ⁊ le glóṗ Íosa dá ṗáḋ, 'Is mise é' (Eóin xviii. 5), do ċuireadaṗ aṗ a gcúlaiḃ go talṁain. Giḋeaḋ, d'ḟulaing ré ḋóiḃ éiṗġe aṗíṗ, agus aṗ mbeannuġaḋ dá Mhaiġisteoiṗ do Iúdáṗ le póig, ba ċoṁaṗṫa do ċáċ le heisean d'aiṫneaḋ taṗ na hEarbolaiḃ, do ċuireadaṗ a láṁa i nÍosa. Do noċt Peadaṗ a ċlaiḋeaṁ, ⁊ do ġeaṗṗ an ċluaṗ ḋeaṗ do Mhalcuṗ .i. óglaċ do ṁuinntiṗ an Áṗd-ṗagaiṗt. Do ṫáiṫ ⁊ do leiġiṗ an Slánuiġṫeóiṗ do láṫair í, ⁊ adubairt le Peadaṗ a ċlaiḋeaṁ do ċuṗ n-a ṫṗuaill taiṗgiḋ, do ḃṗiġ gusṗab í toil a Aṫaṗ é féin d'ḟulang báiṗ aṗ ṗon an ċiniḋ daonda, ⁊, muna mbéaḋ ṗoin, go ḃṗaġḃaḋ iomad léigiún aingeal dá ċoṗnaṁ, dá mbaḋ aṁlaiḋ do b'oiṗeaṁnaiġe do ṁaiṫ Dé ⁊ do ṡlánuġaḋ na ndaoine é. An tan ṗin, iaṗ dtṗéigean a Maiġisteoiṗ do na deiscioblaiḃ, do ṗiṫeadaṗ uile ṗómpa, ⁊ is maṗ ṗin do coiṁlíonaḋ an ḟáiṗtine seo: 'Buailfeaṗ an t-aoḋaiṗe, ⁊ déanfaṗ na caoiṗiġ do ṡgannraḋ' (Sachariaṗ xiii. 7; Maṫa xxvi. 31; Marcuṗ xiv. 27).

Aṗ mbeiṫ d' Íosa ceangailte, ṗugaḋ go hAnnaniaṗ ⁊ aṗ ṗain go Caiphaṗ é. Do ḃaineadaṗ—ṗan ṗoṗṫann de do ṫaoiḃ a ḋeisciobal ⁊ do leiṫ a ḟoiṗceadail. Do-ṗigneadaṗ caṗaoid ḃṗéige aiṗ, ⁊ do buaileaḋ aṗ a ḋeilb le dóiṁniḃ é. Do ċuiṗ Caiphaṗ do ġeaṗaiḃ aiṗ a innṗin dó aṗ b'é Críoṗt, Mac Dé, é. An tan d'ḟṗeagaiṗ, agá ṗáḋ gusṗab é, do ṁalluiġ na diaṁaṗluiġṫeóiṗí é, dá ṗáḋ gusṗ ċionnṫaċ le báṗ d'ḟulang

é, dá ġreamuġaḋ go ró-ṫaiscairneaċ ⁊ go cruaḋálaċ. Do ġabadar daoine ró-úir-írle do ċrain-tṙeilíḃ i ndeilḃ Chríort. Do ḃuaileadar do ḋóirniḃ é; ⁊ iar ḃrolaċ a ḟúl dóiḃ, do ġabadar air, dá ḟiarraiġe de, cia do ḃuail é. Annsin do ḟéan Peadar rá ṫrí an Tiġearna. Ġiḋeaḋ, le rilleaḋ do Íosa air, do ċuaiḋ amaċ ar an bpálás, ⁊ do ġuil go searḃ.

Ar gcoṁóál coṁairle do na hUiḋlib,[1] do damnaḋ Íosa leó mar ċionntaċ le báruġaḋ go moċ ar n-a báireaċ. Thugadar Íosa i n-a ḃraiġid go Píoláit, fear ionaid Saesair annsin. Nuair do-ċonnairc Iúdás Íosa damanta le n-a ḃáruġaḋ, do ċroċ é féin tré éadóċas. An tan d'ḟiarruiġ Píoláit díoḃ, créad é an gearán do ḃí aca le cur i n'aġaiḋ, d'ḟreagradar-san: 'muna mbéaḋ sé 'n-a ḋroiċ-ḃeartaċ, ní ḋáilfimís duit-se é (Eóin xviii. 30). An tan do reic Píoláit a neiṁ-ċionnta, níor ġabadar-san gan a ċroċaḋ. Do ġabadar ag cagaoid air, an trát sin, tré ḃeiṫ agá ṫoirmeasg orra síos-ċáin d'íoc le Saesar, ⁊ tré ríġ do ġairm de féin. Ar n-a leigean dó fréagra do ṫabairt ar an gcéad níḋ, iar mbeiṫ fuar-ċúiseaċ ḋó, d'aoṁuiġ sé ḃeiṫ 'n-a ríġ, gé naċ do'n tṙaoġal so a ḟlaiṫeas.

An tan do ṫuig Píoláit gurab ó'n nGalilee Críort, cuireas go hIorusaiḋ é, mar a ḃfuair iomad do ċeartaiḃ géar-ċúiseaċa do ċur air; magaḋ do ḋéanaṁ faoi mar amadán, ⁊ a ċur tar a air go Píoláit. D'ḟurail Píoláit ar an bpobal a ṫoġaḋ, cia aca do ḋír aṁáin, Barrabas nó Íosa, do dáilfiḋe faor ḋóiḃ. Rugadar-san do roġa Barrabas. Thug Píoláit fá deara ár Slánuiġṫeóir do ṡgiúirreaḋ ċoṁ cruaḋálaċ sin, ionnas gur réabaḋ ó ḃaṫas go bonn a ċorp go

[1] Do na hIoḃlaiḃ 'sa MS. .i. do na hIúdaiḋeaċaiḃ.

huile. Iar nglacaḋ, aṁail adeirṫear do beiṫ ar n-a ṫairbeánaḋ do Bhríġid naoṁṫa, 5490 do ċréaċtaiḃ i n-éan-ló aṁáin, rugadar leó é iar rin go Díoláit. Do ġaḃadar ag ṗoċṁaideaḋ ṗaoi. Do ṙtuireadar[1] a éadaċ ḋe, ⁊ do ċuireadar ar a ċorp, do ḃí roir-líonta d'ḟuil, ionar purpair, ⁊ do ċuir riad coróin do ḋeilgniḃ láidre géara fá n-a ċeann. Do ċuireadar búdán i n-a láiṁ ḋeir. Iar n-a ċur i n-ionad áro, maille le ṗeacaḋ a nglún tré ḟonaṁaid, do ḃeannuiġ riad dó, agá ráḋ: 'Dia do ḃeaṫa, a Rí na nGiúdaideaċ' (Maṫa xxvii. 29); ⁊ ṗór do ṗalċaḋ leó, tré iomad tarcairne le craen-ṫreilí déirteanaċa, a ġnúir ró-ċoirreaġṫa. Do ḃaineadar ar a láṁaiḃ ⁊ do ḃuaileadar um a ċeann an ċoróin deilgneaċ, do ċoiṁ-éigniuġaḋ a ḟhola le lingeaḋ amaċ, ⁊ tré ḟniġe feaḋ a Chuirp go huile.

Iar n-a ṁear do Phíoláit, le feicrin an raḋairc rin go ngeaḃaḋ an oiread roin truaġa na hUiḋil dó, go n-aimcriḋír a ḃeaṫa, rugaḋ amaċ ár Slánuiġṫeóir gur an áitreaḃ imeallaċ ar an óroúġaḋ rin; ⁊ iar n-a ṫairbeánaḋ mar rin i n-a earrad purpair le n-a ċoróin deilgniġ um a ċeann, le n-a búdán i n-a láiṁ, a ċorp uile go locarḋa, leaḋbaċ, roir-líonta d'ḟuil, adubairt leir na hUiḋlib, 'ḟéaċ an duine!' (Eóin xix. 5). Do ġáireadar na háro-ḟagairt ⁊ an pobal uile, ag ráḋ: 'Croċ, croċ é!' (Eóin xix. 6). Iar ngaḃáil feirge do Phíoláit tréir an gcruaḋáil rin, adubairt: 'Beirid lib é ⁊ croċaid é, óir ní ḟaġḃaim éin-ní le n-a ḋéanaṁ air' (Eóin xix. 6). D'ḟreagair riad gur b'éigean a báruġaḋ, mar do ċonnarcadar na hUiḋil tar ċeann a leadráin naċ raib mian ar

---

[1] Do ṙtracadar nó do ṙtoiṫeadar (?).

Phíoláit Críost do ċroċaḋ. Do ḃaġair siad air, ainḋírleaċt do ḃeiṫ ann do Shaeran, ag ráḋ: 'Má sgaoileann tú do'n ḟear so, ní cara do Shaeran ṫú' (Eóin xix. 12).

Ar n-a ċlos sin do Phíoláit, rug Íosa amaċ leis, agus suiġeas aníos i n-a ċaṫaoir ḃreiṫeaṁnais; óir do b'ḟeasa leis cinneaḋ ar Críost do ḃáruġaḋ, bíoḋ gur ḃ'ḟeasaċ ḋó a ḃeiṫ neiṁ-ċionntaċ, 'ná a ioċt do ċur i ngnais do ṫaoiḃ Saeran. Giḋeaḋ, éin-ḟeaċt aṁáin do ṫairbeán sé Críost do na hUiḋlib, agá n-iomċáineaḋ, agus adubairt: 'Féaċaiḋ bur ní féin anniol' (Eóin xix. 14). Do ġáireadar, ag ráḋ: 'Beir uainn é agus croċ é; ní ḟuil éin-ní againn aċt Saeran' (Eóin xix. 15). Nuair do ċonnairc Píoláit nár b'ḟeasmhe éin-ní ḋíoḃ so, d'ionnsuiġ sé a láṁa, agá adṁáil do láṫair an ṗobail: 'Atáim neiṁ-ċionntaċ,' ar sé, 'tré ḟuil an ḟírféin seo: taḃraiḋ-se bur n-aise ḋaoiḃ féin (Maṫa xxvii. 24). Do ġair an pobal, agá ráḋ: 'Bíoḋ a ḟuil orainn-ne agus ár gcloinn 'n-ár nḋiaiḋ' (Maṫa xxvii. 25).

Ar mbeiṫ do Phíoláit ar n-a ṡáruġaḋ le héiġeaṁ an ṗobail agus le heagla Saeran, rug breaṫ go gcuirfiḋe Íosa a Nararet, Rí na nIúdaiḋeaċ, ar ċroiṡ go faġḃáil báis dó. Rugadar na ceiṫeirne ár Slánuiġṫeoir leó, iar mbeiṫ damanta le n-a ḃáruġaḋ, ó ḟuiḋeaċán an ḃreiṫeaṁnais go cúirt an ṗáláis, áit i n-ar ṫoġairim siad i gceann a ċéile an tSluaġ-ḃuiḋean uile; agus iar mbuain a ionais ḋe, do bí ag leanṁain go doċt i n-a ċréaċtaiḃ, do ṫarraing siad amaċ tuile fola agus feóla, agus do ċuireadar a éadaċ féin air. Giḋeaḋ, d'ḟágḃadar an ċoróin deilgneaċ ar a ċeann do ṁéaduġaḋ a ṗéine; agus iar n-ullṁuġaḋ croise uaṫḃáraiġe, do ċuireadar ar a ġualainn í le n-a hiomċur

go Cnoc Calḃaire. Sul do cuireaḋ na tairngí ann uirre, ar nuul amaċ d' Íora ar an gcaṫraiġ ⁊ é fá'n gcroir, d'ḟág 'ran tṡliġiḋ ar mbeiṫ ag triall dó, ṡlioċt loirg a Ṗhola, ionnar, gibé do ḃéaḋ i n-a leanṁain, go ḃréadraḋ gan dul i múġa do loirg a ċéimeann. Tárla an Mháṫair ró-ċoirreagṫa ḋó, ⁊ do ṁéaduiġ a feicrin ⁊ a teaċt i n-a láṫair, an doilġear ⁊ an ṗian do bí roiṁe rin air.

Ar mbeiṫ dár dTiġearna annrin anḃfann i n-a Choirp, ⁊ corṫa tar éis a ċoṁ mór rin do ṫriall uile ⁊ tréigṫe a Ṗhola, tuiteas i dtáiṁ-néal ar an talṁain. Do ṫuit go faon fá n-a Chroir. Buailid na céartúnaiġ ċruaḋálaċa ár Slánuiġṫeóir milis, ⁊ fronaid le n-a gcoraiḃ é. Gíḋeaḋ, d'eagla go ḃfaġḃaḋ bás 'ran tṡliġiḋ, ⁊ mar rin go raċaḋ ó bás d'ḟaġḃáil ar an gCroir, d'éignig riad Síomon Curanaeus le hiomċur Croire Chríort an ċuid eile do'n tṡliġiḋ. Do leanadar drong ṁór do'n ṗobal Íora, ⁊ tárla ḋóiḃ drong d'áirṁṫe do ṁnáiḃ ċráiḃṫeaċa ⁊ iad agá ċaoineaḋ, fearaċ ar a éigcirte do cuireaḋ dá ċéaraḋ eirean. Ar ḃrilleaḋ do Chríort orra, adubairt: 'a inġeana Ierusalem, ná guilteas liḃ ar mo ṡon-sa, aċt caointeas riḃ féin liḃ, ⁊ ḃur gclann; óir tiocfaiḋ an lá an tan ḃéas Ierusalem uile ní ḃur truaġánta 'ná mar ṡílteas liḃ mise do beiṫ' (Lúcás xxiii. 28). Soiċeas bean ċráiḃṫeaċ d'áirṁṫe dár b'ainm Veronica a láiṁ-ġiobal do ṫiormuġaḋ a ḋeilḃe leis; ⁊ ar mbeiṫ lán d'allas ⁊ d'ḟuil ⁊ do ċrain-tṡeilíḃ déirteanaċa ó na céartúnaċaiḃ, do-beir an Tiġearna ḋi a láiṁ-éadaċ gan é ṡalaċ aṁail do ṡílfiḋe a ḃeiṫ, aċt é maireaċ uile, ⁊ íoṁáiġ ró-ḟoċma a ġnúise geanaṁla féin ann.

Tig ár Slánuiġṫeóir go Cnoc Calḃaire .i. ionad

neaṁ-ḟona lán d'ablaċaiḃ ⁊ do ṫairíḃ mairḃa; áit ir nár ġnáṫ éan-duine 'ċroċaḋ aċt feill-ḃeairtaiḋe fógarṫa; ⁊ iomad fiona fo-ḃlarta ba ġnáṫ do ṫaḃairt do ċur meirniġ ⁊ nirt i gcroiḋṫiḃ na droinge do ḃíoḋ le bár d'ḟulang. Do-ḃeirid fáṁċaoin lán d'ḟínéigre ar n-a ċumarg tré ḋomblar ae; ⁊ ar n-a ḟroṁaḋ ḋó, níor b'áil leis a ól. Agus do cuireaḋ ar an gCroiss é maille le freang-ṫarraing a láṁa ⁊ a ċos tré ḟóirréigean ṁór, dá gcoiṁ-ḟíneaḋ i n-oireaṁain d'ḟaid na Croise. Maille le hórdluiġe iomad óro do ḋaingnid le tairngíḃ é ar an gCroiss, ag tollaḋ a ċuisleann agus a ċos le tairngíḃ ġairḃa; ⁊ mar ṁéaduġaḋ marla, do b'éigean dár Slánuiġṫeóir fuiḋe iois ḋá ḃiṫeaṁnaċ, mar ba hé féin do ba ṁeara ḋíoḃ. Agus do ċuireadar tiodal gairma os a ċionn i n-a raiḃ a Ainm, a ḋúṫaiġ, ⁊ áḋbar a ḃáis fríoḃṫa i nEaḃra, i nGréigis, ⁊ i Laidin .i. IOSA NASARÒA RÍ NA NIÚDAIÒEAĊ. Agus, leis sin, do ṫógḃadar suas an Chros, ⁊ do leigeadar ar a bonn í i bpoll do-ṡugneaḋ d'éan-toisg.

Bréiṫniġ anois, Ó a ṁ'anam féin, ⁊ mear leat féin cionnas mar atá a Chorp ulle ar ċriṫ go tuaġánta, na tonna dá ḟhuil luaċṁar atá ag snáiṁ-riṫ amaċ ṫar na ceiṫre lám-ċréaċtaiḃ úd! Créad é a ṁéid do ḋoilġeas do'n tSlánuiġṫeóir, na fagairt, na seanmóiriḋṫe ⁊ na dliġṫeóirí agá ḋia-ṁarluġaḋ, iar mbeiṫ anois ar ċroċaḋ ar an gCrois ar ár son-na, ⁊ ar son an ċinid daonda? Smuain, mar an gcéadna, ar a ġráḋ ró-iomḟlán, mar naċ eaḋ aṁáin gur ġuid sé ar son an domain, aċt fós, ar son na droinge do bí agá ċroċaḋ an tan sin, ⁊ agá ḋia-ṁarluġaḋ, ag ráḋ: ''Aṫair, maiṫ ḋóiḃ seo, óir ní fear dóiḃ créad do-ġníd' (Lúcás xxiii: 34). Bréiṫniġ, mar an gcéadna, ⁊ cuir i

n-ionganṫar doiṁneas a ġráḋa ⁊ a ṫrócaire do ṫaoiḃ na n-aiṫriġeaċ, mar gur ṫoirḃir ċoṁ gráraṁail rin do'n ġaḋaiḋe aiṫriġeaċ níor mó 'ná d'iarr air, agá ráḋ: 'Béiḋ tú indiu mar aon liom-sa i bPaṙṙiṫas' (Lúcás xxiii. 43). Is mó ar ionċuirṫa ḋuit i n-ionganṫar doiṁne a ġráḋa do'n uile ṙíréan, ⁊ go háirṫe dá Mháṫair ionṁain ⁊ dá Dheirciobal ḋíl, agár aiṫin sé féin dá ċéile iad, agá ráḋ léi-se, 'Féaċ do ṁac,' ⁊ leisean 'Féaċ do ṁáṫair' (Eóin xix. 26, 27).

Ar marṫainn doiṙċadair feaḋ trí n-uaire ar a ċéile, do ġaḃ maṫtnaṁ mór iad uile. D'orṙáil Críost é féin d'ioḋbairt do Dhia. ⁊ rin go ró-éagcuimreaċ, níḋ d'ḟoillsiġ sé féin sá ḋeireaḋ, ag ráḋ: 'Ó mo Dhia, mo Dhia, créad fár ṫréigir mé' (Maṫa xxvii. 46). Ar mbeiṫ do'n Tiġearna imṙ'níoṁaċ le tiormaṫt cuirp ⁊ le ṙríoċnaṁ ṙlánuiġṫe an ċinniḋ daonda, adubairt, 'Atá tart orm' (Eóin xix. 28). Ar mbeiṫ dá ċolainn dá ṙírḃ fonnṁar le hionnṫuaraḋ d'ḟaġḃáil le diġ, ⁊ dá Sriorair, aiṫ-ṁirneaċ d'ḟaġḃáil tré ṙlánuġaḋ na n-anmann, do tomaḋ leó sroinge lán d'ḟínéigre go n-ioróir, ⁊ do ḟoiċ i n-a ḃéal é. Iar n-a ġlacaḋ go ceannsa do'n Tiġearna ṁilir, adubairt: 'Atá sé críoċnuiġṫe!' (Eóin xix. 30). Mar rin, ag cuimling leis an mbár, bíoḋ go ḃréadraḋ marṫainn ní baḋ ḟia, le claonaḋ a ċinn do ṫoirḃir a Sriorair (Eóin xix. 30).

An tráṫ fuair Mac Dé bár ar an gCroir d'ḟuarglaḋ an ċiniḋ daonda, ba ṫoil leis an gCuṁaṫt nDiaḋa, mar ḟiaḋnaire ⁊ mar ḋearḃaḋ ar a ċoṁ iongantaċ rin do ḋiaṁairín, míorḃaile éagraṁla ⁊ dearḃuiġṫe iongantaċa do ṫairbeánaḋ; agur b'ḟollas do'n doṁan uile ar dtúis, iar mbeiṫ do Chruṫuiġṫeóir neiṁe ⁊ talṁan le hainoliġeaḋ a ċréatúirí féin ar

n-a ċroċaḋ ar an gCroiṡ. Do ḋoiṁċuiġ an talaṁ i meaḋón lae ḟeaḋ trí n-uaire, tré ur-ḋuḃaḋ na gréine, ⁊ rin 'ran éargna lán. Dá éir rin, ar mbeiṫ d'Ugḋar na beaṫaḋ réir an nádúir iar n-a coiṁ-éigniuġaḋ, do ṫioḋlaic uaiḋ a Sriorraid dá aontaḋ ḟéin, ní ná ḟéadann créatúir eile ar biṫ do ḋéanaṁ.

Do ṡgoilteaḋ briat an teampuill 'n-a ḋá roinn ó ḃuaic go lár. Do ċritiġ an talaṁ. Do réabaḋ na cairrge i n-a mblóḋaiḃ. Do hosglaḋ na huaiġe, tar éis eiréirġe an Tiġearna, ⁊ d'éirġeadar iomad do ċorraiḃ na naoṁ do ḃí i n-a gcodlaḋ, ⁊ do taiḋḃriġeaḋ do ṁórán iad. An cartaon ⁊ na raiġ-oiúiri aġá raḃadar a gcroiḋḋe iar n-a gcruaḋuġaḋ le mailís, roiṁ imṫeaċt dóiḃ d'aoiṁuiġ riad go hosgailte gurab é rin dá ríribh Mac an Duine; ⁊ mórán do luċt ba hainoiúide do na hUiḋlib, d'imṫiġeadar go haiṫriġeaċ, ⁊ iad ag bualaḋ a mbas.

Ar dtollaḋ taoiḃ Chríost le gai do ḋíolṁanaċ, tig go hobann fuil ⁊ uisge as. Téid Iósep ó Aramataea, nár láṁ roiṁe rin é féin do ḃeiṫ 'n-a ḋeisciobal ag Críost,—téid anois go dána go Píolát, ⁊ aṫċuingiġeas an corp, ⁊ ḃeiriaḋ leis ó'n gCroiṡ é. 'San obair naoṁṫa rin do ḃí duine prionnsrapálta do na hUiḋlib dár b'ainm Nicodemus, le n-ar ġnáṫ dul d'ḟios Chríost 'ran oiḋċe, ní naċ láṁaḋ ar ló do ḋéanaṁ. Do ṫáiṫ é féin leis. Thug leis cumasg mirra agus aloe, tuairim céad púnt. Do ṫóg an Mháṫair ṁaiġdeanda 'n-a huċt corp a céad-áineara ⁊ a beaṫaḋ. Do ṫoirbir uaiṫi arís é. Do-rigne feiṫeaṁ ar a aḋlacaḋ; ⁊ iar rin, ar mbeiṫ do'n Chorp ṁór-luaiġ iar n-a ċóruġaḋ le sprioraiṡí ⁊ ar n-a ċeangal le héadaċ líoṫ-ṡnarta lín, do haḋlaiceaḋ i dtuamba nua do-rigneaḋ i gcarraig é, mar nár cuireaḋ éan-

duine ṗoiṁe; ⁊ do hiompuiġeaḋ liaġ ṁóir leis an doṗas do ċeaḋ Phíoláit, ⁊ 'n-ar ċuiṗeadar na hÚiḋil ṡéala. Agus do ċuiṗeadar luċt faiṗe do ċoiṁéad an tuamba, d'eagla a ḋeisciobail dá ġoid leó, ⁊ dá ṗáḋ gur éiriġ ó Bás.

CRIOC 2aḋ la do mhí Iúil, 1817.

Seaġan Ua hÚġbair d'aiṫgiríoḃ.

Bhrúin agus Nuallain, Áth-Cliath.

LIBRARY
15
JUL
1976
UNIVERSITY
OF TORONTO

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY

UTL AT DOWNSVIEW
D RANGE BAY SHLF POS ITEM C
39 14 10 02 04 007 6